



**Ollscoil
Mhá Nuad**
Ollscoil na hÉireann
Má Nuad

TUARASCÁIL OLLSCOIL MHÁ NUAD UM THAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT 2020



CLÁR NA nÁBHAR

RÉAMHRÁ ÓN UACHTARÁN AGUS ÓN LEAS-UACHTARÁN UM THAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT	2
LÉARGAS AR THAIGHDE – GRAFAIC FAISNÉISE	5
TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT AG OLLSCOIL MHÁ NUAD	6
DÁMHACHTAINÍ AGUS DUaiseanna	13
BUAICPHOINTÍ DÁIMHE	23
DÁMH NA nEALAÍON, AN LÉINN CHEILTIGH AGUS NA FEALSÚNACHTA	24
DÁMH NA nEOLAÍOCHTA AGUS NA hINNEALTÓIREACHTA	42
DÁMH NA nEOLAÍOCHTAÍ SÓISIALTA	56
INSTITIÚIDÍ AGUS IONaid TAIGHDE	85
AGUISÍN	101
BUÍOCHAS	102

RÉAMHRÁ

IS DEAS AN CÚRAM É, FIÚ I dTRÉIMHSÍ DEACRA, TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2020 AR THAIGHDE AGUS AR NUÁLAÍOCHT AG OLLSCOIL MHÁ NUD A CHUR I LÁTHAIR. TARRAINGÍTEAR AIRD SA TUARASCÁIL AR GHNÓTHACHTÁLACHA SUNTASACHA AGUS AR PHOINTÍ MÓRTAIS NA hOLLSCOILE SA TAIGHDE AGUS SA LÉANN AR FUD A RÉIMSE DISCIPLÍNÍ, AGUS INA hOBAIR IDIRDHISCIPLÍNEACH LE TUAIRIM AGUS BLIAIN ANUAS.





An tOllamh Philip Nolan,
Uachtarán

Agus an domhan ag fulaingt de bharr phaindéim covid-10 agus iarrachtaí á ndéanamh tionchar na paindéime a mhaolú, is cinnte go bhfuil treisiú déanta ar an tábhacht a bhaineann le saineolas dhomhain, ilghnéitheach chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna domhanda. Ina measc sin tá freagairtí ar phaindéim (agus ullmhúchán do phaindéim amach anseo), neamh-chomhionannas sa tsochaí, nó athrú aeráide. Tá ról uathúil ag ollscoileanna maidir leis sin, agus ní mór go mbeadh an taighde sna hollscoileanna ar thús cadhnaíochta.

Is trínár ngníomhaíochtaí taighde a dhéantar saineolas agus thuiscint domhain a fhorbairt agus a choinneáil ag forbairt. Is trí rannpháirtíocht i líonraí suntasacha náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus trí iniúchadh atá forleathan agus oscailte a chinntimid go bhfuil na ceisteanna a dtugaimid aghaidh orthu agus na freagraí a cheapaimid, stuama agus tábhachtach agus ábhartha. Sa tuarascáil seo, tugtar léargas bliantúil ar thaighde ardchaighdeán, ar ghnóthachtálacha sa léann agus sa nuálaíocht ar fud na dtí cinn de Dhámha na hOllscoile, agus inár mórinstiúidí agus inár mórionaid taighde idirdhisciplíneacha. Cuidíonn taighde Mhá Nuad go mór le hÉirinn agus le pobal idirnáisiúnta an eolais, agus tá sé ríthábhachtach i dtaca leis an oideachas den scoth a chuirimid ar fáil dár gcuid mac léinn. Is foinse bhróid atá cothaitheach agus leanúnach é sin don Ollscoil.

Agus, an ní is tábhachtaí ar fad, is trí rannpháirtíocht sa taighde a chinntimid go mbeidh tuiscint mheáite ar an eolas agus ar na modhanna ar thángthas orthu le dua agus is mó a bhfuil luach ag baint leo san oideachais a thugaimid dár gcuid mac léinn. Mar gheall ar ghéarchéim covid-19 is mó ná riamh an tábhacht a bhaineann le céimithe ollscoile, ar saoránaigh iad atá cumasach, eolach agus smaointeach. Is é sin ár mian i Má Nuad.



An tOllamh Ray O'Neill,
Leas-Uachtarán um Thaighde agus Nuálaíocht

Bunaíodh Má Nuad mar ollscoil, fhéinrialaitheach, phoiblí in 1997, ach téann stair na hinstiúide siar go dtí bunú Choláiste Ríoga Naomh Pádraig in 1795. Is as na fréamhacha doimhne léinn sin a d'fhás ollscoil taighde bhríomhar, ollscoil a bhain amach áit i measc an 350 ollscoil is fearr ar domhan sa Rangú Domhanda Ollscoileanna de chuid Times Higher Education. Cé go bhféadfaí an luach a bhaineann le rangú den chineál sin a cheistiú, tá an rangú áirithe seo bunaithe den chuid is mó ar thomhais infhíoraithe ar cháilíocht na ngníomhaíochtaí taighde agus léinn, agus socraíonn sé Má Nuad go daingean sa 3% uachtair d'ollscoileanna ar fud an domhain.

Philip Nolan,
Uachtarán

Ray O'Neill, Leas-Uachtarán um
Thaighde agus Nuálaíocht

CUSPÓIR

Ollscoil taighde phoiblí is ea Ollscoil Mhá Nuad atá tiomanta do dhaoine, do smaointe agus don chultúr, pobal léinn atá ag obair le chéile ar mhaithe le fiosrú agus le fionnachtain, chun teagasc agus foghlaim a dhéanamh, chun eolas a chruthú, a chaomhnú, a scaipeadh agus a fheidhmiú agus chun dul i ngleic leis na fadhbanna agus na dúshláin atá roimh shochaí an lae inniu. Má chuirtear na nithe sin ar fad i dteannta a chéile, tá ról lárnach againn maidir le nuálaíocht, fás geilleagrach, forbairt shóisialta agus beogacht chultúrtha agus táimid ríthábhachtach do shochaí atá saor, oscailte, cothrom, daonlathach agus inbhuanaithe.

FÍS

Cuirfidh Ollscoil Mhá Nuad a seasamh idirnáisiúnta mar phríomhollscoil taighde chun cinn tuilleadh, le pobal bríomhar iarchéime, soláthar sainiúil d'fhochéimithe, cur chuige cuimsitheach agus eiticiúil i leith an idirnáisiúnaithe, agus rannpháirtíocht fhorleathan le comhpháirtithe seachtracha; tabharfar aitheantas dúinn as ár dtiomantas do mhisean poiblí agus sibhialta na hOllscoile, mar cheannaire náisiúnta i dtaca le comhionannas agus éagsúlacht, mar áit iontach i gcomhair foghlama agus oibre, mar phobal ionchuimsitheach ina bhféadann na mic léinn agus an fhoireann bláthú, agus mar ollscoil a chuireann leis an gcóras náisiúnta ardoideachais agus le leas an phobail ar bhealach sainiúil.

BUAICPHOINTÍ TAIGHDE

RANGÚ OLLSCOILEANNA

300-351

Rangú Domhanda Ollscoileanna de chuid Times Higher Education 2018

AN 50Ú ÁIT SA DOMHAN

Rangú Domhanda Ollscoileanna Óga de chuid Times Higher Education 2018

FORBAIRT TALLAINNE 2018/19

115 MAC LÉINN TAIGHDE IARCHÉIME NU

88 mac léinn PhD and 15 mhac léinn Dochtúireachta Gairmiúla 20 Máistreacht Taighde

86 CÉIMÍ TAIGHDE

70 mac léinn PhD agus 2 mhac léinn Dochtúireachta Gairmiúla 15 Mháistreacht Taighde

66 TAIGHDEOIR IARDHOCHTUIREACHTA

FOILSEACHÁIN & TIONCHAR 2018

34

Leabhar foilsithe

5

Foilseacháin atá luaite go mór ina réimse lena n-áirítear 1 pháipéar te: Web of Science 2018

542

Foilseacháin liostaithe in Scopus

52.7%

Foilseacháin a raibh comhoibrithe idirnáisiúnta acu

15.1%

De na foilseacháin in 2018 sa 10% uachtair d'fhoilseacháin luaite ar fud an domhain (ualaithe de réir réimse)

4.7%

Foilseacháin a raibh comhoibrithe tionsclaíochta acu

102

Caibidil leabhair

1.71

Tionchar lua Scopus ualaithe de réir réimse 2014-18

NUÁLAÍOCHT & TIONCHAR 2018

60

Comhoibriú nua le hEarnáil na Tionsclaíochta

33

Líon na gcliantchuideachtaí a bhfuiltear ag tacú leo sa ghorlann

7

gComhaontú Ceadúnais

7

bPaitinn comhdaithe

12

Líon na nochtuithe aireagáin a taifeadadh

DEONTAS A BRONNADH 2018/19

175

Deontas taighde

€21,350,595

Luach iomlán na ndeontas taighde a bronnadh

TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT AG OLLSCOIL MHÁ NUAD



TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT AG OLLSCOIL MHÁ NUAD

In 2020, agus an domhan ag fulaingt de bharr phaindéim covid-19 agus iarrachtaí á ndéanamh tionchar na paindéime a mhaolú, is cinnte go bhfuil treisiú déanta ar an tábhacht a bhaineann le saineolas domhain, ilghnéitheach chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna domhanda amhail freagairtí ar covid-19, neamh-chomhionannas sa tsochaí, nó athrú aeráide. Tá ról uathúil ag ollscoileanna maidir leis sin, agus ní mór go mbeadh ár gcláir taighde ar thús cadhnaíochta. Tharla ceithre cinn d'imeachtaí in Ollscoil Mhá Nuad in 2019, ar imeachtaí iad a bhí thar a bheith suntasach maidir le cumas taighde idirdhisciplíneach na hOllscoile a fhorbairt.

I mí Dheireadh Fómhair 2019, sheol Ollscoil Mhá Nuad Institiúid Kathleen Lonsdale don Taighde ar Shláinte an Duine, agus an tOllamh Paul Moynagh mar stiúthóir bunaidh. Glacann an institiúid, atá suite ar champas thuaidh Mhá Nuad, cur chuige comhtháite uathúil chun aghaidh a thabhairt ar chuid de mhórfhadhbanna sláinte an lae inniu, lena n-áirítear otracht agus frithsheasmhacht in aghaidh ábhar fhrithmhiocróbach, chomh maith le taighde a dhéanamh ar mhórán de na galair athlastacha amhail galar Crohn agus drólainníteas othrasaithe. Tá sé mar phríomhchuspóir ag an institiúid staidéar a dhéanamh ar chinntithigh shláinte an duine, ón duine óg go dtí an duine fásta agus as sin go dtí an seandúine, agus déanfaidh na taighdeoirí san institiúid iniúchadh ar an mbealach a dtéann tosca comhshaoil, síceolaíochta, iompair agus bitheolaíochta i gcion ar an tsláinte.

Cuimsíonn an institiúid 24 grúpa taighde i dtús báire, ina bhfuil 100 taighdeoir ó dhisciplíní amhail Bitheolaíocht, Ceimic, Síceolaíocht agus Ríomheolaíocht chomh maith le taighdeoirí ó ranna eile in Ollscoil Mhá Nuad. Cé go mbeidh formhór na ngrúpaí ag díriú ar bhithéolaíocht na ngalar agus ar chóireáil, déanfaidh na taighdeoirí scrúdú freisin ar na tosca éagsúla a chinneann an tsláinte thar chúrsa na tsaoil. Tá sé mar bhunchuspóir ag an institiúid taighde a dhéanamh i gcomhar le tionscail atá lonnaithe in Éirinn.

Tá an institiúid ainmnithe as Kathleen Lonsdale, a rugadh sa Droichead Nua i gCill Dara sa bhliain 1903. Ba cheannródaí i Lonsdale maidir le X-ghathanna a úsáid chun staidéar a dhéanamh ar chríostail, teicnic ar féidir feidhm a bhaint aisti ar fud disciplíní chun teacht ar spriocanna nua drugaí. Mar bhaneolaí i réimse na ceimice agus na fisice, bhí sí go mór chun tosaigh lena linn agus tar éis di torthaí barthábhachtacha a fháil sna réimsí sin ag tús a gairme, bhain sí feidhm as an saineolas sin ina dhiaidh sin chun staidéar a dhéanamh ar cheisteanna míochaine.

I mí na Samhna 2029, sheol Institiúid ALL (Maireachtaíil agus Foghlaim Chuidithe) SHAPES, tionscadal taighde sláinte atá á mhaoiniú ag an gCoimisiún Eorpach agus ar fiú €21 milliún é – an deontas sláinte is mó riamh de chuid Horizon 2020 atá á stiúradh ag ollscoil Éireannach. Tá cuibhreas ina bhfuil 36 comhpháirtí ar fud 14 tír Eorpacha sa tionscadal taighde, agus rithfidh sé ar feadh tréimhse cheithre bliana.

Ciallaíonn an t-acrainm Béarla SHAPES Aosú Cliste agus Sláintiúil trí Dhaoine a bheith Rannpháirteach i gCórais Tacaíochta, agus i measc na gcomhpháirtithe Éireannacha tá Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Access Earth Ltd (Cuideachta ar Champas Mhá Nuad); chomh maith le hOllscoil Uladh agus Iontaobhas Sláinte agus Seirbhísí Sláinte an Tuaiscirt, i dTuaisceart Éireann.

Rachaidh SHAPES i mbun taighde a bheidh dírithe ar chuidiú le

pobal na hEorpa atá ag dul in aois maireachtaíil go gníomhach agus go neamhspleách sa bhaile i measc a bpobail féin le tacaíocht ó theicneolaíocht um maireachtaíil chuidithe.



Seoladh SHAPES, an tionscadal taighde sláinte atá á mhaoiniú ag an gCoimisiún Eorpach, i mí na Samhna 2019.

Is iad seo a leanas na baill d'Institiúid ALL ó Mhá Nuad atá rannpháirteach sa tionscadal: Mac MacLachlan, Michael Cooke, Melanie Labor, Deirdre Desmond, Rebecca McGuire (Síceolaíocht), Delia Ferri (Dlí), Rudi Villing (Innealtóireacht), Jamie Saris agus David Prendergast (Antraipeolaíocht).

Tá saoránaigh i bpobal na hEorpa, ar pobal é atá ag dul in aois go tapa, i mbaol níos mó ó lagú cognaíoch, laige agus ó mhórán riochtaí sláinte ainsealacha a mbíonn drochthionchar acu ar a neamhspleáchas, ar a gcaighdeán beatha agus ar inbhuanaitheacht na gcóras sláinte agus cúraim. Aithníonn SHAPES nach mór d'ardán teicneolaíochta d'aosú cliste agus sláintiúil (SHA) fheidhmiú ar bhealaí éagsúla do dhaoine éagsúla. Beidh Ardán SHAPES (an tArdán) tarraingteach do dhaoine atá imithe in aois agus bainfidh siad úsáid as mar go ndéanfaidh sé an saol níos éasca dóibh, go ndéanfaidh sé deacrachtaí a chosc, nó go gcuideoidh sé leo iad a bhainistiú; pé acu deacrachtaí síceolaíochta, sóisialta, míochaine nó eile iad.

I mí na Samhna 2019 freisin, bronnadh dámhachtain Comhdhlúthóra na Comhairle Eorpaí um Thaighde, ar fiú €2M í, ar an Ollamh Delia Ferri ó Roinn an Dlí, agus atá ina ball d'Institiúidí ALL agus nEolaíochtaí Sóisialta chun bealaí a iniúchadh ina bhféadfaí fáil réidh leis na constaicí atá roimh dhaoine atá faoi mhíchumas maidir le bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí cultúrtha agus feabhas a chur ar na bealaí ina bhféadfadh daoine atá faoi mhíchumas a bheith rannpháirteach sna gníomhaíochtaí sin. Is é seo an cúigiú dámhachtain de chuid na Comhairle Eorpaí um Thaighde (ERC) atá faighte ag Mhá Nuad le deich mbliana anuas. Tá sé cinn de dhámhachtainí ERC buaite nó óstáilte ag Mhá Nuad (as thart ar 100 in Éirinn), agus dá bhrí sin tá éacht an Ollaimh Ferri eisceachtúil taobh istigh den Ollscoil agus den tír taobh istigh den Ollscoil agus den tír.

Beidh an tOllamh Ferri i gceannas ar chúigear taighdeoirí ar an tionscadal dar teideal 'Ag Cosaint an Chearta maidir le Cultúr atá ag Daoine atá Faoi Mhíchumas agus ag Feabhsú Éagsúlacht Chultúrtha trí Dhlí an Aontais Eorpaigh: Ag Iniúchadh Bealaí Nua'. Beidh damhsóirí, cóiréagrafaiithe, agus déantóirí scannán ar an bhfoireann freisin chun réimse do ghnéithe ealaíonta an tionscadail a fhorbairt.

TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT AG OLLSCOIL MHÁ NUAD

Téann an taighde i ngleic leis an gceart atá ag daoine atá faoi mhíchumas a bheith rannpháirteach sa saol cultúrtha mar ghné thábhachtach a bhaineann le feabhas a chur ar éagsúlacht chultúir. Nuair a dhéanfar é sin, beidh sé mar dhroichead, ar bhealach úrnua, idir feidhmiú Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas (CPRD) agus Coinbhinsiún EOECA ar Éagsúlacht Léirithe Cultúrtha a Chosaint agus a Chur chun Cinn. Tá an tionscadal bunaithe ar an tuairim go bhfuil an t-eisiamh cultúrtha atá déanta ar dhaoine atá faoi mhíchumas tar éis iad a imeallú, ach ina theannta sin go bhfuil deiseanna cailte ag an tsochaí i gcoitinne dá bharr sin.

Ar deireadh, i mí an Mhárta 2019, sheol Fondúireacht Eolaíochta Éireann roinnt Ionad Oilíúna Taighde náisiúnta sa réimse leathan a bhaineann le teicneolaíochta digiteacha agus sonraí. Cuirfear oiliúint ar fáil in dhá cheann de na hionaid nua sin, i ndlúthchomhar le lucht fiontraíochta, do bhreis agus 70 mac léinn dochtúireachta i Má Nuad sna cúig bliana seo amach romhainn i réimse na scileanna a meastar iad a bheith de dhíth ar shochaí agus ar gheilleagar na hÉireann.

Is comhthionscnamh idir Ollscoil Mhá Nuad, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus Ollscoil Luimnigh é Ionad Fhondúireacht Eolaíochta Éireann um Oilíúint Taighde i mBunúis na hEolaíochta Sonraí, agus cuireann an tacaíocht a fhaightear ó Skillnet Ireland taca faoina chuid rannpháirtíochta le hearnáil na tionsclaíochta agus na fiontraíochta. Bronnadh €21 milliún san iomlán ar an Ionad, lena n-áirítear iocaíochtaí ó earnáil na tionsclaíochta agus na hollscoile chun oiliúint a chur ar 139 mac léinn PhD chun go mbeadh tuiscint bhunúsach den chéad scoth acu ar Mhatamaitic Fheidhmeach, ar Staitisticí agus ar Mheaisínfhoghlaim. Is é sin an infheistíocht is mó riamh i dtaighde san eolaíocht mhatamaiticiúil in Éirinn.

In éineacht leis an Ollamh James Gleeson in Ollscoil Luimnigh agus an tOllamh Comhlach Claire Gormley sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, tá an tIonad á chomhstiúradh ag an Ollamh Ken Duffy, stiúthóir Institiúid Hamilton in Ollscoil Mhá Nuad, áit a gcuirfear oiliúint ar 46 eolaí sonraí, ar eolaithe iad a bheidh ábalta ní hamháin modheolaíochtaí reatha a fheidhmiú, ach a mbeidh an buneolas acu a theastaíonn chun nuálaíochtaí modheolaíochta saincheaptha a chruthú chun eolas a dhéanamh d'fhoinse sonraí gan choinne. Thosaigh an t-ionad ag glacadh le mic léinn i mí Mheán Fómhair 2018 agus beidh 25 maoirseoir taighde ó bhallaíochta Institiúid Hamilton ann i dtús báire, agus tiocfaidh siad ó Roinn na Matamaitice agus na Staitisticí, ó Roinn na Ríomheolaíochta, ón Lárionad Náisiúnta um Gheoiríomhaireacht, ó Roinn na hInnealtóireachta Leictreonaí agus ó Roinn na Ceimice.

Is í an Dr Deirdre Desmond, Ollamh Comhlach i Roinn na Síceolaíochta agus comhstiúthóir ar an Institiúid um Maireachtáil agus Foghlaim Chuidithe (ALL), a bheidh ag stiúradh rannpháirtíocht Mhá Nuad in Ionad Fhondúireacht Eolaíochta Éireann um Oilíúint Taighde in Ardíonraí do Shochaithe Inbhuanaithe. Tá cúig cinn d'Institiúidí Ard-Oideachais (IAO) ag comhoibriú san Ionad seo: Má Nuad, Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh; Coláiste na Tríonóide, agus Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Beidh údarás áitiúla, cuideachtaí, Eagraíochtaí Neamhrialtasacha, agus líonra idirnáisiúnta comhoibríthe

rannpháirteach sa tionscnamh chun déileáil leis na dúshláin theicniúla agus shochaíochta a bhaineann le hipearnascacht dhomhanda.

Bronnadh breis agus €13.8 milliún san iomlán ar an Ionad agus ardaíonn sé sin go dtí €18 milliún nuair a chuirtear sintiúis ó earnáil na tionsclaíochta san áireamh. Cuirfidh an tIonad comhpháirtíochta oiliúint ar mhic léinn dochtúireachta chun réitigh ar dhúshláin theicniúla agus shochaíochta a bhaineann le hipearnascacht dhomhanda a lorg; beidh 24 den 120 mac léinn de chuid an ionaid lonnaithe i Má Nuad. Tagann ceithre dhuine dhéag de na maoirseoirí tosaigh ó dhisciplíní STEM agus eolaíochtaí sóisialta, lena n-áirítear Síceolaíocht, Innealtóireacht Leictreonach, Institiúid Hamilton, Díl, Matamaitic agus Staitisticí, agus an tSocheolaíocht, agus tá mórán díobh ina mbaill d'Institiúid ALL.

Tá tionscnaimh idirdhisciplíneacha den chineál sin thar a bheith tábhachtach, agus tá cumas suntasach acu tionchar forleathan a bheith acu, ach tógtar gach tionscnamh den chineál sin ar an gcéad dul síos ar an eolas domhain disciplín atá corpraithe sna 28 roinn acadúil agus scoil atá againn.

In 2018, d'fhoilsigh taighdeoirí Ollscoil Mhá Nuad 606 alt irise measúnaithe, 42 leabhar, 182 caibidil leabhair, agus 36 tuarascáil pholasaí. Ina theannta sin, rinne saineolaithe Mhá Nuad eagarthóireacht ar 21 leabhar agus eagrán bailithe.

Tá thart ar dhá thriain d'aschur taighde na hOllscoile taifeadta i mbunachar sonraí Scopus. Ní hé sin an pictiúr iomlán, ná baol air, mar go bhfuil Scopus réasúnta easnamhach ina thaifead ar mhonagraif agus ar chaibidil leabhair, agus go bhfuil suntas ar leith ag baint leis na cineálacha foilseacháin sin sna hEalaíona, sna Daonnachtaí agus sna hEolaíochtaí Sóisialta. Cé go bhfuil sé neamhiomlán, is é taifead Scopus an ceann is minice a úsáidtear chun Ollscoileanna a thagarmharcaíl anois, agus mar sin díreimid aird air anseo.

Idir 2014 agus 2018, bhí líon na bhfoilseachán de chuid Mhá Nuad a taifeadadh in Scopus réasúnta seasmhach, agus idir 500 agus 550 foilseachán á dtaifeadadh in aon bhliain faoi leith. Ní thugann aon bhliain faoi leith ach léargas, áfach agus is cinnte go mbeidh luaineacht i gceist, agus dá bhrí sin tá sé ciallmhar féachaint ar dhul chun cinn na hollscoile thar thréimhse ama níos faide. San iomlán, thar na cúig bliana 2014-2018, scríobh taighdeoirí in Ollscoil Mhá Nuad 2763 foilseachán a gabhadh ar bhunachar sonraí Scopus. Bhí tionchar lua ualaithe de réir réimse (FWCI) de 1.70 ag na foilseacháin sin, an ceathrú ceann ab airde in ollscoileanna na hÉireann thar an tréimhse sin (ba é Coláiste na hOllscoile, Corcaigh an ceann ab airde ag 1.85). Tomhas úsáideach ar cháilíocht aschur foilseachán na hollscoile ina iomláine is ea tionchar lua ualaithe de réir réimse.

I dtomhais eile ar cháilíocht foilseacháin Mhá Nuad idir 2014 agus 2018, bhí 13.2% sa 10% uachtair d'foilseacháin a luadh ar fud an domhain, bhí 2.2% díobh san 1% ba mhó a luadh, agus bhí 29% díobh sa 10% uachtair d'irisí (citescore). In 2018, bhí 17%

¹ Innéacs lua is ea FWCI a chuireann rátaí éagsúla lua idir disciplíní san áireamh, trí chomparáid a dhéanamh idir foilseacháin Mhá Nuad agus an t-aschur domhanda sna réimsí céanna thar an tréimhse ama chéanna. www.scival.com/overview/publications/summary?uri=Institution/3190040

TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT AG OLLSCOIL MHÁ NUAD

d'fhoilseacháin Ollscoil Mhá Nuad sa 10% uachtair de na foilseacháin a luadh ina réimse ar fud an domhain, agus bhí 3.6% díobh san 1% uachtair de na foilseacháin a luadh (ualaithe de réir réimse).


B'fhiú €21.3M san iomlán na deontais taighde nua a tugadh don Ollscoil in 2028/19 agus san áireamh ansin tá €19M i gcostais dhíreacha agus indíreacha agus €2.3M in aistriú 3ú páirtí do chomhpháirtithe comhoibriúchá. San áireamh ansin bhí €8.4M ó fhoinsí de chuid an Aontais Eorpaigh.

Is fiontar domhanda i ndáiríre é an taighde ag na leibhéil is airde agus ní mór go mbeadh ollscoileanna ag comhoibriú go mór agus ag díriú ar cheisteanna tábhachtacha chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna domhanda agus sochaíocha. Scríobhadh 51% d'fhoilseacháin Mhá

Nuad i gcomhar le hinstiúidí i dtíortha eile, agus bhí innéacs lua ard de 2.23 acu, ualaithe de réir réimse. Chomh maith leis sin, tá sé mar sprioc straitéiseach ag an Ollscoil an comhoibriú le hearnáil na tionsclaíochta a mhéadú, agus faoi láthair tá comhúdar ó eanáil na tionsclaíochta san áireamh in 5.7% dár bhfoilseacháin. Tá innéacs lua atá ualaithe de réir réimse de 4.36 ag na foilseacháin sin, rud a léiríonn go bhfuil tionchar suntasach acu.

Taispeánann Fíor 1 an phróifíl atá ag foilseacháin de chuid Ollscoil Mhá Nuad, agus iad curtha i ngrúpaí de réir chatagóir na n-irisí ina bhfuil na foilseacháin le feiceáil iontu². Tugann sé sin forléargas úsáideach ar phróifíl na hollscoile i dtaca le foilseacháin, maidir lena méid agus lena dtábhacht laistigh dá bpobal idirnáisiúnta. Léiríonn FWCI na gcatagóirí éagsúla an ceann deiridh, agus tá siad ar fad gar

FOILSEACHÁIN SCOPUS OLLSCOIL MHÁ NUAD 2014–18



Fíor 1 Foilseacháin Scopus Ollscoil Mhá Nuad 2014-18


² Tabhair do d'aire nach mapálann siad seo chuig ranna acadúla agus instiúidí na hollscoile; mar shampla, i gcás Feidhmeanna Ríomheolaíochta, áirítear ábhar ó ranna iomadúla, chomh maith leis an Ríomheolaíocht. Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh baint ag foilseachán faoi leith le breis agus catagóir amháin.

TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT AG OLLSCOIL MHÁ NUAD

den mheán domhanda de 1.00 nó os a chionn. Laistigh den aschur foilseachán catalógaithe sin, tá roinnt foréimsí atá suntasach mar go léiríonn siad caighdeán an-ard. Ina measc sin tá optaic spáis teirtheirts; tíreolaíocht agus pleanáil; socheolaíocht agus eolaíocht pholaitiúil; eacnamaíocht agus eacnamaíocht; eolaíochtaí bitheacha agus bithleighis; gnó, bainistíocht agus nuálaíocht.

Tá cnuasaigh nideoige de thopaicí taighde i réimse de limistéir saineolais lena n-áirítear réaltfhisic; innealtóireacht fuinnimh tonnta; teicneolaíocht agus tionsclaíocht; samháltú aeráide; oibreáin frithbhaictéaracha, córais raidió chognaíoch, Éire agus an Bhreatain; staitisticí; staidéir chultúrtha; moráltacht agus iompar; agus amharc ríomhairí. Tá formhór na réimsí sin nasctha go láidir le hinstitiúidí agus le hionaid taighde bunaithe na hOllscoile.

Ba é an grúpa um optaic spáis teirtheirts (Roinn na Fisice Turgnamhaí) faoi cheannas an Ollaimh Anthony Murphy ba mhó a chuir le taifead lua na hOllscoile, 2014-2018, go háirithe maidir leis an gcúnamh a thug sé do mhisean satailíte Planck de chuid Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa, a raibh an tOllamh Murphy ina Chomhthaighdeoir dó.



Thug Roinn na Fisice Turgnamhaí, faoi cheannas an Ollaimh Anthony Murphy, cúnamh do mhisean satailíte Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa.

Chuir foireann idirnáisiúnta ina raibh cúpla céad eolaí agus innealtóir páirteach misean Planck i gcrích agus chuir siad an léarscáil is mionsonraithe den chúla micreathonnach cosmach (CMB) ar fáil. D'fheidhmigh sé idir 2009 agus 2013 agus roimhe sin caitheadh breis agus deich mbliana i mbun dearadh mionsonraithe agus pleanála. Is i ndearadh ionstraimí ba mhó a chuidigh Má Nuad. Thomhais Planck, i bhfad níos cruinne ná mar a rinneadh roimhe sin, ábhar damhna agus céimseata na cruinne; an t-inphrionta ar CMB gáis the i gcnusaigh réaltraí agus lionsáil imtharraingthe ag struchtúr mórsála; shrian sé céim theoiriciúil bhoilscitheach; shainigh sé an uair a foirmíodh na chéad réaltaí, agus chuir sé eolas uathúil ar fáil maidir le deannach idir-réaltaí agus réimsí maighnéadacha inár Réaltra féin. Is gnóthachtáil eolaíochta idirnáisiúnta ar an leibhéal is airde é sin.

Ó 2014 i leith, tá 171 foilseachán taifeadta in Scopus ag an gceathrar ball den Ghrúpa um Optaic Spáis Teirtheirts (Anthony Murphy, Marcin Gradziel, Creidhe O'Sullivan agus Neil Trappe). Ina

measc sin tá 1118 alt irise measúnaithe, 49 páipéar comhdhála agus caibidil leabhair amháin. Tá 35% díobh sin (60 foilseachán) sa 10% uachtair de na hailt is mó a luaitear ar fud an domhain. Tá 21 díobh sin (12%) san 1% uachtair de na hailt luaite ar fud an domhain. Scríobh cuibhreannas Planck (350 eolaí idirnáisiúnta) 95 de na foilseacháin agus Anthony Murphy mar chomhúdar, agus tá 9000 lua san iomlán carnaithe ag sé cinn de na páipéir sin eatarthu. Tá innéacs lua atá ualaithe de réir réimse de 7.18 ag aschur an ghrúpa thar an tréimhse.

Tá cúig pháipéar a d'fhoilsigh údair Mhá Nuad le fáil i dTáscairí na hEolaíochta Riachtanaí de chuid Web of Science do pháipéir "Hot" nó Ardlua.



Bhí údair Mhá Nuad le fáil i dTáscairí na hEolaíochta Riachtanaí de chuid Web of Science do pháipéir "Hot" nó Ardlua.

I mí Feabhra 2018, d'fhoilsigh an tOllamh Rob Kitchen ó Roinn na Tíreolaíochta agus ó Institiúid na nEolaíochtaí Sóisialata in Ollscoil Mhá Nuad "Digital turn, digital geographies?" in Progress in Human Geography, leis na comhúdair James Ash (Newcastle, an Ríocht Aontaithe) and Agnieszka Leszczynski (Auckland, an Nua-Shéalainn). Luadh an páipéar sin 84 uair suas go dtí mí Aibreáin 2020, agus faoi mhí na Nollag 2019, bhí sé i measc an 0.1% de pháipéir ba mhó a luadh le dhá bhliain anuas i réimse na nEolaíochtaí Sóisialta.

Bhí an Dr Gerard McCarthy ó Roinn na Tíreolaíochta agus ó Lárionad Taighde Aeráide ICARUS mar chomhúdar ar pháipéar ar athrú aeráide a bhí san 1% uachtair maidir le lua. D'fhoilsigh D. Smeed et al an páipéar "The North Atlantic Ocean Is in a State of Reduced Overturning" in Geophysical research Letters i mí Feabhra 2018. Bhí 54 lua faighte aige suas go dtí mí na Nollag 2019.

Bhí an Dr Ronan Foley ina chomhúdar ar an tríú foilseachán tíreolaíochta san 1% uachtair maidir le lua sna hEolaíochtaí Sóisialta. Foilsíodh an páipéar dar teideal "From therapeutic landscapes to healthy spaces, places and practices: A scoping review" in Social Science and Medicine, le S.L. Bell et al, i mí Eanáir 2018. Bhí 41 lua faighte aige suas go dtí mí na Nollag 2019.

TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT AG OLLSCOIL MHÁ NUAD

Tháinig dhá pháipéar a luadh go mór in Web of Science ó Roinn na Bitheolaíochta agus Institiúid Lonsdale. Bhí an Dr Emmanuelle Graciet ina húdar comhfhreagrach ar “Life and death of proteins after protease cleavage: protein degradation by the N-end rule pathway” a foilsíodh leis na comhúdair N. Dissmeyer (Halle, an Ghearmáin) agus S. Rivas (Toulouse, an Fhrainc) in *New Phytologist* i mí na Bealtaine 2018.

Luadh an páipéar sin, a raibh baint aige le cobhsaíocht próitéine, 28 uair suas go dtí mí na Nollag 2019, agus d’fhág sé sin go raibh sé san 1% uachtair de na páipéir ba mhó lua in 2018 i réimse na hEolaíochta Plandaí agus Ainmhithe.

Ar deireadh, bhí an Dr Fiona Walsh ó Roinn na Bitheolaíochta agus Institiúid Lonsdale ina comhúdar ar athbhreithniú dar teideal “Antibiotic- Resistance Genes in Waste Water” le A. Karkmann et al, a foilsíodh in *Trends in Microbiology* i mí an Mhárta 2018. Luadh an páipéar sin 89 uair suas go dtí mí na Nollag 2019, agus bhí sé i measc an 1% de pháipéir ba mhó a luadh in 2018 i réimse na micribhitheolaíochta.

Cé go bhfuil foilsíú in irisí idirnáisiúnta mór le rá nó trí fhoilsitheoirí idirnáisiúnta mar ghnáthionchas ag an bhfoireann acadúil go léir, cuid lárnach de chultúr taighde na hollscoile freisin is ea scaipeadh aschur taighde agus aistriú eolais chuig an domhan mór trí rochtain oscailte agus trí rannpháirtíocht i gcomhdhála idirnáisiúnta.

Tá tiomantas láidir ann do chineálacha eile aistriú eolais chuig poiblí taobh amuigh den Ollscoil Cuidíonn mórán de bhail foirne na ndaonnachtaí agus na n-eolaíochtaí sóisialta ar bhealaí éagsúla leis na healaíona, leis an gcultúr, le forbairt shóisialta agus gheilleagrach, agus le beartais chomhshaoil. I measc na samplaí ar leith tá rannpháirtíocht ar chuireadh i gcomhlachtaí comhairleacha náisiúnta agus idirnáisiúnta; ullmhú straitéisí chun tacú le húdaráis áitiúla, pobail áitiúla, agus frontair phríobháideacha; eagrú ceardlanna atá dírithe ar phobal cleachtóirí i mórán réimsí; agus eagrú imeachtaí cultúrtha ag an leibhéal áitiúil agus náisiúnta. Léiríonn na gníomhaíochtaí sin tiomantas láidir na hOllscoile maidir le seirbhís phoiblí agus comhphárteachas poiblí, agus tá cur síos ar mhórán acu siúd sa mhír ar gach Dámh thíos.

Gné shainiúil agus thábhachtach d’Ollscoil Mhá Nuad is ea taighde rannpháirtíochta, catagóir shoiléir i réimse an chomhphárteachais phoiblí. Déanann taighde rannpháirtíochta cur síos ar réimse leathan de chuir chuige agus de mhodheolaíochtaí taighde, a bhfuil rannpháirtíocht chomhoibríoch leis an bpobal i gceist iontu go léir. Tá sé mar aidhm aige ceist a bhaineann le leas an phobail nó ar díol inní don phobal í a fheabhsú, a thuiscint, nó a iniúchadh, lena n-áirítear dúshlán shochoíocha. Déantar taighde rannpháirtíochta a chur chun cinn i gcomhar le comhpháirtithe sa phobal seachas taighde a dhéantar ar a son. Tagraíonn ‘Pobal’ do réimse de pháirtithe leasmhara poiblí, lena n-áirítear úsáideoirí

poiblí nó gairmiúla táirge agus seirbhíse, lucht déanta polasaithe, eagraíochtaí pobail agus sibhialta (CSOanna) agus gníomhaithe³. Tá Mhá Nuad ina rannpháirtí gníomhach i líonra náisiúnta Campus Engage⁴ Tá sonraí maidir le 60 tionscadal san áireamh sa tuarascáil ar tionscadail iad a fhéadfar a aicmiú mar thaighde rannpháirtíochta.



Tá an Ollscoil ina rannpháirtí suntasach i naoi gcinn de na hIonaid Taighde náisiúnta de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI), agus tá síneadh curtha leis an rannpháirtíocht sin go dtí 2018/19. Is díol suntais gur neartaigh an Ollscoil a cuid rannpháirtíochta in ADAPT, tríd an Dr Aphra Derr ón tSocheolaíocht agus MUSSI, agus an tOllamh Markus Helfert ó Scoil an Ghnó agus IVI, ar iniúcháirí Adapt iad beirt. Tá an Dr John McDonald (Ríomheolaíocht agus Institiúid Hamilton) agus an Dr Tim McCarthy (Ríomheolaíocht agus an Lárionad Náisiúnta um Gheoiríomhaireacht) rannphárteach mar thaighdeoirí i dtionscamh €4.2M maidir le feithiclí uathrialaitheacha idir Lárionaid Lero, Insight agus Connect.

³ Taighde Rannpháirtíochta: An tSochaí agus an tArd-Oideachas ag Obair le Chéile chun Aghaidh a thabhairt ar Dhúshlán Shochoíocha, Campus Engage, 2017

⁴ www.campusengage.ie

TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT AG OLLSCOIL MHÁ NUAD

AISTRÍÚ TEICNEOLAÍOCHTA, COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ FIONTRAÍOCHTA AGUS TRÁCHTÁLÚ

In 2019, thiomsaigh Avectas, a d'eascair as Ollscoil Mhá Nuad in 2011, infheistíocht de \$10 milliún, an infheistíocht aonair ba mhó a thiomsaigh sé. Ciallaíonn sé sin go bhfuil breis agus \$20 milliún san iomlán tiomsaithe aige dá theicneolaíocht cheannródaíoch i dtaca le teiripe cille. Ba é an mórinfheisteoir cógaisíochta, Seamus Mulligan, a threoraigh an sciar is déanaí agus táthar ag súil go maoineoidh sé an chuideachta nó go mbeidh a cuid teicneolaíochta réidh do thrialacha cliniciúla. Táthar ag súil go gcuirfear leis an 24 ball foirne atá ag Avectas mar thoradh ar an infheistíocht nua. Tá Avectas ag obair ar theicneolaíocht innealtóireachta cille a cheadaíonn cealla a thógáil ó dhaoine, ar daoine iad a bhíonn an-tinn go minic, agus iad a chur ar ais iontu nuair a bhíonn innealtóireacht ghéiniteach déanta orthu chun dul i ngleic lena dtinneas.

Cuireann Avectas an teicneolaíocht seachadta ar fáil agus is ó na cuideachtaí drugaí éagsúla a bhfuil sé ag obair leo a thioctaidh na móilíní teiripeacha ardleibhéil. Ar an mbealach sin, tá Avectas ar cheann de na cuideachtaí innealtóireachta cille is mó le rá sa mhíochaine phearsantaithe. Méadaíonn an teicneolaíocht Solupore® atá ag Avectas tréscailteacht ceall ar bhealach atá cineálta do na cealla agus níos éifeachtúla ó thaobh costais de ná na cuir chuige atá ag a chuid iomaitheoirí. Ciallaíonn sé freisin gur féidir na cealla a bhfuil innealtóireacht déanta orthu a chur ar ais níos tapa san othar óstach.



Tá \$20 milliún tiomsaithe ag an mac-chuideachta Avectas dá theicneolaíocht cheannródaíoch i dtaca le teiripe cille

Shínigh Ollscoil Mhá Nuad agus Intel Ireland Meabhrán Tuisceana (MoU) chun comhpháirtíocht straitéiseach a bhunú don taighde agus don nuálaíocht, agus chun tallann sa todhchá a chothú. Tógfaidh an MoU ar na gaoil láidre atá idir Intel agus Má Nuad cheana féin, agus bunóidh sé formáid níos cuimsithí agus níos struchtúrtha don chomhoibriú cruthaitheach i bpríomhréimsí taighde.

Bhí an comhaontú a shínigh an tOllamh Philip Nolan, Uachtarán Ollscoil Mhá Nuad agus Eamonn Sinnott, Bainisteoir Ginearálta Intel Ireland agus Leas-Uachtarán an Ghrúpa Déantúsaíochta Teicneolaíochta, mar chaibidil nua sa ghaol idir an ollscoil is tapa atá ag fás in Éirinn agus an ceannródaí domhanda sa déantúsaíocht agus teicneolaíocht.

Mar thiomantas d'fhorbairt an chaidrimh idir dhá mhórfhostóir, ar mhórfhostóirí iad a chuireann le fiontraíocht, taighde agus polasaí oideachais, cuireann an MoU ar chumas Intel agus Má Nuad a láithreach straitéiseach sa réigiún déimeagrafach is tapa atá ag fás in Éirinn a fheabhsú trí oibriú i bhformáid atá níos cuimsithí agus níos struchtúrtha.

Comhoibreoidh an dá eagraíocht chun taighde agus nuálaíocht i réimsí a bhfuil cumas fás acu a aithint, a bharrfheabhsú, agus a chothú. Ina measc sin tá tionscadal U-Flyte Mhá Nuad maidir le Córais Aerárthaí gan Foireann (arna chomhchistiú ag SFI agus ag comhpháirtithe tionsclaíochta), intleacht shaorga, dearadh agus nuálaíocht.

Beidh an chomhpháirtíocht ag iarraidh bealaí a iniúchadh chun oibriú i gcomhar ar thopaicí amhail riachtanais scileanna agus tallainne atá ag teacht chun cinn, agus éagsúlacht san oideachas a leathnú, lena n-áirítear líon na mban i gcláir oideachais a bhaineann le STEM agus i ngairmeacha STEM.

Tá Ollscoil Mhá Nuad ag leanúint de bheith ina comhoibrí tábhachtach i Lárionaid Taighde SFI. Is bealach tábhachtach é an comhoibriú sin don ollscoil chun caidreamh láidir comhoibríoch a thógáil le hearnáil na tionsclaíochta. I measc na gcuideachtaí a chuir tús le tionscail nua ionaid i mbliana tá Nokia, Dense Air agus ESBi.

Cuireadh méadú breise ar ár gcomhoibriú le hearnáil na tionsclaíochta nuair a cruthaíodh an Lárionad um Oiliúint Taighde i mBunús na hEolaíochta Sonraí i gcomhar leis an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus le hOllscoil Luimnigh agus é á chistiú ag SFI. Tá an lárionad seo dírithe ar oiliúint a chur ar mhic léinn PhD chun go mbeidh tuiscint bhunúsach den scoth acu ar théamaí a bhaineann le Matamaitic, Matamaitic Fheidhmeach agus Meaisínfhoghlaim. Beidh 30 comhpháirtí tionsclaíochta, agus deich gcinn acu ag obair go díreach le hOllscoil Mhá Nuad, ag obair i gcomhar agus ag comhoibriú san oiliúint seo trí mhic léinn ar shocrúcháin ghearthéarmacha a óstáil.



Sa phictiúr seo a tógadh ag seoladh Lárionad SFI um Oiliúint Taighde i mBunús na hEolaíochta Sonraí, tá an tOllamh Brendan Murphy, an Dr Sinead O'Doherty, an Dr Caroline Brophy, an Dr Norma Bargary, an tOllamh Ken Duffy, an tOllamh Mark Ferguson, an tOllamh James Gleeson, Gerry Doyle, ICT Skillnet Ireland, an tOllamh Comhlach Claire Gormley, an Dr Sinead Burke, an tOllamh Nial Friel

DÁMHACHTAINÍ AGUS DUAISEANNA

BRONNADH DÁMHACHTAINÍ SEACHTRACHA AR ROINNT
TAIGHDEOIRÍ DE CHUID OLLSCOIL MHÁ NUAD AS AN
ÁBHAR ATÁ CURTHA AR FÁIL ACU IN 2018/19 AGUS
CUIREANN SÉ BRÓD ORAINN AITHEANTAS A THABHAIRT
DÓIBH SIÚD, AGUS IAD MAR LÉIRIÚ AR BHARR FEABHAIS
NA hOLLSOILE I RÉIMSE IOMLÁN A CUID DÁMH.



DÁMHACHTAINÍ AGUS DUAISEANNA IN 2018/2019

CEAPACHÁN AR AN gCOMHAIRLE STÁIT

AN DR MARY MURPHY



An Dr Mary Murphy, Roinn na Socheolaíochta

Cheap an tUachtarán Micheál D. Ó hUigín an Dr Mary Murphy ar an gComhairle Stáit. Bhronn an tUachtarán Micheál D. Ó hUigín barántas ceapacháin uirthi mar Chomhalta nuacheaptha ar an gComhairle Stáit ag ócáid oifigiúil in Áras an Uachtaráin.

Bhí an Dr Murphy, atá ina léachtóir sinsearach le Polaitíocht agus Sochaí na hÉireann i Roinn na Socheolaíochta in Ollscoil Mhá Nuad, i measc seachtar nua a ceapadh ar chomhlacht comhairliúcháin an Uachtaráin, comhlacht a bunaíodh faoin mBunreacht.

BONN EOLAÍ LUATHGHAIROME AN CHUMAINN IDIRNÁISIÚNTA d'EOLAÍOCHTAÍ FISICEACHA NA nAIGÉAN

AN DR GERARD MCCARTHY



An Dr Gerard McCarthy, Roinn na Tíreolaíochta, agus an tOllamh Philip Nolan, Uachtarán Ollscoil Mhá Nuad

Bhronn an Cumann Idirnáisiúnta d'Eolaíochtaí Fisiceacha na nAigéan (IAPSO) duais mór le rá ar an Dr Gerard McCarthy ó Lárionad Taighde Aeráide ICARUS agus ó Roinn na Tíreolaíochta - is é sin Bonn an Eolaí Luathghairme. Tugann Bonn an Eolaí Luathghairme de chuid IAPSO onóir d'Eolaithe Luathghairme de bharr a gcuid taighde den scoth in eolaíochtaí fisiceacha nó ceimiceacha na n-aigéan, agus de bharr a gcomhoibríthe sa taighde idirnáisiúnta.

I mí na Nollag 2018, d'fhógair Foras na Mara agus Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa maoiniú de €2 mhilliún do mhórhionscadal maidir le hathrú aeráide san Atlantach faoi threoir an Dr McCarthy. Tabharfaidh an tionscadal maidir le hathrú aeráide san Atlantach arna mhaoiniú ag Foras na Mara agus ag Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa an réimse a bhaineann le 'tuar deichbhliantúil aeráide' go hÉirinn. Mar thoradh ar an réimse seo atá ag teacht chun cinn, cuirfear meastacháin níos fearr ar an aeráid sa todhchaí ar fáil thar thréimhse deich mbliana trí úsáid a bhaint as intuarthacht an aigéin.

Tá an Cumann Idirnáisiúnta d'Eolaíochtaí Fisiceacha na nAigéan (IAPSO) ar cheann d'ocht gcumann de chuid Chumann Idirnáisiúnta na Geodasaíochta agus na Geofisice, atá mar chuid den Chomhairle Idirnáisiúnta don Eolaíocht.

DÁMHACHTAINÍ AGUS DUAISEANNA IN 2018/2019

DUAIS NA COMHAIRLE UM THAIGHDE IN ÉIRINN DO THAIGHDEOIR LUATHGHAIRME NA BLIANA

AN DR KAREN ENGLISH



An Dr Karen English, Roinn na Bítheolaíochta

Bhuaigh an Dr Karen English Duais na Comhairle um Thaighde in Éirinn (IRC) do Thaighdeoir Luathghairme na Bliana. Bronnadh Duais IRC ar an Dr English mar aitheantas ar a cuid taighde maidir le forbairt a dhéanamh ar chealla 'suaimhniithe' i dteiripí do ghalair athlastacha amhail plúchadh, agus do neamhoird an chórais imdhíonachta, amhail diúltú do thrasphlandú orgáin.

Is alumna de chuid Mhá Nuad í an Dr Karen English agus bhain sí trí chéim amach ón ollscoil seo, BSc, MSc agus ansin PhD in 2008.

Ina dhiaidh sin, bronnadh Comhaltacht Marie Curie uirthi chun dul i mbun oiliúint iardhochtúireachta in Ollscoil Oxford (2009 - 2011) sular fhill sí ar Ollscoil Mhá Nuad, i dtús báire mar Chomhalta Taighde de chuid an Bhoird Taighde Sláinte sa Mhíochaine Aistritheach agus ina dhiaidh sin mar Thaighdeoir Tosaithe de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann. Ceapadh mar Léachtóir i Roinn na Bítheolaíochta í in 2015 agus in 2018 tá sí ar dhuine de na hacadóirí in Éirinn, nach bhfuil ann ach 36 díobh i ngach réimse taighde, ar bronnadh Gradam Fhondúireacht Eolaíochta Éireann uirthi chun a cuid oibre a chur chun cinn.

GRADAM SHEACHTAIN MHTAMAITICE NA HÉIREANN

AN DR ANTHONY O'FARRELL AGUS AN DR FIACRE Ó CAIRBRE



An Dr Fiacre Ó Cairbre, Roinn na Matamaitice, agus an tOllamh Anthony O'Farrell, Ollamh Emeritus

Bronnadh Gradam Sheachtain Mhatamaitice na hÉireann ar an Ollamh Anthony O'Farrell agus ar an Dr Fiacre Ó Cairbre, as ucht a bhfuil déanta acu chun feasacht an phobail ar Mhatamaitic a mhéadú. Bronntar an gradam bliantúil le linn Sheachtain Mhatamaitice na hÉireann, an fhéile mhatamaitice agus uimhearthachta is mó ar domhan.

Bhunaigh an tOllamh O'Farrell siúlóid bhliantúil Hamilton in 1990 agus tá sí á reáchtáil ag an Dr Ó Cairbre anois le blianta fada. Déanann an tsiúlóid comóradh ar an lá, an 16 Deireadh Fómhair, agus ar an mbealach a thóg William Rowan Hamilton, duine de na matamaiticeoirí ab fhearr ar domhan, a d'aimsigh ceathairín agus nuair a fuair sé inspioráid agus é ag siúl ar bhruach na Canálach Ríoga i mBaile Átha Cliath. D'athraigh an fhionnachtain a rinne sé todhchaí na matamaitice. Scríob Hamilton a chuid foirmlí do na ceathairín ar an mballa ag Droichead Broome sa Chabhrach.

Tá Seachtain Mhatamaitice na hÉireann á maoiniú trí Chlár Fionnachtana Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, an Roinn Oideachais agus Scileanna, Matrix (Painéal Tionsclaíochta Eolaíochta Thuaisceart Éireann) BSL agus Xilinx, agus á comhordú ar Calmast, Ionad For-Rochtana Stem Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge.

DÁMHACHTAINÍ AGUS DUAISEANNA IN 2018/2019

GRADAM UACHTARÁNACHTA CHUMANN ANTRAIPEOLAÍOCH MHEIRICEÁ

AN DR CHANDANA MATHUR




An Dr Chandana Mathur, Roinn na hAntraipeolaíochta

Ag Cruinniú Bliantúil Chumann Antraipeolaíoch Mheiriceá (AAA) in San Jose i mí na Samhna 2018, bronnadh gradam iomráiteach na hUachtaránachta ar an Dr Chandana Mathur as ucht a cuid ceannaireachta maidir leis an antraipeolaíocht dhomhanda a aontú faoin Aontas Antraipeolaíoch Domhanda (comhcheangal idir Comhairle Domhanda na gCumann Antraipeolaíoch agus Aontas Idirnáisiúnta na nEolaíochtaí Antraipeolaíocha agus Eitneolaíocha).

GRADAM CHUMANN ATRAPEOLAÍOCH NA hÉIREANN

AN DR ABDULLAHI EL-TOM



An Dr Abdullahi El-Tom, Roinn na hAntraipeolaíochta

Bronnadh Gradam AAI 2019 ar an Dr Abdullahi El-Tom mar aitheantas ar an méid a bhí déanta aige chun Cumann Antraipeolaíoch na hÉireann (AAI) a thógáil.

DÁMHACHTAINÍ AGUS DUAISEANNA IN 2018/2019

AN tOLLAMH PAUL MOYNAGH COMHALTA d'ACADAMH RÍOGA NA hÉIREANN

AN tOLLAMH MOYNAGH



An tOllamh Peter Kennedy, Uachtarán Acadamh Ríoga na hÉireann agus an tOllamh Paul Moynagh, Roinn na Bitheolaíochta agus Institiúid Kathleen Lonsdale don taighde ar Shláinte an Duine

Bhí an tOllamh Moynagh, atá i gceannas ar Roinn na Bitheolaíochta agus ina Stiúrthóir ar Institiúid Kathleen Lonsdale don Taighde ar Shláinte an Duine, ar dhuine de 27 comhalta nua d'Acadamh Ríoga na hÉireann agus ar dhuine de dheichniúr comhalta nua a tugadh isteach ó na hEolaíochtaí in 2019.

Tá ábhar sa réimse taighde a bhaineann leis an imdhíoneolaíocht foilsithe go forleathan ag an Ollamh Moynagh. In 2009, bronnadh Duais an Chéid de chuid Ollscoil na hÉireann i gcomhair Foilsitheoireacht Acadúil sna hEolaíochtaí Míochaine agus Sláinte air agus bronnadh Bonn Chumann Bithcheimice Rannóg Limistéar na hÉireann (IASBS) air in 2014. Is Príomhthaighdeoir de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) é. Díríonn sé ina chuid taighde ar léiriú a dhéanamh ar na ról atá ag próitéin Pellino san imdhíonacht.

Ó bunaíodh é in 1785, tá gradaim á mbronnadh ag an acadamh orthu siúd in Éirinn is mó a chuir le saol an léinn. Ó bunaíodh é in 1785, tá gradaim á mbronnadh ag an acadamh orthu siúd in Éirinn is mó a chuir le saol an léinn.

DUAIS CHRÉ-UMHA ATHENA SWAN BRONNTA AR ROINN NA BITHEOLAÍOCHTA

ROINN NA BITHEOLAÍOCHTA



Claire McGing, Oifigeach Tionscadail Athena SWAN, Ollscoil Mhá Nuad, an tOllamh Paul Moynagh, Roinn na Bitheolaíochta agus an Dr Karen English, Cathaoirleach fhoireann féinmheasúnaithe na Bitheolaíochta

Tá Duais Chré-umha Athena SWAN bainte amach ag Roinn na Bitheolaíochta, duais a thugann aitheantas d'obair a rinneadh chun comhionannas inscne a chur chun cinn don fhoireann agus do mhic léinn ag leibhéal roinne.

Is í Roinn na Bitheolaíochta an chéad roinn in Ollscoil Mhá Nuad a rinne iarratas ar chreidiúnú Athena SWAN agus a bhain an creidiúnú sin amach, creidiúnú atá á mhaoirsiú ag Advance HE.

I measc 39 mír atá i bplean gníomhaíochta na Bitheolaíochta tá:

> Clár deonach meantóireachta a bhunú don fhoireann acadúil agus taighde go léir, agus é dírithe go sonrach ar ghairmeacha na mban.

> Ceisteanna a bhaineann le comhionannas inscne a leabú i bpróisis na Roinne um Dhearbhú Cáilíochta agus um Fheabhsú Cáilíochta.

> Léacht Bhliantúil Phyllis Clinch a óstáil chun infheictheacht eiseamláirí ban i ndisciplín domhanda na Bitheolaíochta a fheabhsú tuilleadh.

> Leasú a dhéanamh ar an athbhreithniú i dtaca le dul chun cinn PhD chun go mbeidh míreanna ar chothromaíocht oibre is saoil agus ar fhorbairt ghairme san áireamh ann.

> Ina theannta sin, beidh Roinn na Bitheolaíochta ag iarraidh obair roinne, institiúide agus earnála ar chur chun cinn an chomhionannais inscne in STEM a ailíniú.

San áireamh ar fhoireann fhéinmheasúnú (SAT) na Bitheolaíochta, tá ionadaithe ón bhfoireann acadúil, taighde, riaracháin agus theicniúil, chomh maith le mic léinn iarchéime agus fochéime.

DÁMHACHTAINÍ AGUS DUaiseanna DÁMHACHTAINÍ GNÓTHACHTÁLA TAIGHDE OLLSCOIL MHÁ NUAD

DÁMHACHTAINÍ GNÓTHACHTÁLA TAIGHDE OLLSCOIL MHÁ NUAD

AN GRÚPA UM OPTAIC SPÁIS TEIRIHEIRTS: AN TOLLAMH ANTHONY MURPHY, AN DR CREIDHE O'SULLIVAN, AN DR NEIL TRAPPE AGUS AN DR MARCIN GRADZIEL



An Dr Neil Trappe, an Dr Creidhe O'Sullivan, an tOllamh Philip Nolan, an Dr Neil Trappe agus an Dr Marcin Gradziel agus an Dr Anthony Murphy, Roinn na Fisce Turgnamhaí

Bronnadh Gradam Gnóthachtála Taighde Ollscoil Mhá Nuad ar an nGrúpa um Optaic Spáis Teiriherts: An tOllamh Anthony Murphy, an Dr Creidhe O'Sullivan, an Dr Neil Trappe agus an Dr Marcin Gradziel.

Tá saineolas a dtugtar aitheantas idirnáisiúnta dó ag an nGrúpa um Optaic Spáis Teiriherts i Roinn an Fisce Turgnamhaí in optaic mhilliméadar-thonn, leictreamaighnéadaic, cáiliú ionstraime agus breathnóireacht réalteolaíoch. Tá siad ina bpríomhbhaill foirne i líon tionscadal atá chun tosaigh ar leibhéal domhanda, lena n-áirítear ALMA, Suirbhéir Planck de chuid Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa (ESA) agus Réadlann Spáis Herschel. Faoi láthair, cuimsíonn an grúpa taighde a bhunaigh an tOllamh Anthony Murphy ceathrar ball acadúil agus seisear mac léinn taighde ag obair ar dhearadh optaice, anailís agus tomhais do thionscadail idirnáisiúnta reatha amhail QUBIC (Trasnamhéadar Bólaimeadrach Q&U i gcomhair Cosmeolaíochta) agus ionstraim speictriméadair ar a dtugtar SAFARI do mhisean satailíte SPICA (teileascóp Infridhearg Spáis don Chosmeolaíocht agus don Réaltfhisic) do chlár físe cosmaí ESA 2015-2025. Chomh maith le hiomháu cosmach, tá feidhmeanna domhanda do theicneolaíocht teiriherts á bhfiosrú ag an ngrúpa tríd an áis tástála maidir leis an Anailiseoir Líonra Veicteora teiriherts atá acu. Bhí gach ball den ghrúpa mar Phríomhthighdeoir ar dheontais taighde ar leith agus mar chomhoibrithir ar dhámhachtainí i gcomhar.

Le fiche bliain anuas tá rannchuidithe tábhachtacha déanta ag an ngrúpa um optaic spáis le forbairt ionstraimí réalteolaíochta nua do na tonnfhaid chian-infridhearg agus do na tonnfhaid fho-mhilliméadair a chumasaigh tomhais mhionsonraithe chosmacha agus breathnóireacht nach bhféadfaí a dhéanamh roinnt bheag blianta ó shin. Mar gheall ar an saineolas faoi leith atá acu i samhltú optaice tonnfhaid fhada bhí na baill ina bpríomh-rannpháirtithe ar fhoirne forbartha ionstraime do roinnt tionscadal bunaithe ar an talamh agus sa spás. Ina measc sin bhí

Satailít Planck de chuid Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa (ag feidhmiú 2009-13) agus Réadlann Spáis Herschel (2009-), a raibh Murph ina Chomhthighdeoir ar an dá cheann acu.

In 2018, bronnadh duais mór le rá, Duais Chosmeolaíochta Gruber, ar Fhoireann Satailíte Planck ag an XXX Comhthionól Ginearálta a bhí ag an Aontas Réalteolaíoch Idirnáisiúnta. Bronntar Duais Chosmeolaíochta Gruber gach bliain chun onóir a bhronnadh ar chosmeolaí, réalteolaí, réaltfhisiceoir nó fealsamh eolaíochta mór le rá ar son fionnachtana teoriciúla, anailíseacha, coincheapúla nó breathnaitheacha a chuireann ár dtuiscint ar an domhan chun cinn go bunúsach. Ainmníodh an tOllamh Murph mar chomhthighdeoir in éineacht le 350 eolaí idirnáisiúnta eile ar an bhfoireann a bhuaigh an duais, agus go sonrach bhí sé mar chomhthighdeoir maidir le forbairt na hionstraime ardmhíneolaíochta (HFI) ar bord na satailíte.

DÁMHACHTAINÍ AGUS DUaiseanna GRADAM GNÓTHACHTÁLA TAIGHDE OLLSCOIL MHÁ NUAD

DÁMH NA nEALAÍON, AN LÉINN CHEILTIGH AGUS NA FEALSÚNACHTA GRADAM GNÓTHACHTÁLA TAIGHDE

AN tOLLAMH PATRICIA PALMER



An tOllamh Patricia Palmer, Roinn an Bhéarla

Is í an tOllamh Patricia Palmer as Roinn an Bhéarla a bhuaigh an duais do 2019. Bhain sí céim MA amach i gColáiste na hOllscoile Corcaigh agus ina dhiaidh sin d'oibrigh sí san Aithin agus sa Bhruiséil sular bhain sí D.Phil. i litríocht an Bhéarla amach in Ollscoil Oxford. Bhí sí ina léachtóir sinsearach in Ollscoil York (2000-2008) agus ina Léachtóir ag King's College i Londain (2008-2016) agus ceapadh mar ollamh le Litríochta na hAthbheochana i Má Nuad í in 2017.

Tá an tOllamh Palmer ina mórthaighdeoir sna réimsí a bhaineann le litríocht na nua-aoise luath agus leis an Léann Éireannach. Tá an obair atá déanta aici ar theanga agus impiriúlachas ceannródáíoch maidir le bealaí a aimsiú chun guth a thabhairt dóibh siúd nach raibh aon ghuth acu sa stair agus na paraiméadair a leathnú amach i dtaca leis an tuiscint a bhí ar Éirinn, go stairiúil agus go cultúrtha. Sa chomhthéacs sin, tá na léargais atá aici ar an ngaol idir an foréigean agus an aeistéitic thar a bheith grinn agus dúshlánach. Tá a cuid oibre siúd ar an gcéad mhóiriarracht a rinneadh réimse an léinn Éireannaigh a bhaineann leis an nua-aois luath a aontú trí na hábhair, ar fud teorainneacha disciplín agus teanga, a thabhairt le chéile chun léargas comhtháite a fháil ar an tréimhse.

Tá an taighde is déanaí dá cuid, faoi choimhlint na gcultúr in Éirinn le linn na hAthbheochana, atá mar ábhar dá leabhar 'Darkness Echoing: Cultural Encounters in Renaissance Ireland' (á ullmhú), mar bhunús lena Gradam Ard-Laureate arna mhaoiniú ag an gComhairle um Thaighde in Éirinn in 2019, a bhfuil sé mar aidhm aige léarscáiliú a dhéanamh ar réimse iomlán na gníomhaíochta cultúrtha ar fud teangacha agus grúpaí eitneacha ó dheireadh an séú haois déag go dtí lár an seachtú haois déag. Ina theannta sin, tá sí ina príomhthaighdeoir ar Thionscadal MACMORRIS, tionscadal DH ceithre bliana atá ag iarraidh léarscáiliú a dhéanamh ar an réimse iomlán de ghníomhaíocht chultúrtha, ar fud teangacha agus grúpaí eitneacha, in Éirinn sa nua-aois luath.

DÁMHACHTAINÍ AGUS DUAISEANNA GRADAM GNÓTHACHTÁLA TAIGHDE OLLSCOIL MHÁ NUAD

TAIGHDEOIR LUATHGHAIRME NA BLIANA

AN DR GERARD MCCARTHY



An Dr Gerard McCarthy, Roinn na Tíreolaíochta, agus Lárionad Taighde Aeráide ICARUS agus an tOllamh Philip Nolan, Uachtarán Ollscoil Mhá Nuad

Ba é an Dr Gerard McCarthy, Roinn na Tíreolaíochta agus Lárionad Taighde Aeráide ICARUS a bhuaigh gradam foriomlán na luathghairme in 2019.

Is aigéaneolaí é Gerard atá ag obair in ICARUS agus is léachtóir é i Roinn na Tíreolaíochta in Ollscoil Mhá Nuad. Bhí Gerard ag obair roimhe seo ag an Lárionad Náisiúnta Aigéaneolaíochta sa Ríocht Aontaithe, áit a raibh sé ag obair le foireann RAPID a raibh tomhas a dhéanamh ar Imsruthú Iompaithe Fadlíne an Atlantaigh.

Is iad na réimsí taighde a bhfuil suim aige iontu ná an ról atá ag an aigéan i gcúrsaí aeráide agus an bealach ina bhféadfadh sé sin athrú de bharr athrú aeráide. Fuair Gerard maoiniú ar fiú €2 mhilliún é le déanaí ó Fhoras na Mara agus ó Chiste Forbartha Réigiúnaí na hEorpa do mhórtionscadal ar athrú aeráide san Aigéan Atlantach. Tá Tionscadal Idirnáisiúnta 'A4' faoi threoir ag na spriocanna atá leagtha síos i straitéis náisiúnta muirí an Rialtais dar teideal 'Feidhm a Bhaint as Saibhreas ár nAigéin' agus 'Straitéis Náisiúnta Taighde agus Nuálaíochta Muirí 2017 - 2021', agus is infheistíocht shuntasach í atá á déanamh ag Foras na Mara san aigéaneolaíocht fhisiceach agus san athrú aeráide in Éirinn, agus tá sé mar aidhm aici tuiscint a fháil ar na naisc idir treohtáí i dteochtaí an Atlantaigh agus athrú aeráide. Ina theannta sin, bhí sé rannpháirteach i dtionscadail a mhaoinigh an Coimisiún Eorpach: THOR (FP7, taighdeoir ainmnithe), NACLIM (FP7, PI na hInstitiúide), agus an Blue-Action leanúnach (Horizon 2020, PI na hInstitiúide agus Ceannaire pacáiste Oibre).

Ó chríochnaigh sé a PhD in 2011, tá breis agus 30 páipéar foilsithe in irisí piarmheasúnaithe. Tá h-innéacs de 18 aige i-innéacs de 21 agus scór Geata Taighde de 29.85. Luadh a chuid oibre breis agus 1400 uair, agus tá a chuid uimhreacha lua bliantúla ag méadú bliain ar bhliain agus in 2018 bhí 390 lua aige (Google Scholar). Tá ábhar foilsithe go leanúnach in irisí a bhfuil an-tionchar acu, lena n-áirítear foilseachán in Nature (IF=41.6) in 2015, a raibh sé ina phríomhúdar air. Tá sé ina údar sinsearach ar cheithre cinn as cúig cinn den na páipéir is minice a luadh (trí cinn mar phríomhúdar, péire mar dhara údar) agus iad sin go léir rangaithe san 1% ba mhinice a luadh i réimse na nGeo-eolaíochtaí bunaithe ar aois (Web of Science). Ó thosaigh sé ag obair in Ollscoil Mhá Nuad ag deireadh 2017, bhí naoi gcinn d'fhoilseacháin phiarmheasúnaithe aige in 2018, lena n-áirítear foilseachán in Geophysical Research Letters (IF=4.3) a raibh sé mar phríomhúdar air agus bhí sé mar dhara húdar ar fhoilseachán sa Bulletin of American Meteorological Society (IF=7.9). Tugadh cuireadh dó freisin alt Nuachta agus Tuairimíochta a chur ar fáil do Nature, agus foilsíodh é sin i samhradh na bliana 2018.

DÁMHACHTAINÍ AGUS DUaiseanna GRADAM GNÓTHACHTÁLA TAIGHDE OLLSCOIL MHÁ NUAD

ROINN NA hEOLAÍOCHTA AGUS NA hINNEALTÓIREACHTA - AN DR OZGUR BAYRAM

AN DR OZGUR BAYRAM



An Dr Ozgur Bayram Roinn na Bitheolaíochta agus Institiúid Kathleen Lonsdale don Taighde ar Shláinte an Duine agus an tOllamh Philip Nolan Uachtarán Ollscoil Mhá Nuad

Bhuaigh an Dr Ozgur Bayram, Roinn na Bitheolaíochta agus Institiúid Kathleen Lonsdale don Taighde ar Shláinte an Duine an gradam gnóthachtála taighde luathghairme i nDámh na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta. Bhain sé MSc sa Bhitheolaíocht Mhóilíneach amach in Ollscoil Uludag sa Tuirc agus PhD sa Mhicribhitheolaíocht ó Institiúid na Micribhitheolaíochta agus na Géineolaíochta in Ollscoil Georg-August sa Ghearmáin sular tháinig sé chuig Roinn na Bitheolaíochta i Má Nuad in 2014.

Is iad na réimsí taighde a bhfuil suim aige iontu ná meitibilít fhungasach thánaisteach lena n-áirítear míceatocsainí a éillíonn bia. Glacann sé cur chuige nuálach maidir le scrúdú a dhéanamh ar éilliú bia mar thoradh ar théamh domhanda, ina ndéantar an bhitheolaíocht mhóilíneach a chomhcheangal le próitéamaíocht chainníochtúil, cur chuige a bhfuil cumas suntasach aige pataigineas fungasach mar thoradh ar ghalar fungasach, chomh maith le héilliú bia, a chomhrac. Beidh tionchar mór ag a chuid taighde ar shláinte an duine agus ar shláinte ainmhithe mar go bhfuil straitéisí nua á bhforbairt chun pataiginí faille sa duine agus in ainmhithe a chomhrac mar thoradh ar a chuid fionnachtana.

Ar an dara dul síos, cuirfear le tionchar an athraithe aeráide ar shábháilteacht agus ar shlándáil bhia mar thoradh ar tháirgeadh míceatocsainí ag fungais a bhí lena chuid iarrachtaí agus lena chuid saineolais. Ó tharla gur fhadhb mhór éilliú cothaitheach ainmhithe agus daoine le míceatocsainí fungasacha i dtaca le sábháilteacht agus slándáil bhia, más féidir éilliú den chineál sin a chosc beidh ar ár gcumas daonra méadaithe an domhain a bheathú ar bhealach atá sábháilte agus an domhan ag téamh. Tíocfaidh méadú ar an meánteocht domhanda as seo go ceann tríocha nó seasca bliain, agus mar thoradh air sin tíocfaidh méadú ar fhás fungas agus méadú ar tháirgeadh míceatocsainí i mbeath daoine agus ainmhithe.

Tá Dámhachtain Forbartha Gairme aige ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus tá breis agus 40 páipéar taighde piarmheasúnaithe foilsithe aige chomh maith le breis agus 2000 lua agus h-innéacs de 20. D'fhoilsigh sé ábhar le gairid in Developmental Cell, Plos Pathogens, MBIO agus Genome Biology.

DÁMHACHTAINÍ AGUS DUaiseanna GRADAM GNÓTHACHTÁLA TAIGHDE OLLSCOIL MHÁ NUAD

DÁMH NA nEALAÍON, AN LÉINN CHEILTIGH AGUS NA FEALSÚNACHTA

AN DR JOHN PAUL NEWMAN



An Dr Paul Newman, Roinn na Staire agus an Lárionad don Léann Eorpach agus Euráiseach


Bhuaigh an Dr Paul Newman, Roinn na Staire agus an Lárionad don Léann Eorpach agus Euráiseach i nDámh na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na Fealsúnachta an gradam gnóthachtála taighde luathghairme. Is Léachtóir Sinsearach é an Dr Paul Newman i Stair na hEorpa san Fhichiú haois. Chríochnaigh sé a PhD in Ollscoil Southampton (faoi mhaoirseacht an Ollaimh Mark Cornwall) agus ó 2008 go 2011, bhí sé ina Chomhalta Taighde Iardhochtúireachta de chuid na Comhairle Eorpaí um Thaighde (ERC) agus é ag obair ar an tionscadal ‘Foréigean Paraimíleatach i ndiaidh an Chogaidh Mhóir’, tionscadal ar chuir sé staidéar ar fhoréigean sna Balcáin ar fáil dó.

Tá suim aige i nua-stair na mBalcán agus Oirthear - lár na hEorpa, agus é ag díriú go háirithe ar an lúgslaiv, an Bhulgáir, an Mhacadóin agus an tSeicislóvaic. Go dtí seo, bhí a chuid oibre dírithe ar iarshaighdiúirí cogaidh, ar fhoréigean paraimíleatach, agus ar na hoidhreachtaí móra a d’fhág na cogaí sa réigiún ina ndiaidh. Tá sé tar éis a bheith ag obair ar mhórthionscadal taighde agus é ag féachaint ar shochaithe agus ar chultúir chaithréimeacha de bharr bua i gcogadh san Eoraip san fhichiú haois, staidéar ar an nGinearál Crótach, Josip Jelacic agus an trasnú idir féiniúlachtaí náisiúnta agus impiriúla i Lár na hEorpa sa naoú haois déag, agus staidéar a bhfuil fad leabhair ann ar chogaíocht neamhrialta agus ar fhoréigean paraimíleatach sna Balcáin, a bhfuil an teideal sealadach, ‘Freedom or Death: A History of Guerilla Warfare in the Balkans’ air.

Is é an ní ba shuntasáí a bhain sé amach le gairid ná roinnt leabhar a fhoilsiú ina dtugtar aghaidh ar an gCéad Chogadh Domhanda agus ar na hiarmhairtí a bhain leis i Lár-Oirthear na hEorpa agus sna Balcáin. Tá ábhar foilsithe aige ar an gCéad Chogadh Domhanda, ar fhoréigean paraimíleatach, agus ar na hoidhreachtaí móra a d’fhág cogaí sa réigiún ina ndiaidh. Ba é a mhonagraf, ‘Yugoslavia in the Shadow of War: Veterans and the Limits of State- Building, 1903-1945’, an chéad cheann dá shórt a thug aghaidh ar na fadhbanna factéarmacha a chruthaigh an cogadh agus a chuid iarmhairtí sna Balcáin. Foilsíodh an leabhar le Cambridge University Press. Chuir sé ábhar ar fáil freisin do thrí imleabhar ar ghnéithe éagsúla a bhain leis an gcogadh agus lena chuid iarmhairtí agus rinne sé eagarthóireacht do dhá eagrán speisialta d’irisí ar ábhair ghaolmhara.

BUAICPHOINTÍ DÁIMHE

IN 2018/19 BHÍ MÓRÁN GNÓTHACHTÁLACHA MAIDIR LE TAIGHDE, LÉANN, NUÁLAÍOCHT AGUS RANPHÁIRTÍOCHT I NGACH CEANN DE NA TRÍ CINN DE DHÁMHA AGUS CUIRTEAR ROINNT DÍOBH SIN I LÁTHAIR ANSEO.



BUAICPHOINTÍ DÁIMHE DÁMH NA nEALAÍON, AN LÉINN CHEILTIGH AGUS NA FEALSÚNACHTA

ROINN AN LÉINN CHLASACAIGH

Le linn na bliana acadúla 2018-2019 lean baill Roinn an Léinn Chlasacaigh de bheith ag cur go suntasach le taighde agus léann ar bhealaí éagsúla agus i réimse leathan. Chomh maith le taighde túslíne nua a chur i láthair mar leabhair, caibidlí leabhair, agus ailt taighde phiarmheasúnaithe, i measc liosta na bhfoilseachán in 2018 tá rannchuidithe le saothair thagartha, foilseachán ‘don ghnáthphobal’ a d’ullmhaigh saineolaithe ábhair do léitheoirí ‘leathléannta’ agus agus ar an mbealach sin aghaidh á tabhairt acu ar chlár for-rochtana/tionchair, agus léirmheasanna ar leabhair in irisí léannta. Tá páipéir chomhdhála agus seimineáir mar chuid d’aschur 2018-2019 freisin. Tá réimse leathan intleachtúil ag baint leis an ábhar, agus leagtar béim ar réimsí ilghnéitheacha amhail fhealsúnacht na Gréige, litríocht na Laidine, stair an tSeansaoil dhéanaigh, agus glacadh an léinn chlasacaigh; ar aon dul le scóip a cuid teagaisc, tá scóip taighde na Roinne an-fhairsing, go háirithe nuair a chuireann tú a méid san áireamh.



Texts and Violence in the Roman World

I measc na mbuaicphointí foilseachán in 2018 tá *Texts and Violence in the Roman World*, imleabhar de chuid Cambridge University Press a raibh an tOllamh David Scourfield agus an tOllamh Monica Gale ó Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath ina gcomheagarthóirí air. Is bailiúchán d’aon pháipéar déag le foireann céimiúil ar scoláirí sinsearachas as an Ríocht Aontaithe, as na Stáit Aontaithe agus as Éirinn a bhformhór agus tá caibidil tosaigh an-suntasach ann leis na heagarthóirí. Tá an leabhar ar thús cadhnaíochta maidir le scrúdú a dhéanamh ar léiriú an fhoréigin i gcomhthéacsanna éagsúla ar fud réimse leathan údar agus seánraí, idir choiméide Rómhánach Plautus ó dheireadh an tríú haois/thús an dara haois Rch agus dhánta martarlaig i meadarachtaí lirice leis an gCríostaí Prudentius go luath sa chúigiú haois AD. Tugtar aird faoi leith ar na hábhair thráthúla a bhaineann leis an ngaol idir léirithe ealaíne ar an bhforéigean agus an foréigean faoi mar a bhí sé sa saol ag an am agus idir an foréigean agus retric an fhoréigin, agus na cosúlachtaí idir é agus an cultúr comhaimseartha ina ndéantar cuid mhór tagairtí do na scannáin agus do theoiric na scannánaíochta. Tá léirmheasanna atá an-dearfach sa dá phríomhír Bhéarla ina ndéantar léirmheas ar an Léann Clasaiceach: Mar shampla, deir K Gervais (*Classical Review* 69.2 [2019], 441-4) ‘tá leabhar mar seo ag teastáil le fada an lá - tá éagsúlacht bhreá chineálach, ama agus mhodheolaíochta sa leabhar agus ag an am céanna tá cur chuige

comhtháiteach ann atá le moladh, go deimhin, comhcheanglaíonn an réamhrá agus na crostagairtí an leabhar níos fearr ná mar bheifí ag súil leis’ agus tagraíonn sé don ábhar mar ábhar atá ‘ar-fheabhas’ cúig huaire, Ar aon dul leis sin, déanann M. Myers (*Bryn Mawr Classical Review* 2019.14.05) cur síos air mar ‘leabhar den scoth atá lán le rannchuidithe spreagúla leis an staidéar ar an bhforéigean i litríocht na Róimhe, a bheidh thar a bheith luachmhar do scoláirí a bheidh ag obair ar aon ghné den fhoréigean sa seansaol - Tabharfaidh na caibidlí ábhar machnaimh duit i gcónaí’.

Ina theannta sin, tugadh léirmheasanna dearfacha in 2018 ar mhonagraf Micheal Williams, *The Politics of Heresy in Ambrose of Milan: Community and Consensus in Late Antique Christianity* (Cambridge University Press, 2017). Deir B. Dunkle (*Church History* 87 [2018], 832-4) ‘is éacht suntasach é *Politics of Heresy* Williams-bainfidh gach scoláire agus mac léinn Ambrósach a bheidh ag déanamh staidéir ar an tseandacht dhéanach amach anseo tairbhe as an gcuntas cúramach, más cuntasach réasúnta tuairimeach féin é, atá tugtha aige ar bhunghnóthachtálacha foirceadlacha Easpag Milano’ (834). Cuireann M. Chalmers, in *Ancient Jew Review* do 2018 (foilseachán ar líne), clabhsúr ar an léirmheas a rinne sé ar an leabhar agus an méid seo a leanas á rá aige: ‘Tá níos mó á léiriú go muiníneach i leabhar Williams ná athchruthú malartach rathúil ar chúrsaí Milano in aimsir Ambróis. Cuimsíonn sé freisin an cumas atá ann cur chuige atá dírithe ar an ngné reitriciúil a ghlacadh chun ceisteanna taighde agus léirmheasanna aishhilleacha ar ár léamha ar théacsanna Críostaí ón tseanaois dhéanach a ghiniúint’.

Ar bhonn níos forleithne, d’fhoilsigh baill na Roinne ábhar in irisí measúla idirnáisiúnta amhail *Classical Receptions Journal* (Oxford) agus *Historia: Zeitschrift für alte Geschichte* (Stuttgart), agus in imleabhair a cuireadh in eagar agus a d’fhoilsigh foilsitheoirí acadúla mór le rá amhail Brill (Leiden) agus Routledge (Londain).

Ba buaicphointe Sheimineár an Léinn Chlasaiceigh i Má Nuad in 2018-2019 ná ócáid speisialta a ndearna Roinn an Léinn Chlasacaigh agus Roinn an Cheoil comhóstáil uirthi agus a fuair tacaíocht ó Institiúid na nEalaíon agus na nDaonnachtaí in Ollscoil Mhá Nuad. Ag an ócáid sin labhair an tOllamh Armand D’Angour (Oxford), saineolaí a bhfuil cáil dhomhanda air, ar ‘Athaimsiú ar Cheol na Sean-Ghréige’. Ar an iomlán, tháinig an Seimineár le chéile ocht n-uaire le linn na bliana, chun páipéir a chloisteáil agus a phlé ar ábhair i réimse forleathan de chultúr na Gréige agus na Róimhe agus i nglacadh na Seandachta clasaice.

Chomh maith le bheith ag cur páipéir chomhdhála agus seimineár i láthair, bhí an fhoireann páirteach freisin i bpleanáil agus in ullmhú comhdhálacha. Bhunaigh an Dr Jonathan Davies an bunús agus an creat do chomhdháil ar Impireacht Flavius le bheith ar siúl i Má Nuad i mí an Mheithimh 2010 (tá deontas ó chiste Comhdhála agus Ceardlaine Ollscoil Mhá Nuad bronnta ó shin), agus lean an tOllamh David Scourfield de phríomhról a bheith aige, mar Chathaoirleach ar an gCoiste Stiúrtha, maidir le mórchomhdháil idirnáisiúnta a phleanáil ar an údar E.M. (ar cuireadh oideachas sa léann clasaiceach air) atá le bheith ar siúl in Cambridge (Coláiste an Rí agus Dámh an Bhéarla) i mí Aibreáin 2020. Fuair an tOllamh Scourfield deontas don chomhdháil sin ó Chumann Taighde na nDaonnachtaí Nua-Aimseartha (MHRA) ina scéim iomaíoch bhliantúil; rinneadh iarratais rathúla ar mhaoiniú freisin (ó Cambridge agus ó Ollscoil Mhanchain) trí bhaill eile den Choiste Stiúrtha.

BUAICPHOINTÍ DÁIMHE DÁMH NA nEALAÍON, AN LÉINN CHEILTIGH AGUS NA FEALSÚNACHTA

CLASSICS NOW 2020 (TIONSCADAL COMHPHÁIRTÍOCHTA POBAIL)

Is mórhionscadal for-rochtana/tionchair é seo ina bhfuil an Roinn ag obair i gcomhar le comhghleacaithe ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus Cumann Léinn Chlasaicigh na hÉireann–Múinteoirí (CAIT) agus le comhairleoir/ léiritheoir ealaíon. Cuirfear i gcrích é i bhféile Léinn Chlasaicigh a dhéanfar a reáchtáil i mBaile Átha Cliath i bhfómhar na bliana 2020, ina dtabharfar cuireadh do rannpháirtithe teacht ar an tSeandacht chlasaiceach agus plé léi faoi mar atá sí léirmhíneithe ag scríbhneoirí, ealaíontóirí agus smaointeoirí comhaimseartha as Éirinn agus as áiteanna thar lear. Tá sé bunaithe ar thaighde. Bhí sraith de chruinnithe pleanáilte ar siúl le linn 2018-2019 agus táthar ag leanúint leo sin.

SCOIL AN LÉINN CHEILTIGH

Cuimsíonn Scoil an Léinn Cheiltigh Nua Ghaeilge, Gaeilge Luath agus Lárionad na Gaeilge (Lárionad Taighde, Teagaisc agus Tástála don Ghaeilge).

AN tSEAN-GHAELIGE

In 2018-19 lean Roinn na Sean-Ghaeilge de bheith ag táirgeadh taighde atá chun tosaigh ar leibhéal domhanda maidir le teanga, litríocht, stair agus cultúr sa ré réamh-nua-aimseartha in Éirinn. Leanadh le tionscadal ChronHib, tionscadal cúig bliana atá á mhaoiniú ag Deontas Comhdhlúthóra ERC a bronnadh ar an Ollamh Davis Stifter, agus a bhfuil staidéar nuálach á dhéanamh ann ar chroineolaíocht na Gaeilge, agus cuireadh tús leis an gcéad bhliain taighde ar lámhscríbhinní leighis a bhaineann leis na meánaoiseanna in Éirinn i dtionscadal MIMNEC, tionscadal dhá bhliain atá á mhaoiniú ag dámhachtain IRC a bronnadh ar an Dr Deborah Hayden. Tá fás leanúnach ag teacht ar líon na mac léinn PhD agus na scoláirí iardhochtúireachta sa Roinn, agus dhaingnigh an Roinn an cháil idirnáisiúnta atá uirthi mar lárionad atá chun tosaigh maidir leis an staidéar ar an nGaeilge Luath.

DEONTAIS TAIGHDE

Cuireadh tús le tionscadal MIMNEC, atá á mhaoiniú ag an IRC, in 2018-19 agus bhí tionscadal ChronHib, atá á mhaoiniú ag an ERC, ag dul isteach sa cheathrú bliain. Bhain na baill foirne a bhfuil baint acu leis an dá thionscadal mórán dámhachtain taighde eile amach: fuair an Dr Fangzhe Qiu, scoláire iardhochtúireachta ar thionscadal ChronHib, deontas Charlemont ó Acadamh Ríoga na hÉireann chun turas taighde chuig Ollscoil Uppsala a mhaoiniú, chomh maith le Deontas Luath-ghairme de chuid Ollscoil na hÉireann chun comhdháil idirnáisiúnta ar úsáid statistici sa staidéar ar theangeolaíocht chorpaís stairiúil a mhaoiniú (a bhí ar siúl i mí Dheireadh Fómhair 2019). Bhí rath freisin ar mhaoiniú inmheánach taobh amuigh den dá phríomhthionscadal sin: ba í Viktoria Krivoshchekova, an t-iarratasóir chuig Dámh na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na Fealsúnachta in 2018 ar Scoláireachtaí John agus Pat Hume ag Má Nuad, a bhain an rangú ab fhearr amach agus tháinig sise ón Rúis chun tús a chur lena cuid taighde faoi mhaoirseacht an Dr Elizabeth Boyle i mí Mheán Fómhair 2018. Ba í Chelsey Collins (Ollscoil Mississippi do Mhná) an t-iarratasóir chuig na dámh a bhain an rangú ab fhearr amach i gcomórtas 2019, agus bhí

sise freisin ag déanamh iarratais chun dul ag obair leis an Dr Boyle. Thosaigh sise ar a cuid staidéir dochtúireachta i mí Mheán Fómhair 2019. Fuair beirt mhac léinn PhD eile Tarscaoileadh Táillí Hume i gcomórtas 2018 agus 2019 faoi seach agus tá siad anois i mbun taighde dochtúireachta sa Roinn, faoi mhaoirseacht an Ollaimh David Stifter agus an Dr Deborah Hayden.

FOILSEACHÁIN

Lean baill Roinn na Sean-Ghaeilge de bheith ag foilsiú taighde den chéad scoth i réimse leathan foilseachán, lena n-áirítear irisí idirnáisiúnta piarmheasúnaithe, leabhair a cuireadh in eagar, lámhleabhair, téacsleabhair agus ciclipéidí. I measc na bhfoilseachán sna hirisí is mó le rá sa réimse tá ailt leis an Ollamh David Stifter in Ériu, leis an Dr Deborah Hayden agus leis an Dr Elliot Lash in Keltische Forschungen, leis an Dr Elliott Lash in Transactions of the Philological Society, agus leis an Dr Bernhard Baur in Zeitschrift für celtische Philologie. Chuir an Dr Boyle agus an Dr Hayden caibidlí tábhachtacha ar fáil ar ghnéithe de 'Leabhar Bhaile an Mhóta' don imleabhar is déanaí i sraith Acadamh Ríoga na hÉireann ar lámhscríbhinní Éireannacha de chuid na Meánaoiseanna (Codices Hibernenses Eximii) a eascraíonn as comhoibriú leanúnach idir Acadamh Ríoga na hÉireann agus Roinn na Sean-Ghaeilge in Ollscoil Mhá Nuad. Ina theannta sin, d'fhoilsigh triúr ball de chuid na roinne (an tOllamh Stifter, an Dr Hayden agus an Dr Qiu) píosaí i bhFéilscríbhinn do chomhghleacaí Astrálach, an tOllamh Neil McLeod, rud a léiríonn an comhoibriú seanbhunaithe le comhghleacaithe in Sydney, agus d'fhoilsigh an tOllamh Stiffer alt a scríobhadh i gcomhar leis an Dr Aaron Griffith (Utrecht) agus an tOllamh Gregory Toner (Ollscoil na Banríona, Béal Feirste) in Kratylos. Chomh maith le saothar na foirne acadúla, d'fhoilsigh mic léinn iarchéime agus céimithe a bhain PhD amach le déanaí saothar i réimse foilseachán. Ina measc sin tá an iris fealsúnachta Cheanadach Dionysius (an Dr Daniel Watson), Annual of Medieval Studies at the Central European University (Viktoria Krivoshchekova), an iris Ísiltíreach don Léann Ceilteach, Kelten (Lars Nooij) agus an Laois Heritage Society Journal (Ellen Ganly).



An Chomhdháil ar Iarsma Beag de Shaothar Mhuintir an tSeansaol a eagraíodh in éineacht leis an RIA

BUAICPHOINTÍ DÁIMHE DÁMh NA nEALAÍON, AN LÉINN CHEILTIGH AGUS NA FEALSÚNACHTA

COMHDHÁLACHA AGUS LÉACHTAÍ AR CHUIREADH

D'óstáil an Roinn, nó d'eagraigh sí gcomhar, roinnt comhdhálacha agus ceardlanna idirnáisiúnta. D'eagraigh an Dr Boyle, i gcomhpháirt leis an RIA, an ceathrú comhdháil ar lámhscríbhinní Éireannacha, dar teideal "Iarsma Beag de Shaothar Mhuintir an tSeansaol": 23 N 10 (Leabhar Bhaile in Chuimíne) in Acadamh Ríoga na hÉireann i mí an Mhárta 2019. Bhí an Dr Hayden ina cathaoirleach ar an gcoiste eagraithe do Chollóiciam Chumann Henry Sweet do Stair na Smaointe Teangeolaíochta, a tionóladh i Má Nuad i mí Mheán Fómhair 2018 – bhí taighdeoirí iardhoctúireachta ón Roinn ar an gcoiste eagraithe don chomhdháil seo freisin, a raibh 55 teachta as 15 thír éagsúla i láthair aici. D'eagraigh taighdeoirí ó thionscadal ChronHib, faoi cheannas an Dr Lash, an 10ú Comhdháil ar an Teangeolaíocht Cheilteach in Ollscoil Mhá Nuad i mí Mheán Fómhair 2018. I mí an Mheithimh 2019, bhí an Dr Hayden ina comheagraí ar cheardlann i gcomhar, arna óstáil ag Ollscoil Nottingham, ar Lámhscríbhinní Mheánaoiseacha ag bualadh leis an Eolaíocht Nua-Aoiseach: Ceardlann ar Theoiric agus ar Chleachtas, inár tháinig eolaithe saotharlainne agus meánaoisithe le chéile chun cleachtais nuálacha taighde sa staidéar ar mhíochaine na meánaoiseanna a phlé.

Sa bhliain acadúil 2018-19, thug an tOllamh Stifter ocht léacht ar chuireadh in institiúidí amháil Ollscoil na Banríona, Béal Feirste agus Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath. Ba mhian linn tagairt ar leith a dhéanamh don onóir mhór a bhain leis an gcuireadh a fuair sé Léacht iomráiteach Uí Dhónaill 2019 a thabhairt ag Ollscoil Oxford. Chuir an Dr Hayden deich gcinn de pháipéir acadúla i láthair in 2018-19, ag institiúidí lena n-áirítear Harvard, Nottingham, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste agus an RIA. Thug an Dr Boyle cúig cinn de léachtaí ar chuireadh, an ceann ba mhó le rá ag "Invasion 1169: the National Conference on the Occasion of the 850th Anniversary of the Anglo-Norman Invasion of Ireland", a tionóladh ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Thug ár gcuid taighdeoirí iardhoctúireachta mórán cainteanna taighde measúla: Mar shampla, thug an Dr Qiu léachtaí ar chuireadh ag Ollscoil Bhéising don Léann Eachtrach agus ag Ollscoil Phéicing, an tSín. Chuir scoláirí iardhoctúireachta eile páipéir i láthair sa Ghearmáin, sa Chipir, sa Spáinn agus sa Ríocht Aontaithe, agus chuir mic léinn iarchéime páipéir i láthair ag Harvard, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh agus Ollscoil Bangor. Níos gaire do bhaile, chuir an Dr Boyle páipéir i láthair i gcomhar le Chelsea Collins a bhí ina mac léinn MA ag an am (agus atá i mbun PhD anois) ag an Siompóisiam Tionscnaimh a bhí ag Líonra SexGen Ollscoil Mhá Nuad maidir le Taighde ar Inscne agus ar Ghnéasachtaí ar an ábhar "Breithiúnais ar Chatagóirí Mac" agus "Rialú Iompraíochta Gnéis in Éirinn sna Meánaoiseanna Luatha".

TIONCHAR AGUS TAIGHDE RANPHÁIRTÍOCHTA SEACHTRAÍ

Tá Roinn na Sean-Ghaeilge an-tiomanta go deo do thorthaí ár gcuid taighde a roinnt leis an bpobal. Mar thoradh ar an tiomantas sin, bhí sí rannpháirteach i réimse mór gníomhaíochtaí ardiomhá a bhí dírithe ar an bpobal in Éirinn agus thar lear. I gcás amháin a bhí an-suntasach, rinneadh saothar thionscadal MIMNEC, ar tionscadal é atá á mhaoiniú ag an IRC, a theilgean ar thaobh foirgnimh i mBaile Átha Cliath, mar chuid de thaispeántas solais do Sheachtain na hEolaíochta 2018. Rinneadh tuairisciú forleathan ar an taighde atá á dhéanamh ag Roinn na Sean-Ghaeilge sna meáin. Tugadh cuireadh don Dr Hayden, an Dr Stiftear agus an Dr Qiu teacht ar an Pat Kenny Show (Newstalk) chun labhairt faoi Léann Éireannach

na Meánaoiseanna agus Gaeilge an lae inniu. Chomh maith leis sin, bhí an Dr Hayden ar The Chatroom le Angela Faull (CRCfm 102.9 Caisleán an Bharraigh), chuir Jim Carroll (RTÉ) faoi agallamh í ag Taispeántas Eolaithe Óga agus Teicneolaíochta BT san RDS, agus rinne sí taifeadadh ar phodchraoladh mar chuid den tsraith 'Cool Science and Curious Minds' ar East Coast FM. Ghlac an tOllamh Stifter páirt in eagrán den tsraith John Creedon's Atlas of Ireland i mí Lúnasa 2019, sraith a léirigh RTÉ. Le linn di a bheith mar chomheagraí ar mhórchomhdháil ar 'Leabhar Bhaile in Choimíne', bhí an Dr Boyle mar ábhar in alt san Irish Independent i mí Feabhra 2019, faoin gceannteideal "Stories and Laws from 1,000 Years Ago Unearthed in Ancient Book" agus cuireadh faoi agallamh í freisin ar raidió Kfm maidir leis an ábhar céanna. D'fhoilsigh an Dr Boyle agus an Dr Hayden píosaí do RTÉ Brainstorm: Foilsíodh dhá alt leis an Dr Boyle ar an suíomh (ceann faoi thuras comhdhála chuig Svalbard, sa Chiorcal Artach, a bhí ar siúl le linn na hoíche polaí; agus an ceann eile faoi úsáid íomhánna 'Ceilteacha' i gcláir theilifíse agus i scannáin faoi uafás pobail), agus d'fhoilsigh an Dr Hayden píosa a léigh mórán daoine ar an leigheas in Éirinn sna Meánaoiseanna, agus é sin ar fáil anois mar phodchraoladh. Tugadh cuireadh don Dr Qiu forléargas ar theanga agus ar chultúr na hÉireann a thabhairt d'Ambasadóir nua na Síne in Éirinn ag Ambasáid na Síne i mBaile Átha Cliath.

RANNUIDITHE EILE TAIGHDE

Tá baill Roinn na Sean-Ghaeilge ag leanúint de bheith ag cur dea-shaoránacht acadúil chun cinn laistigh de dhiscipín an Léinn Cheiltigh. San áireamh ansin tá seirbhís a thabhairt ar bhoird eagarthóireachta agus ar choistí cumann léinn, rannpháirtíocht fhorleathan i bpiarmheasúnú agus in eagrú imeachtaí oiliúna agus máistir-ranganna do mhic léinn iarchéime agus do scoláirí iardhoctúireachta. Freastalaíonn mórán scoláirí ó Ollscoil Mhá Nuad agus ó institiúidí eile ó mhórchéantar Bhaile Átha Cliath ar Sheimineár Taighde na Sean-Ghaeilge agus an Léinn Cheiltigh. Lean an Dr Boyle de bheith ag tabhairt seirbhíse ar an mbord eagarthóireachta don tsraith ar Théacsanna agus ar Chultúir Mheánaoiseacha Thuaisceart na hEorpa (Brepols) agus thug sí faoi phiarmheasúnú forleathan do Amsterdam University Press (ag gníomhú mar léitheoir do dhá mhonagraf) agus do líon mór irisí acadúla. Lean an Dr Hayden dá post ar bhord eagarthóireachta an Journal of Celtic Linguistics agus chomh maith leis sin ghlac sí le ballraíocht ar Choistí Taighde Chomhairle Acadúil Ollscoil Mhá Nuad agus Dhámh na nEalaíon, agus bhí sí ar choiste ad hoc 2019 do Chomhdháil Idirnáisiúnta an Léinn Cheiltigh in Bangor sa Bhreatain Bheag. Chomh maidir leis na poist seirbhíse atá ag an Ollamh Stifter faoi láthair, ghlac sé ballraíocht ar Chomhairle Eolaíochta Études celtiques in 2019 ar ar Bhord Bainistíochta Institiúid na nEalaíon agus na nDaonnachtaí in Ollscoil Mhá Nuad. Ceapadh an mac léinn iarchéime, Lars Nooij, mar phríomheagarthóir ar Kelten, an iris ráithiúil don Léann Ceilteach atá á foilsiú ag Stichting A. G. van Hamel voor Keltische Studies.

De bharr léinn atá nuálach, eiticíúil agus bríomhar, arna léiriú ag foilseacháin fhorleathana, deontais taighde, comhdhálacha, ceardlanna, rannpháirtíocht leis an bpobal agus obair sna meáin, is í Roinn na Sean-Ghaeilge in Ollscoil Mhá Nuad an lárionad is mó le rá ar domhan don staidéar idirdhisciplíneach ar Ghaeilge, ar litríocht agus ar chultúr na luath-mheánaoiseanna.

BUAICPHOINTÍ DÁIMHE DÁMH NA nEALAÍON, AN LÉINN CHEILTIGH AGUS NA FEALSÚNACHTA

Lean Roinn na Sean-Ghaeilge leis an gcomhoibriú rathúil idir í féin agus Acadamh Ríoga na hÉireann chun na Comhdhálacha ar Lámhscríbhinní Éireannacha na Meánaoiseanna – bhí an ceathrú comhdháil dá leithéid ar siúl in 2019 agus d'fhoilsigh Acadamh Ríoga na hÉireann an dara leabhar a d'eascair as an tsraith (The Book of Ballymote, eagarthóir, Ruairí Ó hUiginn). D'fhreastail líon mór den phobal ar na comhdhálacha sin agus tá fáil go héasca ar na cainteanna ar líne ar SoundCloud.

NUA-GHAEILGE

Is é an tionscadal nua atá á mhaoiniú go himmheánach ar 'Scríobhaithe an Tuaiscirt 1650-1900' an chéad chéim de thionscadal taighde uailmhianach fadtéarmach a chuirfidh Atlas Litríocht na Gaeilge ar fáil. Cuideoidh an tionscadal sin le pobal taighdeoirí agus timpeallacht taighde feabhsaithe a thógáil trí phróifíl mhionsonraithe léannta de tháirgeadh litríochta i nGaeilge thar thréimhse 1,500 bliain a chur ar fáil. Beidh imleabhar mór ar a mbeidh an iliomad údar dar teideal Atlas Litríocht na Gaeilge/ Atlas of Literature in Irish do shraith leabhar atlas Cork University Press ar an gcéad ábhar a fhoilseofar. Tá gné an-suntasach for-rochtana ag baint leis an tionscadal a mbeidh suíomh gréasáin idirghníomhach mar lárphointe aige agus é dírithe ar chomhairlí áitiúla/ comhlachtaí oidhreachta/scoileanna agus coláistí chun feasacht ar oidhreach liteartha go réigiúnach agus go háitiúil a mhéadú agus eolas agus acmhainní ina leith a roinnt.

I dtaca leis an saineolas a bhainfidh go sonrath le Má Nuad, bainfidh Atlas Litríocht na Gaeilge leas as scoláireacht i bpríomhthréimhsí stairiúla amhail traidisiún na mBard agus litríocht phróis na Nua-Ghaeilge Moiche (an Dr Eoghan Ó Raghallaigh agus an Dr Lára Ní Mhaoláin) agus as saineolas i líon ceantar réigiúnach amhail Gaeltacht Chiarraí (an Dr Tracey Ní Mhaonaigh), Oileáin Árann (an Dr Brian Ó Catháin), Dún na nGall agus Oirthear Chúige Uladh (an tOllamh Fionntán de Brún). Chomh maith leis sin, cuirfidh an taighde atá déanta ag an Dr Brian Ó Catháin ar chanúineolaíocht bonn eolais faoin tráchtairacht theangeolaíocht síos tríd.

Tá an Dr Eoghan Ó Raghallaigh mar chomhúdar ar A Bardic miscellany: five hundred Bardic poems from manuscripts in Irish and British libraries (Baile Átha Cliath: Roinn na Gaeilge, Coláiste na Tríonóide, 2010 agus tá mórán curtha aige leis an léann i réimse Fhilíocht na mBard agus na Nua-Ghaeilge Moiche. Tá an meascra d'Fhilíocht na mBard a raibh sé mar chomheagarthóir air mar bhonn le bunachar Sketch Engine a d'fhorbair Coláiste na Tríonóide le cabhair uaidh. Tá an Dr Lára Ní Mhaoláin ag cur bailchríoch ar eagrán den scéal Rúraíochta Táin Bó Fíodhaise, don tsraith iomráiteach de chuid an Irish Texts Society. Táthar ag tnúth go mór leis an eagrán seo agus cuirfidh sé go mór leis an staidéar ar an Rúraíocht. Oibríonn an Dr Ó Raghallaigh agus an Dr Ní Mhaoláin go dlúth le Leabharlann Russell, agus teagasc modúl MA maidir leis an Nua-Ghaeilge Mhoch á chomhtháthú le cuairteanna ar na bailiúcháin. Le cúnadh ó Roinn na Nua-Ghaeilge, léirigh Leabharlann Russell agus an Dr Brian Mac Maghnúis (Oifigeach na Gaeilge) taispeántas lámhscríbhinní agus siompóisiam inar thug baill foirne agus mic léinn iarchéime na Nua-Ghaeilge cainteanna ar lámhscríbhinní ar leith.

Críochnaíodh tionscadal AHRC (an Ríocht Aontaithe) Fhionntán de Brún, dar teideal 'Rethinking Revivalism: A Conceptual Case Study in Modern Irish Literature' i mí an Mhárta 2019 nuair a foilsíodh a mhonagraf (Cló Ollscoil Chorcaí). Tá aird dírithe ar an mórthábhacht a bhaineann leis an monagraf seo i dtaca leis an staidéar ar litríocht na hÉireann i léirmheasanna le gairid ó Declan Kiberd (Irish Times), Maurice Earls (Dublin Review of Books) chomh maith le Philip O'Leary agus Brian Ó Conchubhair i léirmheasanna inmheánacha Chló Ollscoil Chorcaí www.corkuniversitypress.com/Revivalism-p/9781782053149.htm Neartaigh an glacadh a bhí leis an leabhar seo próifíl an léinn liteartha sa Roinn agus cuirfidh sí ardán ar fáil do thionscadail taighde a bheidh á maoiniú amach anseo.



Fionntán de Brún

LÉACHTAÍ CHOLM CILLE AGUS IRISLEABHAR MHÁ NUAD

Óstálann an Roinn comhdháil bhliantúil, dar teideal Léachtaí Cholm Cille, gach bliain, agus bhí an chomhdháil 50 bliain ar an bhfód i mí Aibreáin 2019. Chun an ócáid thábhachtach sin a chomórath, bhí Téamaí agus Tionscadail Taighde mar théama na comhdhála ina ndearnadh stocáireamh ar thaighde reatha sa Ghaeilge, agus ba í an tOllamh Máirín Nic Eoin (Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath) a thug an phríomhchaint ag tús na comhdhála agus í ag labhairt ar an dul chun cinn atá déanta ag an bplé criticiúil sa Ghaeilge le 50 bliain anuas in 'Imeall nó Tairseach? Ionad agus Éifeacht Chritic Liteartha na Gaeilge le 50 Bliain Anuas'. Seoladh imeachtaí chomhdháil 2018 scríbhneoirí mhuintir Uí Nualláin ag an ócáid freisin, Léachtaí Cholm Cille XLIX: Ón nGruagach Gréagach go Myles na gCopaleen: Saol agus Saothar Mhuintir Nualláin. D'fhreastail roinnt daoine muinteartha leis an teaghlach litríochta mór le rá sin ar chomhdháil 2018 agus ar sheoladh na n-imeachtaí ina dhiaidh sin.

Chomh maith le himeachtaí bliantúla na comhdhála a bhaineann le Léachtaí Cholm Cille, óstálann an Roinn Irisleabhar Mhá Nuad, ceann de na hirisí acadúla is sine in Éirinn, a tionscnaíodh in 1898 mar Record of the League of Columba sular tugadh a theideal reatha dó in 1907. Faoi eagarthóireacht an Dr Tracey Ní Mhaonaigh, tá deis tugtha ag an iris do scoláirí óga ardán a roinnt le scríbhneoirí seanbhunaithe amhail an Moinsíneoir Breandán Ó Doibhlin, a bhfuil sé de theist air gur bhunathraigh sé critic sa Ghaeilge ó na 1960idí i leith. Tá ailt le Breandán Ó Doibhlin, Mícheál Mac Craith, Michelle

BUAICPHOINTÍ DÁIMHE DÁMH NA nEALAÍON, AN LÉINN CHEILTIGH AGUS NA FEALSÚNACHTA

O’Riordan, Ailbhe Ní Ghearbhuigh, Nollaig Ó Muraíle, Fionntán de Brún, agus le Pól Ó Muirí in eagrán 2018 agus 2019, chomh maith le scríbhneoireacht chruthaitheach le Eimear Ní Chairbre, Katie Ní Fhaoláin, Mairéad Ní Neachtain, Megan McAuley and Eoin P. Ó Murchú.

RANNCHUIDITHE LE BUNACHAIR SONRAÍ LÉANNTA AGUS LE TIONSCADAIL GHRÉASÁIN

Le linn 2018-2019 lean an Dr Eoghan Ó Raghallaigh lena chuid oibre ar fhilíocht na mBard, agus bhí sé mar aoichainteoir ag roinnt imeachtaí, lena n-áirítear léacht i mí na Bealtaine 2019 ag an tsraith ‘Understanding Ireland’ a reáchtáladh ag Ollscoil Chaitliceach Eoin Pól II in Lublin sa Pholainn. San áireamh san obair atá ar siúl ag an Dr Ó Raghallaigh i gcomhar le hinstiúidí eile tá Bunachar Sonraí Philíocht na mBard (bardic.celt.dias.ie) atá á óstáil ag Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath, an Tionscadal um Fhoghlaim na Nua-Ghaeilge Moiche (www.learm.org) atá lonnaithe in Ollscoil Connecticut, agus Tionscadal Gréasáin Cheirníní Doegen (www.doegen.ie) de chuid Acadamh Ríoga na hÉireann.

LÁRIONAD NA GAEILGE, TAIGHDE, TEAGASC AGUS TÁSTÁIL

Bunaíodh Lárionad Teanga Ollscoil Mhá Nuad in 1971 agus tugtar Lárionad na Gaeilge, Taighde, Teagasc agus Tástáil anois air. Cuireann an Lárionad cur chuige nuálach ar fáil maidir le teagasc na Gaeilge ar na cúrsaí do mhic léinn na céime, do phobal na hollscoile i gcoitinne, agus d’fhoghlaimoirí lánfhásta go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Cuireann sé oiliúint i dteagasc na Gaeilge d’aoisigh ar fáil freisin, chomh maith le cúrsaí ar líne san aistriúcháin, agus réimse seirbhísí agus cúrsaí d’fhoghlaimoirí ó chian agus d’fhoghlaimoirí neamhspleácha go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Cuireann sé oiliúint i dteagasc na Gaeilge d’aoisigh ar fáil freisin, chomh maith le cúrsaí ar líne san aistriúcháin, agus réimse seirbhísí agus cúrsaí d’fhoghlaimoirí ó chian agus d’fhoghlaimoirí neamhspleácha.

I measc na réimsí taighde sa Lárionad tá tástáil teanga, Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha: Foghlaim, Teagasc, Oiliúint (CEFR), ilteangachas, beartais teanga, teangeolaíocht chorpais, staidéar inscní, seanchas plandaí, amhránaíocht ar an sean-nós, teangeolaíocht fheidhmeach, staidéar ar aistriúcháin agus litríocht na Fraince sa lá atá inniu ann.

Tá aitheantas náisiúnta agus idirnáisiúnta ag an lárionad mar phríomheagraíocht Éireannach maidir le forbairt ar thástáil teanga. Tá an Séala Eorpach don bharr feabhais agus don nuálaíocht i dteagasc teangacha buaite trí huairte ag an Lárionad agus tá sé mar chomhaltá Éireannach de Chumann na dTástálaithe Teanga san Eoraip (ALTE). Dirítear go mór in obair an Lárionaid ar thástálacha i nGaeilge a fhorbairt d’fhoghlaimoirí lánfhásta (Teastas Eorpach na Gaeilge), ar thástálacha iad a reáchtáiltear in Éirinn, san Eoraip, i Meiriceá Thuaidh agus san Astráil. (www.teg.ie). Tá Comhartha Q ALTE ag an Lárionad freisin, a dheimhníonn go gcloíonn ár gcuid scrúduithe, ar scrúduithe iad a ndearna ALTE iniúchadh orthu, leis na seacht gcinn déag d’íoschaighdeán a rialaíonn tógáil tástálacha, riarachán agus lóistíocht, marcáil agus grádú, anailís ar thástálacha agus cumarsáid le páirtithe leasmhara.

ASCHUR

Mar cheannródaíthe náisiúnta maidir le forbairt a dhéanamh ar thástálacha atá nasctha le CEFR, gníomhaíonn an Lárionad mar chomhairleoir do chomhlachtaí stáit maidir le CEFR agus tástáil teanga agus coimisiúnaíodh é ag amanna éagsúla chun taighde a bhaineann le tástálacha a sholáthar ar ghnéithe d’fhoghlaim na Gaeilge.

I mí an Mheithimh 2019, thug an Lárionad cuireadh do Jane Lloyd ó Cambridge Assessment, Ollscoil Cambridge cúrsa ina raibh ceithre pháirt a thabhairt ar thástáil teanga. D’fhreastail 23 comhghleacaí ar an gcúrsa, agus tháinig a bhformhór as ollscoileanna eile in Éirinn.

Ag teacht leis na príomhréimsí taighde sa Lárionad, i mí an Mheithimh 2019, thug an Dr Thomas Bak as Ollscoil Dhún Éideann léacht phoiblí ar an téama ‘Why our brains need languages: cognitive effects of language learning and multilingualism.’

I mí Mheán Fómhair 2019, tugadh cuireadh d’Aoife Ní Ghloinn mar shainchomhairleoir chun athbhreithniú a dhéanamh ar churaclam agus ar mheasúnuithe na Gaeilge in Ollscoil Notre Dame, South Bend, Indiana.

Tá Aoife Ní Ghloinn i mbun taighde dochtúireachta arna mhaoiniú ag an gComhairle um Oideachas Gaelscolaíochta agus Gaeltachta (COGG). Tá sé mar aidhm ag an tionscadal corpas de scrúduithe scríofa agus béil TEG, a bhfuil nótaí gramadaí ag gabháil leo, a thógáil chun anailís a dhéanamh ar fhorbairt inniúlachta gramadaí sa Ghaeilge ó leibhéal B1-C1 de CEFR. I dtionscadal éagsúil (2016-20), tá iniúchadh á dhéanamh aici ar ailíniú scrúduithe fochéime sa Ghaeilge le CEFR.

Tá Sailí Ní Dhroighneáin i mbun taighde dochtúireachta maidir leis na leigheasanna traidisiúnta a bhíodh á gcleachtadh in Éirinn idir an 18ú haois agus an 20ú haois, ó fhoinsí béaloidis go príomha.

Chuir an Dr Seán Mac Risteaird saothar maidir le gnéasacht i saothar an údair as Conamara, Micheál Ó Conghaile, i láthair agus rinne sé é a fhoilsiú.



Anne Gallagher

D’fhoilsigh Anna Ní Ghallachair caibidil ar íomhá na hÉireann i litríocht nua-aoiseach na Fraince in Ireland in the European Eye (Acadamh Ríoga na hÉireann, 2019) agus ar bheartais teanga na hEorpa i bhfoilseachán ar Fhoghlaim ar scáth a Chéile do léitheoirí

BUAICPHOINTÍ DÁIMHE DÁMH NA nEALAÍON, AN LÉINN CHEILTIGH AGUS NA FEALSÚNACHTA

Meiriceánacha (Taylor and Francis). I mí Mheán Fómhair 2019, tugadh cuireadh di labhairt ar íomhá an mBan Éireannach i litríocht na Fraince ag comhdháil Thuras na mBan i gCluain Cearbáin, Contae Mhaigh Eo.

FOILSEACHÁIN

- > Gallagher, A. (2019) 'Language Policies and Multilingualism: A European Perspective' In Tardieu, C and Horgues, C. (eagarthóirí.), Redefining Tandem Language and Culture Learning in Higher Education. Nua-Eabhrac: Routledge.
- > Gallagher, A. (2019) 'Destination of the imagination: representations of Ireland in modern French literature' In Migge, B. agus Holfter, G. (eagarthóirí.), Ireland in the European Eye. Baile Átha Cliath: Acadamh Ríoga na hÉireann.
- > Mac Risteaird, S. (2018) 'An Teacht Amach Aniar: Collaíocht, Corp agus Rúin i Saothair Líteartha Mhichíl Uí Chonghaile' In: Ó Dúshláine, Ní Mhaonaigh, Mac Amhlaigh, Ó Dochartaigh (eagarthóirí). Irisleabhar Mhá Nuad 2018. Maigh Nuad: An Sagart.
- > Ní Ghloinn, A. (ag teacht). 'Corpas Foghlaimeora TEG agus Tionscadal Próifílithe na Gaeilge'. In Eoghan Ó Raghallaigh (eag.), Léachtaí Cholm Cille 50: Comóradh an Leathchéid: Téamaí agus Tionscadail Taighde.

ÁBHAR A CUIREADH AR FÁIL DO CHOMHDHÁLACHA

Aoife Ní Ghloinn

- > Aibreán 2019: 'Corpas Foghlaimeora TEG agus Tionscadal Próifílithe na Gaeilge', Léacht ar cuireadh mar chuid de Léachtaí Cholm Cille 50: Comóradh an Leathchéid:Téamaí agus Tionscadail Taighde, Ollscoil Mhá Nuad.
- > Feabhra 2019: 'B2 or not B2? Sin í an cheist! An Fráma Tagartha Comónta Eorpach agus measúnú na Gaeilge ag an tríú leibhéal.' Aoi-léacht mar chuid den tsraith seimineár 'Ó Thrácht go Twitter', an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

Dr Seán Mac Risteaird

- > 'Na Queeranaí a joineáil: An Chrúsáil Chollaíoch i ngearrscéalta agus in Sna Fir Mhichíl Uí Chonghaile'. Conradh na Gaeilge.

Anna Ní Ghallachair

- > 'An Ghaeltacht; Cá bhfuil ár dtríal? 'Cill Áirne, Samhain 2018.
- > 'Irish women in modern French literature', Turas na mBan, Cluain Cearbáin, Meán Fómhair 2019.

TASCANNA SEACHTRACHA AGUS SEIRBHÍS PHOIBLÍ

I mí Mheán Fómhair 2018, thug an Roinn Oideachais agus Scileanna cuireadh don Lárionad an tástáil Ghaeilge a dhéanamh ar an hiarrthóirí ionchasacha go léir a bhí ag déanamh iarratais ar an mBaitsiléir nua san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge (Bunmhúinteoireacht), an M. Oid. san Oideachas lán-Ghaeilge agus an MGO (Bunmhúinteoireacht) seanbhunaithe. Chláraigh 1,780 iarrthóir san iomlán do na tástálacha, méadú 120% ar líon na n-iarrthóirí an bhliain roimhe sin.

OIDHREACTH CHULTÚRTHA NA HÉIREANN

Tá an Dr Mary Leenane ag obair faoi láthair ar fhoilsiú leabhair maidir leis an léiriú carachtair a dhéantar ar Chú Chulainn, agus í ag díriú ar nóisean bheathaisnéis an laoi agus ar théamaí gaolmhara.

Cuireadh roinnt léargas ar a cuid torthaí i láthair ag comhdhála eagsúla agus foilsíodh iad in, mar shampla, Ulidia 3 (2013) agus Ulidia 5 (ag teacht).

Tá taighde á dhéanamh ag an Dr Leenane freisin maidir leis an léiriú a dhéantar ar phearsana mór le rá i luathlitríocht na hÉireann. Tugadh cuireadh di príomhchaint a thabairt ar an obair sin ag an 41st Californian Celtic Conference (UC Berkeley); cuireadh gnéithe gaolmhara i láthair freisin ag an 33rd Conference of Irish Medievalists, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh; ag an XVth International Congress of Celtic Studies (Ollscoil Bangor); agus le déanaí ag an 39th Harvard Celtic Colloquium (Ollscoil Harvard). Tá an páipéar is déanaí sin á ullmhú mar iarratas ar fhoilsiú in Proceedings of the Harvard Celtic Colloquium 39. (Nollaig 2019). Tá measúnú idirdhisciplíneach ar bhróistí agus ar fhallaingí á ullmhú lena fhoilsiú.

Agus í ag tógáil ar a cuid rannpháirtíochta sa tionscadal taighde réigiúnach maidir le Clai na Muice Duibhe, tá iniúchadh á dhéanamh ag an Dr Leenane ar na bealaí eagsúla a ndéantar pearsana a nascadh le háiteanna agus le tírdhreacha ar leith chun tuiscint níos fearr a chur ar fáil ar an bpróiseas cruthaithe scéil a bhain leo. Cuireadh an taighde sin i láthair ag an Ulidia VI- Fánaigeacht III Conference in Sabhal Mòr Ostaig, an tEilean Sgitheanach, agus tá sé le cur san áireamh in imeachtaí na comhdhála. Tá an Dr Leenane ag obair faoi láthair freisin ag luathscéalta báis na hÉireann, agus cuirfear an saothar sin i láthair ag comhdhála in 2020.

Baineann tionscadal Loch Maigh nEach leis an tochairt chrannóige, a bhfuil tábhacht náisiúnta léi, a rinne ár gcomhghleacaí John Bradley, nach maireann, ó Roinn na Staire in Ollscoil Mhá Nuad. Tá an taighde sin á threorú ag an Dr Michael Potterton (ón roinn chéanna) agus tá an Dr Eoin Grogan (Oidhreacht Chultúrtha na hÉireann) tar éis dul i mbun an taighde agus na tuairiscithe ar na céimeanna fairsinge de chuid na Cré-umhaoise ar an láthair. I mbliana, cuireadh obair shuntasach ar chomhpháirteanna ceirmeacha a chnuasaigh i gcrích. Tá an tionscadal á mhaoiniú ag Acadamh Ríoga na hÉireann le tacaíocht ó Ollscoil Mhá Nuad.

Baineann an staidéar ar an reilig ón gCré-umhaois ag an gCarraig i gContae Chill Mhantáin, arna mhaoiniú ag Ard-Mhúsaem na hÉireann, le foilsiú a dhéanamh ar an ionad saibhir adhlactha ag an gCarraig agus ar an tírdhreach fairsing de chuid na Cré-umhaoise atá sa cheantar áitiúil os cionn Ghleann na Life. Tá an suíomh uathúil mar go raibh sé in úsáid ar feadh breis agus 1,000 bliain (c. 2000–800 RCh) agus fuarthas cnuasach tábhachtach d'earraí criadóireachta (iomlána), d'earraí cóimhiotail copair ón gCré-umhaois, agus coirníní faensa (a táirgeadh go háitiúil). Chuir an Dr Grogan páipéar ar an suíomh i láthair Chumann Staire agus Seandálaíochta Cheatharlach (Excavation at Carrig, Co. Wicklow: a Bronze Age family cemetery) i mí na Bealtaine 2019. Tá an chéad chéim den tionscadal a bhaineann leis an reilig Chré-umhaoise ar bharr cnoic: Cnoc Bhalana, Contae Cheatharlach — anailís agus foilsiú a dhéanamh ar na scrúduithe a rinneadh ar an tírdhreach tábhachtach seo de chuid na Cré-umhaoise, sa naoú céad déag den chuid ba mhó—curtha i gcrích agus foilsithe (O'Neil, Grogan et al. 2018; Grogan and Roche 2014a; 2014b).

BUAICPHOINTÍ DÁIMHE DÁMh NA nEALAÍON, AN LÉINN CHEILTIGH AGUS NA FEALSÚNACHTA

ÁBHAR A CUIREADH AR FÁIL DO CHOMHDHÁLACHA

- > Leenane, M. 2019 Functional or symbolic? A consideration of cloak and brooch wearing in early Irish literature, 41st California Celtic Conference, 15-17 Márta, University of California, Berkeley.
- > Leenane, M. 2019 Making clothing meaningful in early Irish literature, XVIth International Congress of Celtic Studies, 12-26 Iúil, Ollscoil Bangor.
- > Leenane, M. 2019 Insinuating royalty in early Irish literature, 33rd Conference of Irish Medievalists, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.
- > Leenane, M. 2019 Visualising the elite in early Irish society, 39th Harvard Celtic Colloquium, Ollscoil Harvard.

ROINN AN BHÉARLA

Bhí an bhliain acadúil 2018-19 thar a bheith suntasach do Roinn an Bhéarla in Ollscoil Mhá Nuad. Fuair ball foirne, an tOllamh Pat Palmer, Gradam Ard-Laureate ón IRC ar luach díreach faoi bhun €1 mhilliún do MACMORRIS. De bharr an tionscadail taighde seo, a mhairfidh ceithre bliana, agus ina ndéanfar an saol éagsúil, ilteangach in Éirinn sa nua-aois luath a athaisiú, tá beirt chomhaltáí lardhochtúireachta agus mac léinn PhD ag teacht chun na Roinne. Ina theannta sin, rangaíodh an Roinn i measc an 250 is fearr ar domhan i Rangú Domhanda QS de réir Ábhair. Déanann QS Ranna a rangú i dtaca lena gcáil acadúil, le hinfhostaitheacht a gcuid céimithe, le suntasacht a n-aschuir taighde agus a luanna taighde. Is mar thoradh ar an obair chrua agus ar dhíograis na foirne agus na mac léinn taighde uile i Roinn an Bhéarla in Ollscoil Mhá Nuad a baineadh amach an rangú sin.



Gníomhaithe agus Comhthéacsanna a Mhapáil: Taighde Samhaltaithe in Éirinn le linn na hAthbheochana sa Séú hAois Déag agus sa Seachtú hAois Déag.

MAIDIR LE MACMORRIS

Déanann an tionscadal an réimse iomlán de ghníomhaíocht chultúrtha, ar fud teangacha agus grúpaí eitneacha, in Éirinn ó 1541 go dtí 1691 a mhapáil agus cuireann sé i gcuimhne dúinn cé chomh saibhir agus chomh casta agus atá foinsí chultúr na hÉireann. Osclaíonn sé fuinneog ar dhomhan ina bhfuil athrú ollmhór díreach ar tí tarlú ach ina bhfuil gach rud fós san imirt: Tá an cultúr Gaelach bríomhar; tá teanga choiteann na Páile beoga agus bríomhar; tugann gníomhairí choncas na dTúdarach amhail Edmund Spenser

fuinneamh na hAthbheochana – fuinneamh duairc go minic – go hÉirinn; agus tá teagmháil rialta le mór-roinn na hEorpa. I dtús báire, tógann MACMORRIS bunachar sonraí de mheiteashonraí dírbheathaisnéiseacha do gach duine a bhí gníomhach in Éirinn idir 1541 agus 1591 agus a bhfuil taifid ar fáil ina leith, chun táirgeoirí cultúir de gach cineál ar fud teangacha a shainaithe. Ar an dara dula síos, díríonn MACMORRIS ar Chúige Mumhan sa tréimhse 1569–1607 agus cuireann sé ábhar dírbheathaisnéise agus téacsúil ar fáil a bhaineann le gníomhaithe cultúr sa réigiún sin. Déanfar an t-ábhar a léirshamlú, agus feidhm á baint as geoshuíomh chun na príomh-gníomhaithe a mhapáil ina n-áiteanna cónaithe agus chun gaoil phátrúnachta agus mhalairte a bhreacadh. Beidh an tionscadal ar siúl ó 2019–2023.

FOILSEACHÁIN

Chomh maith le bheith rathúil maidir le taighde maoinithe, tá foireann na Roinne ag leanúint orthu ag rannchuidiú le próifíl idirnáisiúnta na Roinne trí fhoilseacháin: in 2018, d'fhoilsigh baill foirne dhá leabhar a cuireadh in eagar, 17 gcaibidil leabhair, agus 8 n-alt phiarmheasúnaithe in irisí.

Bhí an Dr James Fraser ina chomheagarthóir ar Joyce's Non-Fiction Writings: "Outside His Jurisdiction" (Palgrave), ina raibh aiste leis an mball foirne, an tOllamh Emer Nolan, a fhairsingíonn an obair chriticiúil ar shaothar Joyce. D'fhoilsigh Cló Ollscoil Mhanchain monagraf an Ollaimh Nolan, Five Irish Women, i mí Dheireadh Fómhair 2019. Rinne an Dr Stephen O'Neill eagarthóireacht ar Broadcast Your Shakespeare: Continuity and Change Across Media (Arden Shakespeare/ Bloomsbury), leabhar ina ndéantar iniúchadh ar an mbealach a ndéantar saothair Shakespeare a athsholáthar a fud réimse de chineálacha meán. Léiríonn na caibidil leabhair a foilsíodh an doimhneacht, an réimse agus an tionchar atá ag taighde na Roinne agus baill foirne ag foilsiú ábhair i gclónna Ollscoile mór le rá. D'fhoilsigh an tOllamh Denis Condon trí chaibidil agus iad sa réimse idir mná agus ceoltóirí ceolchoirme sa teach pictiúr Éireannach agus anailís ar fhorais stairiúla Éireannacha sa luathscannánaíocht. Scríobh an Dr Michael Cronin caibidil ar scíbhneoireacht na hÉireann i ndiaidh Joyce san Oxford History of the Novel in English agus ceann eile ar an meon Angla-Éireannach i leith fhicsean na Breataine.

Bhí foirm an úrscéil le feiceáil i bhfoilseacháin an Dr Catherine Gander, a raibh a caibidil dá cuid ar shaoiltacht in Point Omega Don DeLillo le feiceáil i mórmheasúnú criticiúil nua ar bhailiúchán saothar an scríbhneora Mheiriceánaigh, Contemporary Critical Perspectives on Don DeLillo (Bloomsbury Academic). Bhí taighde an Dr Gander ar taispeáint freisin i siompóisiam DeLillo a d'óstáil an Roinn in 2017. Bhí an Dr Sinead Kennedy ina comhúdar ar chaibidil ar chearta Ginmhille in Éirinn agus ar Ghluaiseacht na hAisghairme. Sa léann a bhaineann leis an luathaois mhoch agus le Shakespeare, bhí an chaibidil leis an Dr Stephen O'Neill ar shleachta de chuid Shakespeare ar Twitter agus ar ardáin dhigiteacha eile le feiceáil in Shakespeare and Quotation a d'fhoilsigh Cló Ollscoil Cambridge, agus bhí an taighde a rinne an tOllamh Palmer ar an Athbheochan in Éirinn agus an athbheochan sin ligthe i ndearmad – saothar a cuireadh bonn eolais faoina tionscadal MACMORRIS – le feiceáil ina bailiúchán aistí Becoming and Belonging in Ireland 1200-1600. Bhí an chaibidil

BUAICPHOINTÍ DÁIMHE DÁMH NA nEALAÍON, AN LÉINN CHEILTIGH AGUS NA FEALSÚNACHTA

a scríobh an Dr Rita Sakr ar Cockroach le Rawi Hage le feiceáil in Contested Spaces, Counter-narratives, and Culture from Below in Canada and Quebec de chuid Chló Ollscoil Toronto.



An Dr Catherine Gander

D'fhoilsigh foireann na Roinne ábhair in irisí piarmheasúnaithe a bhfuil seasamh idirnáisiúnta acu, lena n-áirítear Textual Practice le “Poetry as Embodied Experience: the Pragmatist Aesthetics of Muriel Rukeyser’s The Life of Poetry” leis an Dr Catherine Gander; Literature Compass, agus an Dr Stephen O’Neill agus an tOllamh Pat Palmer ag cur ábhair ar fáil d’eagrán speisialta a bhain le hÉirinn agus an Athbheochan; an Journal of Postcolonial Writing on Refugee Literature, le halt ón Dr Rita Sakr ar ghearrscéalta Hassan Blasim; Boundary, 2, le halt ón Dr Michael Cronin ar “Modernization and Sexuality in Contemporary Irish Scholarship”; agus Social Research, le “The Exile and the University in Exile: Betrayal as Work in the Writings of James Joyce” ón Dr James Fraser. Faoi mar a dheimhníonn na foilseacháin seo, tá Roinn an Bhéarla in Ollscoil Mhá Nuad ag leanúint uirthi ag cur go suntasach leis an eolas ar fud réimsí éagsúla léinn. Ina measc sin tá filíocht Mheiriceá agus scríbhneoireacht na hIarlaice chomh maith le léirithe ar Éirinn thar thréimhsí agus thar fhoirmeacha éagsúla.

COMHDHÁLACHA AGUS IMEACHTAÍ A ÓSTÁLADH

I mí Feabhra 2018, d’eagraigh an Dr James Foster siompóisiam dar teideal “On your bike: how the bicycle influenced literature and art”, a fuair tacaíocht trí dheontas taighde luathghairme ó Institiúid na nEalaíon agus na nDaonnachtaí. I mí na Samhna 2018, d’eagraigh an Dr Stephen O’Neill agus an tOllamh Pat Palmer (2028) an chomhdháil “Earth Songs: Eco-Criticism and Early Modern Studies”, agus i measc na gcainteoirí bhí an Dr Dr Gwilym Jones agus an Dr Deana Rankin, mar chuid den seimineár leathbhliantúil ar an Athbheochan in Éirinn. I mí na Samhna 2019, d’eagraigh an Dr Stephen O’Neill “Kylie: The Symposium”, comhdháil Idirnáisiúnta ar an bpop réalta Astrálach a tionóladh i Má Nuad thar dhá lá. Chuir na meáin an-suim sa chomhdháil agus bhí alt faoi in Culture san Irish Times, alt in RTÉ Brainstorm; agus agallaimh ar an raidió.

SRAITH SEIMINEÁR AGUS SCRÍBHNEOIRÍ CÓNAITHE

Lean sraith seimineár Taighde na Roinne den nós seanbhunaithe maidir le cainteoirí idirnáisiúnta ar chuireadh chomh maith le páipéir ó bhaill foirne agus ó thaighdeoirí. I measc na gcainteoirí in 2018/19 bhí an tOllamh Stefan Collini (Ollscoil Cambridge) a labhair ar

“Quality control: academic disciplines and the future of universities”; comhalta Iardhochtúireachta IRC na Roinne, an Dr Niamh Campbell; agus an Dr Catherine Morris (OÉ Gaillimh), a léigh óna saothar Intimate Power: Autobiography of a City agus a phléigh é.

Léigh Scríbhneoirí Cónaithe Ollscoil Mhá Nuad in 2018, Paul Lynch agus Christodoulos Makris, óna saothar i mí na Samhna 2018. Bhí léitheoireacht ó Scríbhneoirí Cónaithe Ollscoil Mhá Nuad in 2019, Annemarie Ní Churreáin agus Sue Rainsford, ar siúl i mí na Nollag 2019. Thug an t-imeacht sin an cúigiú bliain den chónaitheacht chun críche, ar tionscadal i gcomhar i idir Ollscoil Mhá Nuad agus Comhairle Contae Chill Dara, agus ina dhiaidh sin léigh scríbhneoirí cruthaitheacha eile ó fhoireann agus ó mhic léinn na Roinne a gcuid saothair.

DÁMHCHTAINÍ AGUS ÉACHTAÍ EILE

Ainmníodh an tOllamh Pat Palmer mar Thaighdeoir na Bliana in Ollscoil Mhá Nuad do Dhámh na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na Fealsúnachta mar aitheantas dá tionscadal MACMORRIS, atá á mhaoiniú ag an IRC.

Fuair an Dr Matthew Fogarty, a bhain a PhD amach i mí Mheán Fómhair 2019, Dámhachtain Iarchéime 2018 as ucht a chuid oibre ar Chomhairle Aiseolais Iarchéime Ollscoil Mhá Nuad agus as ucht Grúpa Scríbhneoireachta na dTaighdeoirí Dochtúireachta a bhunú agus a ghairm.

Toghadh an Dr Catherine Gander mar Chathaoirleach ar Chumann Éireannach an Léinn Mheiriceánaigh (IAAS), cumann uile-oileánda a chuireann cultúr na Stát Aontaithe chomh maith le staidéar orthu chun cinn in Éirinn. Déanfar an chéad chomhdháil eile a bheidh ag an IAAS a reáchtáil in Ollscoil Mhá Nuad.

Tá Roinn an Bhéarla in Ollscoil Mhá Nuad i mbun an phróisis chun Comhpháirtíocht Straitéiseach ERASMUS + a bhunú i gcomhar le Roinn an Bhéarla, Ollscoil Mhá Nuad, mol Meánmhara don mhalairt acadúil idirnáisiúnta. Déanfaidh an comhaontú soláthar do chomhoibriú taighde agus do theagasc iarchéime amach anseo, go háirithe maidir leis an gclár MA: Litríochtaí na Rannpháirtíochta atá á reáchtáil ag Roinn an Bhéarla in Ollscoil Mhá Nuad.

Bhunaigh an Dr Catherine Gander CRISES (Taighde Criticiúil i Stáit, in Éiceolaíocht, agus i Sochaithe), atá á chómhaoiniú ag Institiúid na nEalaíon agus na nDaonnachtaí in Ollscoil Mhá Nuad.

TAIGHDE RANPHÁIRTÍOCHTA

> SALAM-Ireland: ógánaigh a labhraíonn Araibis

Tá an Dr Rita Sakr mar chomhthaighdeoir ar SALAM-Ireland, tionscadal cómhaoinithe leis an Ollamh Sinead McGilloway (Roinn na Síceolaíochta in Ollscoil Mhá Nuad agus Príomhthaighdeoir-Stiúrthóir Bunaithe, Lárionad Mhá Nuad don Mheabhairshláinte agus don Taighde Pobail) agus an Dr Anthony Malone (Roinn an Oideachais in Ollscoil Mhá Nuad agus comhthaighdeoir). Baineann an tionscadal, atá mar chuid de chlár taighde idirnáisiúnta i gcomhar agus é lonnaithe ag Ollscoil Washington in St Louis, feidhm as taighde modhanna measctha chun riachtanais síceolaíocha na chéad ghlúine d’ógánaigh a labhraíonn Araibis (i gcás Mhá Nuad in Éirinn) a mheas agus straitéisí scoilbhunaithe a aithint chun tacú leis an bpopal sin.

BUAICPHOINTÍ DÁIMHE

DÁMH NA nEALAÍON, AN LÉINN CHEILTIGH AGUS NA FEALSÚNACHTA

> Saol na Filíochta in Éirinn a éagsúlú

Tá an Dr Catherine Gander i mbun idirchaidrimh le hÁras Scríbhneoirí na hÉireann chun Clár Ledbury um Léirmheastóirí Filíochta atá ag Teacht chun Cinn a fhorbairt in Éirinn chun aghaidh a thabhairt ar éagsúlacht agus ar chomhionannas san fhilíocht in Éirinn agus iad a chur chun cinn.

> Scríbhneoirí agus an pobal

Tá Scríbhneoirí Cónaitheacha Ollscoil Mhá Nuad, comh-pháirtíocht le Comhairle Contae Chill Dara, ina chúigiú bliain anois agus é ag saibhriú saol cultúrtha na hOllscoile agus an réigiúin i gcónaí, le himeachtaí agus léamha rialta le linn na bliana.

ROINN NA STAIRE

In 2018-19, léirigh Roinn na Staire arís eile an seasamh atá aice mar lárionad suntasach taighde i Má Nuad.



An tOllamh Filipe Ribeiro de Meneses

In 2018 tionscnaíodh roinnt monagraf agus imleabhar a cuireadh in eagar sa Roinn agus sna lárionaid atá nasctha léi. D'fhoilsigh Filipe Ribeiro de Meneses De Lisboa a La Lys: O Corpo Expedicionário Português na Primeira Guerra Mundial (Liospóin: Dom Quixote), an ceann is déanaí de liosta fada foilseachán atá tiomnaithe do rannpháirtíocht na Portaingéile sa Chogadh Mór. D'fhoilsigh sé freisin, in éineacht le Robert McNamara (Ollscoil Uladh) *The White Redoubt*, thaidhleoireachta, faisnéise agus mhíleata idir an Phortaingéil, an Róidéis agus an Afraic Theas sna 1960idí agus sna 1970idí. D'fhoilsigh JoAnne Mancini *Art and War in the Pacific World: Making, Breaking and Taking from Anson's Voyage to the Philippine- American War* (Oakland: Cló Ollscoil California), iniúchadh nuálach ar an gcreachadóireacht sa choilíneachas Briotanach agus Meiriceánach ina ndéantar an staidéar ar chultúr ábhartha a chomhtháthú leis an stair pholaitiúil agus shóisialta. D'fhoilsigh Jennifer Redmond a céad mhonagraf, *Moving Histories: Irish Women's Emigration to Britain from Independence to Republic* (Learpholl: Cló Ollscoil Learphoil), iniúchadh leanúnach ar thopaic nach bhfuil mórán taighde déanta uirthi agus a thugann léargas ar eispéiris na mban Éireannach sa Bhreatain – agus an tráchttaireacht a spreag a gcuid gníomhartha sa bhaile. D'fhoilsigh Viktoriya Fedorchak, ó Lárionad na Roinne don Stair Mhíleata agus don Staidéar Straitéiseach, *British Air Power: The Doctrinal Path to Jointery* (Londain: Bloomsbury), iniúchadh ar an bhforbairt a bhí ag teacht ar mhisean an RAF ag am ina raibh athrú

tapa ag teacht ar chúrsaí polaitiúla, teicneolaíochta agus straitéiseacha, agus d'fhoilsigh Ida Milne, a bhí ina taighdeoir iardhoctúireachta le tacaíocht ón IRC ag an am, a leabhar *'Stacking the Coffins: Influenza, War and Revolution in Ireland, 1918-19'* (Manchain: Cló Ollscoil Mhanchain). Is fiú a lua freisin gur foilsíodh leabhar nua John Paul Newman ar iar-shaighdiúirí an Chogaidh Mhóir i Seirbis agus an teideal seo a leanas air – Jugoslavija u senci rata ratni veteran I stvaranje nove države 1903-1945 (Béalgrád, Službeni glasnik).

Rinne John Paul Newman, in éineacht le Judith Devlin agus Maria Falina, comheagarthóireacht ar *World War One in Central and Eastern Europe: Politics, Conflict and Military Experience* (Londain: I.B. Tauris), a neartaíonn tuilleadh cáil na Roinne mar Lárionad do léann idirnáisiúnta an Chogaidh Mhóir. Rinne Jonathan Wright, in éineacht le Georgina Laragy agus Olwen Purdue, comh-eagarthóireacht ar *Urban Spaces in Nineteenth-Century Ireland* (Learpholl: Cló Ollscoil Learphoil), a bhaineann leas as cur chuige spásúil chun iniúchadh a dhéanamh ar an mbealach a ndearnadh spásanna uirbeacha a thógáil agus a bhraith. Ar deireadh, rinne Terence Dooley comheagarthóireacht ar *Women and the Country House in Ireland and Britain* (Baile Átha Cliath: Four Courts Press) in éineacht le Maeve O'Riordan agus Christopher Ridgway. Is é seo an ceann is déanaí de shraith fhada foilseachán a táirgeadh faoi choimirce an Lárionaid um Staidéar ar Thithe agus ar Eastáit Stairiúla na hÉireann.



Cambridge History of Ireland ina ceithre imleabhar Cambridge: Cló Ollscoil Cambridge).

San áireamh sa Cambridge History of Ireland, Cambridge: Cló Ollscoil Cambridge) saothar ceannródaíoch ina bhfuil ceithre imleabhar, agus é faoi mhaoirseacht fhoriomlán Tom Bartlett, tá roinnt ábhair a chuir baill de Roinn na Staire in Ollscoil Mhá Nuad ar fáil. In imleabhar 1, a chuir Brendan Smith in eagar, bhí caibidil dar teideal *'The Onset of Religious Reform, 1460-1550'*, le Marian Lyons. In Imleabhar 2, a chuir Jane Ohlmeyer in eagar, bhí ábhar ó Colm Lennon (*'Protestant Reformations, 1550-1641'*) agus ó Raymond Gillespie (*'Economic Life, 1550-1730'*). San áireamh in Imleabhar 3, a chuir James Kelly in eagar, bhí caibidil dar teideal *'The Catholic Church and Catholics in an Era of Sanctions and Restraints, 1690-1790'*, a scríobh Thomas O'Connor. Ar deireadh, bhí caibidil in Imleabhar 4, a chuir Tom Bartlett in eagar, dar teideal *'Irish Land Questions 1879-1923'*, le Terence Dooley.

D'fhoilsigh mórán eile de bhaill na Roinne caibidilí in imleabhair a cuireadh in eagar. Scríobh Filipe Ribeiro de Meneses caibidil

BUAICPHOINTÍ DÁIMHE

DÁMHA NA nEALAÍON, AN LÉINN CHEILTIGH AGUS NA FEALSÚNACHTA

ar Afraic na Portaingéile in Portugal na Primeira Guerra Mundial: Uma História Militar Concisa (Liospóin: Comissão Portuguesa de História Militar), a d'fhoilsigh an comhlacht oifigiúil ar chuir stát na Portaingéile de chúram air comóradh a dhéanamh ar an gCéad Chogadh Domhanda. Chuir sé caibidil ar fáil freisin dar teideal 'Ni Union ni Sacrée: Le Portugal en Guerre, 1916-1917', d'imleabhar Dornel & Stéphane le Bras', Les Fronts Intérieurs Européens : L'Arrière en Guerre (1914-1920) (Rennes : Presses Universitaires de Rennes). Foilsíodh caibidil le John Paul Newman freisin i dtionscadail shuntasacha idirnáisiúnta, amhail Timothy Snyder & Katherine Younger, The Balkans as Europe, 1821-1914 (Rochester: University of Rochester Press), Richard Bessel & Dorothee Wierling, Inside World War One? The First World War and its Witnesses (Oxford: Cló Ollscoil Oxford) agus Paul Miller & Claire Morelon, Embers of Empire: Continuity and Rupture in the Habsburg Successor States after 1918 (Londain & Nua-Eabhrac: Berghahn). Bhí Ian Speller freagrach as an gcéad chaibidil ar Éirinn in The Handbook of European Defence Policies and Armed Forces (Oxford: Cló Ollscoil Oxford), a chuir Hugo Meijer agus Marco Weiss in eagar. D'fhoilsigh David Murphy 'The French Army in 1918': Winning the War, Losing the War (Londain: Osprey), a chuir Matthias Strohn in eagar. Chuir Raymond Gillespie 'Colonial Towns, 1500-1700: Carrickfergus, Downpatrick and Belfast' ar fáil do More Maps and Texts: Sources and the Irish Historic Towns Atlas, le H.B. Clarke agus Sara Gearty (eagarthóirí), arna fhoilsiú ag Acadamh Ríoga na hÉireann Bhí Jonathan Wright mar chomheagarthóir ar an réamhrá don imleabhar thuas a cuireadh in eagar agus chuir sé caibidil dar teideal "'The Donegalls' Backside": Donegall Place, the White Linen Hall and the Development of Space and Place in Nineteenth-Century Ireland' ar fáil. Ar deireadh, chuir Ida Milne 'Dublin's Poor Children in a Transitional Ireland – Disease, Agents of Change... and Flies' ar fáil do Historical Perspectives on Parenthood and Childhood in Ireland, arna chur in eagar ag Mary Hatfield, Jutta Kruse agus Ríona Nic Congáil (Syracuse NY: Cló Ollscoil Syracuse).

In éineacht le Elaine Farrell, rinne Jennifer Redmond eagarthóireacht agus réamhrá i gcomhar ar eagrán speisialta de Women's History Review (Imleabhar 27, uimh. 3).

Ar deireadh thiar, d'fhoilsigh baill de Roinn na Stair ailt phiarmheasúnaithe iomadúla. Foilsíodh ailt le Filipe Ribeiro de Meneses ar Chór Sluaíochta na Portaingéile sa Fhrainc (1917-1918) sa Journal of Military History Imleabhar 82 (4) agus san E-Journal of Portuguese History (Brown University & Ollscoil Oporto), Imleabhar 16 (2). D'fhoilsigh David Lederer, i gcomhar le Maria Teresa Brancaccio, ábhar ar staitisticí féinmharaithe sa Ghearmáin sa naoú haois déag sa Ghearmáin agus san Iodáil in Crimino Corpus (Bealtaine). D'fhoilsigh John Paul Newman ábhar maidir le cúram d'iar-shaighdiúirí faoi mhíchumas in arm Hapsburg sna 1840idí agus sna 1850idí san Austrian History Yearbook Imleabhar 49. Ar deireadh, rinne Raymond Gillespie iniúchadh ar an saol mar a bhí sé ag teaghlach Úgónach i mBaile Átha Cliath in ábhar a chuir sé ar fáil don Dublin Historical Record Imleabhar 71 (1).

Le linn 2018, foilsíodh sé phaimfléad bhreise den tSraith sheanbhunaithe Maynooth Studies in Local History, arna gcur in eagar ag Raymond Gillespie, agus saothair iontu a scríobh Tadhg

O'Keefe, Michael Nolan, Cathal Smith, Gerard Moran, Heather Stanfiel agus Catherine Flanagan.



Tá trí thionscadal atá á maoiniú ag IRC ar siúl sa Roinn faoi láthair. Chuir an Dr Frances Nolan tús lena thionscadal iardhochtúireachta, dar teideal 'The Cat's Paw? Jacobite Irishwomen, 1685-1718'. Idir an dá linn, tá Seán Ó Hoireabhárd ag leanúint ar aghaidh leis an taighde dá thráchtas PhD, 'The Storm Before the Storm: The Irish 12th Century and the Impact of the English Invasion', agus lean Sven Milekic lena thionscadal dar teideal 'Croatian 1990s War Veterans: Creators or Transistor of the Homeland War Narrative?' Tá ríméad ar an Roinn freisin gur bhain duine dá cuid mac léinn, Eamonn Milliken, mórscoláireacht dochtúireachta John & Pat Hume amach, i gcomhair an tráchtais atá beartaithe aige ar iar-shaighdiúirí Ostaracha ón gCogadh Mór. Bhain beirt mhac léinn dochtúireachta eile, Veronica Barry agus Cora McDonagh, miondámhachtainí amach i scéim John & Pat Hume.

Mar is gnách, d'óstáil an Roinn roinnt comhdhálacha. Ina measc sin bhí an 17ú Comhdháil Bhliantúil ar Thithe Stairiúla, dar teideal 'Country House Collections: Their Past, Present and Future'. Rinneadh na seisiúin don imeacht sin a réachtáil in Ollscoil Mhá Nuad, i dTeach Bhaile an Chaisleáin, agus i nDánlann Náisiúnta na hÉireann, 13-15 Bealtaine 2019. Bhí John Paul Newman freagrach as dhá imeacht '1918 and the Old-New Europe', comhdháil aon lae chun comóradh céad bliain a dhéanamh ar chríoch an Chéad Chogaidh Dhomhanda agus bhí dhá chainteoir déag páirteach ann agus 'Forging the Nation: Establishing National Armies in the Balkans, 1804-1914', ceardlann aon lae ar chuir ochtar ábhar ar fáil di. Is fiú an chomhdháil aon lae a d'eagraigh iarrthóirí PhD na Roinne, dar teideal 'Central and Eastern Europe in Transition' a lua freisin. Tionóladh í ar an 26 Aibreán 2019, agus mheall an t-imeacht ceannródaíoch seo cainteoirí iarchéime chuig Má Nuad ó gach áit in Éirinn.

Léirigh Seimineár Taighde na Roinne arís eile an ról fíorthábhachtach atá aici maidir le staraithe a bhfuil cáil dhomhanda orthu a mhealladh chun labhairt le foireann agus le mic léinn Mhá Nuad. Eagraíodh seacht gcinn déag de sheisiúin le linn na bliana, agus

BUAICPHOINTÍ DÁIMHE

DÁMh NA nEALAÍON, AN LÉINN CHEILTIGH AGUS NA FEALSÚNACHTA

i measc na gcainteoirí a tháinig ar chuireadh bhí Natalia Zacek (Ollscoil Mhanchain), Nigel de Lee (Ollscoil Hull), Iskra Iveljic (Ollscoil Shágraib), Paul Moyer (SUNY Brockport) and Larry Goodson (Coláiste Cogaidh na Stát Aontaithe, Carlisle PA).

Ar deireadh, chuir baill foirne na Roinne a gcuid torthaí taighde i láthair ag mórán seimineár agus comhdhálacha. Is fiú Jennifer Redmond a lua go háirithe a chuir páipéar i láthair dar teideal 'Was there an Irish Voice in 19th Century British Suffrage Debates?

Investigating Parliamentary Petitions and Speeches' ag an gcomhdháil dar teideal 'Mná sna Daonnachtaí' de chuid Ollscoil Oxford (Deireadh Fómhair 2018). Chomh maith leis sin, thug sé ceann de na príomhóráidí ag Cumann na hÉireann um Stair na mBan, a tionóladh i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh (Aibreán 2019).

An samhradh ina dhiaidh sin, bhí sí mar aoichainteoir ag Scoil Samhraidh Parnell, áit ar labhair sí ar 'Venturing Beyond Borders: Irish Women's Emigration and the "Problematic" Diaspora of the 19th and 20th Centuries'. Idir an dá linn, thug Ian Speller léacht ag Coláiste Cogaidh Chabhloch na Brasaíle, in Rio de Janeiro, agus labhair sé ag comhdháil de chuid NATO in Stavanger, san Iorua.

Chuir Terence Dooley agus Donal Hall - Historical survey of the Provenance of 10-25 Moore Street, Dublin, 1901-1970, i gcrích, sainchomhairleoireacht a choimisiúnaigh an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta.

SCOIL NA NUATHEANGACHA, NA LITRÍOCHTAÍ AGUS NA gCULTÚR

Cuimsíonn Scoil na Nuatheangacha, na Litríochtaí agus na gCultúr (SMLLC) an Léann Síneach, an Léann Francach, an Léann Gearmánach, an Léann Spáinneach agus an Léann Mheiriceá Laidinigh. Tá dearcadh an-idirnáisiúnta ag an scoil, agus is minic a dhéantar an taighde a chuirtear i gcrích sa SMLLC a chur i láthair agus a fhoilsiú i dteangacha iomadúla.



Streiflichter zur deutsch-jüdischen Literaturgeschichte: Selbstbild - Fremdbild - Dialog. (Haskala - Wissenschaftliche Abhandlungen)

Bliain shuntasach ba ea 2018 do Scoil na Nuatheangacha, na Litríochtaí agus na gCultúr agus 55 foilseachán á gcur i gcrích aici (lena n-áirítear 11 alt do chomhdhálacha). Tháinig taighdeoirí dhá

mhonagraf agus chuir siad dhá imleabhar in eagar. Is fiú aird faoi leith a dhíriú ar Politics and Identity in Chinese Martial Arts leis an Dr Zhouxiang Lu agus ar an leabhar Olympics in Conflict: From the Games of the New Emerging Forces to the Rio Olympics, a ndearna sé comheagarthóireacht air, agus an dá cheann foilsithe ag Routledge. Chomh maith leis sin, d'fhoilsigh an tOllamh Florian Krobb monagraf (leis an bhfoilsitheoir Gearmánach Olms) dar teideal Streiflichter zur deutsch-jüdischen Literaturgeschichte. Selbstbild – Fremdbild – dialóg maidir le ceisteanna a bhaineann leis an stair liteartha Ghearmánach-Ghiúdach a ndearnadh iniúchadh orthu maidir le hiomhánna ar fhéin agus ar eile agus maidir le rannpháirtíocht dhialógach. Mar aitheantas ar a chuid éachtáí taighde i dtaca le litríocht na Gearmáine i gcoitinne ach ag tagairt go sonrach dá shaothar ceannródaíoch maidir le litríocht choilíneach na Gearmáine, ceapadh an tOllamh Krobb mar Ollamh gan Chathaoir i Roinn na Nuatheangacha lasachta in Ollscoil Stellenbosch (an Afraic Theas) Ollscoil atá rangaithe sa tríú háit san Afraic. I measc na bhfoilseachán suntasach eile in 2018, bhí lámhleabhar ar an údar Eilvéiseach Robert Walser, a ndearna an Dr Valerie Heffernan comheagarthóireacht air agus a foilsíodh le Northwestern Press. Rinne an Dr Heffernan comheagarthóireacht freisin ar eagrán speisialta den iris Women. A Cultural Review, iris a bhfuil rangú Q1 aici, agus an t-ábhar 'Imagining Motherhood in the Twenty-first Century' faoi chaibidil aici.

D'fhoilsigh taighdeoirí san SMLLC 11 chaibidil san iomlán i leabhair a ndearnadh eagarthóireacht orthu agus ina measc sin bhí an chaibidil leis an Ollamh Whelan dar teideal 'Comment faire voir les vérités évangéliques? Le tableau dans les sermons de Jacques Abbadie', in L'éloquence de la chaire entre écriture et oralité (XIIIe-XVIIIe siècles), éd. Gabriel Aubert, Amy Heneveld, Cinthia Meli (Páras: Champion), aiste an Dr Catherine Leen's 'From Don Juan to Dolores Huerta: Foundational Chicana/o Films' in The Routledge Handbook of Chicana/o Studies, eagr. Caibidil leabhair le Denise Segura, Francisco E. Lomelí, Elyette Benjamin, agus leis an Ollamh Krobb dar teideal 'Wilhelm Raabe und Gustav Frenssen, Zur Konvergenz des Ungleichzeitigen' in Kein Nobelpreis für Frenssen. Eine Fallstudie zu Moderne und Antimoderne, eagr. Heinrich Detering agus Kai Sina (Heide: Boyens). I measc na bhfoilseachán eile bhí deich gcinn de léirmheasanna leabhar agus dhá iontráil i gcioclípídí, mar atá iontráil an Dr Catherine Lee dar teideal 'La vaquilla' in The Encyclopedia of Contemporary Spanish Films agus ábhar an Dr David Conlon dar teideal 'Get Out' san Encyclopedia of Racism in American Films.

In 2018, tháinig baill foirne na Scoile 14 alt in irisí iarmheasúnaíthe. Ina measc sin, tá alt leis an Dr Ana de Prada Pérez' dar teideal 'Theoretical implications of research on bilingual subject production: The Vulnerability Hypothesis' in The International Journal of Bilingualism, alt leis an Ollamh Whelan dar teideal 'L'heuristique des galères. La Bible du forçat Élie Neau' in Revue Bossuet, an t-ábhar a chuir an Dr Clive W. Earls ar fáil, dar teideal 'Popping the Erasmus Bubble: Perceptions of Intercultural Awareness and Competence of Incoming Erasmus+ Students and the Preparation Challenge' in Higher Education Research, an t-alt leis an Dr Ana de Prada Pérez'

BUAICPHOINTÍ DÁIMHE

DÁMH NA nEALAÍON, AN LÉINN CHEILTIGH AGUS NA FEALSÚNACHTA

dar teideal 'Subject Pronoun Expression and Language Mode in Bilingual Spanish' in Studies in Hispanic and Lusophone Linguistics, agus an aiste leis an Dr David Conlon, dar teideal 'Discourse with the Incorporeal Air: Spectres of Walsh in Plata quemada' in Bulletin of Hispanic Studies. San alt leis an Ollamh Arnd Witte's dar teideal 'Selbstreflexivität und Resonanzachtsamkeit im interkulturellen Fremdsprachenlernprozess: Leiblich resonantes Lernen', a foilsíodh in Germanistik in Ireland, tugtar tuilleadh mínithe ar an tábhacht a bhaineann leis an gcorp braite agus a athshondas suíomhoiriúnaithe i dtaca leis an bpróiseas a bhaineann le foghlaim idirchultúrtha teangacha iasachta. I measc na n-iontrálacha piarmheasúnaithe i mbliainirisí ar díol suntais iad tá an t-alt leis an Ollamh Florian Krobb dar teideal 'Rupture and Dissolution: Gertrud Kolmar's Prose Works and Modernity' sa bhliainiris mhór le rá Leo Baeck Institute Yearbook.

Chomh maith leis sin, bhí ról tábhachtach ag ábhar a cuireadh ar fáil do chomhdhála maidir le scaipeadh eolais taighde. In 2018, bhí baill de SMLLC ag labhairt le lucht spéise idirnáisiúnta i dtíortha mar an Ríocht Aontaithe, an Ostair, an Ghearmáin, an Spáinn, an Fhrainc, an tSín, Málta agus an Afraic Theas. San iomlán, cuireadh ábhar i láthair ag cúig cinn déag de chomhdhála. Ina measc sin bhí Léacht phoiblí dar teideal 'German Constructions of the Boers in 19th- Century Travel Writing' ón Ollamh Florian Krobb, a tugadh i Roinn na Nuatheangacha Iasachta in Ollscoil Stellenbosch i mí an Mhárta 2018 agus páipéar eile ón Ollamh Krobb dar teideal Wallensteins Mörder in der Geschichtsschreibung von Thomas Carve bis Schiller', a cuireadh i láthair ag comhdháil ar Der Dreißigjährige Krieg – Ereignis und Narration ag Alpen-Adria- Universität Klagenfurt, an Ostair. Chuir an Dr Ruth Whelan páipéar dar teideal 'From the virtual to the real geographies of the Republic of Letters' i láthair ag an Third Annual Conference of COST Action IS1310 Reassembling the Republic of Letters in Ollscoil Mhálta i Vaileite i mí Feabhra 2018. Ba é sin an léacht deiridh a thug sí don tionscadal a bhí á mhaoiniú ag COST, tionscadal inar tugadh ionadaithe as 28 tír ar fud na hEorpa le chéile thar thréimhse ceithre bliana (2014-2018), agus beirt a ceapadh d'Éirinn ina measc. Chuir an Dr Yinya Liu páipéar i láthair dar teideal 'Some Genetic Ideas on Ideogrammatic Writing for a Metaphysical Consideration of Artificial Intelligence' ag an World Congress on Metaphysics, Salamanca, an Spáinn; chuir an Dr Lu Zhouxiang páipéar i láthair dar teideal 'Shaolin Fever: The Revival and Development of Shaolin in the Era of Reform and Opening Up' ag an gcomhdháil maidir le Crossing Boundaries and Engaging Communities in the Process of ASEAN-China Regional Integration i mí Iúil 2018 ag Ollscoil Chongqing University, an tSín; bhí an Dr Julie Rodgers ag labhairt ar chuireadh in Ollscoil Trent Nottingham ar thopaic dar teideal 'Narratives of traumatic pregnancy' i mí na Samhna 2018, agus chomh maith leis sin thug Fondúireacht Ollscoile na hÉireann agus Ceanada cuireadh dí príomhóráid a thabhairt ag scoil samhraidh D'Arcy Magee i gCairlín (Lúnasa 2018) ar scríbhneoireacht fheimineach in Québec.

Fuair an Dr Clive Earls cuireadh ó Ollsoil na hÉireann a bheith mar phríomhchainteoir agus plé a dhéanamh ag an Siompóisiam a reáchtáil Ollscoil na hÉireann-Coláiste na hOllscoile, Corcaigh ar 'Déanann Teangacha Nasc - Straitéis na hÉireann' i mí na Samhna 2018 i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh. D'fhoilsigh Ollscoil na

hÉireann a pháipéar ina dhiaidh sin ina foilseachán Education and Society, Occasional Papers No. 1. Mar thoradh air sin agus ar an tionscadal atá á mhaoiniú ag an bhFóram Náisiúnta, tugadh cuireadh don Dr Earls mar chuid den chuibhreannas a bheith ina bhall den Ghrúpa Comhairleach um Theangacha Iasachta (FLAG) le go mbeadh ionchur aige maidir leis an straitéis náisiúnta do Déanann Teangacha Nasc a bhfuil sé mar aidhm aici infheistiúocht shuntasach a dhéanamh i méadú ar sholáthar teangacha iasachta ag an dara leibhéal in Éirinn.



An Dr Clive Earls

Léirítear an bhaint atá ag an Dr Earls leis an bhforbairt ar bheartas teanga agus le feabhsú teanga trína chuid ballraíochta sa chuibhreannas ina bhfuil ceithre institiúid páirteach (Coláiste na hOllscoile, Corcaigh; Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge) i measc bealaí eile. Go luath in 2019, bhronn an Fóram Náisiúnta um Teagasc agus Foghlaim san Ard-Oideachas in Éirinn a Fheabhsú dámhachtain ardleibhéil de €150,000 ar thionscadal comhoibríoch an chuibhreannais (dar teideal HELECs). Meastar go mbeidh tionchar dearfach ag torthaí an tionscadail taighde maidir le cuid de na spriocanna atá sa straitéis náisiúnta Déanann Teangacha Nasc a bhaint amach.

AN ROINN STAIDÉAR AR NA MEÁIN

In 2018/19, lean an Roinn Staidéar ar na Meáin den rannpháirtíocht fhíorthábhachtach atá aici le timpeallachtaí na meán in Éirinn agus ar fud an domhain, rannpháirtíocht a dtugtar aitheantas náisiúnta agus idirnáisiúnta di. Bhí taighdeoirí sa roinn páirteach i réimse tionscadal, idir thionscadail mhaoinithe agus neamh-mhaoinithe, le hearnail na tionsclaíochta agus leis an earnáil shibhialta, chomh maith le bheith ag déileáil le réimsí fíorthábhachtacha ar díol imní iad, amhail cine, ciníochas, comhionannais inscne agus stair chultúrtha.

BUAICPHOINTÍ DÁIMHE DÁMH NA nEALAÍON, AN LÉINN CHEILTIGH AGUS NA FEALSÚNACHTA



An Dr Anne O'Brien

Bhí taighdeoirí sa Staidéar ar na Meáin páirteach i réimse tionscadal leanúnach a bhain le rannpháirtíocht phobail, tionscail agus bheartais. Chuir an Dr Anne O'Brien "Reporting Mental Health & Suicide: Challenges Facing Journalists" (arna fhoilsiú ag *Headline*), i láthair, an tuarascáil deiridh ó Ghníomhaireacht *Headline* um Mhonatóireacht ar na Meáin Náisiúnta maidir leis an tuairiscíú ar fhéinmharú agus ar mheabhairshláinte. Tá feidhm á baint as an tuarascáil sin faoi láthair chun dea-chleachtas tuairiscithe a threorú san iriseoireacht in Éirinn. Lean an Dr Jeneen Najj dá ról ar chomhphríomhthaighdeoir ar an tionscadal 'Building City Dashboards', arna mhaoiniú ag SFI, ina bhfuil réimse de pháirtithe leasmhara sibhialta i mbun comhráite faoi chineál agus feidhm sonraí uirbeacha agus a gcomhéadan. Lean an Dr Gavan Titley dá chuid taighde freisin sa tionscadal ar Chiníochas agus ar Chumarsáid Phoiblí i gCóras na Meán Hibrideach, tionscadal atá á mhaoiniú ag Acadamh na Fionlainne, agus chuir sé torthaí a chuid taighde ar chiníochas agus ar fhuathchaint faoi bhráid Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, chomh maith le cur i láthair a dhéanamh os comhair Coiste Comhairleach de chuid Chomhairle na hEorpa ar an tionscadal coimisiúnaithe eile dá chuid, ar tionscadal é a bhaineann le foghlaim idirchultúrtha. Lean an Dr Kylie Jarrett dá ról mar Chomhordaitheoir Réigiúnach d'Iarthar na hEorpa maidir le gníomh 1 de thionscadal Erasmus+ Jean Monnet, Tionscail Chruthaitheacha agus an Geilleagar Digiteach mar Spreagadh don Lánpháirtíocht agus don Nuálaíocht san Aontas Eorpach, tionscadal inar tugadh anailísithe ar na tionscail chruthaitheacha as an Eoraip, as an Astráil agus as an Rúis le chéile chun na dúshláin a bhí ag teacht chun cinn san earnáil chruthaitheach a phlé.

In 2018/19, thug baill foirne sa Staidéar ar na Meáin faoi thionscadail nua taighde a raibh baint acu le tionscail fhíorthábhachtacha, agus rannpháirtíocht chultúrtha agus shibhialta. Bronnadh tionscadal atá á mhaoiniú ag an tionscal ar an Dr O'Brien ó Fhondúireacht Phobail na hÉireann chun taighde a dhéanamh ar na léirithe a dhéantar ar fhoréigean baile sna meáin in Éirinn. Chuir sí isteach freisin ar chomhairleacht le hÚdarás Craolacháin na hÉireann chun taighde a dhéanamh ar inscne agus ar éagsúlacht sna meáin in Éirinn a bhí le tosú i mí na Nollag 2019. Chuir an taighdeoir iar-dhochtúireachta an Dr Sarah Culhane tús le comhaltas de chuid Ghníomhaíochtaí

Skłodowska-Curie, Comhaltas Taighde i gComhar don Eoraip Fhreagrúil agus Nuálach (CAROLINE) chun taighde agus taifeadadh a dhéanamh ar an stair a bhaineann le cuairteanna ar an bpictiúrlann in Éirinn, agus bhain sé le bheith ag obair le hAoisghníomhaíocht Éireann chun ceardlanna pobail a éascú ar fud na tíre. Bhain an t-iarrthóir dochtúireachta Michael Kurzmeier (arna mhaoirsiú ag an Dr Jarrett) comhaltacht taighde iardhochtúireachta ón IRC amach chun leanúint lena thionscadal ar haiceáil, ar chartlanna agus ar chuimhne an phobail. Bhain an Dr Sarah Arnold maoiniú inmheánach amach ó chiste ceardlanna an Ionaid Teagaisc agus Foghlama i gcomhair siompóisiam ar an dea-chleachtas do mhaoirseacht PhD cleachtas-bhunaithe. Chomh maith leis sin, fuair taighdeoirí sa roinn deontais bheaga inmheánacha ó Chiste Foilseachán Ollscoil Mhá Nuad chun ceardlanna, comhdhálacha agus siompóisiamáí a reáchtáil.

Lean taighdeoirí laistigh den Roinn freisin lena rannpháirtíocht phobail trí bhallaíocht ar bhoird agus trí ról chomhairleacha a ghlacadh in eagraíochtaí i dtionscal na meán agus in Eagraíochtaí Neamhrialtasacha a bhfuil baint acu lena sainréimse taighde amhail Liffey Sound, Institiúid Scannán na hÉireann, Ceartas Sóisialta Éireann, Cúnamh do Mhná agus *Headline*. Léiríodh rannpháirtíocht phobail freisin trí thaighde na Roinne a scaipeadh i réimse foirmeacha a mbeadh teacht ag an bpobal orthu, go háirithe blag an Dr Denis Condon dar teideal *Early Irish Cinema*, agus trí réimse teagmhálacha leis na meáin lena n-áirítear agallaimh ar *Newstalk*, *LMFM*, *RTÉ Brainstorm*, *Hot Press*, agus an Dr Stephanie Rains a bheith le feiceáil ar *Tríd an Lionsa*, clár faisnéise maidir le stair na grianghrafadóireachta ar TG4. Lean an Dr Condon freisin de bheith rannpháirteach sa chlub Scannán 'Scannáin do Chách' i Má Nuad, atá á bhainistiú ag Comhairle Contae Chill Dara agus ar rannpháirtíocht thábhachtach, fhadtéarmach atá ann a nascann obair thaighde na Roinne le pobal áitiúil Mhá Nuad.

I measc na bpríomhfhóilseachán in 2018, bhí bailiúchán a cuireadh in eagar dar teideal *Vocal Projections: Voices in Documentary* (Bloomsbury) a ndearna an tOllamh Maria Pramaggiore comh-eagarthóireacht air in éineacht le Annabelle Honess Roe agus ina raibh caibidil ag an Ollamh Pramaggiore freisin. Ar fud na Roinne, d'fhoilsigh baill foirne seacht gcinn breise d'ailt irise agus caibidil leabhair amháin eile ar ábhair a raibh an-éagsúlacht ag baint leo, amhail íomhá agus fuaim i luathscannánaíocht na hÉireann; taighde lucht féachana agus inscne; lucht féachana scannán faoin tuath san Iodáil; eacnamaíocht pholaitiúil na scríbhneoireachta digití; criticí teoiriciúla an fheimineachais; beochan téacsúil agus an challagrafaíocht loslamach; agus an clúdach a rinne na meáin ar na hagóidí maidir le cogadh na hIaráice ag Aerfort na Sionainne. Cuireadh saothair chruthaitheacha an Dr Javad Khajavi — *Muqarnas and The Third Script* — i láthair freisin sa Ríocht Aontaithe, sna Stáit Aontaithe, san Ísiltír, sa Ghearmáin agus san Iorua. Bronnadh Duais Lua Speisialta ar *The Third Script* freisin i gcomhair Cruthaitheachta ag Féile Idirnáisiúnta Beochana Craft san Indinéis.

Tugadh aitheantas freisin do shaineolas na Roinne i réimse de chainteanna acadúla ar chuireadh go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta chomh maith le comhaltachtaí cuartaíochta. Bhí an Dr Jarrett ina comhalta cuartaíochta ag Ionad Valente in Ollscoil

BUAICPHOINTÍ DÁIMHE

DÁMHA NA nEALAÍON, AN LÉINN CHEILTIGH AGUS NA FEALSÚNACHTA

Bently i mBostún, agus í ag tabhairt cainte ar chuireadh chomh maith le sraith de sheimineáir thaighde. Thug sé an dara caint ar chuireadh freisin ag Ollscoil Paris-Nanterre agus cuireadh faoi agallamh í maidir lena cuid taighde ar shaothar digiteach don iris acadúil Francach ar líne Revue Période. Rinne an t-agallamh sin a athfhoilsiú ina dhiaidh sin san iris ar líne Historical Materialism. Bhí an Dr O'Brien ina príomhchainteoir ag Fóram na Meán de chuid Headline agus labhair sí freisin ar thuairisciú na meán ar fhoréigean baile agus ar Dhúnbhású Dlúthpháirtí ag an gCruinniú Mullaigh Domhanda i dtaca le Slán Sábháilte in Éirinn. Chomh maith le cur i láthair a dhéanamh os comhair Choiste Cearta Daonna na hÉireann agus os comhair Chomhairle na hEorpa, bhí an Dr Titley ina chainteoir ag ceithre shiompóisiam sa Ríocht Aontaithe agus i gCríoch Lochlann. Bhí an Dr Sarah Arnold ina cainteoir ar chuireadh ag comhdháil Chónaidhm Idirnáisiúnta na gCartlann i gCathair Mheicsiceo agus, ar deireadh, tugadh cuireadh don Dr Condon a chuid taighde a chur i láthair ag dhá imeacht náisiúnta.

In 2018, rinne an Roinn réimse d'imeachtaí taighde a óstáil nó a chomhóstáil freisin, ar imeachtaí iad a bhí dírithe ar thaighdeoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta: Researching Women and Media; an chomhdháil tionscnaimh a bhí ag an Lónra um Staidéar a dhéanamh ar Lucht Féachana; Research on Repeal; Creative Work and the Digital Economy (cuid de ghníomhaíocht arna maoiniú ag Erasmus+); The Far-Right in the Hybrid Media System (arna óstáil san Fhionlainn); agus Women and New Hollywood. Bhí taighdeoirí sa Roinn gnóthach freisin agus iad ag obair ar shraith d'fhoilseacháin leabhar agus d'ailt irise.

TAIGHDE RANPHÁIRTÍOCHTA

> Tuairisciú a dhéanamh ar Mheabhairshláinte agus ar Fhéinmharú: Dúshlán atá le sárú ag an iriseoir

Cuireadh an tuarascáil deiridh ón tionscadal sin, ar tionscadal é a bhí á mhaoiniú ag an tionscal, i láthair in 18/19 agus bhí moltaí sonracha ann maidir le hathrú a dhéanamh ar chleachtais tuairiscithe i dtaca le meabhairshláinte agus féinmharú agus spreag siad sin díospóireacht i dtionscail na meán agus bhí siad mar bhonn don phleanáil straitéiseach agus d'fhorbairt beartais do chlár mheáin náisiúnta na hÉireann maidir le tuairisciú a dhéanamh ar fhéinmharú agus ar mheabhairghalar. Taighdeoir: An Dr. Anne O'Brien.

> Cultúr na Meán a Athrú: Foréigean Baile

Tá an tionscadal seo á mhaoiniú ag an bhFondúireacht Phobail d'Éirinn, agus déantar mapáil ann ar an tuairisciú a dhéanamh na meáin ar Dhúnbhású Dlúthpháirtí agus bhí sé mar bhonn le rannpháirtíocht idir Slán Sábháilte in Éirinn, Cúnamh do Mhná, agus Ceardchumann Náisiúnta na nIriseoirí chun na treoracha maidir le tuairisciú a athrú. Taighdeoir: An Dr. Anne O'Brien.

> Lucht Féachana Scannán na hÉireann: 1950-1960

Bhíothas ag obair le hAoisghníomhaíocht Éireann sa tionscadal stairsheanchais seo chun éascú a dhéanamh ar cheardlanna iomadúla le go bhféadfadh daoine as pobal scothaosta na hÉireann a gcuid cuimhní ar an taithí a bhí acu ar an bpictiúrlann a roinnt. D'oibrigh an tionscadal go díreach le roinnt grúpaí as

Ollscoil an Tríú hAois (U3A) de chuid Aoisghníomhaíocht Éireann ar fud na tíre agus bhí rannpháirtíocht i Seachtain an Aoisithe Dhearfaigh san áireamh ann. Taighdeoir: An Dr Sarah Culhane.

> Deaiseanna Cathrach a Thógáil

Tugtar aghaidh sa tionscadal seo, atá á mhaoiniú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann, ar an mbealach chun deaiseanna cathrach atá níos forleithne agus níos éifeachtaí a thógáil agus baineann sé le réimse de ghníomhaithe sibhialta agus d'Eagraíochtaí Neamh-rialtasacha. Téann sé i ngleic le trí cinn d'fhadhbanna bunúsacha: ceisteanna sonraí; ceisteanna léirshamhlaithe/ idirghníomhaithe; agus ceisteanna anailísíochta/samhaltaithe Taighdeoir: An Dr Jeneen Naji.

> Comhairle na hEorpa ar Oideachas Idirchultúrtha

Bhí an tionscadal seo bunaithe ar staidéar coimisiúnaithe ar a gcuid oibre ó 1971 i leith, agus ar thuarascáil deiridh a foilsíodh in 2017, agus chuir sé ionchur ar fáil do Chruinniú Comhairliúcháin Chomhairle na hEorpa maidir leis an Oideachas Idirchultúrtha i mBúdaipeist. Taighdeoir: An Dr Gavan Titley.



Deaiseanna Cathrach a Thógáil

ROINN AN CHEOIL

Agus iad ag tógáil ar an rath a bhí orthu sna blianta roimhe seo, tá Roinn an Cheoil ag leanúint ar aghaidh ag neartú a seasaimh ar an ardán acadúil idirnáisiúnta, agus réimse aschur á tháirgeadh aici a léiríonn rannpháirtíocht fhorleathan na foirne acadúla i raon de réimsí taighde: cumadóireacht, taibhiú, teicneolaíocht an cheoil agus ceoleolaíocht.

LEABHAIR

In 2018, rinne an tOllamh Byrne-Bodley comheagarthóireacht ar leabhar in onóir don Ollamh Harry White, pearsa a bhí lárnach maidir leis an ról níos leithne agus an t-aitheantas a bhain an Cheoleolaíocht amach in Éirinn le fiche bliain anuas. Bailiúchán suntasach d'ailt ó dhaoine ar fud an domhain a chuir ábhar ar fáil atá sa leabhar – Music Preferred: Essays in Musicology, Cultural History and Analysis in Honour of Harry White (Vín: Hollitzer Verlag) – leabhar ina dtugtar ceann de na foilseacháin ba luaithe a bhí ag White chun cuimhne ina theideal, agus is léiriú é ar an ról a bhí ag an Ollamh White maidir le cultúr ceoleolaíochta na hÉireann a chur i gcion ar an domhan mór. Is é Monagraf an Dr Cascelli – Schenker's Chopin. Files from the Oster Collection (Libreria Musicale Italiana). Tugann an Bhiblioméadracht ar líne de chuid Dhíolachán Amazon

BUAICPHOINTÍ DÁIMHE DÁMH NA nEALAÍON, AN LÉINN CHEILTIGH AGUS NA FEALSÚNACHTA

le tuiscint go bhfuil 13/14 leabhar in aghaidh na míosa á ndíol, líon an-maith do leabhar ina ndéantar anailís ar cheol) – an chéad staidéar cuimsitheach a rinneadh ar anailís neamhfhoilsithe Schenker, ó Bhailiúchán Oster i Leabharlann Phoiblí Nua-Eabhrach, ar cheol Chopin. Bhí an méid seo le rá ag Susanna Pasticci, agus í ag scríobh faoi fhorbairtí a tharla le déanaí i ndisciplín na hanailíse ar an gceol (sa Rivista di Teoria e Analisi Musicale) “trí dhéine anailíse agus fíis leathan chultúrtha a thabhairt le chéile, tá léirmhíniú nua ar smaointeoireacht theoriciúil Heinrich Schenker á bheartú ag Cascelli.” Rinne an Dr Sofer comheagarthóireacht ar leabhar faoi Elizabeth Maconchy, cumadóir Briotanach ón bhfichiú haois. Is é teideal an leabhair ná Elizabeth Maconchy. Music as Impassioned Argument (Eagrán Uilíoch). Scríobhann Ricordi “go dtugann an leabhar léargas ar an streachailt a bhí ar Maconchy a dhéanamh i dtús a gairme i saol an cheoil chlasaiceach, saol a bhí go mór faoi thionchar na bhfear, ar na naisc cheoil a bhí aici le Béla Bartok agus ar a dírbheathaisnéis”.



Music preferred. Essays in musicology, cultural history and analysis in honour of Harry White

CAIBIDLÍ I LEABHAIR

In 2018, d’fhoilsigh taighdeoirí sa Roinn sé chaibidil i leabhair. Cuireann an tOllamh Lorraine Byrne-Bodley ábhar ar fáil don athmhéasúnú ar cheol drámata Franz Schubert sa leabhar Drama in the Music of Franz Schubert (in eagar ag Joe Davies agus James William Sobaskie, arna fhoilsiú ag Boydell & Brewer) le caibidil dar teideal: “Opera that Vanished. Goethe, Schubert and Claudine von Villa Bella.” Breathnaíonn an Dr Schahill ar an ról a bhí ag an bpianó maidir le hathbheochan an cheoil Ghaelaigh san ábhar a chuir sé ar fáil don bhailiúchán alt atá tiomnaithe don Ollamh White le caibidil dar teideal “‘That Vulgar Strummer’: The Piano and Traditional Music in the Gaelic Revival.” Déanann an tOllamh Morris machnamh ar a bhfuil i gceist le féachaint ar cheoldráma beo sa phictiúrlann ina “The Deadness of Live Opera” in Performing Arts in Transition. Moving between Media (eag. Maria Katharina Schmidt agus Cornelia Schmitz, Routledge). Déanann an tOllamh Palmer anailís shaibhir ar an gcomhthéacs shoch-eacnamaíoch lenár bhain forbairt Chumann Fiolarmónach Learphoill i lár an naoú haois déag ina halt dar teideal “Cultural

Demand and Supply in an Imperial Trading Centre: Developing the Liverpool Philharmonic Society Orchestra in the Mid-Nineteenth Century,” atá san áireamh in Global Perspectives on Orchestras: Collective Creativity and Social Agency (Nua-Eabhrac: Cló Ollscoil Oxford). Cuireann an Dr Sofer caibidil ar fáil don leabhar ar Elizabeth Maconchy, a ndearna sí comheagarthóireacht air: “Death Becomes Him: Elizabeth Maconchy’s One-Act Opera The Departure.” Cuireann an Dr Anderson ábhar ar fáil don fhorbairt a tháinig le déanaí ar an staidéar atá á dhéanamh ar cheol John Williams maidir le comhairleoireacht amharclainne agus scileanna cumadóireachta sa chaibidil dá cuid dar teideal “Sounding an Irish Childhood: John Williams’s Score for ‘Angela’s Ashes’ in John Williams: Music for Films, Television and the Concert Stage (eag. E. Audissino, Brepols).

AILT PHIARMHEASÚNAITHE

D’fhoilsigh taighdeoirí sa Roinn naoi gcinn d’ailt phiarmheasúnaithe agus foilsíodh iad ar fad in irisí mór le rá idirnáisiúnta.

Déanann an tOllamh Lazzarini iniúchadh ar an bhforbairt ar shraith de theicnící ar féidir iad a chur i bhfeidhm ar phróiseáil dhigiteach fuaime san alt “Live Convolution with Time-Varying Filters,” in Applied Sciences. San alt “Vers un Gradus ad Parnassum pour l’Informatique Musicale” déanann an tOllamh Lazzarini iniúchadh ansin ar na huirlisí a bhfuil gá ag ceoltóirí ríomhaire leo chun cuidiú leo a mbealach a dhéanamh tríd an ngaol siombóiseach atá idir an ealaín agus an eolaíocht i réimse an cheoil ríomhaire (Revue francophone d’informatique musicale).

D’fhoilsigh an Dr Placanica, mar chuid dá taighde ar bhunús agus ar thraidisiúin taibhithe na saothar a cumadh do bhanamhránaithe aonair, dhá alt in “The Unsung One: The Performer’s Voice in Twentieth-Century Musical Monodrama,” (Journal of Musicological Research) áitíonn sí “gur cheart tuiscint nua a chruthú ar ghníomhú an taibheora sa mhonadhráma ceoil mar théacs suimiúil breise nach mór é a dheimhniú go teoiriciúil agus go praiticiúil sa phlé agus sa léiriú a dhéantar ar mhonadhráma an fichiú haois agus ar shaothair stáitse sa cheoldrámaíocht do thaibheoir aonair”. San alt “Recital I (for Cathy): A Drama ‘through’ the voice” (Twentieth-Century Music) déanann sí iniúchadh ar an ról a bhí ag glór taibhitheach na mban-aonréadaithe i sraith de shaothair cheoil ón fichiú haois a cumadh do ghlór na mná aonréadaí, agus ardaíonn sí ceisteanna faoi pholaitíocht na n-inscní agus an mbealach a bhfuil an dá chéim a bhaineann le cruthú agus taibhiú nasctha le chéile.

Déanann an Dr Watson an ceoldráma Ariane et Barbe-Bleue le Dukas a léamh i gcomhthéacs na léirithe a rinneadh le déanaí ar fhís-cheoldrámaíocht agus mar chuid den phlé atá á dhéanamh faoi láthair ar fhoréigean gnéasach in “Fifty Shades of Bluebeard? Dukas’s Ariane et Barbe-Bleue in the Twenty-First Century,” (Twentieth-Century Music). Déanann an Dr Sofer iniúchadh ar an goigeartú a dhéantar ar ghnásanna gnéasachta trí na ceangail cheoil agus na nósmaireachtaí in Song of Songs (Organised Sound) le Barry Traux agus ar ghnéithe den chinsireacht agus den idirchultúrachas sa cheoldráma leictreonach Apocalypse (American

BUAICPHOINTÍ DÁIMHE

DÁMH NA nEALAÍON, AN LÉINN CHEILTIGH AGUS NA FEALSÚNACHTA

Music) le Alice Shields. Déanann an Dr Cascelli athmhachnamh ar ról Euridice i miotas Orpheus agus go háirithe sa cheoldráma L'Orfeo le Monteverdi in "L'Orfeo: Memory, Recollection, and the tragedy of Choosing between Seeing and Hearing (Philomusica On-line).

SAOHAIR CHUMADÓIREACHTA

I gcás Ryan Molloy, tá an chéad taibhiú de Dúchann ar siúl in 2018, saothar nua do pianó agus téip a choimisiúnaigh Féile Idirnáisiúnta Ealaíon IMBOLC, agus Ogham, saothar nua a choimisiúnaigh Ceolfhoireann Óige Uladh chun comóradh a dhéanamh ar a mbunú fiche cúig bliain ó shin. I measc na saothar cumadóireachta eile tá: Loinnir Laoise, The Mountains of Pomeroy, Béal agus Buaine na Gaoithe. Ciogal amhrán don ghlór, don fheadóg mhór agus don chláirseach is ea an ceann deiridh sin, a choimisiúnaigh an Dr Placanica agus a fuair tacaíocht ón gComhairle Ealaíon in Éirinn, agus téacsanna ann leis an bhfile Éireannach Martin Dyar, file a bhfuil duaiseanna buaite aige, agus ar téacsanna iad a coimisiúnaíodh go speisialta. Rinne The Damsel Trio an ciogal amhrán a thaibhiú den chéad uair in Ollscoil Mhá Nuad agus ina dhiaidh tugadh ar camchuairt ar fud na hÉireann é i mí Dheireadh Fómhair 2018.

Rinneadh Found Sounds Lost le Iain McCurdy (do fhlúit, clairínéad, veidhlín, dordveidhil, pianó & do mheán socraithe), a coimisiúnaíodh trí Chomhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann, a thaibhiú ag Seoladh Shéasúr HRSE ag Ionad Ealaíon Sonic in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste.

Chum Martin O'Leary trí pháosa: Diffusa est Gratia for SATB choir, Maeve's Air (1994) a cóiríodh don Chláirseach Éireannach agus a thaibhig an cláirseoir iomráiteach Éireannach Ann-Marie O'Farrell, ag ceolchoirm lóin i Má Nuad, agus Cumadóireacht Dhá Pháirt don pianó, a thaibhig an cumadóir i Seomra John Field sa Cheoláras Náisiúnta.



Métamorphoses 2018

Rinneadh "I dreamt that I died and came back as a moth trapped in a practice room piano" le Gordon Delap a thaibhiú ag Contemporanea 2018 mar iomaitheoir sa bhábhta ceannais ag an XII comórtas Idirnáisiúnta cumadóireachta Città di Udine; tá

sé freisin ar CD Métamorphoses 2018 (bailiúchán de na píosaí a cuireadh i láthair ag an mbábhta ceannais de Dixième Concours de Composition Acoustmatique Métamorphosen 2018); cuireadh Ashes to Ashes i láthair ag Sound Forums, Hong Cong.

NA MEÁIN, SRAITH RTÉ BRAINSTORM

Mar thoradh ar thionscadal teagaisc i gcomhar le hearnáil an Ghnó laistigh de mhodúl ceoil, chomhscríobh agus d'fhoilsigh Alison Hood alt don tSraith Brainstorm dar teideal "What could Bowie teach business about changes?"

DEONTAIS AGUS COMHALTACHTAÍ IARDHOCHTÚIREACHTA

Le linn 2018, chríochnaigh an Dr Candida Mantica a Comhaltacht Iar-dhochtúireachta ón gComhairle um Thaighde in Éirinn (Gaetano Donizetti's école- mosaïque. An Dr Cascelli mar mheantóir). Chuaigh an Dr Laura Anderson isteach sa dara bliain dá tionscadal IRC (Disruptive Soundscapes: Music and Sound Design in French Post-War Cinema. An tOllamh Morris mar mheantóir). Chríochnaigh an Dr Anja Bunzel a comhaltacht IRC (Johanna Kinkel's Lieder Compositions as a Socio-Political and Cultural Mirror of Her Time. An tOllamh Byrne Bodley mar mheantóir). Bhronn Fiontraíocht Éireann dhá dheontas ar an Dr Victor Lazzarini: is Deontas Tacaíochta Píolótach do Dhianchampa Tráchtála ceann acu agus is d'fhuaim 3T CFF an ceann eile. Bronnadh Ballraíocht AMS Keitel-Palisca agus Deontas Taistil um Fhorbairt Ghairmiúil ar an Dr Danielle Sofer chun freastal ar chomhdháil i gcomhar idir Cumann Ceoleolaíochta Mheiriceá agus an Cumann um Theoiric an Cheoil, áit ar chuir sí páipéir i láthair ar an bpainéal 'Diversity and Discipline in Hip-Hop Studies' agus ar an taighde a bhaineann leis an leabhar dá cuid ar ghnéasacht agus an ceol leictreonach a bheidh a teacht amach.

IMEACHTAÍ A ÓSTÁLADH

- > Eanáir 2018, Comhdháil Bhliantúil ICTM-IE/SMI i gcomhar.
- > 20 Aibreán 2018, an dara siompóisiam bliantúil ag Grúpaí Staidéir ar Cheol LGBTQ+, a raibh príomhléacht ó Liam Lillis Ó Laoire agus painéal ar 'Music, LGBTQ+ Identities, Ethnicities and Nationalism in Ireland' san áireamh ann.
- > Comhdháil ar Cheoil na Meánaoise agus na hAthbheochana, mí Iúil 2018, ar fhreastail tuairim is 200 scoláire ó áiteanna ar fud an domhain uirthi. Thug Fáilte Éireann deontas tacaíochta don chomhdháil.
- > 30 Samhain 2018: Self-Borrowing in Nineteenth-Century Italian Opera: A Reconsideration, Comhdháil a d'eagraigh an Scoláire IRC, an Dr Mantica. San áireamh sa chomhdháil bhí príomhchaint ón Ollamh Emanuele Senici (Ollscoil La Sapienza, an Róimh) agus painéal ar chuireadh (an tOllamh Giorgio Sanguinetti ó Ollscoil Tor Vergata, an Róimh; an tOllamh Francesco Izzo, ó Ollscoil Southampton, an Ríocht Aontaithe; an tOllamh Roberta Montemorra Marvin, ó Ollscoil Massachusetts Amherst).

Mar chuid den tsraith seimineár seachtainiúil, rinne an Roinn na cainteoirí cuartaíochta seo a leanas a óstáil: An Dr Seán Doherty

BUAICPHOINTÍ DÁIMHE DÁMH NA nEALAÍON, AN LÉINN CHEILTIGH AGUS NA FEALSÚNACHTA

(Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath), an tOllamh Griff Rollefson (Coláiste na hOllscoile, Corcaigh), an Dr Ann-Marie Hanlon (Intstitiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan), an Dr Méabh Ní Fhuartháin (OÉ Gaillimh), an Dr Denis Condon (Ollscoil Mhá Nuad), an Dr Candida Mantica (Ollscoil Mhá Nuad), an Dr Liz Doherty (Ollscoil Uladh), Sylvia O'Brien (Ceolacadamh Ríoga na hÉireann, an Dr Ian Sapiro (Ollscoil Leeds), David Fennessy (Conservatoire na hAlban, An Ríocht Aontaithe), an Dr Danielle Sofer (Ollscoil Mhá Nuad).

FOR-ROCHTAIN AGUS RANPHÁIRTÍOCHT

Labhair an Dr Watson ar Arena, RTÉ Raidió 1, agus chuir sí an Sraith Ceolchoirmeacha na mBanchumadóirí i láthair (cuid den tionscadal Sounding the Feminists/NCH). Thug an tOllamh Byrne-Bodley Léacht John Bird ag Ollscoil Caerdydd (9 Deireadh Fómhair 2018). Bhí an Dr Cascelli ina léachtóir ar chuireadh ag seimineár trí lá ar Anailís Schenker ag Conservatoire Trento (an Iodáil) agus tugadh cuireadh dó freisin, ag an Siompóisiam ar an Anailís ar Cheol Verdi ag an Istituto di Studi Verdiani in Parma, freagra a thabhairt ar phríomh-chur i láthair an Ollaimh Sanguinetti ar an anailís ar cheol ceoldrámata Verdi. Chuir an Dr O'Leary cheolchoirm am lóin ar siúl inar léiríodh ceol le cumadóirí Éireannacha (Seoirse Bodley, Paul Hayes, Kevin O'Connell, Rhona Clarke, John McLachlan agus Peter Moran) i Má Nuad agus sa Cheoláras Náisiúnta. Chuir taighdeoirí páipéir i láthair ag comhdhálacha ag an Fifth Sibelius Academy Symposium in Music History in Heilsincí, ag an Oxford Conducting Institute International Conducting Study Conference, Comhdhál CTM in Éirinn, An Performance Studies Network ag Acadamh Ceoil na hIorua in Osló, an Society for Music Theory Conference, Metamorphoses Competitions, Contemporanea 2018, SMC 2018, an Medieval and Renaissance Music Conference in Ollscoil Mhá Nuad, an Baroque Music Conference in Cremona, an Music and Ireland Research Symposium in OÉ Gaillimh.

Tá an Roinn ag leanúint den chomhoibriú rathúil le Music Generation Uíbh Fhailí/na hIarmhí do cheolfhoireann Sionfóine na hOllscoile.

RANPHÁIRTÍOCHT SHEACHTRACH EILE

- > An Dr Cascelli, Réamhchaint don Chéad Taibhiú in Éirinn ar ag an gceoldráma le Claudio Monteverdi dar teideal The return of Ulysses, le Opera Collective Ireland
- > An tOllamh Byrne-Bodley, atofa don dara téarma oifige in 2018 mar Uachtarán ar Chumann Ceoleolaíochta na hÉireann.
- > An tOllamh Morris, Eagarthóir Opera Quarterly.
- > An Dr Watson, léirmheastóir don Journal of the Royal Musical Association, Cambridge Opera Journal, Iris Chumann Ceoleolaíochta na hÉireann, Ceol Pobail.
- > An Dr Watson: Oifigeach Oideachais ar an nGrúpa Oibre don tionscadal Sounding the Feminists.
- > An Dr Watson: Ag feidhmiú mar chomhchoimeádaí ar Shraith Ceoil Aireagail NCH @STF (2018-23) arna mhaoiniú ag Éire Chruthaitheach mar chuid dá ról in Sounding the Feminists.

ROINN NA FEALSÚNACHTA

In 2018, d'fhoilsigh Roinn na Fealsúnachta eagrán eile dá hirise inti, Maynooth Philosophical Papers. Ag tosú leis an eagrán seo, arb é an naoú eagrán é, foilseofar Maynooth Philosophical Papers i gcomhar leis an Philosophy Documentation Center of Charlottesville, Virginia. Tá an PDC ar cheann de na hionaid is mó ar domhan a fhoilsíonn irisí fealsúnachta. Beidh ábhar iomlán na hirise, lena n-áirítear na heagrán go léir a foilsíodh roimhe seo, ar fáil mar chóipeanna clóite agus ar líne.



Chuir roinnt ball foirne sa roinn ábhar ar fáil don eagrán. Is díol suntais go bhfuil léachtaí tionscnaimh Chathaoir nua an Fealsúnachta, an tOllamh Philipp Rosemann, agus sealbhóir tosaigh Chathaoir Chuartaíochta Thomas A. F. Kelly, an tOllamh William Desmond san áireamh ann. Ina gcuid léachtaí faoi seach, labhair Rosemann ar an ngné fealsúnachta i saothar Leonard Cohen, agus rinne Desmond machnamh ar an mbealach a n-osclaíonn eispéireas na háilleachta conair isteach sa mheitifisic. D'fhoilsigh Cathaoir nuacheaptha na Nua-Ghaeilge, an tOllamh Fionntán de Brún, an leagan Béarla dá léacht tionscnaimh in Maynooth Philosophical Papers chomh maith— agus é sin lánoiriúnach, ó tharla gur thug de Brún aghaidh ar cheist athbheochan na Gaeilge ó dhearcadh a raibh blas na fealsúnachta le brath go mór air.

Ina theannta sin, soláthraíonn eagrán a naoi de Maynooth Philosophical Papers páipéir leis an Dr Cyril McDonnell agus leis an Dr Mette Lebeck (i gcomhar leis an Dr James Smith), faoi seach ar dhíospóireacht Husserl-Heidegger maidir leis an gciall atá le feiniméaneolaíocht agus ar fhealsúnacht oideachais Edith Stein. Scríobh an tOllamh Emeritus, Jonathan Gorman, Iar-Chathaoir na Fealsúnachta in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, píosa sa réimse ina bhfuil cáil idirnáisiúnta air, fealsúnacht na staire.

Ag bogadh ar aghaidh chuig foilseacháin leabhar, d'fhoilsigh an tOllamh Rosemann Charred Root of Meaning: Continuity, Transgression, and the Other in Christian Tradition, iniúchadh ar an tábhacht a bhaineann le gné an stróicthe i gcomhdhéanamh agus i stair na Smaointeoireachta Críostaí san Iarthar. Maidir leis an ngaol idir ealaín agus creideamh, bhí an tOllamh William Desmond mar údar ar The Gift of Beauty and the Passion of Being: On the

BUAICPHOINTÍ DÁIMHE

DÁMh NA nEALAÍON, AN LéINN CHEILTIGH AGUS NA FEALSÚNACHTA

Threshold between the Aesthetic and the Religious. Leathnáionn an leabhar meitifisic shuntasach an 'idir' de chuid an Ollaimh Desmond chuig réimse na haestéiteice

Bhí an Dr Amos Edelheit freagrach ar eagrán léirmheastach, le haistriúchán Béarla, tráchtareacht agus réamhrá de Book of My Days in Lucca (Liber dierum lucensium) le Giovanni Caroli (1428–1503). Agus é ag scríobh ag am a raibh géarchéim ann agus athrú ag tarlú, déanann Caroli machnamh ar leasú Ord na nDoiminiceach, agus gnéithe den léann scolaíoch agus den léann daonnachaíoch á goónascadh aige.

I measc foilseachán a bhfuil fad ailt iontu, is fiú aird a tharraingt ar iontráil fhada an Ollaimh Rosemann ar an diagaire Peter Lombard ón dara céad déag don Dictionnaire d'histoire et de géographie ecclésiastiques; scríobhadh an píosa mar chuntas ar staid reatha an eolais ar an bpearsa tábhachtach seo. D'fhoilsigh an tOllamh Michael Dunne, agus é ag leanúint dá chuid taighde ar oidhreacht fealsúnachta na hÉireann—go háirithe i dtréimhse na meán-aoiseanna—'Aristotle's Natural Philosophy in the Writings of Peter of Ireland'. Chuir an Dr Susan Gottlöber dhá chaibidil ar fáil, ar Edith Stein agus Simone Weil, do lámhleabhar Gearmánach, a fuair moladh ó léirmheastóirí, ar fhealsúnacht an chreidimh, Religionsphilosophie und Religionskritik. Ein Handbuch. Scríobh an Dr Mette Lebeck 'A Steinian discussion of Joseph Ratzinger's reflections on the problems faced by Europe today' d'imleabhar tráthúil atá dírithe ar an Eoraip agus ar a féiniúlacht i smaoinemh Edith Stein.



An tOllamh Philipp W. Rosemann

In 2018, bhí foireann Roinn na Fealsúnachta gníomhach arís eile maidir le hábhar a chur ar fáil do mhórchomhdhála idirnáisiúnta. Thug an tOllamh Rosemann an príomhthéasc ag an Boston Colloquy in Historical Theology, agus curtas gearr á thabhairt aige ar a leabhar nua, Charred Root of Meaning.

Bhí an Dr Amos Edelheit i láthair ag cúig cinn de chomhdhála:

1. Léacht ag an gomhdháil idirnáisiúnta ar La filosofia di Giovanni Pico. Tra fonti e fortuna. Nuove prospettive storiografiche, a tionóladh ag an Istituto Nazionale di Studi sul Rinascimento, Palazzo Strozzi, Flórans. Teideal: 'Pico and the Scholastics: Formation, Traces, Reception'.

2. Léacht ag an gCeathrú Cruinniú Cinn Bliana is Seasca de Chumann Renaissance Mheiriceá, New Orleans Teideal: 'Pico and the "Parisian Style": Paris in the 1480s'.
3. Léacht ag an Siompóisiam Idirnáisiúnta ar Plato, a chuid Dialóg agus a Oidhreacht, a tionóladh ag Ollscoil Bar Ilan (Iosrael). Teideal: 'The Case of Plato's Charmides in the Fifteenth Century: Ficino, Poliziano, and a Lesson from Bruni. Preliminary Notes'.
4. Léacht ag seimineár roinne ag Roinn an Léinn Chlasaigh, Ollscoil Tel-Aviv. Teideal: 'Classical Scholarship and Philosophy in the Italian Renaissance'.

Sheol an tOllamh Franco Bacchelli, an tOllamh Marco Forlivesi, agus an tAthair Luciano Cinelli O.P. leabhar nua an Dr Edelheit, a luadh thuas, ag Santa Maria Novella, Flórans.

Thug an Dr Susan Gottlöber léachtaí ag trí cinn de chomhdhála, in Éirinn agus thar lear:

1. Léacht ag an gcomhdháil 'Aliter infinitum—anderswie unendlich' ag Ollscoil Erfurt (an Ghearmáin). Teideal: 'Nikolaus von Kues als Gegenstand verfolgter jüdischer Forschung bei Martin Buber'.
2. Léacht ag comhdháil Chumann Luath-Fheiniméaneolaíochta Mheiriceá Thuaidh ar 'Am, Cuimhne agus an tSíoraíocht' (Pittsburgh). Teideal: 'Time, Aging, and Death in the Thought of Max Scheler'.
3. Cainteoir ar chuireadh ag Comhdháil Bhliantúil Chumann Fealsúnachta na hÉireann sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Teideal: 'Toleration and Hospitality'.

Chuir an Dr Mette Lebeck ábhar ar fáil freisin do roinnt cruinnithe acadúla, ceardlann a d'eagraigh sí féin ina measc:

1. Lecture at the Research Seminar on Phenomenological Metaphysics, University of Würzburg. Title: 'Sinn des Seins. Die Metaphysik Edith Steins'.
2. Contribution to a Panel Discussion on the Eighth Amendment, DCU Philosophical Club, DCU. Title: 'Human Dignity'.
3. Organization of a two-day research seminar at Maynooth University on Stein's The Structure of the Human Person. Lecture: 'The Problem of the Origin of the Species—Species, Genus, Individual'.

Ar deireadh, thaistil an Dr Cyril McDonnell go Búcairist, áit a bhfuair sé cuireadh páipéar a chur i láthair ag an gComhdháil Idirnáisiúnta 'Brentano—Comte—Mill. The Idea of Philosophy and Psychology as Science', a bhí á eagrú ag Ollscoil Bhúcairist. Labhair an Dr McDonnell ar ábhar dar teideal 'Scientific and Unscientific Methods in Empirical Psychology: Brentano's Dispute and Critique of Comte, Mill, and Maudsley's Accounts of Inner Perception'.

Mar achoimre, tá rannpháirtíocht iontach ag Roinn na Fealsúnachta in Ollscoil Mhá Nuad sa phobal idirnáisiúnta taighde.

BUAICPHOINTÍ DÁIMHE DÁMH NA HEOLAÍOCHTA AGUS NA HINNEALTÓIREACHTA

ROINN NA BITHEOLAÍOCHTA

BUAICPHOINTÍ FOILSEACHÁN

Tá 79 foilseachán san iomlán foilsithe ag grúpaí taighde i Roinn na Bitheolaíocht le linn na bliana, agus bhí 55 acu in irisí piarmheasúnaithe (ailt taighde agus léirmheasanna). Bhí formhór na bhfoilseachán sin in irisí piarmheasúnaithe a bhfuil ardmheas orthu ina réimsí taighde (fachtóirí tionchair idir 3 agus 10: e.g. Infection and Immunity; Journal of Immunology; New Phytologist; Genome Biology and Evolution; Scientific Reports), agus ar a laghad trí cinn d'fhoilseachán in irisí ardtionchair fachtóir (>10) (Nature Communications; Nature Immunology; Nucleic Acids Research).

BUAICPHOINTÍ MAOINITHE



An Dr Eoin McNamee

- > An Dr Eoin McNamee; Dámhachtain SFI do Cheannairí Taighde sa Todhchaí; Smacht MicreaRNA ar Athlasadh Múcóis; €1,207,251.
- > An Dr Joanne Masterson: Meicníochtaí Tras-scríofa a Rialaíonn Cinniúint Ceall le linn Athlasadh Ailléirgeach Éasafagach in Éasafaigteas Eoisinfeach; €1,52,600.
- > An Dr Andrew Hogan; An Lárionad Náisiúnta um Thaighde Leanaí Cromghlinn; Murtall i measc Leanaí agus Freagairtí Vacsaíne; €234,459.
- > An Dr Mark Robinson; an Bord Taighde Sláinte; Faire Comharsanachta an Ae: tugann cealla marfacha (NK) nádúrtha rialála a mhaireann i bhfíochán cosaint in aghaidh díchúiteamh ae in othair a bhfuil galar ae ainsealach orthu.
- > 4 scoláireacht iardhochtúireachta: 2 ón gComhairle um Thaighde in Éirinn, 1 chomhaltacht Walsh, 1 ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (an ceann deiridh díobh sin á maoiniú ag Institiúid Kathleen Lonsdale don Taighde ar Shláinte an Duine).

DUAISEANNA

- > Bronnadh Duais IRC do Thaighdeoir Luathghairme na Bliana ar an Dr Karen English i mí na Nollag 2018.
- > Toghadh an tOllamh Paul Moynagh chuig Acadamh Ríoga na hÉireann.

ACHOIMRE AR THAIGHDE RANPHÁIRTÍOCHTA SEACHTRAÍ

Bhí roinnt taighdeoirí páirteach i dtionscadail sainchomhairleoireachta lena n-áirítear institiúidí poiblí agus cuideachtaí amhail Teagasc (R Owens) nó Connexion Medical (K. Kavanagh) agus SME biteicneolaíochta in California (J. Masterson).

Ina theannta sin, san áireamh i rannchuidithe le beartas poiblí bhí gníomhaíochtaí an Dr Fiona Walsh i dtaca le frithsheasmhacht in aghaidh ábhar fhrithmhiocróbach (GCC agus an Lárionad Eorpach um Ghalair a Rialú DG-Sante). Rannchuidíonn an Roinn le heagraíochtaí idirnáisiúnta chomh maith. Mar shampla, rannchuidíonn an Dr Fiona Walsh leis an gCoiste Saineolaithe ar AMR i mBia, barra agus an comhshaoil, Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta (EBT) na Náisiún Aontaithe.

Tá baill foirne Roinn na Bitheolaíochta rannpháirteach i líon mór de thionscadail i gcomhar go náisiúnta (e.g. le Coláiste na Tríonóide agus an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath) agus go hidirnáisiúnta (e.g. Ollscoileanna eile san Eoraip (Imperial College Londain, Ollscoil na nAcmhainní Nádúrtha agus Eolaíochtaí na Beatha san Ostair, INRA sa Fhrainc, Institiúid Leibniz sa Ghearmáin) nó le hinstitiúidí sna Stáit Aontaithe (e.g. Denver & Children's Hospital Colorado) agus i gCeanada (Ollscoil McMaster in Hamilton Ceanada) chomh maith le tionscadail i gcomhar le hearnáil na tionsclaíochta (Nektr Technologies) (J. Carolan), Clarins (K. Kavanagh), Hexafly (K. Kavanagh) agus Alltech (F. Walsh). Tá an líonra fuinniúil a bhunaigh baill foirne Roinn na Bitheolaíochta le feiceáil freisin in údarhacht mórán de na hailt a foilsíodh in 2018.

RANNUIDITHE LE BEARTAS POIBLÍ

Rinne an tAontas Eorpach iniúchadh ar ghníomhaíochtaí chomhlachtaí poiblí na hÉireann i dtaca le frithsheasmhacht in aghaidh ábhar fhrithmhiocróbach. Thug an GCC cuireadh do F. Walsh torthaí a cuid taighde a chur i láthair agus a phlé leis an Lárionad Eorpach um Ghalair a Rialú DG-Sante.

Tá F. Walsh ina ball freisin den Choiste Saineolaithe ar AMR i mBia, barra agus an comhshaoil, Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta (EBT) na Náisiún Aontaithe. Foilsíodh an tuarascáil ar an gcruinniú a tionóladh maidir leis an ról atá ag barra, bithicíd agus ag an gcomhshaoil i dtaca le AMR i mBia (Ball den choiste saineolaithe ar AMR i mBia, barra agus an comhshaoil, Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta (EBT) na Náisiún Aontaithe).

ROINN NA CEIMICE

Bhí bliain láidir eile ag Roinn na Ceimice in 2018-2019 i dtaca le taighde. D'fhoilsigh foireann acadúil, ina bhfuil coibhéis lánaimseartha de 12.5, 30 alt taighde (atá taifeadta in Scopus) agus 2.4 páipéar ar an meán in aghaidh an acadóra á bhfoilsíú. In 2018, foilsíodh 20% d'ailt taighde Roinn na Ceimice i measc an 10% is mó lua ar domhan, agus tá 37% de na hailt sa 10% uachtair d'irisí. Tá próifíl láidir idirnáisiúnta ag an roinn i gcónaí agus foilsíodh 51.2% de na hailt (2016- 2018) le comhúdar idirnáisiúnta. Tá comhúdar ó earnáil na tionsclaíochta san áireamh i 7% de na foilseachán.


BUAICPHOINTÍ DÁIMHE DÁMH NA HEOLAÍOCHTA AGUS NA HINNEALTÓIREACHTA

Leanann an roinn de bheith an-idirdhisciplíneach, agus gan ach 37% den na hailt taighde in irisí a bhaineann go sonrach le ceimic agus ábhar suntasach a cuireadh ar fáil d'irisí ag comhéadan na Fisice, na hInnealtóireachta Ceimicí, Eolaíocht na nÁbhar agus na Bitheiceimice ag cuimsiú 39% den ghníomhaíocht foilseacháin.

Tarraingíodh aird ar roinnt foilseachán le déanaí mar “Foilseacháin is Mó Lua” don Roinn (foinse: SciVal in 2018) agus ina measc sin tá:

1. The physics of protein self-assembly. McManus, J.J., Charbonneau, P., Zaccarelli, E., Asherie, N. (2016) Current Opinion in Colloid and Interface Science, 22, Lgh 73-79. (63 lua).
2. Creatinine and urea biosensors based on a novel ammonium ion-selective copper-polyaniline nano-composite. Zhybak, M., Beni, V., Vagin, M.Y., Dempsey, E., Turner A. P. F., Korpan, Y. (2016) Biosensors and Bioelectronics, 77, Lgh 505-511 (42 lua).
3. Macrocyclic squaramides: Anion receptors with high sulfate binding affinity and selectivity in aqueous media. Qin, L., Hartley, A., Turner, P., Elmes, R. B. P., Jolliffe, K. A. (2016) Chemical Science, 7 (7), Lgh 4563-4572. (38 lua).
4. Bioreductive fluorescent imaging agents: Applications to tumour hypoxia. Elmes, R.B.P. (2016) Chemical Communications, 52 (58), Lgh 8935-8956. (36 lua).
5. Coordinated Acetylcholine Release in Prefrontal Cortex and Hippocampus Is Associated with Arousal and Reward on Distinct Timescales. Teles-Grilo Ruivo, L.M., Baker, K.L., Conway, M.W., Kinsley, P. J., Gilmour G., Phillips K. G., Isaac J. T. R., Lowry, J. P., Mellor, J. R. (2017) Cell Reports, 18 (4), Lgh 905-917. (25 lua).

I mí Iúil 2019, d'fhoilsigh an Dr Jennifer McManus Imleabhar a Cuireadh in Eagar den tsraith Methods in Molecular Biology arna fhoilsiú ag Springer ar an ábhar Uathfhorbairt Phróitéine, agus caibidlí ann ó thaighdeoirí in Éirinn, sa Ríocht Aontaithe, sna Stáit Aontaithe agus san Iodáil.



Bronnadh roinnt deontas taighde mór le rá in 2018/2019, lena n-áirítear dámhachtaí iardhochtúireachta ón gComhairle um Thaighde in Éirinn a bronnadh ar Lokesh Kumawat, atá ag obair leis an Dr Robert Elmes agus deontas Ulysses ón IRC a bronnadh ar an

Dr John Stephens chun oibriú i gcomhar le taighdeoirí sa Fhrainc. I measc na ndeontas leanúnach tá dámhachtaí Phríomhthaighdeora ón SFI don Ollamh John Lowry agus deontas ó Institiúid Náisiúnta Sláinte na Stát Aontaithe don Ollamh Lowry i gcomhar leis an Ollamh Colm Cunningham i gColáiste na Tríonóide.

Tosaíodh roinnt tionscadal taighde rannpháirtíochta in 2018/2019 nó leanadh ar aghaidh leo, lena n-áirítear Comhpháirtíocht Nuálaíochta idir an Dr John Stephens agus Dairygold (i gcomhar leis an Dr Andrew Hogan, Roinn na Bitheolaíochta), tionscadal i gcomhar le Medimmune (Astra Zeneca) an Ríocht Aontaithe agus an Dr Jennifer McManus mar chuid den chlár atá á chómhaoiniú ag Ollscoil Mhá Nuad. Ina theannta sin, rinne Grúpa Stevanato (an Iodáil) maoiniú iomlán ar chonradh taighde, ag obair le Jennifer McManus, a raibh sannadh mar Phríomhthaighdeoir mar thoradh air le déanaí.

Chomh maith leis sin, fuair Aoife Harbison, mac léinn iarchéime atá ag obair leis an Dr Elisa Fadda cistí ó Chumann Ríoga na Ceimice chun tamall a chaitheamh mar thaighdeoir cuartaíochta i gCeanada.

Thug taighdeoirí ón roinn roinnt cainteanna agus seimineáir tábhachtach in 2018/2019 lena n-áirítear:

- > An Dr Diego Montagner a bhí ina chainteoir ar chuireadh ag ASBIC (Comhdháil na hÁise um Cheimic Neamhorgánach Bhitheolaíoch) i mí na Nollag 2018, a thug Seimineáir ar Chuireadh ag Ollscoil Teicneolaíochta Dortmund sa Ghearmáin i mí an Mhárta 2019 agus ag an “Centro Atomico de Bariloche” san Airgintín i mí Iúil 2019.
- > Bhí an Dr Eithne Dempsey ina cainteoir iomlánach ag cruinniú MADICA 2018 sa Túinéis i mí na Samhna 2018.
- > Thug an Dr Jennifer McManus seimineáir ar chuireadh ag Saotharlann Cavendish in Ollscoil Cambridge i mí na Samhna 2018 agus ag Roinn na hInnealtóireachta Ceimicí in Ollscoil Delaware i mí Aibreáin 2019. Ina theannta sin, bhí an Dr McManus ina Príomhchainteoir ag Taispeántas Taighde Biopharmchem/Pharmachem Skillnet i mBaile Átha Cliath i mí Aibreáin 2019.

TAIGHDE RANPHÁIRTÍOCHTA

> Tuarascálacha comhairleachta

- Sholáthair an Dr Jennifer McManus dhá thuarascáil chomhairleachta/theicniúil do Ghrúpa Stevanto

> Comhpháirtíochtaí fiontraíochta

- Mhaoinig Fiontraíocht Éireann an Dr John Stephens i gcomhair Staidéar Féideartha maidir le Cás Tráchtála do “Bunachar sonraí breiseán bia”.
- Tá Comhpháirtíocht Nuálaíochta de chuid Fhiontraíocht Éireann ag an Dr John Stephens le Dairygold maidir le “Novel approach to the development of food products for pre-diabetics and those with impaired glucose tolerance (IGT)”.
- Tá tionscadal cómhaoinithe ag an Dr Jennifer McManus le Medimmune (Astra Zeneca) an Ríocht Aontaithe, ar a dtugtar “The biophysics of peptide and protein assembly”.

BUAICPHOINTÍ DÁIMHE DÁMH NA HEOLAÍOCHTA AGUS NA HINNEALTÓIREACHTA

> Comhpháirtíochtaí fiontraíochta Bhí deontas a bhí lánmhaoinithe ag an tionscal ag an Dr Jennifer McManus ó Ghrúpa Stevanato maidir le “Próitéin ar Dhromchlaí” as ar eascair dhá thuarascáil chomhairleachta/theicniúil agus sannadh mar Phríomhthaighdeoir”.

Tá roinnt seirbhísí anailiseacha á gcur ar fáil anois ag roinn na ceimice d’earnáil na tionsclaíochta agus d’úsáideoirí acadúla. Tá seirbhís um Anailís ar Fhuisce bunaithe ag Barbara Woods, ball den fhoireann theicniúil, agus tá anailís déanta do roinnt drioglan in Éirinn. Tá seirbhísí miocranailise á gcur ar fáil ag Walter Walsh do cheimic Choláiste na Tríonóide agus do cheimic an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Cuireann na seirbhísí go léir ioncam ar fáil ar féidir é a úsáid chun tacú le cothabháil ionstraimí.

Mar achoimre, leanann an roinn de bheith ag soláthar taighde ar ardchaighdeán, atá á fhoilsiú ina irisí a bhfuil an-mheas orthu, atá á lua ag leibhéal atá ag teacht le gnásanna idirnáisiúnta sa réimse (nó os a chionn sin) agus sciar mór dár n-ailt a bhfuil grúpaí taighde idirnáisiúnta ina gcomhúdair orthu. Tá líon na dtionscadal taighde rannpháirtíochta ag dul i méid, agus iad lánmhaoinithe nó cómhaoinithe ag Ollsoil Mhá Nuad/Fiontraíocht Éireann/IRC. In 2019, ceapadh beirt taighdeoirí sa Roinn mar thaighdeoirí maoinithe in SSPC, Iárionad SFI i gcomhair taighde cógaisíochta (an Dr Robert Elmes agus an Dr Jennifer McManus). Déanfar dhá scoláireacht PhD a mhaoiniú i dtús báire mar thionscadail ardáin laistigh den Iárionad, agus an fhéidearthacht ann go bhfaighfear maoiniú suntasach breise trí chomhpháirtíocht tionsclaíochta agus/nó trí thionscadail SFI Spokes agus is forbairt thábhachtach atá sa mhéid sin ó thaobh na Roinne de. Tá ag éirí go han-mhaith i gcónaí le taighdeoirí ar cuireadh oiliúint orthu sa roinn agus poist shinsearachta taighde á nglacadh ag mórán díobh in earnáil na tionsclaíochta agus mórán eile ag dul i mbun taighde iardhochtúireachta in institiúidí mór le rá (Yale, Caltech, Institiúid Helmholtz), rud a thugann léiriú maith ar chaighdeán an taighde a dtugtar faoi sa roinn.

ROINN NA RÍOMHEOLAÍOCHTA

Tá 23.5 ball foirne i Roinn na Ríomheolaíochta agus de bharr fáis le déanaí tá tús curtha ag naonúr mac léinn PhD lena gcuid staidéir in 18/19 agus bhain triúr a gcuid céimeanna PhD amach. Cuireann an roinn réimse leathan de chúrsaí iarchéime ar fáil sa ríomheolaíocht, in innealtóireacht bogearraí, agus i gcórais ilmheán agus mhóibíleacha. Baineann éagsúlacht leis an saineolas taighde sa roinn agus cuimsíonn sé réimsí amhail físmheaisín, samháltú cognaíoch, ríomhchlárú, anailís sonraí geospásúil, teoiric faisnéise ríomhaireachtúil, modhanna foirmiúla don innealtóireacht bogearraí agus aisghabháil faisnéise.

Tá mac léinn PhD Stephen Brown, Joe Finnegan, atá á mhaoiniú ag Iárionad Taighde SFI um Líonraí agus Cumarsáid na Todhchaí (CONNECT) in Ollscoil Mhá Nuad, ag tabhairt faoi intéirneacht i gcomhar in Ollscoil Oberta de Catalunya (UOC) in Barcelona ar feadh trí mhí go luath in 2020. Beidh sé ag obair sa Ghrúpa Taighde um Líonraí gan Sreang (WINE) atá mar chuid den Institiúid Idirdhisciplíneach Idirlín (IN3) san ollscoil. Beidh sé ag obair go dlúth leis na baill foirne ansin ar thaighde a bhaineann lena PhD - ag féachaint ar fheabhsú feidhmíochta i bprótacaíl líonraithe

gan sreang. Táimid ag súil go dtiocfaidh gníomhaíochtaí breise i gcomhar leis an ngrúpa chun cinn mar thoradh ar an gcuairt sin.

Bhí roinnt gníomhaíochtaí ag Joe Timoney & Tom Lysaght i mbliana sa Ghrúpa Taighde ar Theicneolaíocht an Cheoil. Beidh beirt mhac léinn nua PhD sa réimse a bhaineann le Teicneolaíocht an Cheoil ag teacht isteach sa bhliain acadúil seo chugainn, duine ag fáil maoiniú faoi Mhná in STEM agus tá scoláireacht HUME ag an duine eile. An bheirt mhac léinn ag obair i réimse an IoT. Ina theannta sin, tá an grúpa ag obair le beirt mhac léinn PhD sna Daonnachtaí Digiteacha sna réimsí a bhaineann le cartlannú idirlín agus teoiric litearthachta ríomhaireachtúil. Tháinig beirt ollúna cuartaíochta as an mBrasaíl, Leandro Costalonga agus Ricardo Ckestr, chuig an ngrúpa agus iad á maoiniú faoi chlár scoláirí Erasmus Mundus in DEPEND. Thug an Dr Costalonga roinnt cainteanna ar HCI do Theicneolaíocht an Cheoil agus thug an Dr Ckestr roinnt cainteanna ar Líonraí Stocastacha Automata sa Ríomhchlárú Dáilte. Rinneadh cur i láthair ag roinnt comhdhálacha le linn na bliana lena n-áirítear Digital Libraries for Musicology (DLfM) 2018 a tionóladh i bPáras. Ina theannta sin, ceapadh Joe Timoney ina Leas-Chathaoirleach ar an roinn Éireannach nuathionscanta den Chumann Innealtóireachta Fuaime D’eagraigh siad cruinniú agus caint a tionóladh i Má Nuad ar an 14 Bealtaine 2018. Chomh maith leis sin, bhí an grúpa mar chuid d’iarratas um Ghníomh COST ‘Digital Cultures in Europe through Web Archives’ – DIGICULTES.

Bronnadh deontas de €2.5M ar an Dr Tim McCarthy i gcomhar le hearnáil na tionsclaíochta don ardán nuálaíochta Dróin U-FLYTE. Rinne Tim McCarthy ionadaíocht thar ceann na Roinne nuair a síníodh Meabhrán Tuisceana idir Ollscoil Mhá Nuad agus Intel Ireland chun comhpháirtíocht straitéiseach taighde agus nuálaíochta a chruthú. I measc na ndámhachtainí taighde eile a bronnadh ar Tim McCarthy tá;

- > Comh-phríomhthaighdeoir ar thionscadal 4 bliana (€380k) de chuid H2020 maidir le Faire na Cruinne agus Athrú Aeráide (MACOBioS).
- > Comh-phríomhthaighdeoir ar thionscadal SoMoSAT GCC (€325k) maidir le Léarscáilíú ar Chlúdach Talún le Faire na Cruinne in éineacht le Rowan Fealy (Tíreolaíocht/CARUS).
- > Príomhthaighdeoir ar ghníomhaíochtaí maoinithe (€170k) Acadamh/ Athsheachadadh Copernicus a chomhordú anseo i Má Nuad.



An Dr Tim McCarthy, Ollscoil Mhá Nuad leis an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, Heather Humphreys T.D, agus an Dr Ciarán Seoighe, Leas-Ardstiúrthóir SFI.

BUAICPHOINTÍ DÁIMHE DÁMH NA HEOLAÍOCHTA AGUS NA HINNEALTÓIREACHTA

Tá an Dr McCarthy ag obair i gcomhar leis an Dr John McDonald agus le comhpháirtithe as OÉ Gaillimh, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh agus Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí chomh maith le hearnáil na tionsclaíochta. Bhí sé i gceannas ar an tairiscint rathúil (€1.1m) d'Ardán Náisiúnta Sonraí Teicneolaíochtaí Féinrialaitheacha (NATDaP) de chuid Bhoneagar Taighde SFI.

Tá an Dr McCarthy agus an Dr McDonald ag obair i gcomhar freisin sa tionscnamh de chuid LERO, Lárionad Taighde Bogearraí SFI, ar tionscamh é a bhaineann le Feithiclí Féinrialaitheacha Cumaisc (BAV) (a seoladh go rathúil i mí Dheireadh Fómhair 2019). Tá dhá thionscadal beartaithe ag McCarthy/ McDonald agus tá tús curtha leis an gcéad thionscadal, HD Maps (€165k), i gcomhpháirtíocht le PMS.

Tugadh cuireadh don Dr McCarthy an príomhathaisc a thabhairt ag trí cinn de Chomhdhála dróin (Baile Átha Cliath, Londain, Amstardam), rannchuidigh sé le Straitéis Spáis Náisiúnta an Rialtais 2019 – 2025, bhí sé ina bhall den phainéal taighde chun treoirínte a dhéanadh; Tástáil Feithiclí Féinrialaitheacha in Éirinn, bhí sé páirteach i ndeich gcinn de mhíreanna for-rochtana ar an Raidió, i Nuachtáin agus ar Líne in 2019. Leanann sé de bheith ag déanamh ionadaíochta thar ceann na hÉireann ag Coiste Copernicus an Choimisiúin Eorpaigh (Faire na Cruinne) sa Bhruiséil ar bhonn míosúil.

Bronnadh deontas de €226K ar ghrúpa taighde an Dr John McDonald chun maoiniú a dhéanamh ar thionscadal i gcomhar le Valeo, soláthraí do thionscal na ngluaisteán atá chun tosaigh ar fud an domhain. Tá an tionscadal á mhaoiniú trí rannpháirtíocht an Dr McDonald in Lero, Lárionad Taighde Bogearraí na hÉireann agus tacófar le beirt mhac léinn PhD chun teicnící maidir le huathoibríocht fhadtéarmach a fhorbairt d'fheithiclí gan tiománaí.

I measc na n-éachtaí agus na rannpháirtíochta eile ar bhain suntas leo le linn na tréimhse sin tá siad seo a leanas:

- > Ceapadh an Dr McDonald mar Eagarthóir Comhlach ar IEEE Robotics and Automation Letters. Ghlac sé leis an ról mar chomhchathaoirleach don Chomhdháil Eorpach um Próiseáil Chomharthaí (EUSIPCO) 2021.
- > Fuair mac léinn PhD an Dr McDonald, Louis Gallagher, an duais don Pháipéar ó Bhéal ab Fhearr ag Comhdháil Físimheaisín agus Próiseála Íomhánna na hÉireann (IMVIP) in 2018.

Cuireadh go suntasach leis an mbonneagar róbataice sa roinn i mbliana nuair a soláthraíodh Róbat Comhoibríoch Rethink Sawyer agus Róbat Ionramhálaí Shoghluaiste PAL Tiago don roinn. Cuireann an dá cheann acu ardán taighde úrscothacha ar fáil i gcomhair taighde róbataice. Maoiníodh an dá ardán seo trí dhámhachtain de €177K a fuair an Dr McDonald agus an Dr Rudi Villing (Innealtóireacht Leictreonach) trí Chlár Bonneagar SFI.

Bhí roinnt foilseachán, cur i láthair poiblí, coinní seachtracha agus comhdhála óstáilte ag Peter Mooney. Ó mhí Iúil 2019 i leith, tá sé ina Eagarthóir ar Transactions in GIS agus é freagrach as cúraimí eagarthóireachta san Eoraip, san Afraic, sa Mheánoirthear, mar léirmheastóir do Chumann COST an AE sa Bhruiséil agus Deutsche Forschungsgemeinschaft (DFG, Fondúireacht Taighde na Gearmáine) (2019).

Thug sé léacht seimineáir ar chuireadh dar teideal "What are the problems in Crowdsourced Geographic Information?" ag an Bartlett Centre for Advanced Spatial Analysis (CASA), i gColáiste na hOllscoile Londain, ar an 6 Márta 2019. Ina theannta sin, i mí an Mheithimh 2019, bhí sé ina léachtóir agus ina oiliúnóir ag Scoil Oiliúna Citizen Science ar an ábhar Rialú Cáilíochta OpenStreetMap. Tionóladh é sin in Coimbra sa Phortaingéil, i mí an Mheithimh 2019.

D'eagraigh sé roinnt ceardlanna agus comhdhála mar atá:

- > Comheagraí do GeoCultGIS 2019, Geographical and Cultural Aspects of Geo-information: Issues and Solutions Workshop ag AGILE 2019 agus
- > Comhchathaoirleach agus Eagraí in éineacht lena chomhghleacaí an Dr Liadh Kelly ar an gCéad Cheardlann Náisiúnta ar Fheirmeoireacht Chliste agus Anailísíocht Sonraí in Éirinn (SFDAI) 2019 a tionóladh in Ollscoil Mhá Nuad ar an 12 Meitheamh 2019.
- > Cathaoirleach agus Eagraí ar OSGeoE 2019, an tríú Siompóisiam OSGeo Éireannach, Cathair Chorcaí, Bealtaine 2019.
- > Ar deireadh bhí sé páirteach i roinnt imeachtaí poiblíochta: Lónra Náisiúnta Tuaithe d'Éirinn
 - An Lónra Náisiúnta Tuaithe d'Éirinn (NRN) How do we Transition to Smart Farming in Ireland? Aibreán 2019.
 - Is smart farming a sign of things to come for Irish farmers? Fiseán Voxpop do RTÉ Brainstorm.
 - Podchraoladh do RTÉ Brainstorm: The future of farming in Ireland (le hagallamh sa stiúideo), Iúil 2019.



Bhronn an iris Applied Optics (arna foilsiú ag OSA-the Optical Society) "Rogha an Eagarthóra" ar alt irise 2018 ghrúpa Thomas Naughton.

Bhronn an iris Applied Optics (arna foilsiú ag OSA - The Optical Society) "Rogha an Eagarthóra" ar alt irise 2018 ghrúpa Thomas Naughton dar teideal "Space-variant video compression and processing in digital holographic microscopy sensor networks with application to potable water monitoring" (DOI: 10.1364/AO.57.00E190) ar an 1 Lúnasa 2018. De réir na hirise, tarraingíonn sé seo aird ar ailt a mbaineann ardcháilíocht eolaíochta leo agus a léiríonn an obair atá ar siúl i réimse faoi leith. sé seo aird ar ailt a mbaineann ardcháilíocht eolaíochta leo agus a léiríonn an obair atá ar siúl i réimse faoi leith.

BUAICPHOINTÍ DÁIMHE DÁMH NA HEOLAÍOCHTA AGUS NA HINNEALTÓIREACHTA

Ghlac Thomas Naughton, John McDonald, agus na mic léinn iarchéime Tomi Pitkäaho agus Taina Lehtimäki páirt i gcomórtas idirnáisiúnta um anailís ar iomhánna ar a dtugtar "HER2 Scoring Contest". Sa chomórtas idirnáisiúnta seo, (warwick.ac.uk/fac/sci/dcs/research/tia/her2contest) bhí algartaim dhomhain-fhoghlama na foirne in iomaíocht leo siúd ó institiúidí mór le rá amháil Ollscoil Oxford, Ollscoil Mellon Carnegie, agus IIT Guwahati. Tá na torthaí ar fáil go poiblí ag: (warwick.ac.uk/fac/sci/dcs/research/tia/her2contest/outcome). Rangaíodh na trí algartam a chuireamar isteach sa 2ú, 3ú agus 4ú háit ar chlár ceann riain na bpointí. Foilsíodh na torthaí san iris *Histopathology* in 2018.

Bhí an tOllamh Barak Pearlmuter páirteach i roinnt imeachtaí mar chainteoir ar chuireadh. San áireamh bhí:

- > Príomhchainteoir ag an gComhdháil Éireannach ar AI agus ar an Eolaíocht Chognaíochta (AICS), 2019.
- > Cainteoir ar chuireadh, Ceardlann Languages for Inference (LAFI 2019) Liospóin, 2019.
- > Cainteoir ar chuireadh, Mathematical Foundations of Program Semantics(MFPS), Halifax, 2018.
- > Cainteoir seimineáir ar chuireadh, Vector Institute, Ollscoil Toronto, 2018.
- > Cainteoir seimineáir ar chuireadh, Microsoft Research, Seattle, 2018.



An tOllamh Damien Woods, Institiúid Hamilton, Ollscoil Mhá Nuad

Bhí foilseachán mór le rá ag an Ollamh Damien Woods in *Nature* i mí an Mhárta 2019:

Damien Woods*, David Doty*, Cameron Myhrvold, Joy Hui, Felix Zhou, Peng Yin, Erik Winfree. Diverse and robust molecular algorithms using reprogrammable DNA self-assembly. *Nature* 567:366-372. 2019.

Bronnadh dhá dheontas air (~4M euro):

- > Dámhachtain ERC Active DNA: Computationally Active DNA Nanostructures ar cuireadh tús leis ar an 1 Samhain 2018. €3,297,581.
- > Dámhachtain tacaíochta SFI ERC ar cuireadh tús leis ar an 1 Samhain 2018. €656,500.

Chomh maith leis sin, thug an tOllamh Matthew Patitz as Ollscoil Arkansas cuairt ar an ngrúpa do shaoire shabóideach sé mhí (Lúnasa-Nollaig 2019).

Bhí roinnt freagrachtaí coiste comhdhála ar an Dr Hao Wu:

- > Coiste Comhdhála: Formal Methods for Autonomous Systems 2019 (FMAS) faoi Siompóisiam Comhdháil Formal Methods (FM).
- > Coiste Cláir/Eagraí: Object Constraint Language Workshop (OCL) 2019 under ACM Model Driven Engineering Languages and Systems (MODELS).
- > Coiste Cláir: Model-Driven Engineering and Software Development (MODELSWARD) Comhdháil 2019.
- > Ghlac sé páirt freisin i dtionscadal i gcomhar leis an Ollamh Markus Helfort as IVI ar ailtireacht na cathrach cliste agus fíorú.

TAIGHDE RANPHÁIRTÍOCHTA

Ba é an Dr Tim McCarthy an ball d'fhoireann na roinne ba ghníomhaí sa chineál sin oibre. Tá sé lonnaithe sa Lárionad Náisiúnta um Gheoiríomhaireacht (NCG). Bhí an Grúpa Taighde ar Theicneolaíocht an Cheoil páirteach i ndearbhán nuálaíochta do Key Genomics LTD.


Tá an grúpa um Ríomhchlárú, Algartaim agus Smaointeoireacht Ríomhaireachtúil (PACT) sa Roinn (Aidan Mooney, Rosemary Monahan, Thomas Naughton, Kevin Casey, Taina Lehtimäki, Joseph Duffin, Liadh Kelly) ag obair ar thaighde rannpháirtíochta seachtraí chun tacú le múinteoirí bunscoile agus iarbunscoile chun smaointeoireacht ríomhaireachtúil a thabhairt isteach ina gcuid seomraí ranga (agus STEM i gcoitinne a fheabhsú). Tá taighde á dhéanamh ar an bhfadhb oscailte maidir leis an mbealach is fearr chun ríomheolaíocht a theagasc ag leibhéal na bunscoile. Tá an tionscadal (InSPECT), a bhfuil buiséad de €370k ag gabháil leis á pháirtmhaoiniú ag an gClár Discover de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann le deontas de €273k.

Tá an tionscadal taighde ilbhlianta atá idir lámha ag grúpa Thomas Naughton dar teideal "Three-dimensional microbiological imaging, automated analysis, and display using digital holography" ar siúl go dtí 2020 agus íocaíocht de €500k faighte aige ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann.

BUAICPHOINTÍ DÁIMHE DÁMH NA HEOLAÍOCHTA AGUS NA HINNEALTÓIREACHTA

ROINN NA HINNEALTÓIREACHTA LEICTREONÁÍ

Bhí deichniúr ball ar an bhfoireann acadúil i Roinn na hinnealtóireachta Leictreonaí in 2018/19. D'fhoilsigh na baill 28 páipéar irise, agus 26 páipéar comhdhála piarmheasúnaithe eile.



John Halligan TD Aire Stáit um Oiliúint, Scileanna, Nuálaíocht, Taighde agus Forbairt; an tOllamh Ronan Farrell, Stiúrthóir RadioSpace; an tOllamh Philip Nolan, Uachtarán Ollscoil Mha Nuad agus Ciarán Seoighe Leas-Ardstiúrthóir, SFI

In 2019, d'oscail an Roinn 'RadioSpace', ionad tástála náisiúnta na hÉireann do chumarsáid 5G, áis a chosain €1.5 milliún agus a fuair infheistíocht de €638,000 ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann. Léiríonn an méid sin an bhaint mhór atá ag an Ollamh Ronan Farrell le CONNECT, Lárionad Taighde SFI um Líonraí agus Cumarsáid na Todhchaí. Is é an chéad cheann dá shórt san Eoraip é agus tá seomra neamh-mhacallach ann a tógadh go speisialta agus ina bhfuil trealamh tástála sofaisticiúil chun tástáil saor ó thrasnaíocht a dhéanamh. Tá teacht ag mórthionscail, FBManna agus institiúidí acadúla idirnáisiúnta air.

D'éirigh leis an roinn Comhaltacht aonair mór le rá de chuid Marie Sklodowska-Curie a bhaint amach don Dr Bingyong Guo. Beidh seisear i mbun taighde agus an tOllamh John Ringwood mar mheantóir aige maidir le rialú a dhéanamh ar athshondas paraiméadrach i gcórais tiontaíthe fuinnimh ó thonnta. Ina theannta sin, bronnadh Duais Mhaoirseachta PhD 2019 ó Ollscoil Mhá Nuad ar an Ollamh Ringwood, duais a léiríonn rannchuidithe le sármhaitheas maoirseachta ar fud na hOllscoile.

Cuireadh go mór le bonneagar róbataice na hOllscoile nuair a bronnadh €177K ar an Dr Rudi Villing agus ar an Dr John McDonald (Ríomheolaíocht) trí chlár bonneagair SFI.

Bronnadh seacht gcinn de dheontais, ar fiú €461,696 san iomlán iad, ar cheathrar taighdeoirí. Tá triúr ball den fhoireann acadúil páirteach faoi láthair in dhá lárionad náisiúnta de chuid SFI agus rinneadh an péire acu a athnuachan do thréimhse eile. Tá an tOllamh John Ringwood ina Phríomhthaighdeoir in MAReí, lárionad SFI don fhuinneamh aigéin agus don fhuinneamh in-athnuaithe, agus tá an tOllamh Ronan Farrell ina Phríomhthaighdeoir agus tá an Dr John Dooley ina thaighdeoir maoinithe in CONNECT, lárionad taighde teileachumarsáide SFI.

Sa bhliain acadúil 2018/19, bhain sruth láidir mac léinn taighde a gcuid céimeanna amach, ceathrar mac léinn PhD ina measc.

ROINN NA FISICE TURGNAMHAÍ

OPTAIC SPÁIS TEIRIHEIRTS (PIS: AN TOLLAMH J.A. MURPHY, AN DR C. O'SULLIVAN, AN DR N. TRAPPE, AN DR M. GRADZIEL) TAIGHDE GHNÍOMHAIREACHT SPÁIS NA HEORPA

In 2019, tháinig deireadh leis an gconradh taighde trí bliana ó Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa (ESA) dar teideal "Next Generation Sub-Millimetre Wave Focal Plane Array Coupling Concepts" (Príomhthaighdeoir an Dr N. Trappe). Ba thionscadal mór Eorpach i gcomhar a bhí sa gConradh Taighde Theicniúil seo ina raibh grúpaí ó Ollscoil Caerdydd, Ollscoil Mhanchain, APC Ollscoil Paris Diderot, Ollscoil Theicniúil Chalmers agus La Sapienza, an Róimh, páirteach. Mar chuid den taighde sin, rinneadh roinnt brathadóirí fréamhshamhla a fhorbairt do mhísin sa todhchaí chun tomhas a dhéanamh ar pholarúchán sa chúlra micreathonnach cosmach (CMB). Tá na brathadóirí sin ábalta dhá chainéal nó trí chainéal minicíochta a thomhas seachas an gnáthchainéal minicíochta aonair. D'éirigh leis an gcuibhreannas cúpla leagan amach ar leith ar an bplána fócasach a dhéanamh go rathúil agus thomhais siad, ag teochtaí críogineacha, an fheidhmíocht optúil atá ag lionsa cothrom meatábhair agus brathadóirí bólaimeadair cúbláilte le haeróg phlánach. Cuireadh sraith de thomhais rathúla i gcrích inar léiríodh feidhmíú démhinicíochta i minicíochtaí W-Bhanda (75-110GHz) agus rinneadh tástálacha tosaigh freisin ag 10GHz chun oibriú ar fhadhbanna déantúsaíochta. Ag an am céanna, ag an APC i bPáras, rinneadh ailtireacht plána fócasáigh a iniúchadh, a mhonarú agus a thástáil agus feidhm á baint as pictéilín dé-bhanda a bhí polarúchán-íogair ag 140 agus 160 GHz le haeróg sliotáin micristiall-fhosctha agus dhá scagaire bandabhealaigh le sop oscailte chun an comhartha a threorú i dtreo dhá LEKID. Tá an teicneolaíocht seo comhoiriúnach freisin le foirmiú léis i lionsa cothrom agus léiríonn sé an tsolúbthacht a bhaineann leis na roghanna teicneolaíochta a ndearnadh iniúchadh orthu agus an fheidhearthacht a bhaineann lena bhfeidhmíú i mísin ESA CMB sa todhchaí.

ÁIS TOMHAIS THZ I MÁ NUAD

Buaicphointe don ghrúpa ba ea seachadadh na gcnoгаí breiseáin minicíochta de chuid Rohde and Schwarz don áis tástála teiriheirts atá bunaithe ar anailíseoir líonra veicteora ar ard-mhnicíocht. Tá an córas ábalta anois comharthaí idir 0.5 agus 1.1 THz a tharchur agus a ghlacadh agus tá sé ar an gcéad áis dá shórt a forbraíodh in Éirinn. Rinneadh an áis a mhaoiniú mar chuid de Dhámhachtain Bhoneagair SFI 2016 agus tá sí á coimisiúnú faoi láthair ag an Dr Trappe agus ag an Dr Gradziel. Tá sé mar sprioc ag an mbonneagar náisiúnta seo aeróga agus córais optúla a fhorbairt do chórais chumarsáide teiriheirts.systems.

BUAICPHOINTÍ DÁIMHE DÁMH NA HEOLAÍOCHTA AGUS NA HINNEALTÓIREACHTA

TRASNAMHÉADAR BÓLAIMÉADRACH Q&U I GCOMHAIR COSMEOLAÍOCHTA (QUBIC)

Turgnamh ar talamh is ea QUBIC a bhfuil sé mar aidhm aige na gnéithe polarúcháin thar a bheith éadrom a bhaineann le Cúlra Micreathonnach an Chosmais a thomhas (Príomhthaighdeoir Mhá Nuad, an Dr C. O'Sullivan). Tá sé bunaithe ar choincheap na trasnamhéadrachta bólaimeadraí agus déanann sé íogaireacht bhrathadóirí bólaimeadracha na mBraitheoirí Imill Trasdula a chomhcheangal leis an rialú ar éifeachtaí córasacha a chuireann dearadh trasnamhéadrach ar fáil. Beidh QUBIC ag feidhmiú san Airgintín ag suíomh Alto Chorrillos in aice le San Antonio de los Cobres, i gcúige Salta. Bhí baill Roinn na Fisice Turgnamhaí go mór chun tosaigh maidir le dearadh optaic QUBIC go háirithe agus tá siad mar phríomhbhaill den chuibreannas maidir le céimeanna an chalaibráithe agus an bhreathnaithe. Cuireadh tógáil thaispeántóir teicniúil QUBIC i gcrích in 2018 agus rinneadh é a chomhtháthú ag saotharlann i gcomhar (Astroparticule et Cosmologie (APC) Université Paris Diderot) i bPáras. Rinneadh críostat na hionstraime a fhuarú den chéad uair i mí na Samhna 2018 agus bhain na brathadóirí a sprioctheocht oibriúcháin de 300mK amach. Tosaíodh ar thástálacha calabraithe i mí na Nollag 2018 (chuaigh mac léinn PhD as Má Nuad go Páras chun páirt a ghlacadh san fheachtas calabraithe) agus bhraith an ionstraim fótoín de chéad uair níos déanaí an bhliain sin. Sprioc thábhachtach don tionscadal ba ea an léiriú a rinneadh, den chéad uair, ar theicníc na trasna-mhéadrachta bólaimeadraí. In 2019, chuir ár gcomhoibríthe san Airgintín críoch le tógáil saotharlann QUBIC agus tá sé i gceist againn an ionstraim a sheoladh amach chun go rachaidh sí i mbun breathnóireachta ar an spéir in 2020.

Bronnadh Gradam Dhámh na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta in Ollscoil Mhá Nuad ar an nGrúpa um Optaic Spáis THz agus chomh maith leis sin bronnadh Gradam Gnóthachtála Taighde foriomlán Ollscoil Mhá Nuad orthu in 2019. Tugann na gradaim sin aitheantas do rannchuidithe den scoth ó bhaill foirne, sa chás seo misin réalteolaíochardíomhá atá bunaithe sa spás agus ar an talamh. Bhí gach ball den ghrúpa mar Phríomhthaighdeoir ar dheontais taighde ar leith agus mar chomh-oibríthe ar dhámhachtainí i gcomhar. Tarraingíodh aird ar leith ar na foilseacháin taighde a luadh go minic agus a d'eascair as misean satailíte Planck de chuid Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa (Príomhthaighdeoir Mhá Nuad: An tOllamh J.A. Murphy).



Bronnadh Gradam Gnóthachtála Taighde foriomlán na hOllscoile ar an nGrúpa um Optaic Spáis THz in 2019.

FISIC AN ATMAISFÉIR

(PRÍOMHTHAIGHDEOIR: AN DR F. MULLIGAN)

I measc bhuaicphointí an ghrúpa um Fhisic an Atmaisféir (Príomhthaighdeoir: an Dr Frank Mulligan), bhí cuairt an Dr Natalie Kaiflé ó Lárionad Aerospáis na Gearmáine, Institiúid Fhisic an Atmaisféir, München, agus bronnadh PhD ar S. Rourke, ball den ghrúpa, i mí na Samhna 2018. Ceann de na haidhmeanna atá ar an ngrúpa taighde is ea tuiscint níos fearr a fhorbairt ar na héagsúlachtaí laethúla agus séasúracha in astaíocht an OH* mar fheidhm dhomhanleithid agus ama áitiúil agus chuir J. Kealy, atá ina mac léinn PhD, a cuid oibre ar bhreathnóireacht ar talamh ar thonn fhuaimiúil ion in astaíochtaí aerloinnreach OH* ag aird méiseastad i láthair ag ceardlann in Grainau, an Ghearmáin. Ina theannta sin, foilsíodh páipéar i gcomhar leis an Dr P. Mooney maidir le feidhmíocht shamhail chúpláilte WRF-ROMS chun samhaltú aeráide réigiúnaí a dhéanamh ar haircíní. Bhí an Dr F. Mulligan mar mheasúnóir do na hirisí Atmospheric Measurement Techniques agus Atmospheric Chemistry and Physics.

AN GRÚPA UM FHSIC MHÓILÍNEACH

(PRÍOMHTHAIGHDEOIR: AN DR VAN DER BURGT)

I mbliana, chuir an grúpa córas nua um aimsiú sonraí do mhais-speictriméadracht am taistil imbhuiladh leictreoin ar bun, ina mbaintear feidhm as eagar geataí in-riomhchláraithe chun mais-speictrim a uainiú agus a thaifeadadh ar bhonn gach imeachta (i gcomhar leis an Dr M. Gradziel). Ó staidéir bhloghta ar antraicéin, tá fianaise shoiléir ann ar ianú dúbailte os cionn 21 eV d'imbhuiladh leictreoin, rud a thugann spreagadh chun táirgeadh comhthitímeach dhá bhlogh a ianaíodh ceann ar cheann a lorg. Cuireadh na chéad torthaí do mhais-speictriméadracht antraicéine i láthair ag comhdháil idirnáisiúnta. Tá sé i gceist féachaint ar bhloghadh móilíní eile go luath. Bhí comh-foilseachán mar thoradh ar obair i gcomhar leis an Dr Sam Eden (an Ollscoil Oscalite, Milton Keynes, an Ríocht Aontaithe) maidir le staidéir bhloghta ar núicléabhunanna. Tá an Dr Peter van der Burgt ina bhall de choiste bainistíochta COST Action CA18212: Molecular Dynamics in the GAS Phase (2019 - 2023).

AN GRÚPA UM FHOIRMIÚ RÉALTAÍ AGUS PLAINÉAD

(PRÍOMHTHAIGHDEOIR: AN DR E. WHELAN)

Lean an grúpa um fhoirmiú réaltaí agus pláinéad den obair ar dhá phríomhthionscadal in 2018. Bhain an chéad cheann le tuiscint a fháil ar scairdeanna prótairéaltacha (na mic léinn PhD, A. Murphy, A. Miller). Bhain an dara ceann le hiniúchadh a dhéanamh ar theicníc chun eiseapláinéid a bhrath i ndioscaí réaltaí óga (an mac léinn MSc E. Cahill). Foilsíodh dhá pháipéar a raibh baint acu leis an obair sin in 2018.

Lean Aisling Murphy lena cuid oibre ar bhreathnóireacht na Réadlainne Eorpaí sa Leathsféar Theas ar an scairdeadh prótairéaltach ón réalta óg TH28. Bhí sí ag obair leis an Dr Catherine Dougados ó Institut de Planetologie et d'Astrophysique de Grenoble

BUAICPHOINTÍ DÁIMHE DÁMH NA HEOLAÍOCHTA AGUS NA HINNEALTÓIREACHTA

(IPAG) de bharr maoiniú ULYSSES a bronnadh in 2017. Le linn di bheith ansin thosaigh sí ag obair ar ghnáthamh díchonbhlóidithe chun taifeach níos fearr a dhéanamh ar íomhánna MUSE de Th28, agus chinn sí in éineacht leis an Dr Dougados go bhféadfadh sé gur bealach rathúil a bheadh anseo chun struchtúr inmheánach na scairde a thaifeach. Chuir Aisling a saothar i láthair mar phóstaer ag cruinniú de chuid Institiúid na Fisice i Luimneach dar teideal “Sensing the Universe” i mí na Bealtaine 2018 agus mar chaint i mí an Mheithimh 2018 ag ceardlann ar dhioscaí prótaipláinéadacha a d’eagraigh JEDI (Scairdeanna agus Dioscaí ag INAF) i Réadlann na Róimhe. D’fhreastail Aisling ar scoil bhreathnóireachta NEON 2018 a tionóladh ag Réadlann Asiago i dTuaisceart na hIodáile. Chríochnaigh Eoin Cahill a shaothar MSc in 2018 agus tháinig Andrew Miller isteach sa ghrúpa i mí Dheireadh Fómhair 2018 ar scoláireacht John Hume.

Lean an Dr Whelan ar aghaidh ag obair ar roinnt tionscadal a bhain le foirmiú réaltaí agus pláinéad. D’oibrigh sí go sonrach ar íomháu infridhearg ar mhionscairdeanna donna, breathnóireacht ar scairdeanna prótairéaltacha agus staidéar speictrea-réaltmhéadrach a bhfuil sé mar chuspóir aige tuiscint a fháil ar ghníomhaíocht gaoth i réaltaí óga. D’fhoilsigh sí dhá pháipéar in 2018. Tá an obair seo á déanamh i gcomhar le réalteolaithe ag an tSaotharlann Ghealaí agus Phláinéadach ag Ollscoil Arizona, Centro de Astrobiología i Maidrid, Institut de Planetologie et d’Astrophysique de Grenoble, Hamburger Sternwarte sa Ghearmáin agus an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Le linn na tréimhse sin bhí an Dr Whelan mar chomhoibrí ar 5 thogra rathúil ESO/VLT do na hionstraimí SPHERE, UVES, agus SINFONI agus ar thogra rathúil APEX amháin. Leithdháileadh breis agus 50 uair an chloig d’am breathnóireachta. Bhí an Dr Whelan ar Choiste na gClár Breathnóireachta de chuid ESO in 2018 agus d’oibrigh sí ar dhá sheimeastar de thograí breathnóireachta. Chomh maith leis sin, lean sí dá cuid oibre le Grúpa Réalteolaíochta na hÉireann. Ba é an rud ba rathúla a baineadh amach in 2018 ná gur dearbhaíodh ballraíocht na hÉireann sa Réadlann Eorpach sa Leathsféar Theas i mí Mheán Fómhair 2018.

AN GRÚPA UM DHINIMIC NA SREABHÁN (PRÍOMHTHAIGHDEOIR: AN DR M. CAWLEY)

Bhí an taighde sa Ghrúpa um Dhinimic na Sreabhán dírithe go príomha ar iompar uisce agus tuaslagáin uiscí i gcóngarach na haimhrialtachta dlúis (gar do 4°C ag brú atmaisféarach caighdeánach). Sna tástálacha a rinneadh le gairid, díriodh ar úsáid a bhaint as an ráta titime aidiabatach (athrú iseantrópach ar an teocht in aghaidh gluaiseacht aithnid sa bhrú) chun láithreach na haimhrialtachta dlúis a bhrath; is féidir an cur chuige sin a chur i bhfeidhm ar mhéid leachta a bhfuil an teocht céanna ann ar fad. Táthar ag leanúint den obair chun gníomhú in aghaidh an ráta titime a bhaineann leis an ábhar a chuimsíonn an brathadóir teochta, mar gur féidir leis sin an pointe trasnaithe nialais ionchasach atá ag an ráta titime uisce a cheilt agus é ag gluaiseacht trí réigiún na haimhrialtachta dlúis.

ROINN NA MATAMAITICE AGUS NA STAITISTICÍ

Tá pobal láidir taighde i Roinn na Matamaitice agus na Staitisticí ina bhfuil 17 n-acadóir agus tá grúpaí taighde ag obair i réimsí amhail Ailgéabar agus Uimhirtheoiric, Anailís Chéimseatóil, Oideachas Matamaitice agus Staitisticí. D’fhoilsigh Baill Roinn na Matamaitice agus na Staitisticí 50 alt irise piarmheasúnaithe agus 22 foilseachán comhdhála in 2018 agus bhain beirt mhac léinn PhD a gcéimeanna amach in 2018/19.

Fuair foireann na Roinne ceithre cinn de dhámhachtainí seachtracha i gcomhair taighde ar luach iomlán de €149,794 lena n-áirítear Dámhachtain Chlár Discover SFI ‘The Irish Mathematical Trust – Integration of mathematics Outreach’ atá dírithe ar dhaoine óga idir naoi agus ocht mbliana déag d’aois agus a chuirfidh córas casta comhtháite gníomhaíochtaí ar fáil chun spéis agus díograis a chothú i leith na matamaitice. Tá an roinn rannpháirteach le meánscoileanna agus ag obair i gcomhar le cúig cinn d’institiúidí acadúla eile le breis agus 31 bliain agus tá dhá thionscnamh ar leibhéal náisiúnta beartaithe aici, Ciorcail Mhatamaitice agus Saibhriú na Matamaitice Sóisearaí agus tá an tríú sraith beartaithe chun rannpháirtíocht an phobail i ngné chruithaitheach na matamaitice a spreagadh.

ROINN NA SÍCEOLAÍOCHTA


Roinn atá an-ghníomhach i gcúrsaí taighde is ea Roinn na Síceolaíochta agus tá seasamh láidir aici i dtaca le foilsíú taighde agus aschuir eile. Tá an taighde ag croílár gach rud a dhéanann an roinn. I mbliain féilire 2018, d’fhoilsigh baill na roinne 82 alt phiarmheasúnaithe in irisí idirnáisiúnta, ráta iontach táirgiúlachta i gcúrsaí taighde i roinn atá fós beag nó meánach i dtéarmaí idirnáisiúnta.

Foilsíodh taighde a d’fhoilsigh baill Roinn na Síceolaíochta i gcuid de na hirisí Síceolaíochta agus Idirdhisciplíneacha is airde rangú. Mar shampla, foilsíodh saothar in Clinical Psychological Science, British Medical Journal, Psycho-Oncology agus The Cochrane Database of Systematic Reviews.

Tá ardtionchar ag an taighde atá foilsithe ag Roinn na Síceolaíochta. Le linn na tréimhse 2016-2019, tá innéacs lua atá ualaithe de réir réimse de 1.56 ag an taighde atá foilsithe againn; rud a léiríonn go luaitear ár gcuid taighde 26% níos minice ná na gnásanna domhanda sa disciplín do na réimsí a bhfoilsimid iontu. De réir Sci-Val, is é sin an t-innéacs lua atá ualaithe de réimse is airde d’aon roinn síceolaíochta in Éirinn. Sa tréimhse chéanna, luadh ár gcuid taighde 1,626 uair. Tá 18.7% dár n-aschur taighde i measc an 10% de na foilseacháin is mó lua ar domhan; bhí 28.6% de na foilseacháin sa tréimhse sin sa 10% uachtair d’irisí rangaithe de réir luanna. Tá ár saothar taighde an-idirnáisiúnta. Le linn na tréimhse 2016-2019, bhí baint ag comhúdair/ comhoibrithe idirnáisiúnta le 70.9% dár saothar foilsithe.

BUAICPHOINTÍ DÁIMHE DÁMH NA HEOLAÍOCHTA AGUS NA HINNEALTÓIREACHTA

D'fhoilsigh baill Roinn na Síceolaíochta dhá mhórleabhar in 2018. Mór-théacsleabhar ina gclúdaítear réimse ábhar sa néareolaíocht iompraíochta is ea "Behavioural Neuroscience" leis an Dr Séan Commins, a d'fhoilsigh Cló Ollscoil Cambridge. In "Why Science Needs Art: From Historical to Modern Day Perspectives" leis an Dr Richard Roche, an Dr Séan Commins agus céimí PhD na roinne, an Dr Francesca Farina, déantar iniúchadh ar an ngaol atá idir an dá réimse seo ar cosúil go bhfuil siad deighilte. Agus machnamh á dhéanamh ar an am ar samhlaíodh an ealaín agus an eolaíocht mar ghníomhaíochtaí doscartha, siombóiseacha, déantar plé sa leabhar ar an mbealach a raibh siad mar bhonn eolais ag a chéile agus iad ag dul i gcion ar a chéile agus an chaoi a bhfuil athrú iomlán tagtha ar dhearcadh an phobail ar an ngaol idir na disciplíní sin.



Bhí rath suntasach ar Roinn na Síceolaíochta maidir le méideanna suntasacha de mhaoiniú seachtrach taighde a mhealladh. I mí Mheán Fómhair 2019, bhí maoiniú beo de €10.9 milliún gníomhach i Roinn na Síceolaíochta. In 2018, threoraigh Roinn na Síceolaíochta 36 iarratas i gcomhair maoiniú taighde de bhreis agus €11.5 milliún, lena n-áirítear an t-iarratas chuig Fís 2020 ó thionscadal chuibhreas SHAPES, a threoraigh an tOllamh Marc MacLachlan agus an Dr Michael Cooke. Sa bhreis air sin (agus gan é áirithe san fhigiúr príomha), bhí an Dr Desmond ina phríomhiarratasóir de chuid Ollscoil Mhá Nuad agus ina chomh-phríomhthaidheoir don iarratas rathúil a rinne Lárionad ADVANCE um Oiliúint Taighde chuig Fondúireacht Eolaíocht Éireann, tionscnamh ag a bhfuil buiséad iomlán de €13 milliún agus a chuirfidh oiliúint ar 120 scoláire PhD sna blianta seo amach romham. Bhain Roinn na Síceolaíochta maoiniú nua de €6.7 milliún amach in 2018/19. Sa tréimhse ón 1 Eanáir 2016 go dtí an 31 Nollaig 2018, ba é an meánmaoiniú taighde a bhí ag ball den fhoireann acadúil ná €587,000; tá an figiúr sin ceithre huairte níos airde ná an meánmaoiniú in aghaidh gach ball den fhoireann acadúil Ollscoile i gcoibhéis lánaimseartha.

Tá tiomantas láidir ag an Roinn maidir le maoirseacht agus meantóireacht a dhéanamh ar mhic léinn taighde dochtúireachta agus ar thaighdeoirí iardhochtúireachta. Sa bhliain acadúil 2018/19, bhí 33 mac léinn taighde cláraithe i Roinn na Síceolaíochta. Is ionann sin agus ráta maoirsithe de 2.1 mac léinn taighde in aghaidh gach baill den fhoireann acadúil. Rinne an Roinn óstáil freisin ar 12 chomhpháirtí agus comhalta taighde in 2018/19.

Tugadh clúdach suntasach sna meáin náisiúnta agus idirnáisiúnta

don taighde a bhí ar siúl ag baill Roinn na Síceolaíochta in 2018/19. Rinne an Dr Brenda O'Connell cur i láthair in éineacht leis an Ollamh Niall Moylan ar Growing Up Live ar RTÉ maidir leis an mbealach a ndéanaimid forbairt in ár gcuid 20idí, ag díriú ar a bhfuil le rá ag an eolaíocht linn maidir le sonas ag an staid sin den saol. Bhí saothar an Dr Michael Daly i dtaca le féinrialú agus Sláinte agus Folláine le feiceáil san Irish Times. Bhí saothar an Dr Bryan Roche i dtaca le hintleacht le feiceáil san Irish Times. Tugadh clúdach suntasach sna meáin náisiúnta do shaothar an Ollaimh Sinéad McGilloway ar thionscadal PRIMERA maidir le hidirghabháil teaghlach nuair atá deacrachtaí suntasacha meabhairshláinte ag tuismitheoir. Clúdaíodh saothar an Ollaimh Andrew Coogan maidir le codladh agus diaibéiteas chineál 2 ar fud an domhain trí Reuters, agus tugadh clúdach dá thuairim shaineolaíoch maidir leis an díospóireacht ar am coigilte sholas an lae i roinnt de na meáin.

MÓR-BHUAICPHOINTÍ TAIGHDE 2018/19



An Dr Deirdre Desmond

Threoraigh an Dr Deirdre Desmond comhpháirt Ollscoil Mhá Nuad, agus tá sí ina comh-phríomhthaidheoir ar an iarratas rathúil chuig Fondúireacht Eolaíochta Éireann don Oiliúint Taighde in Ardliónraí do Shochaithe Inbhuanaithe (ADVANCE), lárionad oiliúna dochtúireachta a bhfuil 14 mhaoriseoir taighde ann faoi láthair. Tagann a chuid maoirseoirí ó dhisciplíní STEM agus Eolaíochtaí Sóisialta, lena n-áirítear Síceolaíocht, Innealtóireacht Leictreonach, Institiúid Hamilton, Dí, Matamaitic agus Staitisticí, agus an tSocheolaíocht. Tá sé mar aidhm ag an mórthionscnamh seo aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis an dul chun cinn i gcumas teicneolaíochta a bheith ag bogadh chun tosaigh i gcónaí ar an tuiscint atá againn ar an tábhacht phearsanta agus shóisialta a bhaineann le forbairtí den sórt sin agus na creatáil eiticíúla, dlíthiúla agus beartais chun a n-úsáid a rialú. Tá sé mar fhís ag an lárionad oiliúint a chur ar an gcéad ghlúin eile de thaighdeoirí a mbeidh réitigh á lorg acu ar na dúshláin theicniúla agus shochoíocha a bhaineann le nascacht idir líon mór daoine agus rudaí.

Seoladh príomhthorthaí chlár ENRICH, a bhí á stiúradh ag an Ollamh Sinéad McGilloway agus ag an Lárionad don Mheabhairshláinte agus don Taighde Pobail, i mí Mheán Fómhair 2019. Bhí iniúchadh taighde cúig bliana i gceist leis an gclár ENRICH, ina ndearnadh staidéar ar sheirbhís nua dar teideal Upto2/Parent and Baby, clár ina ndéantar mórán tacaíochtaí éagsúla do

BUAICPHOINTÍ DÁIMHE DÁMH NA HEOLAÍOCHTA AGUS NA HINNEALTÓIREACHTA

tuismitheoireacht a chomhcheangal agus a bhaineann le sláinte agus le hoideachas agus a ndearnadh iad a sholáthar do bheagnach 400 tuismitheoir in Iarthar Bhaile Átha Cliath agus i gContae Lú agus do leanaí dá gcuid a bhí idir 0 agus 2 bhliain d'aois. Fuarthas amach sa taighde, a bhí á mhaoiniú ag an mBord Taighde Sláinte, gur éirigh na tuismitheoirí ar soláthraíodh an clár dóibh níos muiníní agus níos sásta ina ról agus gur ghlac siad stíleanna níos tuisceanaí agus níos réamhghníomhaí chucu féin agus iad ag bainistiú a gcuid naíonán óg. Bhí na buntáistí sin coinnithe acu freisin tar éis dhá bhliain. Bhí na tuismitheoirí an-sásta leis an gclár. Tarraingítear aird sa taighde ar an gcás atá ann chun tuilleadh tacaíochtaí tuismitheoireachta a chur ar fáil sna luathbhlianta; go deimhin thug an Fóram Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialta le fios go raibh toradh ar infheistíocht de €4-€7 in aghaidh gach €1 a infheistíodh i gceist leis seo. Chomh maith leis sin, sholáthair an taighde seo sampla den bhealach ar féidir le taighdeoirí ollscoile oibriú go rathúil le comhpháirtithe iomadúla sa phobal, ar a n-áirítear, sa chás seo, Archways, Lárionad Tacaíochta Teaghlaigh Deansrath, Tionscnamh Phobal Chluain Dolcáin um Maireachtáil Fholláin, Lárionad Acmhainne Teaghlaigh Connect agus clár Genesis.

Threoraigh an tOllamh MacLachlan agus an Dr Michael Cooke as Roinn na Síceolaíochta agus Institiúid ALL an t-iaratas rathúil ar mhaoiniú do mhórchuibhreas chuig FÍS 2020 de chuid an Aontais Eorpach. Beidh an tionscadal dar teideal Aosú Cliste agus Sláintiúil trí Dhaoine a bheith Rannpháirteach i gCórais Tacaíochta (SHAPES), ar siúl ar feadh ceithre bliana agus tá sé mar aidhm aige bealaí a aimsiú chun cuidiú le daoine atá ag dul in aois san Eoraip maireachtáil go gníomhach sa bhaile ina bpobail féin le tacaíocht ó theicneolaíocht um maireachtáil chuidithe. San Eoraip agus in áiteanna eile, tá meánaois an daonra ag fás de bharr rochtain níos fearr ar chúram sláinte. Mar thoradh air sin, tá an pobal i mbaol níos mó ó lagú cognaíoch, laige agus ó mhórán riochtaí sláinte ainsealacha. Féadann siad sin droch-thionchar a bheith acu ar neamhspleáchas agus ar chaidreamh beatha daoine breacaosta agus ar inbhuanaitheacht na gcóras sláinte agus cúraim. Tá sé mar aidhm ag SHAPES úsáid fhorleathan na teicneolaíochta comhtháite a bhaint amach chun neamhspleáchas agus caighdeán beatha níos fearr a chur ar fáil do dhaoine breacaosta. Is tionscadal taighde Eorpach é seo ar fiú €21m é agus ina bhfuil 36 comhpháirtí as 14 thír agus is é an deontas is mó riamh é do thaighde cúraim sláinte atá á threorú ag institiúid de chuid na hÉireann. Tá maoiniú de €2.8 milliún ar fáil do chomhpháirt Ollscoil Mhá Nuad den tionscadal. Is é seo an chéad deontas creata cuibhreasais de chuid an Aontais Eorpach atá á chomhordú ag Ollscoil Mhá Nuad.

Rinne roinnt ball foirne ón Roinn agus ó Institiúid ALL rannchuidithe tábhachtacha le comhairliúchán GREAT 2019 de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte a tionóladh sa Ghinév, imeacht a thug acadóirí, cleachtóirí, lucht déanta beartas, agus úsáideoirí na teicneolaíochta cunta le chéile chun treoir a thabhairt maidir le forbairt an ábhair sa Tuarascáil Dhomhanda ar rochtain Éifeachtach ar Theicneolaíocht Chúnta.

Bhí Roinn na Síceolaíochta bródúil gurbh í a d'óstáil an Psychology, Health and Medicine Conference faoi chathaoirleacht an Dr Laura Coffey. Tá an ceiliúradh bliantúil seo ar shíceolaíocht na

sláinte ar oileán na hÉireann ar an bhfód anois le sé bliana déag, agus is tionscadal i gcomhar é a bhfuil an-rath air idir Rannóga na Síceolaíochta Sláinte i gCumann Síceolaithe Éireann agus Craobh Thuaisceart Éireann de Chumann Síceolaithe na Breataine. D'fhreastail breis agus 120 teachta as Éirinn agus as áiteanna níos faide i gcéin ar an gcomhdháil, agus ionadaíocht ann ó réimse leathan d'institiúidí ardoideachais, eagraíochta cúraim sláinte agus soláthraithe seirbhísí. Bhí sceideal na comhdhála an-lán, lena n-áirítear 30 cur i láthair ó bhéal agus 54 cur i láthair ar phóstaer inar cuireadh réimse éagsúil de thaighde nuálach ar ardchaidreamh ar taispeánt ag comhéadan na síceolaíochta, na sláinte agus na míochaine, agus triúr príomhchainteoirí a bhfuil cáil idirnáisiúnta orthu i láthair – Marie Ennis-O'Connor, Uasal, tacadóir othar agus saineolaí sna meáin shóisialta a bhaineann le cúram sláinte, an tOllamh Claire Foster, Ollamh le hOinceolaíocht Shíceashóisialta agus Stiúrthóir ar Ghrúpa Taighde Marthanais Macmillan in Ollscoil Southampton; agus an tOllamh Carsten Wrosch, Cathaoir Thaighde ar Aosú agus ar Shláinte agus Ollamh le Síceolaíocht ag Ollscoil Concordia, Montréal, Ceanada.

Chomh maith le cuid de na buaicphointí taighde a ndearnadh cur síos orthu níos luaithe agus a bhfuil comhpháirteanna rannpháirtíochta láidre ag baint leo, seo a leanas samplaí eile den taighde rannpháirtíochta ar thug baill d'fhoireann na roinne faoi in 2018/19:

Lean an tOllamh Andrew Coogan lena chuid oibre i gcomhar leis an Lárionad Diaibéitis ag Ospidéal Bhaile Bhlainséir, agus iniúchadh á dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann le codladh chun bainistiú a dhéanamh ar dhiaibéiteas chineál 2. Sa bhreis air sin, chuir sé tuarascáil faoi bhráid Chumann Ionadaíochta an Gharda Síochána maidir le taithí ar uainchláir dhualgais sa Gharda Síochána, agus an dearcadh ina leith sin. Rinneadh suirbhé ar bheagnach 5,000 gnáthbhall den Gharda Síochána chun bonn eolais a chur faoi athchóirithe ar chleachtas oibre sa Gharda Síochána amach anseo.



An Dr Philip Hyland

Cheap an Comhar Domhanda um Strus Trámach an Dr Philip Hyland chun tionscadal ar a dtugtar 'G-Stress' a threorú chun rátaí leitheadúlachta domhanda na neamhord a bhfuil baint faoi leith

BUAICPHOINTÍ DÁIMHE DÁMH NA HEOLAÍOCHTA AGUS NA HINNEALTÓIREACHTA

ag strus leo a chinneadh (www.global-psychotrauma.net/). Bhí an Dr Hyland ina chainteoir ar chuireadh ag comhdháil sa Ríocht Aontaithe do Rannóg Síceolaíochta Tubaiste agus Tráma Chumann Síceolaíochta na Breataine ar PTSD casta. Chomh maith leis sin, bhunaigh an Dr Hyland comhoibriú foirmiúil taighde le lárionad Keltoi FSS d'athshlánú drugaí, Merchants Quay Ireland, CBM Ireland, Ospidéal Uppsala, agus Roinn na mBan i gCathair Vín do chlár taighde rannpháirtíochta.

Bhí an Dr Rebecca Maguire rannpháirteach in Ardán Scéalróise Iolraí na hEorpa (EMSP) ar thionscadal a ceapadh chun freastal ar riachtanais chúramóirí MS pédiatrach. Bronnadh áit ar chlár oideachais IPPOSI (An tArdán Éireannach um Eagraíochtaí Othar, Eolaíocht agus Tionsclaíocht) ar an Dr Maguire freisin, clár a bhí ar siúl le linn 2019. Mar thoradh air sin, tá feacht níos fearr ar thuiscintí agus ar an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht othar agus an phobail i dtaighde (PPI) agus tá an t-eolas sin á úsáid chun rannchuidiú le grúpa oibre Ollscoil Mhá Nuad um Rannpháirtíocht Othar Poiblí, grúpa a cruthaíodh le déanaí.

Déanann an tOllamh Sinéad McGilloway maoirseacht ar an tionscadal dar teideal “More than a Selfie” atá á mhaoiniú ag an gComhairle um Thaighde in Éirinn, píosa taighde atá bunaithe ar fhostaíocht i gcomhar le Bodywhys (www.bodywhys.ie). Déantar iniúchadh sa tionscadal ar an tionchar atá ag na meáin shóisialta ar íomhá coirp agus ar fhéinmheas i measc páistí meánscoile, agus tá idirghabháil á forbairt agus á meas ag an bhfoireann atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar cheisteanna a bhaineann leis na meáin shóisialta i ndaoine óga. Rinne foireann PRIMERA an Ollaimh McGilloway óstáil ar ‘Shlóghadh Cainte Teaghlaigh’ agus ar ‘Mháistir-rang Cainte Teaghlaigh’ in 2018 agus 2019, dhá imeacht rannpháirtíochta agus oiliúna ar fhreastail i bhfad os cionn 100 clínicéoir AMHS agus CAMHS ó áiteanna ar fud na tíre orthu, agus a raibh úsáideoirí seirbhísí páirteach iontu.

Treoraíonn an Dr Unai Diaz-Orueta comhpháirt Ollscoil Mhá Nuad de chuibhreas CAPTAIN. Is tionscadal é CAPTAIN (Cúntóir Cóitseála trí Chomhdáil Fortheilgthe agus Intadhaill) atá á mhaoiniú ag H2020 AE agus a bhaineann feidhm as teicneolaíocht nuálach ‘trédhearcach’ a ceapadh chun ‘Cúntóir cóitseála’ uiléalaithe pearsantaithe a dhéanamh d’áit chónaithe an duine bhreacaosta agus é sin deartha chun cúiteamh a dhéanamh de bharr laigí fisiciúla agus cognaíoch a thagann chun cinn sa ghnáthshaol. Déanann an tionscadal seo an úsáid a bhaintear as réaltacht bhreithe fhortheilgthe, teicneolaíochtaí braiteacha 3T, anailís ghutha, anailísíú neamhionrach ar shonraí fiseolaíochta agus mothúchánacha (e.g. mionghothaí gnúise agus staidiúir choirp) chun cóitseáil chomhthéacsaithe (e.g. a dhéantar a fhortheilgean go díreach ar an saol réadúil) agus cóitseáil phearsantaithe do dhaoine fásta breacaosta atá ina gcónaí sa bhaile. Cuimsíonn an cuibhreas foireann ildisciplíneach ina bhfuil inniúlacht

theicneolaíochta, eolaíochta, ghnó, chliniciúil, eacnamaíochta agus inniúlacht ag leibhéal beartais ar fud líon de chomhlachtaí agus d’fhiontair phoiblí.

Threoraigh an Dr Richard Roche Tionscnamh Recall, tionscadal dhá bhliain de chuid IRC New Horizons (ar tugadh tionscadal SEAN-Key air i dtús báire) agus a rinne iniúchadh ar na dea-thionchair a d’fhéadfadh a bheith ag clár sé seachtaine de chuimhneamh threoraithe, leath-struchtúrtha, grúpabhunaithe (ar a dtugtar Teiripe Chuimhneamh) ar bhearta cognaíochta agus síceolaíochta. Reáchtáladh an clár le grúpaí de dhaoine fásta breacaosta a bhí ina gcónaí sa phobal ar fud ceithre cinn de shuíomhanna (Má Nuad, Tamhlacht, Sord, lár na cathrach), agus le grúpa daoine ar diagnósíodh go raibh néaltrú orthu in Ospidéal Peamount. Rinneadh taifid fuaimne d’ábhar na seisiún seachtainiúil a uaslódáil ar chuid ainmnithe de Stór Digiteach na hÉireann, áit ar féidir le rannpháirtithe agus le taighdeoirí an t-ábhar cáilíochtúil a chuardach agus staidéar a dhéanamh air. Bhí roinnt comharthaí ann gur bhain an grúpa a raibh néaltrú orthu tairbhe áirithe as an idirghabháil Chuimhne agus gur tháinig feabhas beag ar ghnéithe den chuimhne dhírbheathaisnéiseach, agus gur bhain rannpháirtí le hAimnéise Eipeasóideach Neamhbhuan tairbhí den chineál céanna as. Bhí an tionscnamh ag brath go mór ar rannpháirtíocht an phobail áitiúil agus ar rannpháirtíocht fiontair (e.g. na leabharlanna poiblí áitiúla), agus bhí gné láidir de Rannpháirtíocht Othar Poiblí ag baint leis. Beidh ábhar ó na taifid mar bhonn le Taispeántas Léargas go luath in 2020.

ROINN NA FISICE TEORICIÚLA

Tá seisear ar an bhfoireann acadúil i Roinn na Fisice Teoiriciúla agus d’fhoilsigh siad 12 alt in irisí piarmheasúnaithe agus trí cinn d’imeachtaí comhdhála piarmheasúnaithe in 2018. D’éirigh go han-mhaith leis an Roinn i mbabhta 18/19 den chlár iomaíoch de chuid Rialtas na hÉireann maidir le clár scoláireachta iarchéime ón gComhairle um Thaighde in Éirinn agus baineadh amach dhá scoláireacht PhD agus an dá cheann acu faoi mhaoirseacht an Dr Masud Haque. Cuimseoidh clár taighde na mac léinn taighde ar ábhar candaim ag teacht i dtreo anoird agus dinimic chandaim na gcóras ilréad bósóin. Ina theannta sin, bhain beirt mhac léinn PhD a gcuid céimeanna amach in 18/19.

COSMEOLAÍOCHT AGUS RÉALTFHISIC

Baineann an chuid is mó d’obair an Ollaimh Peter Coles leis an gcosmeolaíocht staitistiúil, agus béim faoi leith ar struchtúr mórcála na Cruinne agus cúlra micreathonnach an Chosmais. Sa tréimhse atá clúdaithe sa tuarascáil seo, bhí a chuid oibre dírithe den chuid ba mhó ar mhodhanna chun anailís a dhéanamh ar thacair sonraí ábhartha a fhorbairt agus a thástáil (leo féin nó le chéile).

Dírítear go sonrach san obair sin ar ullmhúchán do mhisean Euclid Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa, atá le seoladh thart ar 2020

BUAICPHOINTÍ DÁIMHE DÁMH NA HEOLAÍOCHTA AGUS NA HINNEALTÓIREACHTA

agus a mbainfear feidhm as chun cineál damhna dorcha, fuinnimh dhorcha agus céimseata na Cruinne agus í ag leathnú a thóraíocht. Tá an tOllamh Coles ina bhall iomlán de Chuibhreas Euclid agus tá sé sa Ghrúpa Oibre um Braislíú Réaltraí atá ag ullmhú modhanna anailíse faoi láthair chun leas a bhaint as na sonraí suirbhé a thiocfaidh chun cinn. De bharr go bhfuil Má Nuad rannpháirteach i saothrú eolaíochta mhisean Euclid tá deis uathúil ag an Roinn, i dtaca le taighde agus i dtaca leis an gcumas ollmhór a bhaineann leis maidir le for-rochtain agus cumarsáid eolaíochta.

I dtús mhí na Bealtaine 2019, bhí roinnt mórimeachtaí for-rochtana ar siúl bunaithe ar chomóradh céad bliain ar Thuras Taiscéalaíochta Eclipse in 1919 ina ndearnadh sraonadh imtharraingteach an tsolais ag an nGrian a thomhas agus ar an mbealach sin teoiric ghinearálta na coibhneasta de réir Einstein a thástáil. Ina measc sin bhí cainteanna poiblí a thug an tOllamh Coles in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe, agallamh le Pat Kenny ar Newstalk Radio, agus píosa do RTÉ Brainstorm.



Seoladh an Open Journal of Astrophysics, iris Rochtana Oscailte arna foilsíú ag Foilsitheoireacht Acadúil Mhá Nuad

Ina theannta sin, tá an tOllamh Coles freagrach as mórthionscnamh nua san fhoilsitheoireacht eolaíochta in Ollscoil Mhá Nuad agus The Open Journal of Astrophysics, á seoladh, iris Rochtana Oscailte ar líne arna foilsíú ag Foilsitheoireacht Acadúil Mhá Nuad, iris a bhfuil roinnt páipéar eolaíochta a bhfuil próifíl ard acu agus iad luaite go minic meallta aici.

COIBHEASCHT GHINEARÁLTA AGUS TEOIRIC RÉIMSE

Le linn na tréimhse atá clúdaithe sa tuarascáil seo, lean an tOllamh Brian Dolan de bheith ag obair ar:

- > Theirmidinimic Dhúpholl i gCoibhneasacht Ghinearálta leathchlasaiceach.
- > Teoiric réimse chandamach coibhneasaíoch i múnlaí fisice cáithníní.
- > Céimseata neamhchómhalartach i dteoiric réimse.
- > Teoiric an chandamréimse i gcórais damhna comhdhlúite, go háirithe i gcomhthéacs siméadrachtaí infridhearga éiritheacha in iarmhairt chandamach Hall.

Tá aird an-suntasach tarraingthe ag an bpobal idirnáisiúnta ar shaothar an Ollaimh Dolan maidir le teirmidinimic dhúpholl, go háirithe nuair a thugtar le tuiscint go nglacann an tairiseach cosmeolaíoch sa chothromóid staide do dhúphoill i spás-am atá frith de Sitter nó de Sitter go hasamtóiteach ról mar bhrú teirmidinimíúil a dtugann a athróga teirmidinimíúla comhchuingeacha brí dho-athraitheach do thoirt an dúphoill. Tá breis agus 120 lua faighte ag ceann de na páipéir ar an ábhar seo cheana féin (google scholar).

DINIMIC CHANDAIM I BHFAD ÓN GCOTHROMAÍOCHT

Chlúdaigh saothar an Dr Haque le gairid iad seo a leanas:

- > Feiniméin Forleata agus scaipeadh i Laitísí Chandaim
- > Teirmiú agus dinimic shocraíochta
- > Ról na hinsuimeálachta i bhfeiniméan dinimiciúil

Chomh maith le próifíl láidir a bheith aige san fhisic neamhchothromaíochta tá an Dr Haque tar éis rannchuidiú go suntasach le teoiric na fisice ilcháithníní i ngáis cheaptha adamhacha léasar-fhuaraithe agus feidhmiú coincheapa faisnéise candaim (bearta aimhréidhe) ar fheiniméin ábhair chomhdhlúite, amhail ordú toipeolaíoch.

TEOIRIC CHANDAMRÉIMSE NEAMHCHORRAÍOLA

Tá siad seo a leanas clúdaithe ag taighde an Dr Jonivar Skullerud sna réimsí sin:

- > Réimsetheoiric Chandamach neamhchorraíola, go háirithe tomhasteoiric laitíse.
- > Crómaidinimic Chandamach (QCD) ag teocht agus ag dlús ard, agus feiniméaneolaíocht tuairteanna ian trom.
- > Fadhb a bhaineann le gaibhníú datha; feidhmeanna comhchoibhnis cuairc agus gluóin.
- > Infeireas Bayesach agus modhanna chun fadhbanna inbhéarta a réiteach.

Tá an Dr Skullerud ina phríomhbhall de chomhar FASTSUM ina bhfuil taighdeoirí as Flórans, Sejong (an Chóire) Swansea, agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath chomh maith le Má Nuad. Tá an comhar dírithe ar staidéar a dhéanamh ar phlasma cuairc-gluóin ag úsáid QCD laitíse ainiseatrópach. Buaicphointe i dtréimhse an athbhreithnithe ba ea an chéad ríomh ar sheoltacht leictreach in QCD os cionn agus faoi bhun dí-ghaibhníúchán thrasach; tá breis agus 200 lua faighte ag an dá fhoilseachán go dtí seo.

BUAICPHOINTÍ DÁIMHE DÁMH NA HEOLAÍOCHTA AGUS NA HINNEALTÓIREACHTA

FEINIMÉIN THOPEOLAÍOCHA I BHFISIC ÁBHAIR CHOMHDHLÚITE AGUS A BHFIDHMIÚ AR RÍOMH TOIPICEOLAÍOCH CANDAMACH

Bhí taighde an Dr Joost Slingerland sna réimsí sin dírithe orthu seo a leanas:

- > Teoiric Réimse Thoipeolaíoch.
- > Múnlaí laitíse a réadaíonn oird thoipeolaíoch le Hamiltónaigh áitiúla.
- > Córais chodánacha chandamacha Hall agus córais ghaolmhara láidre chomhghaolaithe le hord toipeolaíoch neamh-bheagbhríoch.
- > Dinimic córas le faisnéis chandamach, thoipeolaíoch, stóráilte, go háirithe sreanga candamach le modhanna toipeolaíoch a imill.

Le linn na tréimhse atá clúdaithe sa tuarascáil seo, d'fhorbair grúpa an Dr Slingerland roinnt modhanna chun staidéar a dhéanamh ar thonnfheidhmeanna trialacha i gcórais chandamacha Hall agus a n-airíonna aimhréidhe. Thugamar tonnfeidhmeanna trialacha nua isteach freisin a d'fhéadfadh cur síos a dhéanamh ar chórais áirithe Hall ar laitísí. Bhíomar i measc na chéad dreamanna a rinne múchadh candamach a bhreithniú i gcórais atá in ord thoipeolaíoch.

TEOIRICÍ CANDAMRÉIMSE THOPEOLAÍOCHA

Chlúdaigh saothar Dr Vala sa réimse seo ábhair amhail:

- > Céimeanna toipeolaíoch a múnlaí laitíse agus i gcórais ábhair chomhdhlúite.
- > Ríomh candamach toipeolaíoch agus gnásúil.
- > Rialú Candamach agus algartaim.
- > Teoiric na gcóras candamach oscailte agus ceartú earráide candamaí.

Rinne grúpa an Dr Vala iniúchadh ar réadú teoiricí candamréimse toipeolaíoch a múnlaí laitíse candamaí déthoisí agus feidhmiú na gcóras sin maidir le próiseáil a dhéanamh ar fhaisnéis thoipeolaíoch chandamach. Go sonrath, tá réiteach ar mhúnla criathair Kitaev forbartha ar iolracháin le fabhtanna asáitithe bunaithe ar fhermianú Jordan-Wigner. Creidimid go gcuimsíonn na córais seo réadú ar theoiricí candamréimse toipeolaíoch breisithe. Chomh maith leis sin, rinne an grúpa an teoiric a bhí aige roimhe seo maidir leis an réiteach ar mhúnla Kitaev ar thóras a ghinearálú chuig iolracháin a bhfuil géineas níos airde acu. Cé go bhfuil airíonna toipeolaíoch bhunstaid na gcóras seo a bhfuil géineas níos airde acu, de réir mar a bhí súil leis óna dteoiricí éifeachtacha, tá rochtain againn anois freisin ar a struchtúr bandáilte fermianach. Ina theannta sin, tá réadú ar mhúnlaí toipeolaíoch laitíse molta ag an ngrúpa agus feidhm á baint as líonraí nanaishreang.

Bhí forbairt a dhéanamh ar algartaim chandamacha agus ar theicnící rialaithe candamacha chun giniúint optamach a dhéanamh ar oibríochtaí ríomhaireachta candamacha i gceist san obair a rinne an grúpa ar ríomhaireacht ghnásúil chandamach. Tugadh aird ar leith ar oibríochtaí, atá ábalta staid atá in aimhréidh go huasta a chruthú as roinnt staideanna táirge, ar a dtugtar snaidhmeadóirí foirfe. Dhear an grúpa feidhmeán rialaithe i gcomhair rialú candamach optamach chun snaidhmeadóirí foirfe dhá chandamghiotán a ghiniúint agus thaispeáin siad na hairíonna inréimneachta níos fearr atá acu.

Rinne siad staidéar freisin ar na hairíonna méadracha atá ag oibríochtaí dhá chandamghiotán agus ríomh siad go hanailíseach go gcuimsíonn snaidhmeadóirí foirfe dhá chandamghiotán 84% de na hoibríochtaí dhá chandamghiotán go léir.

I mí na Nollag 2019, bhí an Dr Vala ina bhall den chuibhreannas taighde ar bronnadh €7.3 milliún air faoi Chiste Nuálaíochta an Rialtais do Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha. Déanfaidh an tionscadal Quantum Computing in Ireland: A Software Platform for Multiple Qubit Technologies, iniúchadh ar an gcumas atá acu aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna dúshlánacha i réimsí amhail seirbhísí airgeadais, lóistíocht agus aimsiú drugaí.

Cuimsíonn an cuibhreannas IBM Ireland Ltd, MasterCard Ireland, Rockley Photonics agus Equal 1 Laboratories, Ollscoil Mhá Nuad, Institiúid Náisiúnta Tyndall (Corcaigh) agus an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Is ionann agus €600,000 an leithdháileadh buiséid d'Ollscoil Mhá Nuad. Cuirfear tús leis an tionscadal in 2020 agus beidh sé ar siúl ar feadh trí bliana.

BUAICPHOINTÍ DÁIMHE DÁMH NA NEOLAÍOCHTAÍ SÓISIALTA

AN ROINN STAIDÉAR SÓISIALTA FEIDHMEACH

Léiríonn na héachtaí taighde agus na gníomhaíochtaí sa Roinn Staidéar Sóisialta in 2018-19 an réimse leathan d'ábhair spéise agus de thiomantais atá ag foireann na roinne maidir le cúrsaí acadúla, gairmiúla agus rannpháirtíocht shibhialta.

Léiríodh an ghné idirdhisciplíneach agus ildisciplíneach a bhaineann le léann na Roinne sna hirisí idirnáisiúnta piarmheasúnaithe inar foilsíodh ailt a raibh foireann na Roinne Staidéar Sóisialta mar údair nó mar chomhúdair orthu. Ina measc sin bhí Social Work Education (an Dr Niamh Flanagan), European Journal of Social Work agus an Journal of Social Work Practice (an Dr Gloria Kirwan), Geoforum (an Dr Rory Hearne), Criminology and Criminal Justice (an Dr Kathryn McGarry), Children and Youth Services Review (an tOllamh Maurice Devlin), European Societies (an Dr Niamh Flanagan). I ndiaidh páipéir léannta agus léirmheasanna a fhoilsiú san iris idirnáisiúnta Groupwork, agus comheagarthóireacht a dhéanamh ar eagrán speisialta, ceapadh an Dr Gloria Kirwan mar Eagarthóir ar an iris in 2018 mar thoradh ar chomórtas.

Rinne an Dr Ciara Bradley agus Anastasia Crickley eagarthóireacht ar eagrán speisialta den iris Practice Insights (an Cumann Idirnáisiúnta um Fhorbairt Pobail) agus bhain siad leas as ábhar a cuireadh ar fáil don Chomhdháil Dhomhanda um Fhorbairt Pobail a tionóladh in Ollscoil Mhá Nuad i mí an Mheithimh 2018.

Rinne an Dr Kathryn McGarry (in éineacht le Sharron A. Fitzgerald) comheagarthóireacht ar imleabhar ceannródaíoch nua sa tsraith monagraf Rowman and Littlefield 'Global Political Economies of Gender and Sexuality' dar teideal Realising Justice for Sex Workers (Londain/ Nua-Eabhrac 2018). Tugann an leabhar scoláirí trasdisciplíneacha ó roinnt ilchríoch le chéile, agus tugtar aghaidh ann ar chlár ceartbhunaithe don dlí agus don bheartas a bhaineann le hobair ghnéis agus dá bharr sin do shaol na n-oibríthe gnéis féin.

Lean an tOllamh Maurice Devlin de bheith mar bhall den fhoireann eagarthóireachta don tsraith 'Perspectives on Youth' arna foilsiú ag Comhpháirtíocht Óige an Choimisiúin Eorpaigh agus Chomhairle na hEorpa. Ba é Young People in a Digitalised World (Strasbourg 2018) an ceathrú himleabhar sa tsraith. Baineann an téama go díreach le cuid den teagasc ar tugadh faoi sa Roinn Staidéar Sóisialta Feidhmeach, lena n-áirítear Teastas sa Chruthaitheacht Dhigiteach i Suíomhanna Óige atá an-nuálach agus a tugadh isteach in 2018 agus é á reáchtáil i gcomhpháirtíocht le Camara Education Ireland agus le Clár TechSpace agus é á stiúradh ag an Dr Hilary Tierney.



An Dr Niamh Flanagan, comheagraí ar an gComhdháil tionscnaimh Taighde Uile-Éireann um Obair Shóisialta

Mar léiriú ar an leathnú agus ar an éagsúlú a rinneadh ar chlár teagaisc agus taighde laistigh den roinn, agus go háirithe oideachas maidir le hobair shóisialta ghairmiúil a thabhairt isteach, bhí an Dr Niamh Flanagan mar chomheagraí in éineacht le comhghleacaithe i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, ar an gcéad Chomhdháil Uile Éireann um Thaighde ar Obair Shóisialta i mí Iúil 2019.

Threoraigh an fhoireann taighde agus bhí siad gníomhach i dtaighde a bhí á mhaoiniú ag an Aontas Eorpach, ar na téamaí a bhaineann leis an tseanaois agus eisiaimh sóisialta chomh maith leis an ríomh-fhoghlaim in oideachas agus oiliúint san obair don óige. Bhí an Dr Larragy ina bhall den Choiste Bainistíochta don ROSEnet COST Action (CA 15122) maidir le hEisiaimh Sóisialta na Seanaois a Laghdú: Tionscadail i gcomhar maidir le Taighde agus Polasáí. Glacann ROSEnet, a bhfuil taighdeoirí, páirtithe leasmhara i dtaca le beartas agus daoine scothaosta páirteach ann, cur chuige nua agus nuálacha maidir le táirgeadh eolais agus aistriú eolais ar fhoirmeacha iltoiseacha míbhuntáiste sa tseanaois.

Bhí an Dr Hilary Tierney ina Príomhthaighdeoir (in éineacht leis an gComh-Phríomhthaighdeoir, an tOllamh Maurice Devlin) don Youth Work e-Learning Project (YWeLP), arna mhaoiniú ag Erasmus+, tionscadal ar cuireadh críoch rathúil air le comhdháil i Má Nuad i mí Lúnasa 2019. Bhí comhoibriú le comhpháirtithe in Ollscoil Tallinn, an Eastóin; Ollscoil HUMAK na nEolaíochtaí Feidhmeacha, Heilsincí, an Fhionlainn, Ollscoil Uladh agus Ollscoil Victoria, Melbourne, an Astráil, i gceist sa tionscadal. Bhí gach institiúid ardoideachais a bhí rannpháirteach ann i gcomhpháirt freisin le heagraíocht sochaí sibhialta agus ba é Comhairle Náisiúnta na nÓg in Éirinn a bhí i gceist i gcás Mhá Nuad.

Ar bhonn níos forleithne, lean an chomhpháirtíocht dhíreach leis an tsochaí shibhialta agus leis an réimse beartais agus cleachtais de bheith mar phríomhghnéithe de léann na Roinne agus mar láidreacht ar leith atá aici.

FACULTY HIGHLIGHTS

DÁMH NA NEOLAÍOCHTAÍ SÓISIALTA

Bhí an Dr Oonagh McArdle ina ball de Choiste Riartha an Líonra Eorpaigh um Fhorbairt Pobail agus ina Leas-Chathaoirleach air. Bhí an Dr Seamus Taylor ina Chathaoirleach ar Iontaobhas na hÉireann um Athchóiriú an Chórais Choiriúil, an Eagraíocht Neamhrialtasach is mó atá chun tosaigh maidir le hathchóiriú an chórais choiriúil in Éirinn.

Bhí an tOllamh Maurice Devlin ina Stiúrthóir ar Sheirbhís Óige BeLonG To LGBTI + agus ar an gCoiste um Obair don Óige de chuid Bhoird Oideachais agus Oiliúna na hÉireann. Mar Chomhalta Bhoird de Merchants Quay Ireland, bhí an Dr Brian Melaugh páirteach i gcoiste stiúrtha a bhí ag déanamh maoirseachta ar thaighde ar shaoráid insteallta níos sábháilte chomh maith le bheith ag déanamh maoirseachta ar chur chun feidhme na saoráide, atá mar chuid den Straitéis Náisiúnta Drugaí: Dochar a Laghdú, Téarnamh a Chothú 2017-2025. Lean an Dr Joe Larragy air mar chathaoirleach bunaidh ar Champas Glas Mhá Nuad, agus mar bhuaicphointe na hoibre, baineadh an Brat Glas amach i sé cinn de réimsí in 2018-19.

Ghníomhaigh an Dr Maurice Devlin mar shainchomhairleoir do Léargas, an Ghníomhaireacht Náisiúnta um chlár mhalartaithe san Oideachas Aosach, Oideachas Scoile, Gairmoideachas agus Oiliúint agus an Óige, chun Anailís agus Monatóireacht Thaighdebhunaithe a dhéanamh ar Chlár Eorpacha don Óige (RAY), staidéar taighde ilnáisiúnta agus ilbhliantúil ina ndéantar iniúchadh ar thorthaí tairbheacha do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí atá rannpháirteach i malartú idirnáisiúnta agus idirchultúrtha. Ina theannta sin, bhí an tOllamh Devlin ina bhall den Phainéal Measúnaithe ar Report Card 2019 don Chomhaontas Cearta Leanáí, measúnú bliantúil ar dhul chun cinn an Rialtais maidir le beartais agus seirbhísí éifeachtacha agus oiriúnacha do leanáí a fhorbairt agus a fheidhmiú.

D'oibrigh an Dr Niamh Flanagan le Lárionad Pavee Point don Lucht Siúil agus do Romaigh agus leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais chun anailís staitistiúil a chur ar fáil do mheasúnú náisiúnta ar riachtanas na Romach in Éirinn.

Bhí an Dr Joe Larragy ina chomhalta den Ghrúpa Taighde ar Bheartas Pinsin (PPRG). Grúpa neamhspleách taighde ildisciplíneach is ea PPRG, a bunaíodh chun taighde a dhéanamh ar chórais pinsin phoiblí agus phríobháideacha na hÉireann. Tá an grúpa dírithe go príomha ar athchóiriú a dhéanamh ar chóras pinsin na hÉireann, ar na costais agus ar dháileadh na bhfaoiseamh cánach a bhaineann le pinsin agus ar éifeachtúlacht an chórais pinsin maidir le hioncam a sholáthar do dhaoine scothaosta agus iad ar scor. Bhí an Dr Larragy ina Phríomhthaighdeoir freisin ar thionscadal ina ndearnadh ríomhaire táibléid nua do dhaoine breacaosta a mheas, agus a réachtáladh i gcomhar le hAosbhá Éireann.



An Dr Séamus Taylor, ball de ghrúpa saineolaithe na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le Buiséadú Comhionannais

Bhí an Dr Séamus Taylor ina bhall de ghrúpa saineolaithe na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le Buiséadú Comhionannais, a raibh sé mar aidhm aige 'an próiseas um dhíonadh buiséad agus beartas a fhorbairt mar bhealach chun comhionannas a chur chun cinn'. Is é an Dr Taylor an t-aon bhall den ghrúpa a thagann ó Institiúid ardoideachais. Lean an Dr Taylor freisin dá chuid oibre mar bhall den Windrush Lessons Learned Review, a bhunaigh Rúnaí Baile na Ríochta Aontaithe chun na ceachtanna atá le foghlaim ón mbealach ar caitheadh le himircigh ghlúin Windrush ó Mhuir Cairib chuig an mBreatain a aithint.

Bhí an Dr Rory Hearne ina bhall de Ghrúpa Stiúrtha an ghrúpa tacaíochta um chearta tithíochta, Home for Good, a raibh Lárionad Dlí na Trócaire, Barnardos agus Clanna Síomóin na hÉireann páirteach ann freisin. Bhí an Dr Hearne gníomhach ag scaipeadh torthaí a chuid taighde agus a chuid anailíse ar thithíocht agus ar ghnéithe eile den bheartas poiblí, den pholaitíocht agus den eacnamaíocht trí ábhar a chur ar fáil go rialta do na meáin ar líne (lena n-áirítear an podchraoladh Reboot Republic) agus do nuachtáin náisiúnta agus don raidió. Ar an 14 Samhain 2018, chuir sé torthaí a chuid taighde ar Chomh-pháirtíochtaí Príobháideacha Phoiblí, Nualíobrálachas agus Tithíocht i láthair an Chomhchoiste Oireachtais um Thithíocht, Pleanáil agus Rialtas Áitiúil.

SCOIL AN GHNÓ

Bhí 31 ball ar an bhfoireann acadúil i scoil an ghnó in 2018/19. In 2018, d'fhoilsigh dámh na scoile 19 n-alt piarmheasúnaithe, 1 leabhar a scríobhadh, 1 leabhar a cuireadh in eagar, 4 chaibidil leabhair, 9 bhfoilseachán comhdhála agus 3 thuarascáil. Chuir an dámh 57 páipéar i láthair ag mórchomhdhála idirnáisiúnta.

I réimse an ghnó agus na bainistíochta, cuireann Treoir Irisí Acadúla Chumann Cairte na Scoileanna Gnó (ABS) tagarmharc idirnáisiúnta mór le rá ar fáil maidir le raon agus caighdeán na n-irisí ina bhfoilsíonn acadúirí gnó agus bainistíochta a gcuid taighde. Rangaítear 1400 iris mar 4*, 4, 3, 2 nó 1, agus ní thugtar 4* ach

BUAICPHOINTÍ DÁIMHE DÁMH NA NEOLAÍOCHTAÍ SÓISIALTA

amháin do 33 iris mór le rá, ar irisí iad a aithnítear ar fud an domhain mar eiseamláirí den chaighdeán is airde ar fad (an 2.4% is airde). Foilsíonn irisí ABS 4 (an 6% is airde) an taighde is úrnua agus is fearr atá curtha i gcrích agus de ghnáth cuirtear mórchuid taighde faoina mbráid ach ní ghlactar ach le beagán de. Is táscaire eile ar bharr feabhais taighde, a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta aige i réimse an ghnó agus na bainistíochta, é liosta irisí an Financial Times 50 (FT50), a chuimsíonn 50 iris sa réimse a meastar iad a bheith ar ardchaighdeán.

In 2018, foilsíodh 15 as na 19 alt irise piarmheasúnaithe ó Scoil an Ghnó in irisí a bhfuil rangú ABS acu, agus foilsíodh ceann díobh sin in iris ABS 4*, ceann in iris ABS 4 agus 6 in irisí ABS 3. Foilsíodh 2 cheann díobh sin in irisí FT50. Mar achoimre, bhí 42% de na hailt irise go léir a d'fhoilsigh Scoil an Ghnó le feiceáil in irisí a rangáitear mar irisí a fhoilsíonn taighde atá bunúsach agus a cuireadh i gcrích go héifeachtach (ABS 3, 4 agus 4*) agus bhí 11% le feiceáil i bhfoilseacháin a fhoilsíonn an taighde is bunúla agus is fearr a cuireadh i gcrích sa réimse (ABS 4 agus 4*, agus FT50). Is iad na páipéir ABS 4 agus 4* agus FT50 sin ná:

- > McNamara, P., Pazzaglia, F. agus Sonpar, K. (2018) 'Large-Scale Events as Catalysts for Creating Mutual Dependence Between Social Ventures and Resource Providers'. *Journal of Management*, 44 (2):470-500 (ABS 4*, FT50).
- > Mountford N., Geiger S. (2018) 'Duos and Duels in Field Evolution: How Governments and Interorganizational Networks Relate'. *Organization Studies* (ABS 4, FT50).



An tOllamh Peter McNamara

Is iad ceann na Roinne, an tOllamh Peter McNamara, agus an Dr Nicola Mountford, taighdeoir luathghairme a tháinig isteach i Roinn an Ghnó le gairid, a bhain an dá éacht iontacha sin amach. Léiríonn an méid sin an cas foriomlán sa Scoil, áit a dtugtar tacaíocht do bhaill na dáimhe atá ag céimeanna éagsúla ina ngairmeacha torthaí taighde den scoth a sholáthar. Léiríonn sé freisin go bhfuil an Bhainistíocht mar réimse ar leith ina bhfuil barr feabhais taighde i Scoil an Ghnó.

Léiríonn treochtaí na bhfoilseachán sa scoil sna cúig bliana 2014/2019 go bhfuiltear ag bogadh go seasta i dtreo cion níos airde d'fhoilseacháin irise phiarmheasúnaithe agus go bhfuiltear ag bogadh i dreo cion níos airde de pháipéir ABS 3 agus 4, agus é sin mar sprioc sonrach straitéiseach ag an Scoil.

Tá fianaise ar chaighdeán an taighde atá á dhéanamh i Scoil an Ghnó le fáil sna gradaim do pháipéir taighde atá bainte amach ag an dáimh seo againne le linn na bliana acadúla 2018/2019. Is fiú a lua go háirithe go bhfuair an Dr Christina O'Connor "Gradam Jay Lindquist" don pháipéar comhdhála ab fhearr ag Comhdháil Domhanda Margaíochta AMS 2019, (an fóram idirnáisiúnta is mó le rá i réimse na margaíochta) dá páipéar Ferguson, S., Tree, E., Pitt, C., O'Connor, C. agus Vella, J. "Clustering the critics: using textual analysis to distinguish different groups of influential wine bloggers". Bhain an Dr Tatiana Andreeva an gradam do "Pháipéar atá le Moladh go Mór" ag an bhFóram Idirnáisiúnta ar Dhinimic Shócmhainn na Faisnéise (an fóram is mó le rá i réimse na bainistíochta faisnéise) don pháipéar Dávila, G., Andreeva, T., Varvakis, G., Saetre, A.S. "Exploring the antecedents of knowledge absorptive capacity: (How) are social integration mechanisms useful in Brazilian firms?". Chomh maith leis sin, fuair an Dr Andreeva "Gradam do Pháipéar den Scoth" ag Lónra Gradam Literatí don Bharr Feabhais 2018, arna bhainistiú ag Emerald Publishing House, dá páipéar Jukka, M., Andreeva, T., Blomqvist, K., Puumalainen, K. "A cross-cultural perspective on relational exchange", a foilsíodh sa *Journal of Business and Industrial Marketing* in 2017.

Bhí baint ag Scoil an Ghnó le heagrú roinnt comhdhálacha taighde. Mar shampla, bhí na hOllúna Brian Donnellan agus Markus Helfet ag gníomhú mar chathaoirligh cláir ag an 8ú Comhdháil Idirnáisiúnta ar chathracha cliste agus ar Chórais Chliste TFC (Bealtaine 2019, an Ghréig). Rinne an Dr Christina O'Connor, an Dr Marian Crowley-Henry agus an Dr Edward O'Connor óstáil ar an gCollóicium Dochtúireachta ag Comhdháil Acadamh Bainistíochta na hÉireann i mí Lúnasa 2019. Fuair an Dr Olga Ryazanova agus an Dr Bastian Rake Gradaim mar Léirmheastóirí den Scoth ó Chomhdháil Náisiúnta Acadamh na Bainistíochta 2019 – an chomhdháil idirnáisiúnta is mó le rá i réimse na bainistíochta.

Rinne Scoil an Ghnó óstáil ar Cheardlann Forbartha Páipéar d'irisí oideachais bainistíochta: óstáladh an chéad cheann don iris Academy of Management Learning & Education (ABS 4) i mí na Bealtaine 2019. Réachtáladh an dara ceardlann forbartha páipéar d'Eagrán Speisialta den *Journal of Management Education* (ABS 2) dar teideal 'Experiential Learning and Large Classes' (Meán Fómhair 2019). Bhí an dá imeacht á dtreorú ag eagarthóirí ceannais na n-irisí sin agus mheall siad lucht freastail ó na Stáit Aontaithe, an Ríocht Aontaithe agus comhghleacaithe ó ollscoileanna in Éirinn. Léiríonn na tionscadail sin, a réachtáladh i gcomhar le trí cinn de mhóirísí oideachais bainistíochta, rannpháirtíocht ghníomhach ár ndáimhe sa taighde agus sa chleachtas i réimse an oideachais agus na foghlama sa bhainistíocht agus ár dtiomantas don taighde sin.

FACULTY HIGHLIGHTS

DÁMH NA NEOLAÍOCHTAÍ SÓISIALTA

Tugadh cuireadh don Ollamh Peter McNamara, an Dr Olga Ryazanova agus an Dr John Cullen a bheith ina mbaill de bhord eagarthóireachta na hirise Academy of Management Learning & Education (ABS 4). Fuair an tOllamh Audra Mockaitis an Gradam don Léirmheastóir ab Fhearr ón Journal of World Business (ABS 4) in 2018, agus fuair an Dr Tatiana Andreeva an Gradam don Léirmheastóir ab Fhearr ón iris Management and Organization (ABS 3). Léiríonn sé sin an t-aitheantas atá á thabhairt ag an bpobal taighde idirnáisiúnta do shaineolas ár ndáimhe agus an t-aitheantas atá á thabhairt don mhéid atá á chur acu leis an réimse.

Bhain baill Scoil an Ghnó maoiniú seachtrach de bhreis agus €510K amach in 2018/19 agus ba iad an bheirt ba rathúla i dtaca leis sin ná an tOllamh Brian Donnellan a bhain amach maoiniú trí chlár Marie Skłodowska-Curie de chuid Fís 2020 an Aontais Eorpaigh do thionscadal ALECS, ar tionscadal é atá nasctha le Lero, Lárionad Taighde SFI, agus an tOllamh Markus Helfert a bhain amach maoiniú trí Lero, Lárionad Taighde SFI, agus Adapt agus tríd an tionscadal Spoke FINTECH FUSION de chuid SFI. Sa bhreis air sin, déanann an tOllamh Helfert comhordú ar an Tionscadal 'PERFORM' de chuid an Aontais Eorpaigh, tionscadal atá á mhaoiniú faoi Chlár Líonra Oiliúna Nuálaíochta Marie Skłodowska. Tá an tOllamh Donnellan ina stiúrtóir acadúil ar an Institiúid Luacha Nuálaíochta, lárionad idirdhisciplíneach taighde de chuid na hOllscoile, a oibríonn i gcomhair le comhpháirtithe tionsclaíochta sa réimse a bhaineann le bainistíocht ar chlaochlú an ghnó dhigitigh. Tháinig an tOllamh Helfert chuig Scoil an Ghnó le linn na bliana acadúla seo mar Ollamh le Nuálaíocht Seirbhíse Digití agus mar Stiúrtóir ar an nGrúpa Faisnéisíochta Gnó in Ollscoil Mhá Nuad. Léiríonn an rath seo an neart atá i réimse na gCóras Faisnéise Bainistíochta i Scoil an Ghnó maidir le maoiniú seachtrach a mhealladh.

Bíonn Scoil an Ghnó rannpháirteach go gníomhach le hearnáil na tionsclaíochta agus leis an bpobal i gcoitinne trí thaighde i gcomhar le hearnáil na tionsclaíochta agus tríd an taighde a scaipeadh ar an bpobal i gcoitinne trí fhórais éagsúla. San áireamh ansin tá ceardlanna a eagrú do pháirtithe leasmhara éagsúla, ballraíocht i gcomhlachtaí agus i gcoistí tionsclaíochta éagsúla agus trí shainchomhairleoireacht a chur ar fáil d'earnáil na tionsclaíochta. San áireamh inár n-iarrachtaí maidir le scaipeadh, tá réimse leathan de léirithe ar chuireadh ag fórais éagsúla atá dírithe ar chleachtóirí agus ailt tuairimíochta a foilsíodh sna meáin chumarsáide, lena n-áirítear ceithre cinn d'ailt tuairimíochta ar RTÉ Brainstorm.

Sampla den taighde rannpháirtíochta i gcomhar le hearnáil na tionsclaíochta is ea tionscadal atá á stiúradh ag an Ollamh Brian Donnellan do Analog Devices (ADI), i gcomhpháirtíocht le Lero, Lárionad Taighde SFI. Bhí sé mar aidhm ag an tionscadal treochlár a fhorbairt maidir le hathrú ar mhúnla gnó ag ADI agus iad i mbun trialach a bhain lena n-aonad gnó uathoibríthe a athrú ó ghnáthmhúnla cainéal-bhunaithe go múnla gnó ina bhfuil braiteoir mar sheirbhís. Bhí sé mar aidhm ag an tionscadal freisin cásanna múnla gnó a fhorbairt do mhúnlaí gnó ardáin, chun tuiscint a fháil

ar an mbealach a ndéanann éascaitheoirí ardán a gcuid gnóthaí a fhás thar thréimhse ama, agus bainistíocht a dhéanamh ar inniúlacht agus ar fhorbairt caidrimh.

Sampla eile de rannpháirtíocht taighde Scoil an Ghnó le páirtithe leasmhara seachtracha agus leis an bpobal i gcoitinne is ea an tionscadal taighde leis an Dr Marian Crowley-Henry ar oibríthe sa todhchaí i gcomhar leis an bhfiontar sóisialta Zeminar agus leis an Dr Mary Collins (RCSI). Fuair an tionscadal tacaíocht ó dhearbhan Nuálaíochta Fhiontraíocht Éireann. Mar thoradh ar an tionscadal, cuireadh tuarascáil ar fáil do Zeminar, a dhéanfar a chorprú in imeachtaí bliantúla amach anseo maidir le folláine do Gen Z agus in alt tuairimíochta a foilsíodh ar RTÉ Brainstorm. Sampla eile is ea tionscadal leis an Dr Paul Donovan ar úsáid agus ar fhóntas mhúnla foghlama 70-20-10 atá in úsáid ag cleachtóirí, i gcomhar le hInstitiúid Oiliúna agus Forbartha na hÉireann.

Bíonn dámh Scoil an Ghnó rannpháirteach go gníomhach le páirtithe leasmhara seachtracha éagsúla ina gcuid gníomhaíochtaí taighde agus taighde rannpháirtíochta. San áireamh iontu sin idir mí Dheireadh Fómhair 2018 agus mí Mheán Fómhair 2019, bhí siad seo a leanas:

CEARDLANNAGUS COMHDHÁLACHA ACADÚLA A EAGRAÍODH

- > An tOchtú Comhdháil Idirnáisiúnta ar Chathracha Cliste agus ar Chórais Chliste TFC. 3-5 Bealtaine, 2019, in Heraklion, an Chréit, an Ghréig. (Lero, Enable): Cathaoirligh an Chláir: Brian Donnellan (Ollscoil Mhá Nuad), Cornel Klein (Siemens), Markus Helfert (Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath).
- > An 22ú Comhdháil de chuid Aigéin Chiúin agus na hÁise (PACIS 2018), Yokohama, an tSeapáin. Smart Cities, Smart Tourism, and Internet of Things; Comhchathaoirligh Traic: Brian Donnellan (Ollscoil Mhá Nuad), Chulmo Koo (Ollscoil KyungHee), Jaehyun Park (Institiúid Teicneolaíochta Tóiceo).
- > An 22ú Comhdháil de chuid an Aigéin Chiúin agus na hÁise ar Chórais Faisnéise (PACIS 2019), Xi'an, an tSeapáin. The Changing Nature of Work Research Workshop. Eagraithe: Brian Donnellan (Ollscoil Mhá Nuad), Jungwoo Lee, (Ollscoil Yonsei), Cai Shun (Ollscoil Xiamen).

EAGRÚ FÓRAM CATHRACHA CLISTE I GCOMHAR


- > Fóram Cathrach Cliste Uile-Éireann (AISCF): Éascú ar fhóram a raibh ionadaíocht ag na cathracha go léir ar oileán na hÉireann air agus a bhí dírithe ar úsáid na gclár um Chathair Chliste agus ar an gcruthú luacha a ghineann siad. D'fhreastail 180 duine ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach ar an 3ú comhdháil bhliantúil de chuid AISCF (22 Deireadh Fómhair 2018). Bhí sé dírithe ar na dúshláin agus ar na deiseanna do chathracha agus do réigiúin chliste. (smartcitiesireland.org/events/all-ireland-smart-cities-forum-2018-conference-presentations/).

BUAICPHOINTÍ DÁIMHE DÁMH NA NEOLAÍOCHTAÍ SÓISIALTA

> Sheol Fóram Cathrach Cliste Uile-Éireann (AISC) agus na hAmbasáidí Nordacha i mBaile Átha Cliath an chomhpháirtíocht Nordach-Éireannach um fhorbairt cathrach cliste agus inbhuanaithe ar an 14 Bealtaine 2019. Mar thoradh ar an gcomhpháirtíocht, chruthaigh ionadaithe as na ceithre thír Nordacha – an Iorua, an Fhionlainn, an Danmhairg agus an tSualainn – chomhghuaillíocht nua a chuireann leis an gcaidreamh trádála reatha de 6 Bhilliún Euro i dtaca le hearraí. (smartcitiesireland.org/events/nordic-irish-partnership-smart-cities-2019/).

CEARDLANNA AGUS SEIMINEÁIR A EAGRAÍODH NÓ A SOLÁTHRAÍODH

> **“New modes of engaging Academic-Industry collaborative research”, an tOllamh Brian Donnellan**, tháinig 40 duine ón saol acadúil agus ó shaol na tionsclaíochta le chéile i gcomhair sraith cainteanna ó shaineolaithe agus fócasghrúpaí chun an beartas agus an cleachtas reatha a phlé sa réimse a bhaineann leis an gComhar idir an Saol Acadúil agus Saol na Tionsclaíochta. I measc na gcainteoirí bhí: An tOllamh Andrew Van de Ven (Ollscoil Minnesota); an tOllamh David Wastell (Ollscoil Nottingham); an Dr Alison Campbell, Stiúrthóir Aistriú Eolais Éireann. (Lero, Confirm).



D'fhéad an pobal i gcoitinne páirt a ghlacadh sa cheardlann um shláinte agus folláine a mhúnlú do 2025 trí chluiche idirghníomhach

> **“Shaping health and wellbeing for 2025”, an tOllamh Markus Helfert, 24/10/2019.** Ceardlann idirghníomhach leis an bpobal i gcoitinne in Ollscoil Mhá Nuad le linn Sheachtain Taighde Ollscoil Mhá Nuad. Ceapadh an cheardlann don phobal i gcoitinne (mic léinn scoile agus ollscoile, tuismitheoirí, seanóirí, acadóirí etc) agus tá sí nasctha leis an taighde leanúnach ar chumasú/rannpháirtíocht othar in Ollscoil Mhá Nuad. Cheadaigh sí do rannpháirtithe iniúchadh a dhéanamh ar chúrsaí sláinte agus folláine mar atá siad faoi láthair agus mar a bheidh siad amach anseo chun dúshlán agus buntáistí a aithint. Tógadh an cheardlann timpeall ar chluiche idirghníomhach, inar chuir na rannpháirtithe an fhís a bhí acusan maidir le timpeallacht sláinte agus folláine do 2025 i láthair, ceann a bheadh indéanta agus a mbainfeadh gach saoránach tairbhe aisti.

> **“Patient Empowerment and Search of Health Information on the Internet”, an tOllamh Markus Helfert, 27/06/2019.** Fócasghrúpa le seanóirí a raibh baint acu leis an Ollscoil Aoisbháil (AFU). Iarradh ar sheanóirí na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt agus a phlé: An gcuardaíonn tú eolas faoi shláinte? Cá ndéanann tú an cuardach? Cén cineál eolais sláinte a chuardaíonn tú? Conas a úsáideann tú an t-eolas a fhaigheann tú? An úsáideann tú innill chuardaigh agus tú ag cuardach eolas sláinte. Buntáistí agus míbhuntáistí? Cad iad na tréithe is tábhachtaí ba chóir a bheith ag inneall chuardaigh chun go mbeadh ar do chumas an t-eolas atá ag teastáil uait a fháil go héasca agus go tapa? Cad é do thuairim faoi chumasú othar?

> **Leading the Training Function**, thug an Dr Paul Donovan an seimineár oiliúna seo mar chuid de chlár suaitheanta de chuid thionscal na Foghlama agus na Forbartha (L&D) i gcomhair gairmithe atá ag iarraidh cáiliú mar fheidhmeannaigh L&D. Cuireann an seimineár seo ainm agus taighde Ollscoil Mhá Nuad chun cinn i measc rannpháirtithe ó 1200 cuideachta IITD agus eagraíochtaí a fhreastalaíonn ar an gclár seo gach bliain.

CUIR I LÁTHAIR AR CHUIREADH AG FÓRAIM ATÁ DÍRITHE AR CHLEACHTÓIRÍ

> **Cuir i láthair ag an Taispeántas Bia, Miondíola agus an Fáilteachais, City West** an tOllamh Markus Helfert agus Gültekin Cakir: 05/09/2019. Ábhar: "Digital Transformation in Food and Grocery Retailing – Time to Rethink Strategy and Operations": Ghlac Markus agus Gültekin páirt sa tionóil ba mhó a bhí ag gairmithe i dtionscal an bhia in Éirinn in City West, taispeántas a tharraing aird ar na príomhthreochtaí agus ar na dúshláin atá le sárú ag cleachtóirí (“Taispeántas Bia, Miondíola & Fáilteachais in Éirinn 2019”). Chuir siad ábhar i láthair ina ndearnadh plé ar an gclaochlú digiteach ar dhearcadh straitéiseach agus oibríochta i miondíol bia agus earraí grósaeireachta. Tá an óráid nasctha le “PERFORM – tionscadal atá á mhaoiniú ag an Lónra Eorpach Oiliúna” / Fís 2020 (www.perform-network.eu) agus chuir sé léargais shuimiúla agus torthaí ábhartha ar fáil do chleachtóirí.

> **Cur i láthair ag Cruinniú Mullaigh Digiteach IVI / EI 2019 - Nuálaíocht Seirbhíse Digití**, an tOllamh Markus Helfert: 12/06/2019, Ollscoil Mhá Nuad (ivi.ie/ivi-june-summit-2019/). Tá sé mar aidhm ag an imeacht seo eagraíochtaí a spreagadh chun iad féin a oiriúnú don athrú mar thoradh ar Chlaochlú Digiteach. Bhí roinnt cainteoirí a bhfuil meas orthu i láthair ag an imeacht i gcomhar ar an 13 Meitheamh 2019 ó chúrla cleachtóra agus ó chúrla acadúil agus iad ag tabhairt eolais faoin gcaoi a bhfuil eagraíochtaí ag dul i ngleic leis na dúshláin seo. San áireamh freisin bhí seisiúin idirghníomhacha ceardlainne inar tugadh léargais phraiticiúla a bhféadfadh rannpháirtithe iad a thabhairt ar ais chuig a gcuid eagraíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar na deiseanna agus na dúshláin a chuireann cur isteach digiteach ar fáil. Rinne an tOllamh Markus Helfert cur i láthair ar an taighde dá chuid a bhaineann le Nuálaíocht Seirbhíse Digití.

FACULTY HIGHLIGHTS

DÁMH NA NEOLAÍOCHTAÍ SÓISIALTA

- > **Cur i láthair painéil ag Tionscadal IDGIt2** - Imeacht Náisiúnta a dhúnann an Bhearna idir Taighde agus Tionchar an Mhargaidh agus Caighdeánú á úsáid, an tOllamh Markus Helfert, 11/09/2019. Tugadh cuireadh don Ollamh Markus Helfert a bheith ina bhall de phléphainéal ag an imeacht.
- > **Cur i láthair ag an gcéad cheardlann Náisiúnta um Fheirmeoireacht Chliste agus Anailísíocht Sonraí:** Tugadh cuireadh don Dr Christina O'Connor a bheith mar aoichainteoir chun teagmháil a dhéanamh le feirmeoirí, gnólachtaí agus acadóirí maidir le holltiomsú sonraí laistigh d'earnáil na feirmeoireachta.
- > **Aoichaint ag Seó Trádála GLAS:** An Dr Chistina O'Connell, Iúil 2019. Thug Teach Smaointeoireachta Bhord Bia cuireadh don Dr Christina O'Connor labhairt ag Seó Trádála GLAS ar an ról atá ag Olltiomsú sonraí laistigh den ghairneoireacht / de ghnólachtaí beaga. Is é Seó Trádála GLAS an seó gairneoireachta is mó in Éirinn – agus lucht déanta beartas, comhlachtaí tacaíochta rialtais agus earnáil na tionsclaíochta i láthair.
- > **Cur i láthair maidir le Deiseanna Eacnamaíochta agus Gnó a Chruthú ón Athrú Aeráide,** an Dr John Cullen, Óstán an Tullamore Court, Tulach Mhór, Contae Uíbh Fhailí. Tugadh cuireadh don Dr John Cullen cur i láthair a dhéanamh maidir le 'Múnla Gnó na Nuálaíochta' agus a bheith ar an bpainéal.



Rinne an Dr Niall Connolly cur i láthair ag cruinniú mullaigh na gCathracha agus na Réigiún Cliste in 2019.

- > **Cur i láthair ag Cruinniú Mullaigh na gCathracha agus na Réigiún Cliste,** an Dr Niall Connolly, 9 Bealtaine 2019. Rinne an Dr Niall Connolly cur i láthair ag comhdháil Tionscail na Cathrach Cliste a tionóladh i bPáirc an Chrócaigh. Díríodh sa chur i láthair ar fhorbairt a dhéanamh ar inniúlacht dhinimiciúil le comhairlí áitiúla chun éiceachórais teicneolaíochta a bhainistiú.
- > **Aoichaint ag Comhdháil Chleachtóirí IITD:** An Dr Paul Donovan, Deireadh Fómhair 2018. Thug Institiúid Oiliúna agus Forbartha na hÉireann (IITD) cuireadh don Dr Paul Donovan labhairt ag comhdháil na mball ar thaighde a d'iarr an institiúid air

a dhéanamh, ar a son, maidir le ról mhúnla foghlama 70-20-10. Iarradh ar an Dr Donovan iniúchadh a dhéanamh ar an mbealach a raibh eagraíochtaí ag úsáid an mhúnla sin, ar múnla é a ndearna an saol acadúil neamhshuim de agus ar dhiúltaigh siad dó. Léirigh taighde an Dr Donavon an bealach ar aimsigh cleachtóirí áisiúlacht i múnla a chothaigh aighneas i measc acadóirí. D'aontaigh na baill go raibh tuiscint níos fearr idir cleachtóirí agus an saol acadúil mar thoradh ar an taighde a rinne an Dr Donovan.

BALLRAÍOCHT I GCOISTÍ AGUS I LÍONRAÍ ÉAGSÚLA

- > Ballraíocht ar an gcoiste stiúrtha do Bhaile Átha Cliath Cliste; tá an Dr Brian Donnellan agus an Dr Niall Connolly ina mbaill den Choiste Stiúrtha do Bhaile Átha Cliath Cliste, áit a bhfuil ceithre cinn d'údaráis áitiúla i mBaile Átha Cliath ag obair i gcomhar chun teicneolaíocht, beartas agus feidhmiú cliste a fhorbairt.
- > Ballraíocht i Líonra Cliste Cheantar na nDugaí: Tá an tOllamh Brian Donnellan ina bhall de Líonra Cliste Cheantar na nDugaí, a dhéanann maoirseacht ar fhorbairt Cheantar na nDugaí i mBaile Átha Cliath.
- > Ballraíocht i Líonra Ceannairí Digiteacha Luimnigh: Tá an tOllamh Brian Donnellan agus an Dr Niall Connolly ina mbaill de Líonra Ceannairí Digiteacha Luimnigh, a dhéanann maoirseacht ar an bhforbairt ar straitéis dhigiteach Luimnigh.
- > Tacaíocht do Straitéis Dhigiteach Cathrach: Tugtar tacaíocht do chathracha in Éirinn maidir le forbairt a dhéanamh ar Straitéisí Digiteacha, lena n-áirítear: ceardlanna inmheánacha agus seachtracha do pháirtithe leasmhara; agus measúnuithe maidir le hullmhacht theicneolaíoch. Is iad na cathracha a dtugtar tacaíocht dóibh faoi láthair ná: Doire agus an Srath Bán; Corcaigh, Dún Laoghaire, Rath an Dúin; Fine Gall; Luimneach.
- > Ballraíocht sa Lárionad Idirnáisiúnta um Fhorbairt Áitiúil agus Réigiúnach (LIFAR): Tá an tOllamh Brian Donnellan ina stiúrthóir ar an Lárionad Idirnáisiúnta um Fhorbairt Áitiúil agus Réigiúnach, clár i gcomhar idir an Tuaisceart, an Deisceart agus na Stáit Aontaithe a cruthaíodh chun iniúchadh a dhéanamh ar an mbealach ar féidir le planáil agus forbairt ar bhonneagar fisiceach, sóisialta agus eacnamaíoch feabhas a chur ar shaol daoine in Éirinn.
- > Ballraíocht sa Choiste Náisiúnta um Caighdeán (ICTSCC): Tá an tOllamh Brian Donnellan ar bhord an Choiste Náisiúnta um Chaighdeán.
- > Ballraíocht sa Chumann um Chórais Faisnéise, grúpa sainleasa maidir le taighde oideachais (AIS-SIGEd): Tá an tOllamh Brian Donnellan ar bhord an AIS-SIGEd.
- > Ballraíocht in Asia Matters: Is é an tOllamh Brian Donnellan ionadaí Ollscoil Mhá Nuad ar Asia Matters – Ionad Barr Feabhas na hÉireann d'Fhaisnéis Ghnó agus do Chomhpháirtíocht an hÁise.
- > Ballraíocht sa Choiste um "Bainistiú Seirbhíse TF agus Rialú TF" ISO/IEC JTC 1/SC 40 "IT. Tá an tOllamh Markus Helfert ina bhall den Choiste Caighdeánaithe.

BUAICPHOINTÍ DÁIMHE

DÁMHA NA NEOLAÍOCHTAÍ SÓISIALTA

- > Ballraíocht sa Choiste um Bainistíocht Faisnéise a Thógáil (BIM) NSAI/TC 047/SC 22: Tá an tOllamh Markus Helfert ina bhall den Choiste Caighdeánaithe, agus é ag tabhairt comhairle maidir le hAiltireacht Faisnéise Sláinte go háirithe
- > Ballraíocht i gCoiste Chuibhreas Caighdeán Faisnéisíochta Sláinte HISC SC6 de chuid NSAI: Tá an tOllamh Markus Helfert ina bhall den Choiste Caighdeánaithe, agus é ag tabhairt comhairle maidir le hAiltireacht Faisnéise Sláinte go háirithe.
- > Ballraíocht sa Phainéal Moltóireachta ag na Gradaim Oiliúna Náisiúnta: Bhí an Dr Paul Donovan ina mholtóir ag an gcéad chomórtas chun aithint a thabhairt do bharr feabhais Foghlama agus Forbartha in Éirinn. San áireamh i ról an Dr Donovan tá cuideachta buacach a chinneadh as grúpa de 7 i gcatagóir speisialta agus a bheith páirteach i bpainéal níos forleithne chun buaiteoirí as 50 iontrálaí ó chuideachtaí a fhaomhadh. Tá 2000 cuideachta san iomlán incháilithe chun iarratas a dhéanamh.

TAIGHDE LE/THAR CEANN EARNÁIL NA TIONSCLAÍOCHTA

- > Taighde i gcomhar le hInstitiúid Oiliúna agus Forbartha na hÉireann ar mhúnla foghlama 702010 atá in úsáid ag cleachtóirí leis an Dr Pau Donovan. Bhí seacht gcinn de chroichuideachtaí páirteach sa phríomhthaidhde agus fuair 120 cuideachta torthaí an staidéir i bhformáid páipéir oibre.
- > "Future proofing of golf membership - with focus on Youth and Female Players", an tionscadal leis an Dr Christina O'Connor, le tacaíocht ó dhearbhan nuálaíochta 2018-2019 i gcomhar le BooknPay. Bhí agallaimh le Cónaidhm an Ghailf, Cumainn Gailf – Captaein, Synergy Golf agus Cumann Gailf Ollscoil Mhá Nuad san áireamh.
- > Athbhreithniú ar Dhámhachtain Ghairmiúil Chomhlachas Chumann Leabharlann na hÉireann leis an Dr John Cullen, 2018. Bunaithe ar an taighde sin, mhol an Dr Cullen go ndéanfaí athruithe ar an bpróiseas agus ar leibhéal na dámhachtana. Cuireadh na hathruithe sin i bhfeidhm le linn 2019, agus mar thoradh air sin, chomh maith le dámhachtain nua SALAI a thabhairt isteach, tá doiciméid tacaíochta nua leasaithe forbartha ag an gCoiste Caighdeán Gairmiúil (PSC) d'iarrthóirí dámhachtana, riarthóirí, agus measúnóirí; athchóiriú déanta ar Phainéal Measúnóirí na nDámhachtainí a chuimsíonn gairmithe i bpoist shinsearacha bhainistíochta as gach earnáil; aghaidh tugtha ar riachtanais a bhaineann le cosaint sonraí; agus beirt riarthóirí nua dámhachtainí ceaptha ó laistigh den PSC. Mar thoradh ar an taighde seo don LAI tugadh isteach leibhéal nua de dhámhachtainí gairmiúla chomh maith le próiseas creidiúnaithe.
- > Taighde ar oibríthe sa todhchaí i gcomhar leis an bhfiontar sóisialta Zeminar leis an Dr Marian Crowley-Henry agus i gcomhar leis an Dr Mary Collins (RCSI). Fuair an tionscadal tacaíocht ó dhearbhan nuálaíochta Fhiontraíocht Éireann. Mar thoradh ar an taighde, cuireadh tuarascáil faoi bhráid Zeminar agus tá sé ar intinn acu feidhm a bhaint aisti ina gcuid imeachtaí bliantúla maidir le folláine do Gen Z amach anseo. Glacann breis agus 100

cuideachta páirt in imeacht bliantúil Zeminar, atá dírithe ar scoláirí na hidirbhliana agus ar scoláirí sinsearacha ag an dara leibhéal. Freastalaíonn breis agus 10,000 scoláire air gach bliain.

- > Bhí an tOllamh Brian Donnellan ina stiúrthóir ar dhá thionscadal i gcomhar le Intel, i gcomhpháirt le lárionad taighde SFI Lero:
 1. Dearthaí daoine atá os cionn 65 bliain d'aois i leith luaineachta agus teicneolaíochta – staidéar eitneagrafach a raibh raon tíreolaíoch aige agus a chlúdaigh ceithre thír Eorpacha agus 70 duine rannpháirteach ann. Rinneadh iniúchadh sa staidéar ar cheisteanna luaineachta a bhraith daoine breacaosta ar fud na hEorpa chun tuiscint a fháil (1) ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag AV agus (2) ar thosca a bhaineann le glacadh le AV, (3) ar chritéir dhearaidh a bhaineann le taithí úsáideora agus (4) ar mhúnlaí gnó maidir le Luaineacht Mar Sheirbhís (MaaS).
 2. Iniúchadh ar mhúnlaí gnó atá ag teacht chun cinn ó OrganiCity, córas maoinithe, tacaíochta agus cumais TF tras-Eorpach ina ndéantar tástáil ar réitigh nua uirbeacha de réir sonraí agus ina dtugtar aghaidh ar dhúshláin phráinneacha chathrach, agus 'Comhchruthú' agus 'Tástáil sa Saol Nithiúil' mar chroíphrionsabal acu.

- > Threoraigh an tOllamh Brian Donnellan tionscadal taighde do Analog Devices (ADI), i gcomhpháirt le Lero. Bhí sé mar aidhm ag an tionscadal treochlár a fhorbairt d'athrú ar mhúnla gnó. Is turgnamh de chuid ADI chun aonad gnó uathoibríthe a athrú ó ghnáthmhúnla cainéalbhunaithe go múnla gnó ina bhfuil braiteoir mar sheirbhís a bhí mar chomhthéacs dó. Bhí sé mar aidhm ag tionscadal eile cásanna múnla gnó a fhorbairt do ghnóthaí ardáin, chun tuiscint a fháil ar an mbealach a bhfásann éascaitheoirí ardán a gcuid gnóthaí thar thréimhse ama, agus bainistíocht a dhéanamh ar inniúlacht agus ar fhorbairt caidrimh.
- > Threoraigh an tOllamh Brian Donnellan tionscadal taighde do Bhaile Átha Cliath Cliste, i gcomhpháirt le Enable. Bhí sé mar aidhm ag an tionscadal treoirínte eiticíúla a fhorbairt do thionscadail cathrach cliste trí na nithe seo a leanas a chur i gcrích: forléargas ar na creataí eiticíúla reatha i gCathracha Cliste; forléargas ar an díospóireacht ar eitic sa Earnáil Phoiblí maidir heitic shonraí agus IS; agus measúnú tosaigh ar chreataí eitic maidir le glacadh le teicneolaíochtaí cliste i gcathracha.

TUARASCÁLACHA COMHAIRLEACHTA / TAIGHDE RANPHÁIRTÍOCHTA (TÁ CUID ACU BUNAITHE AR THIONSCADAIL ATÁ LIOSTAITHE THUAS)

- > Cullen, J. (2018) Tuarascáil ar an Athbhreithniú ar dhámhachtain ghairmiúil Chomhlachas Chumann Leabharlann na hÉireann.
- > McLoughlin, S. (2019) "Preliminary Findings on the Practice, experience and perceptions of Academic Industry Collaborative Research Stakeholders", a cuireadh i láthair ag an Siompóisiam maidir le Modhanna Nua chun Taighde i gComhar a Spreagadh idir Earnáil na Tionsclaíochta agus an Earnáil Acadúil, 2019.

FACULTY HIGHLIGHTS

DÁMh NA NEOLAÍOCHTAÍ SÓISIALTA

- > McLoughlin, S. (2019) 'Autonomous Vehicles for Independent Living of Older Adults' ag Lá Teicneolaíochta ADI. Bealtaine, Luimneach, Éire.
- > Medela A., et al. (2018) 'Co-creating Smart Cities of the Future: Organicity Sustainability Plan & Activity Report', EU H2020 Tuarascáil ar Tháirgí Insoláthartha AE H2020 6.1/6.3.
- > McLoughlin, S. (2018) 'Connecting the dots: Young People, Social Inclusion and Digitalisation – Compendium of Practices', an tAontas Eorpach - Comhpháirtíocht Óige Chomhairle na hEorpa.
- > Crowley-Henry, M., Collins, M. (RCSI). Tuarascáil ar an taighde ar oibríthe sa todhchaí do Zeminar.

RANPHÁIRTÍOCHT MAC LÉINN I DTAIGHDE RANPHÁIRTÍOCHTA

- > **Tá an Tionscadal Taighde Gnó (BRP)** mar ghné de na cláir MSc atá againn agus tugann sé deiseanna suntasacha do mhic léinn, faoi mhaoirseacht na dáimhe, taithí ón bhfíorshaol a fháil ar cheist ghnó. Is bealach tábhachtach é sin chun luachanna Scoil an Ghnó a thabhairt chun tosaigh, ar luachanna iad atá bunaithe ar thaighde agus ar chleachtas, agus an bealach a ndéanaimid iarracht ár misean a chur i ngníomh, ar misean é a bhaineann le smaointeoírí criticiúla atá i mbun forbartha agus eolas a bhfuil tionchar aige a chur ar fáil don tsochaí. Cuireann an BRP ar chumas na mac léinn agus na dáimhe a gcuid scileanna taighde agus praiticiúla a chur i bhfeidhm ar fhadhb atá le sárú ag cliant-eagraíocht. Déanann iarchéimithe i Scoil an Ghnó taighde ar cheann ar bith de líon mór réimsí gnó a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo d'eagraíochtaí. I mbliana, bhí 63 BRP againn ar fud 38 eagraíocht atá lonnaithe i réigiún Ollscoil Mhá Nuad. Tá na heagraíochtaí sin ag feidhmiú i réimse tionscal lena n-áirítear, Earcaíocht, Comhairleacht, Aerú, Oideachas, Seirbhísí Airgeadais agus Earraí Tomhaltais Mearghluaiseachta. I measc na gcomhpháirtithe tionscail atá ag BRP tá: E&Y, Pabal, Sonas, agus Primeline.

- > **Ranpháirtíocht i gClár SPUR in Ollscoil Mhá Nuad**



Bhí Scoil an Ghnó rannpháirteach in dhá thionscadal SPUR le linn na bliana acadúla seo:

1. The Role of Local Social Identity in Interorganisational Imitation Choices: the case of strategic transformation of the Irish Rugby Football Union, arna mhaoirsiú ag an Dr Olga Ryazanova agus ag an tOllamh Peter McNamara.
2. Big pharma, bad science? An analysis of retractions in biomedical journals, arna mhaoirsiú ag an Dr Bastian Rake.

FOR-ROCHTAIN TAIGHDE: FOILSEACHÁIN SNA MEÁIN CHUMARSÁIDE

- > Gruda, J. & Hasan, S. (2019) Can artificial intelligence reduce anxiety in the workplace? RTÉ Brainstorm, 15 Eanáir 2019, (www.rte.ie/brainstorm/2019/0115/1023290-can-ai-reduce-anxiety-in-the-workplace/).
- > Rake, B. (2019) How to use LinkedIn more effectively, RTÉ Brainstorm, 21 Bealtaine 2019, (www.rte.ie/brainstorm/2019/0520/1050657-how-to-use-linkedin-more-effectively/).
- > Crowley-Henry, M. & McFadden, C. (2019) How to turn up the LGBT voice in the workplace. RTÉ Brainstorm: (www.rte.ie/eile/brainstorm/2019/0121/1024566-how-to-turn-up-the-lgbt-voice-in-the-workplace/).
- > Cullen, J. (2019) Psychologist and Philosopher Face Off in Happiness Debate, Sunday Business Post (7 Aibreán 2019) an Phríomh-mhír: leathanach 19.
- > Cullen, J. (2019) The surprising ways spirituality informs how we think about work. RTÉ Brainstorm, 11 Iúil 2019 (www.rte.ie/brainstorm/2019/0711/1061455-the-surprising-ways-spirituality-informs-how-we-think-about-work/).
- > Ryazanova, O. (2019) Mobility and gender matter in speed of promotion and development of career capital. Postáil blog do phobal CYGNA (agus do léitheoirí acadúla eile) ag suíomh gréasáin Ann-Wil Harzing, 17 Bealtaine 2019. (harzing.com/blog/2019/05/mobility-and-gender-matter-in-speed-of-promotion-and-development-of-career-capital).

ROINN NA NUÁLAÍOCHTA SA DEARADH

Tharla mórán forbartha i Roinn na Nuálaíochta sa Dearadh in 2018-19, ach chomh maith leis sin athrú pearsanra. Do roinn bheag nach raibh ach cúigear taighdeoirí inti, bhí Roinn na Nuálaíochta sa Dearadh rathúil go maith: bhuaigh sí an Clár Nua Iarchéime is Fearr ag Dámhachtainí Céimithe an Acadaimh Ardoideachais don MSc Nuálaíocht sa Dearadh - Bia, agus baineadh amach breis agus €800k mar mhaoiniú chun Saotharlann Nuálaíochta Mhá Nuad (Mi:LAB) a bhunú mar chuid de ghlaoch an ÚAO in 2018 dar teideal 'Nuálaíocht agus Claochlú'. Tháinig ardú ar líon na bhfoilseachán agus na gcur i láthair ag comhdhálacha ón mbliain roimhe sin, agus ar cheardlanna tionscail agus ar ghníomhaíocht choistí seachtracha

BUAICPHOINTÍ DÁIMHE DÁMH NA NEOLAÍOCHTAÍ SÓISIALTA

ag an leibhéal náisiúnta. Tá triúr acadóirí a bhfuil dochtúireachtaí acu tar éis an chroifhoireann de triúr acadóirí a threisiú.



Ba é Trevor Vaugh a bhí mar phríomhriaratasóir ar mhaoiniú do Mi:Lab, atá ag obair ar fud na hOllscoile faoi láthair chun meon, tacar sainscileanna agus tacar uirlisí an Dearaidh a leabú. Tá roinnt tionscadal taighde ar siúl faoi láthair, lena n-áirítear: Rannpháirtíocht a leathnú chuig Staidéar larchéime agus aitheantas don phróiseas réamhfhoghlama a fheabhsú. Níl aon fhoilseacháin tagtha as Mi:Lab faoi láthair, ach tá achoimrí curtha isteach chuig líon mór irisí agus comhdhálacha.

Ba é Vaugh a chomhbhunaigh WickED freisin, grúpa acadóirí as Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Ollscoil Mhá Nuad, agus Ollscoil na nEolaíochtaí Feidhmeacha Krems san Ostair a bhfuil prionsabail “Smaointeoireacht an Dearaidh” (Brown, 2008) á n-úsáid acu chun anailís a dhéanamh ar ghnéithe den easpa dídine. Tá a gcuid staidéir dírithe ar easpa dídine fadtéarmach seachas an easpa dídine nua a tháinig chun cinn le déanaí, mar thoradh ar ardú cíosa agus díshealbhú éigeantach. Dá bhrí sin, tá baint ag WickED leo siúd atá ag maireachtáil ar na sráideanna le blianta, fir den chuid is mó, agus a bhfuil fadhbanna casta acu dá bharr sin, amhail difhostaíocht fhadtéarmach, bochtaineacht, mí-úsáid le linn a n-óige, spleáchas ar alcól agus ar dhruaí, foréigean baile agus fadhbanna meabhairshláinte. D’fhéadfadh sé go mbeadh tamall caite sa phríosún ag cuid díobh sin freisin agus iad ag brath ar bhrúnna agus ar charthanacht chun teacht slán.

Ón tús, bhí dlúthbhaint ag WickED le Penny Dinners trí phlé lena Stiúrthóir, Catriona Twomey, a bhfuil fáilte mhór curtha aici roimh a gcuid rannpháirtíochta i gcuairteanna príosúin. Le linn na gcuairteanna sin, chuir sí roinnt dá cuid cliant in aithne, agus thoiligh sí go rachadh baill de WickED in éineacht lena foireann agus iad ar “camchuiart oíche”. Ina theannta sin, tá smaointeoireacht an ghrúpa maidir le ról an phríosúin agus na seirbhísí athshláinthe, faoi threoir Colm Cary, Comhordaitheoir Athshláinthe le Seirbhís Príosúin Chorcaí. Táimid ag obair anois leis an Aire Damien English, sa Roinn

Tithíochta, chun iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann lena gcuid torthaí a leabú sa tionscnamh ‘Tús Áite don Tithíocht’ de chuid an Rialtais.

Tá príomhchainteanna tugtha ag Vaugh freisin maidir le táirgí leighis a dhearadh (a bhfuil 11 phaitinn ar feitheamh aige ina leith in 2018-19) ag Bord Taighde Sláinte na hÉireann agus ag comhdhálacha FSS, chomh maith le caibidlí leabhair maidir le Smaointeoireacht Dearaidh a úsáid i gcóitseáil spórt.

Tá Frank Devitt tar éis feidhm a bhaint as an taithí shuntasach atá aige i gcúrsaí tionsclaíochta agus as a shaineolas i gcúrsaí fiontraíochta chun líon ceardlann ar Smaointeoireacht Dearaidh a chur i láthair d’Fhiontraíocht Éireann, IRDG, IDI, Fis 2020 san Íoslainn agus sa Ghréig, agus ag an Roinn Gnó agus Nuálaíochta in Éirinn. Rinne sé cur i láthair freisin ag comhdhálacha in Melbourne san Astráil, agus ag an gComhdháil Náisiúnta um Smaointeoireacht Dearaidh i mBaile Átha Cliath agus ag an Lárionad um Thaighde ar Ábhair Fheidhmeacha in Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge. Bhí sé ina chomhúdar ar ‘How Irish design consultancies align with Ireland’s Innovation 2020 priorities: a preliminary study’ a foilsíodh in ITERATIONS Design Research and Practice Review.

Go luath in 2018, tugadh cuireadh do Martin Ryan a bheith mar eagarthóir ceannais ar eagrán 7 de, ITERATIONS Design Research and Practice Journal. Bhí Ryan ina chomhúdar freisin ar thrí cinn d’ailt phiarmheasúnaithe don iris. Is é ITERATIONS an iris dearaidh phiarmheasúnaithe is mó le rá in Éirinn, agus ionadaíocht ag na hOllscoileanna agus na hinstiúidí tríú leibhéal go léir a bhfuil speisialtachaí Dearaidh acu ar bhord na hirise, agus a fhaigheann aighneachtaí idirnáisiúnta agus náisiúnta.

Ar deireadh, i mí an Mheithimh 2019, thug Ryan an príomhchaint ar Smaointeoireacht Dearaidh ag ceann de na cruinnithe tionsclaíochta is mó le rá in Éirinn. Is imeacht bliantúil é seo a eagraíonn an Grúpa um Thaighde agus um Fhorbairt Thionsclaíoch (IRDG), ceann de na comhlachtaí tionsclaíochta is gníomhaí agus a dhéanann ionadaíocht thar ceann breis agus 200 eagraíocht atá gníomhach sa Taighde agus san Fhorbairt. Bhí an chomhdháil ar siúl i bPáirc an Chrócaigh agus bhí an freastal ba mhó go dtí seo uirthi agus 300 rannpháirtí i láthair ó eagraíochtaí dúchasacha agus iasachta atá ar thús cadhnaíochta.

AN ROINN EACNAMAÍOCHTA, AIRGEADAIS AGUS CUNTASAÍOCHTA

In 2018, scríobh grúpaí an Airgeadais agus na hEacnamaíochta 16 fhoilseachán, ar éacht suntasach ann féin é. Ina measc sin tá páipéar leis an Dr Tom Flavin dar teideal “Are Banking Shocks Contagious: Evidence from the Eurozone”, páipéar a foilsíodh sa Journal of Banking and Finance agus d’fhoilsigh an Dr Irene Mosca “The effect of retirement on cognition: Evidence from the Irish Marriage Bar” in Demography. Áirítear an chéad cheann

FACULTY HIGHLIGHTS

DÁMH NA NEOLAÍOCHTAÍ SÓISIALTA

díobh sin ar an séú hiris airgeadais is fearr ar domhan, agus áirítear an dara ceann ar an tríú hiris is fearr sa réimse a bhaineann le staidéar ar dhaoir agus ar dhéimeagrafaíocht. Tá cúig cinn d'fhoilseacháin eile in irisí sa réimse 3*/4*, ar irisí iad 'a bhfuil "barr feabhais idirnáisiúnta" ag baint leo. Ina measc sin tá dhá cheann in *Economica*, dhá cheann in *Economics of Education Review*, agus ceann in *Journal of the Royal Statistical Society*.

Cuimsíonn an grúpa cuntasáiochta taighdeoirí gníomhacha a fhanann cothrom le dáta agus ábhartha trí thaithe ghairmiúil leanúnach, rannpháirtíocht agus léann a bhaineann lena gcúlra agus lena dtaithe ghairmiúil. I measc na sruthanna taighde tá:

- > Beartas Náisiúnta Pinsean, Pleanáil um Ioncam Scoir, agus athnuachan ó ghlúin go glúin.
- > Cuntasáiocht Bhainistíochta agus cinnteoireacht Airgeadais in Earnáil na Feirmeoireachta.
- > Rannpháirtíocht an Phobail i bhForbairt Beartais Cánach.
- > Cleachtas Chuntasáiochta Bheaga agus Mheánmhéide.
- > Córais Faisnéise Bainistíochta agus Olltíomsú Sonraí.
- > Cuntasáiocht chun Leas an Phobail.

Bhí taighdeoirí ón ngrúpa rannpháirteach i roinnt tionscadal taighde i gcomhar le heagraíochtaí tríú páirtí in 2018. Ina measc sin, bhí tionscadail i gcomhar le Teagasc, an Grúpa Taighde ar Bheartas Pinsin (PPRG) agus an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. San áireamh ansin bhí togra cómhaoinithe le Teagasc don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara dar teideal *Developing and nurturing generational renewal across the farm business cycle: a farm management perspective* agus mar chuid den PPRG, ceardlanna a eagrú d'eagraíochtaí sochaí sibhialta, lena n-áirítear *Eolas do Shaoránaigh, Comhairle na mBan, Mandate, Aoisghníomhaíocht, Tasc, Ceartas Sóisialta Éireann agus Comhairle na nÓg in Éirinn maidir le hathruithe a bhí beartaithe a dhéanamh ar chóras na bPinsean Stáit. Ag éirí as na ceardlanna sin, cuireadh aighneachtaí faoi bhráid na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí maidir leis na bearta leasaithe a bhí beartaithe. Bhí an grúpa mar chuid de thairiscint na Roinne maidir le tionscadal comhairleachta leis an gCumann Náisiúnta Treabhdóireachta.*



Bronnadh Gradam Comhaltachta Teagaisc agus Foghlama ar an Dr Fabrice Rousseau, an tOllamh Donal O'Neill, an Dr Bridget Mc Nally, agus Aodhán Casey, uasal.

Bhronn an Ollscoil Comhaltacht Teagaisc agus Foghlama ar fhoireann ón Roinn ina raibh baill ó na trí dhisciplín mar chuid de na gradaim Chomhaltachta Teagaisc agus Foghlama as a tionscadal teagaisc dar teideal *Evaluating the use of eLearning for undergraduate and executive teaching at Maynooth University*.

Chuir baill ó na disciplíní go léir ábhar i láthair go minic i mbliana ag comhdhálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta.

RANNPHÁIRTÍOCHT AGUS TAIGHDE RANNPHÁIRTÍOCHTA

1. Aedin Doris, Donal O'Neill, agus Olive Sweetman

- Cruinniú le Jackie Harrington, Príomhoifigeach sa Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí agus lena foireann chun plé a dhéanamh ar an leagan críochnaithe foilsithe den tionscadal taighde dar teideal: *"Does Reducing Unemployment Benefits During a Recession Reduce Youth Unemployment? Evidence from a 50% Cut in Unemployment Assistance"*.
- Coimre neamtheicniúil den taighde thuas don Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí le cur san áireamh sa dréacht deiridh atá le cur os comhair an Aire Regina Doherty.
- Clúdach sna nuachtáin ar an tionscadal taighde dar teideal: *"Good Schools or Good Students? The Importance of Selectivity for School Rankings"*.
- 'The Best School for Your Child? New Irish Research has News for Parents', *Irish Times* (alt le Cliff Taylor), 11 Iúil 2019.

2. Aedin Doris

- Agallamh ar Drivetime, RTÉ Raidió 1, 20 Lúnasa, 2019 faoin tionscadal taighde dar teideal *"Good Students or Good Schools?"*.

3. Donal O'Neill

- Ceaptha mar athbhreithneoir saineolaíoch seachtrach ar Phainéal Athbhreithnithe Dhámh Scoil an Ghnó in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath maidir le hardú céime chuig grád Ollaimh Comhlaigh (2018).
- Bhí sé ina bhall de Ghrúpa Oibre tionscnaimh um Rochtain Sonraí de chuid na Príomh-Oifige Staidrimh/Chumann Eacnamaíochta na hÉireann. Tá ról tábhachtach ag na nGrúpa Oibre um Rochtain Sonraí atá ag an bPríomh-Oifig Staidrimh agus ag Cumann Eacnamaíochta na hÉireann i dtaca le measúnú a dhéanamh ar cheisteanna a bhaineann leis an rochtain atá ag taighdeoirí ar mhionsonraí.
- I mí na Nollag 2018, ceapadh é ar an bPainéal de Shaineolaithe Seachtracha do Sheirbhís Tacaíochta an Choimisiúin Eorpaigh um Athchóiriú Struchtúrach chun tacaíocht a thabhairt maidir le hathchóirithe struchtúracha sna ballstáit i réimsí amhail an margadh fostaíochta agus comhtháthú sóisialta, an córas Leasa agus Oideachas agus Oiliúint (2018-2022). Baineann SRSS feidhm as tacaíocht ón bPainéal Saineolaithe chun an tacaíocht theicniúil a chur ar fáil do thairbhíthe i mBallstáit an Aontais Eorpaigh.

BUAICPHOINTÍ DÁIMHE

DÁMH NA NEOLAÍOCHTAÍ SÓISIALTA

4. Aodhdin Casey

- Ionadaí Ollscoil Mhá Nuad ar Chumann Cuntasaíochta agus Airgeadais na hÉireann.

5. Bridget Mc Nally

- Ball den Ghrúpa Taighde ar Bheartas Pinsin (PPRG) agus den Líonra Eorpach maidir le Taighde ar Phinsin Fhorlíontacha (ENRSP). Rannpháirteach mar chuid den PPRG in eagrú ceardlann le hEagraíochta Sochaí Sibhialta ar thograí an Rialtais i dtaca le hathchóiriú pinsean agus aighneacht a chur faoi bhráid na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí maidir lena doiciméad comhairliúcháin ar Uathchlárú.

ROINN AN OIDEACHAIS

Leanann Roinn an Oideachais de bheith ag rannchuidiú leis an taighde san oideachas, i mbeartas oideachais, taighde rannpháirteach, nuálaíocht oideolaíoch, agus forbairt curaclaim. Tá 15.5 ball ar an bhfoireann acadúil sa roinn, 27 mac léinn PhD agus 34 mac léinn EDD. Bhain 4 mhac léinn PhD agus i mhac léinn MLitt a gcuid céimeanna amach in 2018-2019.

Ceann de na réimsí a bhfulimid dírithe orthu i roinnt dár dtionscadal Eorpach agus náisiúnta is ea na ceisteanna praiticiúla agus oideolaíoch a bhaineann le freagairt do cheisteanna atá deacair, achrannach agus conspóideach. Thug Learning to Disagree (2016-2019) (€379,320), tionscadal a bhí á mhaoiniú ag Erasmus+, aghaidh ar an gceist a bhaineann leis an mbealach chun inniúlachtaí sóisialta agus sibhialta a thógáil agus a mheas. Bhí Majella Dempsey agus Anthony Malone ina bpríomhbhaill den fhoireann sin. In 2019, tugadh cuireadh do Majella Dempsey rannchuidiú le grúpa oibre an Aontais Eorpaigh maidir le Príomhinniúlachtaí a Mheas. Tionscadal eile a bhí gaolmhar leis sin ná tionscadal a bhí á threorú ag Aislinn O'Donnell dar teideal Enquiring Classroom (2016-2018) (€209,953), agus a bhí á mhaoiniú ag Erasmus+ freisin. Chruthaigh sé sin lámhleabhar oideolaíoch agus chuir sé creat coincheapúil mionsonraithe ar fáil chun an fhís oideachais a bhí mar thaca leis an tionscadal sin a chur in iúl.

Ag tógáil ar an saineolas taighde sin, tá Aislinn O'Donnell, Anthony Malone agus Joe Oyler ina mbaill d'fhoireann Mhá Nuad don tionscadal arna mhaoiniú ag ISF-P agus a bronnadh in 2019. EDURAD: Addressing Violent Radicalisation: A Multi-Actor Response through Education (2020-2022) (€739,156). De bhrí gur cuireadh cláir shlándála agus fhrithsceimhlitheoireachta i bhfeidhm ar an oideachas maidir le freagairt do cheisteanna a bhaineann le radacú foréigneach agus antoiseachas, déantar iarracht freagairtí oideachasúla a fhorbairt agus an tábhacht a bhaineann le spásanna oideachasúla chun ceisteanna conspóideacha agus deacra a phlé. Beidh an saineolas atá ag Joe Oyler maidir le réasúnú meiteachongaíoch, méadú, agus oideachas dialógach

mar thacaíocht don fhorbairt ar uirlisí oideolaíoch a thógann i ngné mheasúnachta. Sampla dá chuid foilseachán sa ghné seo is ea 'Supporting teacher's spontaneous use of talk moves during inquiry dialogue' le Reznitskaya, A. agus I.A.G. Wilkinson (2018). Is príomhbhaill eile d'fhoireann EDURAD Mhá Nuad iad Claire Hamilton (Dlí) agus Brian Melaugh (Staidéar Sóisialta Feidhmeach).

Is baill de Líonra na gCúig Náisiún iad Rose Dolan agus Conor Harrison a oibríonn ar oideachas saoránach agus luachanna in Éirinn, i dTuaisceart Éireann, sa Bhreatain Bheag, in Albain agus i Sasana – tionscadal atá thar a bheith tábhachtach ag an am seo. Is comhpháirtí í Aislinn O'Donnell in Embracing Cultural Diversity in the Classroom (2018-2020).

Tá an tionscadal seo á mhaoiniú ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas agus Éire Chruthaitheach agus tá sé á stiúradh ag Leabharlann Chester Beatty. Tá Thomas Walsh ar fhoireann SCoTeNS do thionscadal dar teideal Contested Childhoods across Borders and Boundaries: A North-South Comparative Study. Ábhar ó thionscadal gaolmhar is ea a chaibidil leabhair (2018) 'Concepts of children and childhood from an educational perspective 1900 – 1940: Context, curriculum and experiences'. Tá Majella Dempsey ina ball den líonra taighde eolaíochta Public pedagogy and sustainability challenges agus rinne an tOllamh Carl Anders Säfström (CPEP) imeacht líonra a óstáil i mí na Samhna 2018. Tá an Lárionad um Fhiosrú Scéalaíochta á stiúradh ar Grace O'Grady agus sampla dá cuid foilseachán sa réimse sin is ea (2018) 'An entry into a creative, rhizomatic narrative inquiry into young people's identity construction' in Irish Educational Studies.

Tá Bernie Grummell ag leanúint de bheith ag stiúradh taighde ar chuimsiú agus ceartas sóisialta. Sampla de sin is ea a tionscadal i gcomhar le Meliosa Bracken agus Conor McGrath maidir le Cuimsiú Daoine atá faoi Mhíchumas Intleachtúil i Seirbhísí Litearthachta d'Aosaigh (2018-2019), arna mhaoiniú ag an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh (NALa) i gcomhpháirt le SOLAS agus ETBI. Tá sí páirteach in éineacht le Morag Munro agus Margaret Keane, CTL agus aontas na mac léinn in Ollscoil Mhá Nuad, agus le comhpháirtithe i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh agus in Ollscoil

Réimse eile ina bhfuil Roinn an Oideachas go mór chun tosaigh is ea folláine agus oideachas agus oideachas dearfach. I measc na dtionscadal a raibh Catriona O'Toole páirteach iontu bhí oibríú i gcomhar leis an Ollamh Venka Simoska (Ollscol Aarhus) ar Fholláine agus Cuspóir an Oideachais, agus d'oibrigh sí le comhoibríthe i Má Nuad agus go hidirnáisiúnta ar Athbhreithniú Córasach Cochrane ar an tionchar atá ag cláir folláine scoile agus réamhscoile ar fheidhmiú síceasóisialta agus chognaíoch leanaí agus tá comhpháirtíocht leanúnach taighde aici le Coiste Seirbhíse Leanaí agus Daoine Óga Chill Dara. In 2019, chuir Jolanta Burke staidéar mórscála ar fholláine múinteoirí agus ceannairí scoile i gcrích. Bhí sí ag obair

FACULTY HIGHLIGHTS

DÁMH NA NEOLAÍOCHTAÍ SÓISIALTA

le Paula Kinnarney i réimse na ceannaireachta san oideachas. I measc na bhfoilseachán dá cuid le déanaí tá caibidil leabhair (2019) dar teideal “Strength-based coaching - A positive psychology intervention” and article “Wellbeing in post-primary schools in Ireland: the assessment and contribution of character strengths” in Irish Educational Studies.”

Mar oideachasóirí agus mar thaighdeoirí, ciallaíonn rannpháirtíocht i bhforbairt curaclaim, saíneolas taighde a spreagadh chun bonn eolais a chur faoi churaclaim náisiúnta agus faoin gcur chuige i leith an oideachais agus múnú a dhéanamh orthu. Cuireann Celine Healy agus Majella Dempsey a gcuid saíneolais taighde ar fáil ag an tSraith Shóisearach agus ag an tSraith Shinséarach agus tá Zerrin Doganca Kucuk ag leanúint de bheith ag forbairt acmhainne in STEM. Tá Majella ina cathaoirleach ar Ghrúpa Forbartha Bhitheolaíocht na hArdeistiméireachta. Agus iad ag obair le beirt mhac léinn SPUR, rinne Majella Dempsey agus Ann O’Shea oiriúnú ar Chreat Réasúnaithe Lithner (2008) chun tascanna don eolaíocht a rangú ar thionscadal maoinithe maidir le Rangú agus Forbairt Tascanna san Eolaíocht agus sa Mhatamaitic (2018). Tá Zerrin Doganca Kucuk mar Mhaoirseoir Tionscadail in “STEM Leader Teacher Career Development Program” (2017-2019). San áireamh ansin tá oibriú le múinteoirí matamaitice agus eolaíochta sa scoil mheánach agus san ardscoil. Sampla amháin dá táirgeacht foilseachán is ea staidéar i gcomhar le A. Saysel. (2018) “Developing Seventh Grade Students’ Understanding of Complex Environmental Problems with Systems Tools and Representations: a Quasi-experimental Study in Research in Science Education.

Bhí Celine Healy ina príomhpháirtí agus í ag soláthar a cuid saíneolais agus a cuid scileanna taighde maidir le forbairt curaclaim in oideachas teangacha in Éirinn. Tá ballraíocht mar Shaineolaí Teanga aici i gGrúpa Comhairleach na dTeangacha Lasachta (FLAG), tá sí ina Ball Saineolaíoch um Oideachas Tosaigh Múinteoirí d’Fhoghrúpa Iarbhunscoile FLAG, ina Ball den Choiste Stiúrtha um Fhoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT) trí Ghaeilge agus ina Comhairleoir agus ina Taighdeoir ar Threoirthionscadal ROS maidir le Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha trí Nuatheangacha lasachta. Chomh maith leis sin, tá sí ina Cathaoirleach ar an nGrúpa Forbartha do Nuatheangacha lasachta sna Nuatheangacha.

Tá Rose Dolan ag treorú snáithe an Oideachais Múinteoirí san EDD, atá ag forbairt acmhainne ghairmiúil i gcomhair taighde sa réimse sin. Sampla amháin dá táirgeacht foilseachán i gcomhar le Thomas Walsh (2019) ba ea 'Changing identities and practices: transitioning from the role of supervisor to placement tutor in initial teacher education in Ireland'. Professional Development in Education, 45 (4):527-538. Agus machnamh á dhéanamh aici ar cheisteanna a bhaineann le neamhspleáchas múinteoirí agus ceannaireacht oideachais, d’fhoilsigh Maija Salokangas roinnt Alt in 2019, lena n-áirítear ceann i gcomhar le W. Wermke agus G. Harvey, 'Teachers’ autonomy deconstructed: Irish and Finnish teachers’ perceptions of decision-making and control' san European Educational Research Journal.



An tUas. John McCormack (Príomhoide, Ardscoil na Tríonoide, Baile Átha Í), Maria Harney (Leas-Phríomhoide, Meánscoil Loreto, an Uaimh), Angela Rickard agus Dr Thomas Walsh

In 2018, fuair Angela Rickard agus Thomas Walsh maoiniú ó Chreat Tacaíochta Taighde John Coolahan na Comhairle Múinteoireachta chun oibriú i gcomhar le dhá iar-bhunscoil chun tuiscintí ar chómhúinteoireacht a fhorbairt agus dul i ngleic léi. De bharr an taighde, cuirfeadh sraith acmhainní ábhar ar fáil chun tacú le cómhúinteoireacht in iar-bhunscoileanna in 2020. Tógann sé sin ar thaighde i gcomhar a rinneadh roimhe sin idir Roinn an Oideachais in Ollscoil Mhá Nuad agus an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST) chun tacú le cómhúinteoireacht i measc múinteoirí faoi oiliúint agus múinteoirí a bhfuil taithí acu i scoileanna comhpháirtíochta.

Ar deireadh, tá an Tionscadal TL21 atá á mhaoiniú ag ROS á stiúradh ag Anthony Malone. Is tionscnamh tábhachtach é sin agus is eiseamláir é den taighde rannpháirtíochta é, ag forbairt cumas taighde ar fud na hearnála, agus é sin mar phríomhthosaíocht náisiúnta i gcúrsaí curaclaim agus oideolaíochta. Cuireann an clár Forbairt Ghairmiúil Leanúnach bunaithe ar cheardlanna ar fáil do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile, ar clár é a chuireann cleachtas nuálaíoch agus pobail ghairmiúla foghlama chun cinn in iar-bhunscoileanna.

ROINN AN OIDEACHAIS AOSAIGH AGUS POBAIL (DACE)

Bliain tháirgiúil ba ea 2018 do DACE i dtéarmaí taighde agus bliain shuntasach maidir lenár straitéis taighde mheántéarmach a leabú, straitéis a dréachtaíodh dhá bhliain ó shin. Dréachtaíodh an straitéis sin i gcomhar mar fhreagairt d’athruithe sa réimse agus do mholtáí ó na hathbheithneoirí seachtracha i dTuarascáil Féinnmheasúnaithe na Roinne (2017). Ceann de na príomhaidhmeanna atá ag an straitéis seo is ea a chinntiú go leanfaimid leis an gcineál taighde atá inniúil, atá ábhartha do chleachtóirí, agus atá dírithe ar phraitic. Tá an cineál sin taighde lárnach sa Roinn agus ríthábhachtach don rannchuidiú atá déanta aici le réimse an oideachais le daichead bliain anuas. Rinneadh an taighde sin ar mhórán bealaí; bhí baint


BUAICPHOINTÍ DÁIMHE DÁMH NA NEOLAÍOCHTAÍ SÓISIALTA

aige le hoideolaíocht agus le curaclaim don oideachas aosach, oideachas ionchuimsitheach, méadú ar rochtain agus oideachas bunathraitheach den chuid is mó. Tá sé tábhachtach a lua go mbaineann a chuid módúlachtaí féin leis an gcineál sin taighde rannpháirtíochta agus cuid thábhachtach de sin is ea go n-éistimid lenár gcomhpháirtithe luachmhara agus go gcuirimid an taighde ina láthair ar bhealach atá fiúntach dóibhsean. Ní i gcónaí a leanann rithim agus cruth an taighde sin na gnáthphatrúin acadúla ná ní i gcónaí a eascraíonn gnáth-thorthaí taighde astu. Is mian linn aird a tharraingt ar chuid den obair thábhachtach den chineál sin thíos ach i dtús báire is fiú fairsinge na hoibre sin a lua. Is féidir linn 25 léiriú taighde ar a laghad a ainmniú seachas na cruinnithe eagraíochtúla agus riaracháin a bhaineann leis an obair sin in 2018 (chun blaiseadh a fháil den réimse comhlachtaí atá i gceist féach an mhír maidir le rannpháirtíocht thíos).

Ag an am céanna, táimid ag iarraidh ár gclú idirnáisiúnta mar phríomh-ionad i gcomhair taighde fíorthábhachtach ar oideachas agus ar fhoghlaim a dhainníú agus a leathnú (go háirithe ár saineolas ar mhodheolaíochtaí taighde rannpháirtíochta, oideolaíocht fhíorthábhachtach, oideachas pobail, foghlaim agus rochtain bhunathraitheach). San am atá caite, is gníomhaíocht thánaisteach a bhí anseo do DACE. Táimid ag iarraidh anois 'cothromaíocht' a aimsiú idir na haidhmeanna sin ach a chinntiú freisin go dtéitear i ngleic leis na cineálacha taighde ar leith sin mar gníomhaíochtaí comhlántacha. Rinneadh ár straitéis a dhréachtú i bhfianaise na sprice atá ag an Ollscoil, is é sin go ndéanfaí í a aithint mar ollscoil a bhfuil ról ceannródaíoch idirnáisiúnta aici agus a bhfuil aitheantas aici mar cheannaire soiléir náisiúnta sna réimsí taighde a thugann aghaidh ar na dúshláin mhóra atá le sárú sa tsochaí sa 21ú haois.

Chun na haidhmeanna sin a chur chun cinn, tá iarracht shuntasach déanta againn CRALE a atheagrú agus d'eagraíomar seacht gcinn d'imeachtaí foirne agus ceithre cinn d'imeachtaí poiblí in 2018. Thug na himeachtaí sin réimse leathan de chleachtóirí náisiúnta agus idirnáisiúnta san oideachas pobail agus aosach, gníomhachtaithe beartas, grúpaí ionadaíochta pobail, grúpaí acadúla agus taighde chuig Má Nuad chun cleachtas a roinnt, plé agus obair i gcomhar a dhéanamh, foghlaim ghairmiúil, plé ar bheartais agus gníomhaíochtaí bunathraitheacha. Bhí obair CRALE an-úsáideach i dtaca leis an gcothromaíocht sin a aimsiú agus tús a chur le réimse iomlán ar n-iarrachtaí taighde a dhoiciméadú. San áireamh ansin bhí próifiliú a dhéanamh ar gníomhaíochtaí taighde dochtúireachta na roinne agus a gcuid taighde á chur i láthair ag 17 mac léinn dochtúireachta ag fóram bliantúil iarchéime CRALE i mí Feabhra 2018.

AG COTHÚ NA COMHPHÁIRTÍOCHTA TRÍ THAIGHDE RANPHÁIRTÍOCHTA



In 2018, bhronn AONTAS (an eagraíocht náisiúnta um oideachas aosach) conradh taighde ar an roinn i gcomhair staidéar measctha a mhapáil athruithe san oideachas pobail. Cuireadh é sin i gcrích. Baineadh feidhm as deontas a bronnadh ag deireadh na bliana in 2017 chun iniúchadh a dhéanamh ar an mbealach is fearr chun 'guthanna na bhfoghlaimoirí' a úsáid chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt beartais in oideachas aosach in Éirinn agus cuireadh é sin i gcrích freisin in 2018. Bhí cruinnithe iomadúla le lucht déanta beartas ar fud na hÉireann i gceist leis an dá thionscadal, lena n-áirítear SOLAS (an comhlacht reachtúil atá freagrach as oideachas aosach agus breisoideachas) agus foireann ón ÚAO agus ó na Boird Oideachais agus Oiliúna chomh maith le scoláirí eile as an Ríocht Aontaithe, an Ísiltír agus Éirinn. Faoi mar is iondúil i dtaighde den chineál sin, nuair ata sé éifeachtach, is obair leanúnach í seo a bhfuil a tionchar ag leathadh (i gcás an staidéir ar ghuth an fhoghlaimora a dhéanamh ar thaighde rannpháirtíochta ar fud na tíre agus i gcás an tionscadail ar oideachas pobail maidir le DACE a bheith infheicthe do chleachtóirí tiomanta).

Bhí an fhoireann páirteach in 8 gcur i láthair do lucht déanta beartas agus don phobal agus leas á bhaint as ár gcuid taighde faoi mar a bhaineann sé leis an gclár PATH, ar clár é atá á mhaoiniú ag an ÚAO. Tacaíonn clár PATH le breis éagsúlachta in Oiliúint Tosaigh Múinteoirí (ITE).


D'oibrigh an Roinn i gcomhar le Clár FSS um Shláinte Ghnéis agus Toircheas Éigeandála chun sraith Máistir-ranganna a dhearadh agus a sholáthar agus iad bunaithe ar ár gcuid taighde maidir le bainistíocht a dhéanamh ar na dúshláin a eascraíonn as toircheas gan choinne i bhfianaise na reachtaíochta nua atá ar na bacáin. Bhí ocht gcinn de cheardlanna i gceist leis sin agus d'fhreastail 160 gairmí orthu ó chomhthéacsanna éagsúla a bhain le leigheas, cúram sóisialta, síceolaíocht agus oideachas.

FACULTY HIGHLIGHTS

DÁMH NA NEOLAÍOCHTAÍ SÓISIALTA

Is i bhfoirm scaipeadh poiblí ar léann a bhí cuid dár dtaighde rannpháirtíochta. Mar shampla, thionólamar dhá sheimineár freisin do bhaill foirne agus do mhic léinn in Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach ar ár gcuid taighde i dtaca le rochtain ar ardoideachas. Rinne DACE cur i láthair freisin ag seimineár poiblí a thionóil Ollscoil na Banríona, Béal Feirste ar aicme shóisialta (a thionóladh i leabharlann phoiblí). Cuireadh é sin i láthair freisin mar ionchur (Féadann Oideachas Aosach comhionannas a mhúnlú agus a chur chun cinn) ar RTÉ Brainstorm. Tugadh cuireadh do cheathrar ball foirne a bheith rannpháirteach i sraith léachtaí (7) i Scoil na Síctearipe, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, maidir le modhanna scéalaíochta agus taighde beathaisnéiseach. Tugadh cuireadh do cheathrar ball foirne a bheith rannpháirteach i sraith léachtaí (7) i Scoil na Síctearipe, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, maidir le modhanna scéalaíochta agus taighde beathaisnéiseach.

ÁR gCÁIL IDIRNÁISIÚNTA A COMHDHLÚTHÚ AGUS A LEATHNÚ



D'fhoilsigh SENSE/BRILL Reflexivity and Critical Pedagogy

Bhí foilsíú Reflexivity and Critical Pedagogy ag SENSE/BRILL, ceann de na foilsitheoirí idirnáisiúnta is mó le rá i dtaca le taighde ar oideachas aosach a fhoilsíú, mar mhóimeacht in 2018. Bailítear tuairimí agus cleachtais a forbraíodh sa roinn thar thréimse fhada le chéile sa leabhar agus tugadh iad sin le chéile ionas go bhfuil sé nasctha le taighde rannpháirtíochta ach freisin de bhrí go gcinntíonn sé aitheantas ó scoláirí idirnáisiúnta. Ar an gcúis sin, roghnaíomar roinnt leabhar eile a tháirgeadh i gcomhar le foilsitheoirí idirnáisiúnta le blianta beaga anuas agus leanfaimid den straitéis sin in 2019-2020. Tá toradh rathúil le feiceáil ar an athrú seo ar an mbealach a ndéanaimid ár gcuid saothair a fhoilsíú le blianta beaga anuas agus níos mó cuirí á bhfáil maidir le príomhchainteanna agus tionscadail i gcomhar. Taobh amuigh den leabhar, d'fhoilsíomar ceithre chaibidil leabhair, lena n-áirítear caibidil a choimisiúnaigh agus a d'aistrigh foilsitheoir Portaingéalach agus bhíomar san áireamh i mbaillíúchán dátheangach le comhlacht foilsitheoireachta sa Ghearmáin.

Seachas sin, chuireamar 15 pháipéar i láthair ag comhdhála acadúla, agus foilsíodh trí cinn acu. Is fiú a lua go ndearnadh formhór na gcur i láthair sin ag príomhchomhdhála acadúla idirnáisiúnta i réimse an oideachais aosach ar théamaí a bhaineann le hoideachas pobail (Ollscoil Capetown, Linköping, an tSualainn) agus foghlaim bhunathraitheach (in Milano-Bicocca agus Coláiste na Múinteoirí Columbia Nua-Eabhrac). Eagraíodh an t-imeacht sa tSualainn i gcomhar le ball foirne agus bhí DACE páirteach sa ghrúpa eagraithe/ sa choiste eolaíochta/ sa choiste gradam i gcás trí cinn de na comhdhála sin. Bhí ball foirne amháin mar leaschathaoirleach ar an gCumann Eorpach um Thaighde ar Oideachas Aosach (tá ESREA ar an eagraíocht acadúil is suntasaí i réimse an oideachais aosach san Eoraip). Chomh maith leis sin, d'eagraigh baill foirne scoil samhraidh idirnáisiúnta ar Abhcóideacht agus oideachas aosach a reáchtáladh i gcomhar le AONTAS.

Cuireadh críoch le tionscadal mórscaála trí bliana ar Fhoghlaim Ionchuimsitheach Erasmus + dar teideal Unlocking Freedom through Adult Education in 2018 agus mar thoradh air sin rinneadh scaipeadh ar bhealaí iomadúla a bhí ábhartha i dtaca le cleachtóirí agus lucht déanta beartas. I measc na n-aschur agus na ngníomhaíochtaí rannpháirtíochta sin bhí tuarascáil taighde don Aontas Eorpach, páipéar polasaí ar leibhéal Eorpach, clár um fhorbairt ghairmiúil leanúnach agus treoirlínte agus tuarascáil ar dhí-institiúidí ar fud na hEorpa.

Reáchtáil Ionchuimsiú Cultúrtha san Ard-Oideachas HE4U2 roinnt imeachtaí in 2018. D'fhoilsigh an tionscadal seo, ar tionscadal é atá á threorú ag EUCEN i gcomhar le seacht gcinn de Chomhpháirtithe Eorpacha lena n-áirítear Ollscoil Mhá Nuad, páipéar polasaí ar ionchuimsiú cultúrtha san ardoideachas Eorpach, tuarascáil taighde, cur i láthair os comhair Choimisiún an Aontais Eorpaigh sa Bhrúiséal, comhdháil idirnáisiúnta sa Fhrainc le linn na bliana seo, agus baill d'fhoireann na roinne ag cur i láthair ag an dá imeacht deiridh sin.

Ar leibhéal náisiúnta, d'eagraigh ball foirne agus cathaoirleach Líonra Ard-Oideachais na hÉireann don Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil comhdháil i Má Nuad i mí na Samhna don líonra sin agus ghlac 100 rannpháirtí ó earnáil an ardoideachais agus ó chomhlachtaí polasaí, cáilíochta agus creidiúnaithe páirt ann.

Tá an fhoireann go léir gníomhach in obair phiarmheasúnaithe agus tá ball amháin ar bhord eagarthóireachta na príomhírise don oideachas aosach in Éirinn, The Adult Learner, agus bhí duine eile mar eagarthóir ar an iris idirnáisiúnta Journal of Transformative Education (SAGE).

D'éirigh go maith leis an roinn riamh anall dámhachtainí taighde Eorpacha a bhaint amach agus arís eile in 2018 bhaineamar amach dámhachtainí trí Erasmus +. Rinneadh trí cinn de thograí eile a mhaoiniú freisin (lena n-áirítear AONTAS a luadh thuas)

BUAICPHOINTÍ DÁIMHE DÁMH NA NEOLAÍOCHTAÍ SÓISIALTA

agus is fiú €109,958 an maoiniú sin. Chun an méid sin a bhaint amach, chuir an fhoireann 12 iarratas ar mhaoiniú i dtoll a chéile i gcomhair tionscadal a bhain le comhionannas, infhostaitheacht agus rochtain san oideachas aosach in 2018. Den dara huair le ceithre bliana anuas, chuireamar isteach tairiscint Horizon agus tá an roinn gníomhach agus í a iarraidh dámhachtain den chineál sin a fháil chun taighde dochtúireachta agus iardhochtúireachta a mhaoiniú agus chun ár straitéis taighde a chur chun cinn. Bhronn Microsoft Ireland €25,000 don tionscadal taighde: Dream Space.

Mar is dual do roinn atá dírithe go mór ar an léann idirdhisciplíneach, chuir an fhoireann ábhar ar fáil freisin do chomhdhála náisiúnta agus idirnáisiúnta agus do líonraí a bhaineann le socheolaíocht, treoir agus comhairleoireacht agus síocanailís. Bhí an-bhaint ag ball foirne amháin le heagrú na comhdhála idirnáisiúnta dar teideal Marx at Maynooth: Haunting the Future in 2018 mar chuid de dheich mbliana d'imeachtaí cuimhneacháin. Eagraíodh é sin mar imeacht i gcomhar le ranna eile agus bhí lucht eagraithe ó ranna na Socheolaíochta, na hAntraípeolaíochta agus an Bhéarla rannpháirteach freisin. Bhí cainteoirí mór le rá i láthair agus mheall sé dhá chéad rannpháirtí.

RANPHÁIRTÍOCHT AGUS TAIGHDE RANPHÁIRTÍOCHTA

Tá an-fhorbairt ar an ngné sin dár gcuid oibre agus í searbhunaithe.

- > Tacaíonn clár PATH le breis éagsúlachta in Oiliúint Tosaigh Múinteoirí (ITE). I gceist leis sin in 2018, bhí comhairliúchán agus cuir i láthair do chomhpháirtíochtaí sa cheantar áitiúil, líonraí de scoileanna DEIS ag leibhéal na bunscoile agus na hiarbhunscoile, earnáil an Bhreisoidreachais, An Roinn Oideachais agus Scileanna, an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta, An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta, Comhairle Mhúinteoireachta na hÉireann, eagraíochtaí an Lucht Siúil, Teaghlach Amháin agus eile.



- > Tionóladh seimineár ar oideolaíocht bunaithe ar thaighde do bhaill foirne de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara agus Chill Mhantáin agus tionóladh ceann eile ar Oideachas ar Feadh an tSaoil i Lárionad Oideachais Osaigh Bhaile Átha Cliath.

- > Tionóladh mórán cruinnithe comhairliúcháin agus cruinnithe chun taighde a chur i láthair in 2018 a bhain leis an tionscadal dar teideal Unlocking Freedom through Adult Education le Coiste Comhairleach Náisiúnta Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann, soláthraithe oideachais BOO agus pobail, eagraíochtaí tacaíochta do dhaoine faoi mhíchumas, grúpaí um chearta do dhaoine faoi mhíchumas, soláthraithe ardoideachais agus breisoidreachais i Má Nuad agus i nGaillimh maidir le hionchuimsiú foghlaimoirí atá faoi mhíchumas intleachtúil in oideachas aosach agus pobail. Bhí comhpháirtithe idirnáisiúnta as an bhFrainc, an Bhulgáir agus an Fhionlainn páirteach freisin sa chomhdháil deiridh a sheol an tAire Stáit do Cheisteanna Míchumais.
- > Rannpháirtíocht sa Chlár Oibre Eorpach um Fhoghlaim Aosach: Increasing Pathways, Increasing Participation (2017 - 2019) maidir le grúpa comhairleach an tionscadail.
- > Ag leibhéal na hOllscoile, rinne beirt bhall foirne cur i láthair ag taispeántas taighde MUSSI agus bhí triúr ball foirne rannpháirteach i dtír cinn de sheimineáir ar dochtúireachtaí gairmiúla a tionóladh in Ollscoil Mhá Nuad, lena n-áirítear Siompóisiam Dhéan na Staidéar larchéime.
- > I dtaca le forbairt a dhéanamh ar an gclár don chúrsa nua i gcomhar le Roinn na Staire agus le Fórsaí Cosanta na hÉireann don MA i Staidéir Cheannaireachta, Bhainistíochta agus Chosanta, bhí sé riachtanach dul i gcomhairle le Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath, le Líonraí Bhoird Gáis, le hAerchór na hÉireann, leis an Líonra Náisiúnta Foghlama, agus le hInstitiúid Oiliúna na Seirbhísí Éigeandála, chun cláir inmheánacha in oiliúint agus i bhforbairt a sholáthar.
- > Comhpháirtíocht trí bhealach is ea an Ollscoil Phobail idir Ollscoil Mhá Nuad (MU); eagraíochtaí pobalbhunaithe i bhfoirm Cuideachtaí Forbartha Áitiúla agus Cuideachtaí Comhpháirtíochta Áitiúla LEADER; agus an tSeirbhís Leabharlainne Poiblí atá dírithe ar nascadh le spriocgrúpaí 'a bhfuil sé deacair teacht orthu' agus orthu siúd is faide ón gcóras Ard-Oideachais, trí chúrsaí inrochtana agus spreagúla a reáchtáil i leabharlanna áitiúla.
- > Bhí baill foirne ó DACE páirteach sna ceardlanna comhairliúcháin i mBaile Átha Cliath 15 le gníomhaithe áitiúla pobail agus beartas, agus rinne siad cur i láthair taighde os comhair Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas in 2018 maidir leis an taighde ar Embracing Diversity (2017- 2018), taighde ina ndearnadh staidéar ar éispéiris éagsúlachta, agus tacú le comhthuisctin agus le dialóg idir Daoine de Bhunadh an hAfraice (PAD) agus soláthraithe seirbhíse i gceantar Bhaile Átha Cliath 15.
- > Cuireadh rannpháirtíocht leanúnach agus comhairliúchán foirmiúil i dtaca le hoideachas aosach ar fáil do Thascfhórsa Áitiúil Drugaí agus Alcóil Bhaile Átha Cliath Thoir Thuaidh; Comhpháirtíocht LEADER Chontae Chill Dara; Comhpháirtíocht Thuaisceart Bhaile Átha Cliath Thuaidh, Comhpháirtíocht Bhaile Formáid, rannóg ionchuimsithe sóisialta Leabharlanna Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Rannpháirtíocht Champais Chumann Ollscoileanna Éireann.

FACULTY HIGHLIGHTS

DÁMH NA NEOLAÍOCHTAÍ SÓISIALTA

ROINN FROEBEL DON BHUN- AGUS LUATH-OIDEACHAS

Tá 22.5 duine mar chuid d'fhoireann acadúil Roinn Froebel agus tá a gclár taighde á bhforbairt acu faoi láthair. In 2018, d'fhoilsigh an Roinn 3 leabhar, 7 gcaibidil leabhair, 7 n-alt irise tagartha agus 13 fhoilseachán eile. Bhí an fhoireann rannpháirteach i mórán comhdhálacha, le haon fhoilseachán comhdhála amháin agus 33 rannchuidiú aonair ag comhdhálacha.

Sheol an Roinn Clár Máistreacht nua i dTaighde san Oideachas in 2018 agus bronnadh céimeanna ar an gcéad chohórt in 2019. Mar chuid de Straitéis Taighde na Roinne, tá tús curtha againn le Grúpa Oibre Dochtúireachta le pleananna chun tús a chur le céim dhochtúireachta go luath.

TAIGHDE RANPHÁIRTÍOCHTA

- > Kiely, J. O'Toole, L. Haals-Brosnan, M., O'Brien, E. Z., O'Keeffe, C. and Dunne, C. (2019). Parental Involvement, Engagement and Partnership in Children's Education during the Primary School Years: Final Report. Baile Átha Cliath: An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta / Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (www.mie.ie/en/research/parental_involvement_engagement_and_partnership_in_their_children%E2%80%99s_education_during_the_primary_school_years/parental_involvement_part_2.pdf).
- > O'Toole, L. Tionscadal THRIECE (Teaching for Holistic Relational and Inclusive Early Childhood Education) – tionscadal arna mhaoiniú ag Erasmus+ le 10 gcomhpháirtí thar 3 thír Eorpacha, an Pholainn, an Phortaingéil agus Éire, agus 3 leibhéal oideachais, ollscoileanna, bunskoileanna agus suíomhanna luathoideachais.

AN ROINN TÍREOLAÍOCHTA

ACHOIMRE AR ÉACHTAÍ TAIGHDE

- > Thug an Dr Stephen McCarron nach mór deich mbliana de thaighde chun críche nuair a foilsíodh fionnachtain fean dríodair oighirdhíorthaithe ar an scairbh ilchríochach in iarthar na hÉireann, fean atá na hilmhilliúin de bhlianta d'aois agus nár aithníodh roimhe sin é.
- > Ag Leacht Cuimhneacháin agus Músaem 9/11, Nua-Eabhrac, thug an tOllamh Karen Till an léacht iomlánach don chomhdháil idirnáisiúnta ar 'Relevance as a Transformative Force at Sites of Public Memory.'
- > Bronnadh bonn don Eolaí Luathghairme ar an Dr Gerard McCarthy ag an gCumann Idirnáisiúnta d'Eolaíocht Fhísiceach na nAigéan i mbliain ina raibh sé mar phríomhthaighdeoir d'fhoireann ar bronnadh €2 mhilliún orthu ó Fhoras na Mara agus ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa do thionscadal ar athrú aeráide an Atlantaigh.
- > Bhí an tOllamh Mary Gilmartin ina comhúdar leabhair ar imirce agus ar mhuintearas i ré Trump agus an Bhreiteimeachta.
- > D'fhoilsigh an Dr Conor Murphy agus a chomhghleacaithe taifead báistí d'Éirinn a chlúdaigh breis agus trí chéad agus dá bhí sin, bhí sé ar cheann de na taifid b'fhaide agus ba leanúnaí a bunaíodh ar fud an domhain.

In 2018-2019, lean tíreolaithe ag Má Nuad orthu i mbun barr feabhais sa teagasc, sa chruthaitheacht i mbun dtaighde, agus sa dúthracht seirbhíse. Le haon leabhar amháin agus 21 caibidil, bhí foilseacháin in 2018 ag nach mór an leibhéal céanna leis an mbliain roimhe sin, cé go raibh méadú 50% i líon na n-alt tagartha (suas go dtí 82 ó 54 an bhliain roimhe sin). In 2018-19, bhí 44 iarratas ar dheontas ag nach mór an leibhéal céanna leis an mbliain roimhe sin agus ar an gcaoi chéanna, líon na ndéontas a bronnadh (17), cé gur aimsíodh a dhá oiread maoinithe, beagáinín níos lú ná €4 mhilliún. Ba shuntasach an oiliúint taighde a bhí ar bun agus d'éirigh le cúigeir mac léinn ina léann dochtúireachta (4 in 2018-19). Bhí méadú suntasach ar líon na scoláirí iardhochtúireachta (suas go dtí 8 ó 3 sa bhliain roimhe sin).

Chuir ceapacháin le déanaí go mór lenár n-éifeacht. Foilsíodh ailt leis an Dr Lisa Orme in Nature Climate Change (rangaithe #2 as 251 in Environmental Sciences agus #1 as 86 in Meteorology and Atmospheric Sciences, Web of Science) agus in Quaternary Science Reviews (rangaithe #5 of 50 in Physical Geography, Web of Science). D'aimsigh an Dr Helen Shaw deontas le haghaidh oibre leis an gComhairle Taitte Móra mar chuid de Scéim Rannpháirtíochta Pobail Taitte Móra. Foilsíodh alt leis an Dr Conor Cahalane in International Journal of Remote Sensing (rangaithe #14 as 30 in Remote Sensing, Web of Science). Thug an Dr Gerard McCarthy tuairim is €1.3 mhilliún go Má Nuad dá thaighde ar ról na n-aigéan in athrú aeráide. Bhí an saothar seo le feiceáil chomh maith i sé alt (lena n-áirítear comh-alt lenár nOllamh féin, Peter Thorne, do Nature) agus spreag sé an Cumann Náisiúnta um Eolaíocht Fhísiceach na nAigéan Gerard a ainmniú mar a nEolaí Luathghairme do 2019.

Lean an rannpháirtíocht idir an tOllamh Peter Thorne agus an Paineáil Idir-Rialtasach ar Athrú Aeráide agus tá an taighde um Athrú Aeráide ag Má Nuad go mór faoi chomaoin na nasc idirnáisiúnta seo. In 2018 bhí trí dheontas Eorpacha ag an Ollamh Thorne sa réimse seo. Chomh maith leis an méid oibre a rinne sé i dtaighde forbraíochta an IPCC, foilsíodh ailt leis an Ollamh Thorne i bpríomh-irisí acadúla: International Journal of Climatology agus Journal of Geophysical Research-Atmospheres (rangaithe faoi seach #18 agus #17 as 86 in Meteorology and Atmospheric Sciences, Web of Science). Is léir an meas idirnáisiúnta atá air ón méid tagartha a dhéantar dá shaothar (díreach faoi bhun 3,000 uair in 2018 amháin, Google Scholar). Óna thaighde deontas-mhaoinithe féin, tá ailt foilsithe ag an Dr Rowan Fealy in International Journal of Climatology, agus i dtír iris eile. Fuair an Dr Conor Murphy sé dheontas taighde agus foilsíodh sé alt dá chuid le comhoibríthe, lena n-áirítear alt in Bulletin of the American Meteorological Society (rangaithe #3 as 86 in Meteorology and Atmospheric Sciences, Web of Science). Bhain roinnt de na hailt seo le tionscadal um athshlánú sonraí a rinneadh le fochéimithe, a raibh an chéad taifead báistí thar 300 bliain d'Éirinn mar thoradh air, agus dá bhí sin bhí sé ar cheann de na sraitheanna ab fhaide agus ba leanúnaí a rinneadh ar fud an domhain. Tá taighde breise tagtha as an tacar sonraí seo, lena n-áirítear go bhfuarthas amach go mba iad na deich mbliana seo caite na deich mbliana ba fhliche in Éirinn le trí chéad bliain anuas.

I roinnt blianta, baintear fionnachtain shuntasach amach i réimse áirithe taighde. Tar éis mórán aistear farraige agus comhthiomsiú sonraí stratagrafacha ó mhórán suíomhanna, in 2018 bhí an Dr Stephen McCarron in ann a fhionnachtain a fhoilsiú go raibh fean

BUAICPHOINTÍ DÁIMHE DÁMĦ NA NEOLAÍOCHTAÍ SÓISIALTA

sil-leaganach oighear-dhíorthaithe ar an scairbh chósta in iarthar na hÉireann (in Marine Geology, rangaithe #7 as 66 in Oceanography, Web of Science). Tá sé seo anois bunaithe mar an ghné is faide ó dheas san Eoraip agus ní mór athmheasúnú a dhéanamh ar chuntais reatha an oighriúcháin is déanaí san Eoraip. Ar an gcaoi nuálach chéanna, ní hamháin gur fhoilsigh an Dr Alistair Fraser saothar i bpríomh-iris tíreolaíochta (Annals of the Association of American Geographers, rangaithe #17 as 83 in Geography, Web of Science) ar gheopholaitíocht cánach siúcra, ach rinne sé ceannródaíocht ar shaothar maidir leis an gcaoi a gceadaíonn teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide foirmeacha nua rialachais i gcúrsaí talmhaíochta, le halt ar an gcaidreamh idir grabáil talún agus grabáil sonraí a foilsíodh in Journal of Peasant Studies (rangaithe #1 as 90 in Anthropology, Web of Science). Déanann saothar Alistair forbairt do shuíomhanna tuaithe ar chuid de na léargais a leanann an tOllamh Rob Kitchin agus a chomh-oibríthe ag obair orthu ina gcuid oibre ar The Programmable City agus ar Smart Cities. Ag cur leis an dá leabhar a cuireadh in eagar in 2017, tháirg an fhoireann seo dhá chnuasach eile a bhfuil eagarthóireacht déanta orthu in 2018 agus chuir Rob é féin le leathdhosaen alt agus naoi gcaibidil leabhair. Rinneadh tagairt do thaighde Kitchin breis agus 3,000 uair in 2018 (Google Scholar) agus dearbhaítear seasamh idirnáisiúnta a shaothair chomh maith tríd an sreabhadh seasta cuairteoirí a mheallann sé go Má Nuad le haghaidh comhoibriú fada agus gearr.



Chomhscríobh an tOllamh Mary Gilmartin Borders, mobility and belonging in the era of Brexit and Trump

I mbliain acadúil 2018-9 thug an tOllamh Mary Gilmartin a céad léacht tionscnaimh ar 'Placing Migration: the challenge of belonging in a precarious World.' Chuir an taighde seo bonn eolais freisin faoin leabhar a chomhscríobh Mary, Borders, mobility and belonging in the era of Brexit and Trump agus gradam iardhochtúireachta na Comhairle um Thaighde in Éirinn a thugann an Dr Malene Jacobson go Má Nuad le hoibriú le Mary. Maidir leis an tionchar idirnáisiúnta, is díol suntais iad na saothair leis an Dr Martin Charlton agus an tOllamh Chris Brunsdon. Rinneadh tagairt do shaothar an Dr Charlton 1,749 uair agus do shaothar an Ollaimh Brunsdon 1,973 uair in 2018 (Google Scholar). I gcomhar le chéile (agus don chuid is mó ba chomhshaothair iad) bhí deich n-alt acu in 2018, lena n-áirítear i bpríomh-iris mar Progress in Human Geography agus Annals of the Association of American Geographers (rangaithe faoi seach #3 agus #17 as 83 in Geography, Web of Science). Cuireann a saothar ar theicnící staitistiúla anailíse spásúla tacaíocht

shaineolaíoch ar fáil le haghaidh níos mó taighde iarchéimithe agus foirne ná mar a luaitear a n-ainmneacha leo. Tugadh faoin anailís spásúil i saothar an Dr Chris van Egeraat chomh maith, agus é ag machnamh ar a shaothar chun cuidiú le beartas réigiúnach na hÉireann a fhorbairt, d'fhoilsigh sé dhá alt ar thíreolaíocht gheilleagar na hÉireann. In alt amháin, lean an Dr Ronan Foley lena shaothar ag déanamh scrúdú ar úsáid sonraí sláinte ó dhaonáireamh na hÉireann, agus rinne dhá chaibidil leabhair forbairt bhreise ar a shaothar ardmholta ar thírdhreacha teiripeacha (tá 87 tagairt go dtí seo i leabhar 2017, Google Scholar) agus ar shláintiúlacht spásanna gorma (rinneadh tagairt breis agus 100 uair d'aon alt amháin ó 2015 ar spásanna gorma, Google Scholar).

Lena freastal idirdhisciplíneach, a teagmháil le sochaí sibhialta, agus a spreagadh um chomhfhoilseachán, is snáithe sainiúil agus corraitheach é an taighde in Ealain agus Tíreolaíocht de léann na tíreolaíochta ag Má Nuad. Léirítear an seasamh idirnáisiúnta atá ag an Ollamh Karen Trill trí na tagairtí a dhéantar dá saothar (318 in 2018, Google Scholar), tríd an bplé idirnáisiúnta a dhéantar ar a saothar (mar agallamh in irisleabhar na heolaíochta sóisialta, disClosure), trí na cuirí a fhaigheann sí chun léachtaí iomlánacha a thabhairt (lena n-áirítear ag comhdháil ar chuimhne agus ar mhúsaeim a reáchtáladh ag Lárionad Cuimhneacháin 9/11 i Nua-Eabhrac), agus trí na deontais a fhaigheann sí ó chomhairlí taighde agus ó chomhpháirtithe sochaí sibhialta a thacaíonn lena cuid taighde (in 2018-19, an Chomhairle Um Thaighde in Éirinn, Ionad Síochána agus Athmhuintearais Ghleann Crí, agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath). Bíonn an tOllamh Gerry Kearns ag foilsiú agus i mbun taighde sa réimse seo agus i measc a chuid foilseachán tá alt in eagrán speisialta de The Irish Review, a raibh an tOllamh Till ina chomheagarthóir air agus a raibh dhá alt dá cuid foilsithe ann. I gcomhar leis an Dr Conor Murphy, choimeád an tOllamh Till sraith imeachtaí ar fud an champais do GeoWeek i mí na Samhna 2018, le taispeántais agus léachtaí bunaithe ar théama Eolaíochta Saoránach agus Faireoirí Aimsire. Tháinig foilseachán ó na fiontair seo agus ó thionscnaimh thaighde eile sna blianta ina dhiaidh sin.

Nuair a dhéantar cur i láthair ag comhdhálacha náisiúnta agus idir-náisiúnta, is cuid ríthábhachtach den chúram é ár dtaighde a scaipeadh. Rinneadh tuairisciú ar 46 páipéar comhdhála ag bail foirne do 2018-2019. Bíonn Roinn Tíreolaíochta Mhá Nuad le feiceáil níos faide i gcéin ná an fhoireann mhúinteoireachta lánaimseartha agus lucht taighde iardhochtúireachta, déantar cur i láthair ag comhdhálacha, foilsítear ábhar ár gcéimithe, chomh maith lenár gcomhghleacaithe emeritus. Ag Comhdháil Tíreolaithe na hÉireann arna óstáil i mí na Bealtaine 2019 ag Ollscoil na hÉireann Gaillimh, chuir foireann nó taighdeoirí iardhochtúireachta Mhá Nuad 21 páipéar i láthair, ach chuir ár gcéimithe 31 páipéar i láthair, iarrthóirí dochtúireachta den chuid is mó, ach roinnt mac léinn Máistreachta freisin ag tuairisciú ar thaighde infhoilsithe. Tá an tsineirge idir an teagasc agus an taighde soiléir nuair a fheiceann tú go raibh beirt as an gcúigear mac léinn dochtúireachta a chríochnaigh a gcéimeanna in 2019 mar fho-chéimithe sa Roinn roimhe sin agus go raibh Céim Mháistreachta bainte amach sa Roinn ag beirt eile. Mar fhocal

FACULTY HIGHLIGHTS

DÁMH NA NEOLAÍOCHTAÍ SÓISIALTA

scoir, ba chóir dom a lua gur sa bhliain acadúil 2018-19 a d'fhág duine de na daoine a fostaíodh le déanaí chun aghaidh a thabhairt ar ollscoil Éireannach eile. Ba chaillteanas suntasach í an tOllamh Kath Browne dár dtaighde i dTíreolaíocht Dhaonna mar a léirítear thuas agus thíos.

TAIGHE RANPHÁIRTÍOCHTA SEACHTRAÍ

> Comhlachtaí Idirnáisiúnta Taighde

Le linn bhliain acadúil 2018-19, rinne mórán comhghleacaithe taighde i gcomhar le páirtithe leasmhara seachtracha. Ba é an nasc ab iomráití i measc na nasc idirnáisiúnta siúd ná saothar an Ollaimh Peter Thorne ina ról mar Phríomh-Údar Comhordaitheach don séú timthriall tuairisce measúnaithe den Phainéal Idir-Rialtasach ar Athrú Aeráide. Is é seo an post is sinsearaí sa chomhlacht taighde idirnáisiúnta seo a bhí riamh ag eolaí as Éirinn. Bhí an tOllamh Thorne ina bhall freisin de Ghrúpa Oibre Chomhairle Eolaíochta Spáis na hEorpa ar Chalaburú/Bhailíochtú agus de Phainéal Breathnóireachta Atmaisféir don Aeráid de chuid an Chórais Dhomhanda um Breathnú Aeráide (GCOS). Bhí sé ina chathaoirleach ar Ghrúpa Oibre GCOS ar Ghréasán Uas-Aeir Tagartha GCOS.

> Tionscadail Chomhpháirtíochta Pobail

Tá páirtithe leasmhara pobail ag mórán den fhoireann agus de na hiarchéimithe mar chuid dá bhfoireann taighde, lena n-áirítear an tOllamh Karen Till agus an tOllamh Gerry Kearns, a bhí mar chuid de choiste taighde Aisghairm Bhá Bhaile Átha Cliath Thuaidh. Ag obair le sraith de chomhpháirtithe áitiúla, lena n-áirítear Eagraíochtaí Neamhrialtasacha agus údarais áitiúla, bhí an Dr Alistair Fraser mar choimeádaí ar an dara Féile Bhiathlaithis ag Má Nuad. Tá na comhpháirtíochtaí sin mar chuid de thograí nua taighde anois.

> Tuarascálacha Sainchomhairleoireachta

Bhí an tOllamh Mary Gilmartin i mbun oibre leis an Dr Jennifer Dragg, taighdeoir iardhochtúireachta ag Institiúid Eolaíochta Sóisialta Ollscoil Mhá Nuad, agus i gcomhar le heagraíochtaí pobail, chun iniúchadh a dhéanamh ar chuid de na bacainní a bhaineann le himeascadh rathúil imirceach i sochaí na hÉireann. Rinneadh a dtuarascáil, Measuring migrant integration in Ireland, a fhoilsiú mar Pháipéar Oibre ó MUSSI agus rinneadh tuairisc air sna meáin náisiúnta, an Irish Times san áireamh. Choimisiúnaigh Cuideachta Cultúir Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath tuarascáil ón Ollamh Karen Till, ar an gclár dá gcuid a dhéanann éascaíocht ar naisc idir institiúidí cultúrtha agus comharsanachta ar fud Bhaile Átha Cliath, agus thug an Dr Rachel McArdle, a bhain céim dhochtúireachta amach le déanaí, faoi fhardal tíreolaíochta na nasc seo agus a n-iarbhairtí, agus scríobh sí Tuarascáil Taighde 1: Overview of Tea and Chats.

> Comhpháirtíochtaí le comhlachtaí pobail

Leanann an Dr Conor Cahalane lena chomhoibríocht le Suirbhéireacht Ordanáis Éireann ag féachaint ar bhealaí le nuashonruithe léarscáile a uathoibriú trí aeríomhanna ardaifigh agus sonraí satailíte. Bíonn an Dr Chris van Egeraat ag obair go rialta le húdarais áitiúla ag cur comhairle orthu maidir le forbairt eacnamaíochta áitiúil. Chuir an tOllamh Karen Till tús le comhshaothar le Lárionad na dTaistealaithe agus Romach, Pavee Point, maidir le forbairt léarscáileanna cuimhne agus spreag sé sin

comhshaothar idir Pavee Point agus grúpa mac léinn Máistreacht a i gCeartas Spásúil agus in Eolaíocht Faisnéise Tíreolaíochta ag Má Nuad.

> Comhpháirtíochtaí Fiontraíochta

Le linn bhliain acadúil 2018-19, fuair beirt mhac léinn dochtúireachta maoiniú ó chomhpháirtíochtaí fiontraíochta. Rinne an tOllamh Karen Till maoirseacht ar Joe Robinson a fuair maoiniú ón gComhairle um Thaighde in Éirinn agus ó Ionad Síochána agus Athmhuintearais Ghleann Crí. Rinne an Dr Conor Murphy maoirseacht ar Ciara Ryan ar bhonn maoinithe ón gComhairle um Thaighde in Éirinn agus Met Éireann. Mar thoradh ar an taighde sin tá saothair foilsithe agus tá sí mar chroílár an tionscadail um athshlánú sonraí a chuir an cruasach is faide de shonraí báistí do thír ar bith ar fáil do lucht taighde na hÉireann.

ÉACHTAÍ EILE TAIGHDE



An Dr Gerard McCarthy ainmnithe mar Eolaí Luathghairme don bhliain 2019

> Duaiseanna atá bainteach le Taighde

Ba é an gradam ba thábhachtaí a ghnóthaigh tíreolaithe i Má Nuad sa bhliain acadúil, 2018-19, ná an rogha a rinne an Cumann Idirnáisiúnta um Eolaíocht Fhisiceach na nAigéan an Dr Gerard McCarthy a ainmniú mar Eolaí Luathghairme don bhliain 2019.

Ag an dara ócáid bhliantúil de ghradaim taighde Ollscoil Mhá Nuad, bronnadh na chéad áiteanna ar an Dr Gerard McCarthy agus ar an Ollamh Kath Browne i nDámh na nEolaíochtaí Sóisialta mar thaighdeoir luathghairme agus mar thaighdeoir na bliana, faoi seach. In 2018, toghadh an Dr Adrian Kavanagh mar Uachtarán ar Chumann Tíreolaíochta na hÉireann do thréimhse dhá bhliain, ag tabhairt onóra agus feiceálachta do Roinn na Tíreolaíochta i Má Nuad.

> Comhdhála a óstáladh

Ba í mórchomhdháil na nDomhaneolaíochtaí in Éirinn ar feadh blianta fada an cruinníú ag ar bhailigh suas le 3,000 scoláire agus í á réachtáil ag an gComhaontas Idirnáisiúnta um Thaighde Cheathartha ag an Ionad Comhdhála, Baile Átha Cliath. Bhíodh an tíreolaí, an tOllamh Peter Coxon as Coláiste na Tríonóide, ina chathaoirleach, agus bhí baint ag líon mór tíreolaithe léi, an Dr Stephen McCarron ina measc, a d'eagraigh dhá thuras allamuigh, a scríobh aon treoirleabhar allamuigh amháin, agus a rinne an obair eagarthóireachta agus léiriúcháin ar fad don tsraith iomlán treoirleabhar atá mar mhóroidhreacht na hócáide anois.

BUAICPHOINTÍ DÁIMHE DÁMH NA NEOLAÍOCHTAÍ SÓISIALTA

Ba é cruinniú an EUGEO ag OÉ Gaillimh an mhórchomhdháil Tíreolaíochta in Éirinn le linn na bliana acadúla sin. As 100 seisiún, ba iad comhghleacaithe as Má Nuad a ghair 15 acu.

> Comhaltachtaí ar cuairt

Meallann an fhoireann comhaltachtaí ar cuairt agus tugtar cuireadh dóibh iad a thógáil. I mbliain acadúil 2018-19, thug an tOllamh Mary Gilmartin Léacht Bliantúil Alumni Harrison agus Eva Lewis Bailey do Roinn na Tíreolaíochta ag Ollscoil Kentucky.

> Irisí a cuireadh in eagar

Rinne baill den fhoireann eagarthóireacht ar leathdhosaen iris sa bhliain acadúil seo, ceapadh an Dr Alistair Fraser mar eagarthóir Eorpach do Human Geography, iris ar scoláireacht radacach agus chriticiúil.

> Imeachtaí a reáchtáladh

Reáchtáil an Roinn sraith de sheimineáir gach coicís agus chuir ár gcomhghleacaithe in ICARUS leis seo le sraith seimineár dá gcuid féin. Reáchtáil mórán grúpaí taighde a gcuinnithe gearra féin, lena n-áirítear Grúpa Togh-Gheografaíochta a bhfuil an Dr Adrian Kavanagh agus triúr iarchéimithe lárnach ann.

> Comhoibriú

Tá gréasán údarásach comhoibrithe forbartha ag an Ollamh Karen Till idir ealaíontóirí agus lucht acadúil mar an Comh-Ghréasán Spáis agus Áite. Chothaigh sé sin mórán imeachtaí, taispeántais san áireamh, i nGaillimh agus i Má Nuad. Bhí an tOllamh Rob Kitchin mar óstach ar mhórán imeachtaí agus rinne sé eagarthóireacht ar mhórán cnuasach, bunaithe ar chomhoibriú idir innealtóirí bogearraí agus scoláirí eolaíochtaí sóisialta mar chuid dá thionscadal, Programmable City.

> Ábhair a scríobhadh i dtreo beartas poiblí etc.

Tar éis dó bheith mar shainchomhairleoir do Thionól na Saoránach ar Athrú Aeráide, ceapadh an tOllamh Peter Thorne ina chomhairleoir don ghrúpa a raibh an dualgas orthu plé a dhéanamh ar an gcaoi le moltaí an Tionóil a chur i bhfeidhm, an Coiste Oireachtais um Athrú Aeráide. Bhí an Dr Conor Murphy agus an Dr Gerard McCarthy bainteach leis seo freisin. Choinnigh an Dr Adrian Kavanagh blag ar iarrthóirí, ar thoghcheantair agus ar shonraí vótála thoghcháin áitiúla agus náisiúnta na hÉireann, agus ba bhlag é a raibh an muinín ba mhó ag an bpobal as. Thug an fhoireann suntas d'fhorbairt fóraim nua do dhíospóireacht phoiblí agus tá taighde curtha ag ochtar comhghleacaithe i sraith Brainstorm de chuid RTÉ agus tarraingíodh aird, ar fáiltíodh roimpi, ar ár saothar dá bharr sin.

FORBAIRT IDIRNÁISIÚNTA

Bunaíodh an Roinn um Fhorbairt Idirnáisiúnta in 2019 ó Ionad Léinn Forbartha Chamaí agus tá cúigear ar an bhfoireann acadúil ann. Chuir an fhoireann le taighde agus le foilseacháin, foilsíodh aon leabhar amháin agus aon chaibidil leabhair amháin, dhá alt irise tagartha agus 10 bhfoilseachán eile. Scríobhadh na píosaí ba shuntasáí i réimsí na forbartha inbhuanaithe agus an oideachais forbartha. Ina measc, bhí foilsíú an lámhleabhair: 'The Sustainable Development Toolbox' le Niamh Rooney agus píosa a chuir Tom Campbell le chéile do sheimineár: 'Climate Change Policies and Pastoralist Predicaments in the Horn of Africa: Has the Pastoralist Narrative Really Changed?' San oideachas forbartha, d'fhoilsigh

an Dr Eilish Dillon dhá alt pHiarmheasúnaithe in Irisí um Oideachas na Forbartha in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe: 'Critical History Matters: Understanding Development Education in Ireland Today through the Lens of the Past' i mBeartas agus Cleachtas, Athbhreithniú ar Oideachas Fobartha agus 'How Critical is the Global? Discursive Shifts in Development Education in Ireland' san Iris Idirnáisiúnta ar Oideachas na Forbartha agus Foghlaim Dhomhanda. Chomh maith leis sin, thug sí eochairithisc ag dhá sheimineár/chomhdháil ar thorthaí a taighde dochtúireachta. Tugadh ceann díobh ag comhdháil a d'eagraigh an Dr Eilish Dillon, arna óstáil ag Ionad Léinn Forbartha Chamaí go díreach sular aistríodh go Má Nuad ar Oideachas Forbartha in Éirinn.

ROINN NA HANTRAIPEOLAÍOCHTA FOILSEACHÁIN



D'fhoilsigh an Dr Pauline Garvey leabhar ceannródáioch ar IKEA

In 2018, scríobh baill foirne i Roinn na hAntraipeolaíochta 19 bhfoilseachán agus ghlac siad páirt in 21 comhdháil. I measc na bhfoilseachán ba shuntasáí tá monagraf eitneagrafaíoch an Dr Pauline Garvey, *Unpacking IKEA: Swedish Design for the Purchasing Masses* (Routledge) agus *Bodies as Evidence: Security, Knowledge and Power* (Cló Ollscoil Duke), imleabhar a ndearna an Dr Mark Maguire comheagarthóireacht air (i gcomhar le M. U. Rao agus N. Zurawski). Bhí an Dr Maguire ina chomh-údar ar chaibidil maidir le slándáil san aerfort in *Routledge Handbook of Anthropology and the City*, agus bhí ábhar leis an Dr Thomas Strong in *International Encyclopaedia of Anthropology* (J. Wiley & Sons). Ghlac an Dr Jame Saris páirt i ndíospóireacht antraipeolaíochta leighis san iris a bhfuil ardmheas air, *Postgrad Medical Journal* leis an alt, "On patients, doctors and ethnographers" agus tarraingíodh aird shuntasach ar a ailt ar thitmeas agus comhpháirtíocht othar-cúram sláinte sa phlé ar chlaoclú chúram sláinte na hÉireann. Foilsíodh saothar an Ollaimh David Prendergast ar theicneolaíocht agus dul in aois in *Proceedings of the International Academic Conferences* agus ainmníodh an leabhar is déanaí dá chuid, *Ageing and the Digital Life Course* mar CHOICE 'Outstanding Academic Title' ag Cumann Leabharlann Mheiriceá agus rinneadh cur síos air mar cheann de 'the two most fascinating books on aging in the 21st Century' ag an Huffington Post. Bhí an Dr Chandana Mathur mar aoi-chomheagarthóir ar an eagrán speisialta de *Dialectical Anthropology*, dar teideal 'The Making of the US Working Class'

FACULTY HIGHLIGHTS

DÁMH NA NEOLAÍOCHTAÍ SÓISIALTA

agus eisíodh aistriúchán Araibise ar mhonagraf an Dr Abdullahi El-Tom, *Study War No More: Military Tactics of a Sudanese Rebel Movement*, ag nóiméad tábhachtach i dtroid na Súdánach ar son an daonlathais (Alward Publishers). Bhí foilseachán eile le baill foirne na roinne in irisí piarmheasúnaithe, lena n-áirítear an iris dhialachtaiciúil *Anthropology*, Anuac: *Rivista dell'Associazione Nazionale Universitaria Antropologi Culturali*, *The Journal of Development Studies*, *Wiley Interdisciplinary Review Essays on Water (WIREs Water)*, agus an *Irish Journal of Anthropology*. Ba cheart a lua go bhfuil baill foirne roinn na hantraipeolaíochta ina n-eagarthóirí agus ina mbaill ghníomhacha de bhoird eagarthóireachta le hirisí idirnáisiúnta piarmheasúnaithe, lena n-áirítear *Social Anthropology*, *American Anthropologist*, *Dialectical Anthropology*, *Urbanities*, *Journal of Urban Ethnography*, *Home Cultures: The Journal of Architecture, Design and Domestic Space*, *Nordic Journal of Social Research*, *sapiens.org*, *European Journal for Research on the Education and Learning of Adults*, agus *Journal for Critical Education Policy Studies*.

TAIGHDE

Mar Phríomhthaighdeoir don Ard-Deontas AE Fís 2020/ERC, *Smartphones, Smart Ageing and mHealth* (á stiúradh ag Coláiste na hOllscoile, Londain), tá taighde ar bun ag an Dr Pauline Garvey ar theicneolaíocht agus dul in aois. Bíonn an Dr Garvey agus a comhpháirtithe taighde ag díriú ar oideasú sóisialta - réimse atá ag fás go tapa i dtionscnaimh idirnáisiúnta dírithe ar thacú le sláinte trí réitigh atá leabaithe go sóisialta. Tá foireann de 11 antraipeolaí fostaithe ag an tionscadal idir-náisiúnta taighde eitneagrafaíoch (buiséad iomlán €2.5 milliún), agus iad i mbun eitneagrafaíocht chomhuaineach ar feadh sé mhí dhéag in Éirinn, san Iodáil, i gCamarún, in Uganda, sa Bhrasáil, sa tSile, in Al-Quds, sa tSín, agus sa tSeapáin, agus tá gné thábhachtach den rannpháirtíocht shóisialta mar chuid de, mar fhorbairt fheidhmchlár na nguthán cliste agus na láithreán gréasán. Tá an tOllamh David Prendergast mar Bhall Comhairleach Boird don tionscadal seo agus tugann sé cúnaimh chun scannáin eitneagrafaíochta fhísiúla a léiriú mar chuid den tionscadal.

Tá an tOllamh David Prendergast agus an Dr Jamie Saris ina gcomh-phríomhthaighdeoirí i dtionscadal H2020 SHAPES, *Smart and Healthy Ageing through People Engaging in Supportive Systems*, a bhfuil sé mar aidhm aige an chéad Éiceachóras oscailte Eorpach a chruthú, ag cur raon leathan de réitigh dhigiteacha ar fáil ar mhórsála chun tacú le maireachtáil sláintiúil agus neamhspleách do dhaoine aosta atá ag dul i ngleic le feidhmiúlacht agus cumais atá laghdaithe go buan nó go sealadach. Tá an tionscadal seo, a chuimsíonn 36 comhpháirtí institiúide agus a bhfuil luach iomlán maoinithe de €21 milliún aige, á stiúradh agus á chomhordú ag an Assisted Living & Learning Institute agus tá comh-phríomhthaighdeoirí ó cheithre roinn in Ollscoil Mhá Nuad bainteach leis, lena n-áirítear Antraipeolaíocht, Síceolaíocht, Dlí agus Innealtóireacht Leictreonach.

Is é an Dr Saris an Ceannasaí Antraipeolaíochta ar an tionscadal *Epilepsy Partnership in Care (E-PiC)*, iniúchadh eitneagrafaíochta fadtéarmach ar Sheirbhísí Titimis in Éirinn, agus ina dhiaidh sin, Taighde Rannpháirtí-Gnímh chun cuidiú leis na seirbhísí dul i dtreo

seirbhíse atá níos dírithe ar an othar/duine. Arna mhaoiniú ag Cuibhreannas Taighde Bhord Taighde Sláinte (HRB) um Cháilíocht agus Sábháilteacht Othar (€280,000, le €130,000 ag Ollscoil Mhá Nuad), tá an t-iliomad foilsithe mar thoradh ar an tionscadal seo le blianta beaga anuas, agus féachtar go forleathan air mar mhúnla do thaighde atá ar siúl ag FSS. Leanann an Dr Saris freisin de bheith ag cur le tionscadal fadtéarmach leis an RCSI, "Medical Professionalism in Practice - developing and understanding relationship-centred professionalism in medicine for the public, students, teachers and clinicians" [Med PIP].

Fuair tionscadal an Dr Strong, *Culture and Sexual Risk: An Ethnographic Analysis of Gay Male Sexual Worlds in Ireland Today*, maoiniú ó Chiste Taighde COALESCE de chuid na Comhairle um Thaighde in Éirinn (€98,040.00). Díróinn taighde eitneagrafaíochta an Dr Strong ar ghnéasacht fhireann aerach in Éirinn sa lá atá inniu ann, i bhfianaise líon na ndiagnóis VEID sa Phoblacht a bheith ag dul i méid. Tá toradh an tionscadail dírithe ar an Stát agus ar ghníomhaithe pobail a bhfuil tionchar acu ar shláinte ghnéis fhireann aerach. Mar dhuine de bhunaitheoirí ACT UP i mBaile Átha Cliath, eagraíocht ghníomhaithe VEID, is minic a bhíonn an Dr Strong i mbun comhairliúcháin maidir le tionscnaimh um shláinte ghnéis. Le gairid, chuir sé comhairle ar an Aire Sláinte maidir leis an deardhad agus teachtaireachtaí don chéad fheachtas náisiúnta um stiogma VEID.

Chríochnaigh an tOllamh Hana Cervinkova tionscadal ceithre bliana H2020 MCS ITN, *European Doctorate in Teacher Education (2016-2019)*, dírithe ar oideachas claochlaitheach do mhúinteoirí i gcomhpháirt le scoileanna poiblí i gcúig thír Eorpacha. Bhí sí mar chomhordaitheoir náisiúnta don Pholainn ar an tionscadal seo (buiséad iomlán €3,472,320). I dtaca leis an tionscadal, d'eagraigh an tOllamh Cervinkova líon imeachtaí poiblí dírithe ar oideachas cuimsitheach a chur chun cinn sa Pholainn, lena n-áirítear comhdhálacha agus ceardlanna a raibh lucht acadúil, múinteoirí agus príomhoidí scoileanna i mbun plé criticiúil ar éagsúlacht oideachais agus ar cheartas sóisialta. In 2018-2019, ba í an tOllamh Cervinkova an príomh-antraipeolaí sa tionscadal KREAS - *Creativity and Adaptability as Conditions for the Success of Europe in an Interrelated world*, Taighde Cláir Oibríochtaí, Forbairt agus Oideachas (OP RDE), SárThaighde ag Dámh na nDán, Ollscoil Shéarlais, Prág, Poblacht na Seice (buiséad iomlán €95,517,906), ag díriú ar an gcaidreamh idir oidhreacht uirbeach agus féiniúlachtaí cultúrtha i gcomhthéacsanna stairiúla, polaitiúla agus soch-chultúrtha. Bhí an tOllamh Cervinkova ina ball taighde den tionscadal taighde gníomhaíochta ar fud na tíre i bPoblacht na Seice (arna stiúradh ag an Roinn Socheolaíochta, Aindreolaíochta agus Antraipeolaíocht Chultúrtha, Dámh na nDán, Ollscoil Palacky Olomouc), KREATIVITA - *Creative Partnership for Inclusive School*, arna mhaoiniú ag an Aontas Eorpach agus Aireacht Oideachais na Seice (buiséad iomlán €1,745,000), ag tacú le timpeallachtaí foghlama ionchuimsithe do pháistí mionlaigh trí chlár ealaíne i scoileanna na Seice.

Is í an Dr Chandana Mathur an Príomhthaighdeoir sa phacáiste oibre don eolaíocht shóisialta (Príomhthaighdeoir: an tOllamh

BUAICPHOINTÍ DÁIMHE DÁMH NA NEOLAÍOCHTAÍ SÓISIALTA

Honor Fagan ó Roinn na Socheolaíochta in PANI-WATER: Photo- irradiation and Adsorption based Novel Innovations for Water Treatment arna mhaoiniú faoin gclár Fis 2020 dar teideal Water for our Environment Economy and Society (buiséad iomlán: €4,969,749). Tá sé mar aidhm ag an tionscadal sé cinn de fhréamhshamhlacha a bhaineann CECanna agus truailléin eile as fuíolluisce a leathnú agus a dheimhniú. Tá sí ina Príomhthaighdeoir freisin don WATERSPOUTT (Water-Sustainable Point-of-Use Treatment Technologies), agus í ag obair arís leis an Ollamh Honor Fagan mar Phríomhthaighdeoir Ceannais, arna mhaoiniú faoin scéim de chuid Fis 2020 dar teideal 'Development of water supply and sanitation technology, systems and tools, and/or methodologies' (buiséad iomlán: €3,084,351.25). Bhronn Fondúireacht Wenner Gren don Taighde Antraipeolaíoch an deontas measúil um chomhdháil Idirnáisiúnta freisin ar an Dr Mathur in éineacht leis an Dr Greg Acciaioli (Ollscoil Iarthar na hAstráile), chun tacú le comhdháil WCAA (Comhairle Dhomhanda na gCumann Antraipeolaíoch maidir leis an tionscadal 'Global Survey of Anthropological Practice' i mí Iúil 2018 in Florianopolis, sa Bhrasáil. Ainmníodh an tOllamh Rowena Pecchenino (Eacnamaíocht) agus an Dr Chandana Mathur mar rannpháirtithe saineolaíochta don tionscadal InSPIREurope (Tionscadal chun tacú le Taighdeoirí atá i mBaol san Eoraip agus chun iad a Chur Chun Cinn agus a Imeachadh) agus bronnadh maoiniú orthu faoi Ghníomhaíochtaí Maria Sklodowska-Curie agus atá á gcomhordú ag Scholars at Risk – Europe (buiséad iomlán €1,492,321.25).

Mar bhall gníomhach den Líonra COST um Anailís Chomparáideach ar Theoiricí Comhcheilge, oibríonn an Dr El bieta Drakiewicz ar fhorbairt uirlisí agus straitéisí do mhúinteoirí scoile, do lucht déanta beartas agus do ghníomhaithe sóisialta chun déileáil le teoiricí comhcheilge ina gcleachtas. In 2019, d'eagraigh sí ceardlann in Ollscoil Mhá Nuad dar teideal "Role of Social Sciences and Humanities in dealing with Conspiracy Theories" le tacaíocht mhaoinithe ó COST, MUSSI agus ó Chiste Comhdhála agus Ceardlainne Ollscoil Mhá Nuad. Tá an Dr Dra kiewicz páirteach freisin i dtaighde feidhmeach atá dírithe ar anailís eagraíochtúil i gcomhar leis an Ionad Faireachais um Chosaint Sláinte i mBaile Átha Cliath (HPSC). In 2019, ghlac an Dr Coleman ballraíocht in ENTAN, an Líonra Eorpach um Neamhspleáchas Neamhchríche, ina ndéantar iniúchadh ar choincheap an Neamhspleáchais Neamhchríche (NTA). Dírónn ENTAN go háirithe ar shocruithe NTA chun teannas idir-eitneach a laghdú laistigh de stát agus freastal ar na riachtanais atá ag pobail éagsúla agus ag an am céanna éileamh ar stáacht ar leith a chosc.

COMHDHÁLACHA

Thug baill foirne na roinne príomhchainteanna agus cainteanna iomlánacha ag ionaid agus imeachtaí mór le rá. Labhair an Dr Mark Maguire ar aghaidh a thabhairt ar chuir chuige antraipeolaíochta i dtaca le frithsceimhlitheoireacht agus slándáil ag cúig cinn de chomhdhálacha idirnáisiúnta sa Phortaingéil, i Sasana, sa tSualainn, sa tSlóivéin agus sa Ghearmáin. Thug an Dr David Prendergast ceithre cinn déag de léachtaí maidir le dul in aois, cúram, teicneolaíochtaí, dearadh agus eitneagrafaíocht amhairc ag comhdhálacha sa Ríocht Aontaithe, sa Phortaingéil agus in Éirinn, lena n-áirítear príomhchaint ag comhdháil bhliantúil

an Bhoird Taighde Sláinte. Thug an tOllamh Hana Cervinkova léachtaí iomlánacha tosaigh ar ionchuimsiú agus éagsúlacht ag comhdhálacha idirnáisiúnta mór le rá a thionóil an Cumann um Oiliúint Múinteoirí san Eoraip (ATEE) agus an Líonra Taighde Eorpach Maidir le Tuismitheoirí san Oideachas (ERNAPE). Bhí an Dr Chandana Mathur mar phríomhchainteoir iomlánach agus comhcheime ag Idir-Chomhdháil IUAED in Poznan sa Pholainn agus thug sí léachtaí poiblí ag an École des Hautes Études en Sciences Sociales (EHESS), Centre Norbert Elias, Marseille, an Fhrainc. Bhí an Dr Thomas Strong ina chainteoir ar chuireadh ag an gcomhdháil 'Queering Kinship' ag Ollscoil Heilsincí, an Fhionlainn. Bhí an Dr Abdullahi El-Tom rannpháirteach mar chainteoir ar chuireadh agus mar shaineolaí sa phróiseas a bhain le haistriú polaitiúil síochánta sa tSúdáin. Bhí sé mar rannpháirtí ar chuireadh i gceithre cinn de cheardlanna ar thosaíochtaí athchóirithe eacnamaíochta na Súdáine a d'eagraigh Chatam House, an Institiúid Ríoga um Ghnóthaí Idirnáisiúnta-an Ríocht Aontaithe. D'fhreastail sé freisin ar an 41ú seisiún de Chomhairle na NA um Chearta an Duine sa Ghinéiv, an Eilvéis (mí Iúil 2019) agus ar chruinnithe de Ghrúpa Comhairleach i bPróiseas Síochána na Súdáine a d'eagraigh an tAontas Afracach agus an Institiúid Gnóthaí Eorpacha, an Háig. Bhí an Dr El-Tom mar phríomh-aicainteoir a labhair ag an gCéad Choinbhinsiún a bhí ag Grúpa Tacaíochta na hÉireann d'Éirí Amach na Súdáine. Tá na himeachtaí a raibh sé i láthair acu agus a chuid alt ar fáil go forleathan ar an idirlíon.

Bhí an tOllamh David Prendergast mar chomheagraí (in éineacht le Rob Kitchin agus Brian Donnellan), ar Cheardlann um Eitic na Cathrach Cliste leis na ceithre cinn d'Údarás Áitiúla i mBaile Átha Cliath agus Ollscoil Mhá Nuad. Chomh maith leis sin, bhí sé ina Chomhairleoir Tionscail don Líonra Comhairleach um Bhaile Átha Cliath Cliste agus bhí sé ina bhall den Phainéal Roghnúcháin agus Measúnaithe 2017-2018 do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Fiontraíocht Éireann sna Gradaim Thaighde Nuálaíochta do Ghnólachtaí Beaga (SBIR) (Monatóireacht ar Shihteáin). Idir 2011 agus 2018, bhí sé ina Chomhalta Boird ag Lárionad na Tríonóide don Chleachtas agus don Nuálaíocht i gCúram Sláinte agus ina bhall den Phainéal Roghnúcháin ag Ciste an Déain do Thionscnamh Taighde i nDámh na nEolaíochtaí Sláinte i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

Mar Uachtarán ar Chomhairle Domhanda na gCumann Antraipeolaíoch (WCAA), d'eagraigh an Dr Mathur cruinniú débhlantúil WCAA in Florianopolis in 2018 agus tá sí anois ina ball buan de Bhord Comhairleach WCAA. Bhí an Dr Mathur ag cruinnithe de grúpaí saineolaithe do UNESCO agus don Choimisiún Eorpach agus suíochán na hAntraipeolaíochta Domhanda aici do Choiste Comhairleach Clár agus Abhcóideachta Bhaill Chumann Antraipeolaíoch Mheiriceá, agus tá sí ina ball den Ghrúpa Oibre um Chóid Iompair atá ag Cumann Eorpach na nAntraipeolaithe Sóisialta.

D'eagraigh an Dr Steve Colman Comhdháil Bhliantúil Chumann Antraipeolaíoch na hÉireann, 27-28 Meán Fómhair 2019 ag Ollscoil Mhá Nuad agus rinne sé óstáil ar phlé ceardlainne/comhcheime le hamhránaithe ar an sean-nós (amhránaíocht thraidisiúnta i nGaeilge).

FACULTY HIGHLIGHTS

DÁMH NA NEOLAÍOCHTAÍ SÓISIALTA

Labhair baill de Roinn na hAntraipeolaíochta ar ábhair a raibh leas ag an bpobal iontu ar na meáin. Bhí an Dr Chandana Mathur ar an History Show arna óstáil ag Myles Dungan ar RTÉ Raidió 1 agus cuireadh faoi agallamh í maidir lena taighde comhshaoil i bpod-chraoladh mar chuid de phacáiste acmhainní do mhúinteoirí meánscoile in Éirinn. Ghlac an Dr Jamie Saris páirt sa Díospóireacht Phainéil Phoiblí ar an ábhar Technology and Intimacy ag Gailearaí Eolaíochta na hÉireann. Rinne an tOllamh David Prendergast taighde ar scannáin phromóisín agus chomhchruthaigh sé iad do na heagraíochtaí pobail ar a dtugtar Seirbhís Béilí ar Rothaí Sona Sásta agus Bothán na bhFear i Má Nuad agus bhí agallamh leis ar ábhar dar teideal “Mediating Between Technology and People in Smart City Transformations” le Tobias Brandt san Iris Business Information Systems Engineering.

GRADAIM



Fuair an Dr Chandana Mathur Gradam Uachtaránachta AAA

Ag Cruinniú Bliantúil Chumann Antraipeolaíoch Mheiriceá (AAA) in San Jose i mí na Samhna 2018, bronnadh gradam iomráiteach na hUachtaránachta ar an Dr Chandana Mathur as ucht a cuid ceannaireachta maidir leis an antraipeolaíocht dhomhanda a aontú faoin Aontas Antraipeolaíoch Domhanda (comhcheangal idir Comhairle Domhanda na gCumann Antraipeolaíoch agus Aontas Idirnáisiúnta na nEolaíochtaí Antraipeolaíocha agus Eitneolaíocha). Bronnadh Gradam AAI 2019 ar an Dr Abdullahi El-Tom mar aitheantas ar an méid a bhí déanta aige chun Cumann Antraipeolaíoch na hÉireann (AAI) a thógáil. Fuair sé gradam freisin mar ‘Chomhairleoir Acadúil MAP den Scoth’ ó oifig Rochtana Ollscoil Mhá Nuad as an tseirbhís a chuir sé ar fáil do mhic léinn neamhthraidisiúnta agus do mhic léinn a bhfuil riachtanais speisialta acu.

TAIGHDE RANPHÁIRTÍOCHTA

Bhí an tOllamh Hana Cervinkova ina ball den fhoireann taighde ar thionscadal taighde gníomhaíochta ar fud na tíre dar teideal, KREATIVITA-Creative Partnership for Inclusive School, arna mhaoiniú ag an Aontas Eorpach agus ag Aireacht Oideachais na Seice (buiséad iomlán €1,745,000) chun tacú le timpeallacht foghlama ionchuimsitheach a chur ar fáil do leanaí agus d’ógánaigh mhionlaigh trí chlár ealaíne i scoileanna na Seice.

Chuir an tOllamh Hana Cervinkova tionscadal H2020 MCS ITN,

European Doctorate in Teacher Education (2016-2019) i gcrích, Creatchlár Fís 2020 i gcomhair Taighde agus Nuálaíochta (buiséad iomlán €3,472,320), agus í ina comhordaitheoir náisiúnta don Pholainn. Bhí an tionscadal dírithe ar thaighde dochtúireachta in oiliúint múinteoirí i gcomhar le scoileanna poiblí. Mar chuid den tionscadal, d’eagraigh an tOllamh Cervinkova roinnt imeachtaí poiblí a bhí dírithe ar oideachas ionchuimsitheach a chur chun cinn sa Pholainn, lena n-áirítear comhdhálacha agus ceardlanna ina raibh acadóirí, múinteoirí agus príomhoidí scoile páirteach i gcomhráite fóirtheachtacha ar éagsúlacht san oideachas agus ar cheartas sóisialta.

Threoraigh an tOllamh Hana Cervinkova (in éineacht leis an Dr Juliet D. Golden) clár bliantúil um staidéar Eorpach, clár a bhfuil fad seimeastair ann ar shuíomhanna éagsúla i gcomhar le hOllscoil Syracuse, Negotiating Identities Across Europe's Borders. Tógann an clár seo, ar thug an Fóram ar Oideachas Thar Lear aitheantas dá chuid uathúlachta trína Ghradam measúil in 2016 um Shármhaitheas i nDearadh Curaclaim don Oideachas Thar Lear, ar chur chuige oideolaíoch a chomhtháthaíonn antraipeolaíocht oideachais agus taighde gníomhaíochta rannpháirtíochta. Cuireann mic léinn na cuimhní folaithe agus ciúnaithe atá ag na sochaithe iar-ilchultúrtha i gcathracha i Lár na hEorpa i láthair an phobail trí shuíomh gréasáin, Urban Labs Central Europe - www.urbanlabsce.eu.

Bhí an Dr Elizbieta Drażkiewiczina comhairleoir do thionscadal a bhí dírithe ar anailís eagraíochtúil a dhéanamh sa réimse a bhaineann le comhtháthú foirne don Lárionad Faire um Chosaint Sláinte i mBaile Átha Cliath. Is mar thoradh ar chomhpháirtíocht taighde idir an Dr Drażkiewicz agus HPSC a tháinig an tionscadal chun cinn agus bhí tuarascáil deiridh agus léirithe ar na straitéisí nithiúla maidir le cur i bhfeidhm san áireamh ann.

Threoraigh an Dr Drażkiewicz tionscadal ina ndearnadh iniúchadh ar an mbealach a ndéantar vacsaíní ar leibhéal an stáit, i measc gairmithe sláinte, agus i measc othar, lena n-áirítear tuismitheoirí. Dírithe sa tionscadal ar an gclár imdhíonta HPV in Éirinn, agus tá sé mar chuspóir foriomlán ag an tionscadal tuiscint a fháil ar an mbealach a ndéantar coinbhleachtaí maidir le vacsaíní a chruthú agus an bealach a bhféadfaí iad a bhainistiú. Chuir an Dr Drażkiewicz na torthaí tosaigh don tionscadal seo i láthair ag Cruinniú Eolaíochta an Gheimhridh a bhí ag Dámh na Sláinte Poiblí. Rinne sí cur síos ar a cuid oibre freisin do na páirtithe leasmhara san Oifig Imdhíonta agus sa Lárionad Faire um Chosaint Sláinte i mBaile Átha Cliath.

Bhí an Dr Drażkiewicz rannpháirteach freisin san obair atá ar siúl ag an gCoiste Rannpháirtíochta Páirtithe Leasmhara agus Oideachais san Anailís Chomparáideach ar Theoiricí Comhcheilge i Líonra COST. Tá sé mar chuspóir ag an gcoiste seo uirlisí agus straitéisí a chur ar fáil do mhúinteoirí scoile, lucht déanta beartas, agus gníomhaithe sóisialta chun dul i ngleic le teoricí comhcheilge ina gcuid oibre.

Chuir an Dr Drażkiewicz tús le tionscadal maidir leis an bpróiseas diffeistithe san Oideachas in Éirinn, ina bhfiafraítear conas a idirbheartaíonn páirtithe leasmhara éagsúla – teaghlach, lucht déanta beartas an stáit, ionadaithe Eaglasta, agus comhlachtaí pátrúnachta próbháideacha – a bhfís do thodhchaí chóras oideachais na hÉireann

BUAICPHOINTÍ DÁIMHE DÁMH NA NEOLAÍOCHTAÍ SÓISIALTA

agus conas a shamhlaíonn siad todhchaí na hÉireann tríd an bpróiseas sin. Ina cuid staidéir, ina ndéanann sí iniúchadh ar thionscnaimh ón mbun aníos agus ar thionscnaimh stáit chun diffeistiú ó úinéireacht Chaitliceach san Oideachas in Éirinn, tá suim aici sa bhealach a dtagann an saol eacnamaíochta, cultúrtha agus polaitiúil le chéile sa phróiseas tráthúil seo (www.rte.ie/eile/brainstorm/2018/0314/947298-learning-to-be-irish/).



An Dr Abdullah El-Tom

Bhí an-bhaint ag an Dr Abdullahi El-Tom le streachailt na Súdáine ar son an daonlathais. Mar chuid dá chuid rannpháirtíochta bhí sé i láthair mar shaineolaí ar chuireadh ag an idirbheartaíocht pholaitiúil i dtaca le haistriú síochánta na Súdáine. Bhí sé ina rannpháirtí ar chuireadh ag ceithre cinn de cheardlanna ar thosaíochtaí athchóirithe eacnamaíochta na Súdáine a d'eagraigh Chatham House, an Institiúid Ríoga um Ghnóthaí Idirnáisiúnta-an Ríocht Aontaithe. D'fhreastail sé freisin ar an 41ú seisiún de Chomhairle na NA um Chearta an Duine sa Ghinéiv, an Eilvéis (mí Iúil 2019) agus ar chruinnithe de Ghrúpa Comhairleach i bPróiseas Síochána na Súdáine a d'eagraigh an tAontas Afracach agus an Institiúid Gnóthaí Eorpacha, an Háig. Ba é an Dr EL-TOM an príomh-aoichainteor a labhair ag an gCéad Choinbhinsiún a bhí ag Grúpa Tacaíochta na hÉireann d'Éirí Amach na Súdáine. Tá na himeachtaí a raibh sé i láthair acu agus a chuid alt ar fáil go forleathan ar an idirlíon. Tá sé ag obair faoi láthair mar chomhúdar ar leabhar (in éineacht le Omer Gamer Eldin), dar teideal Life and History of El Fashir City, Darfur, Western Sudan (1800-1956).

Tá an Dr Pauline Garvey ina príomhthighdeoir ar Ard-Deontas Fhís 2020/ERC an Aontais Eorpaigh dar teideal Smartphones, Smart Ageing and mHealth (arna threorú ag Coláiste na hOllscoile Londain). Mar chuid den tionscadal seo ina ndéantar iniúchadh ar an teicneolaíocht agus ar dhul in aois, díríonn an Dr Garvey agus a comhpháirtithe taighde ar oideasú sóisialta – réimse i dtionscnaimh idirnáisiúnta a bhfuil sé mar chuspóir acu tacú leis an tsláinte trí réitigh ar leabaithe go sóisialta, agus réimse atá ag fás go tapa. Cuimsíonn an tionscadal taighde idirnáisiúnta eitneagrafach seo (buiséad iomlán €2.5 milliún) gné thábhachtach a bhaineann le rannpháirtíocht shóisialta, amhail forbairt a dhéanamh ar fheidhmchláir d'fhóin chliste agus suíomhanna gréasáin. Faoi láthair, tá an Dr Garvey ag scríobh monagraf a bhfuil sí mar chomhúdar orthu agus a bheidh á bhfoilsíú ag Cló Choláiste na

hOllscoile, Londain agus tá siad ar fáil le híoslódáil saor ina aisce ar a suíomh gréasáin tiomnaithe. Rinneadh thart ar 840,000 íoslódáil leabhair go dtí seo ar an tionscadal roimhe seo a bhí á threorú ag an Ollamh Miller. Tá sé mar aidhm ag ceannairí an tionscadail an líon sin a sháru chun a chur in iúl don líon is mó daoine is féidir go bhféadfadh an antraipeolaíocht rannchuidiú ar bhealach uathúil leis na ceisteanna a bhaineann le sláinte agus folláine in aois an fhóin chliste.

Tá an Dr Chandana Mathur ina príomhthighdeoir do thionscadal WATERSPOUTT (Water - Sustainable Point-Of-Use Treatment Technologies) arna threorú ag Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn, ar bronnadh maoiniú air ar luach €3,084,351.25 faoin scéim Fis 2020 de chuid an Aontais Eorpaigh ar an ábhar 'WATER-5c-2015 - Development of water supply and sanitation technology, systems and tools, and/or methodologies'. Reáchtáilann an fhoireann eolaíochta sóisialta (agus an tOllamh Honor Fagan mar Phríomhthighdeoir Ceannais) taighde i gcomhar le heolaithe sóisialta atá lonnaithe in Ollscoil Mekelle, an Aetóip; Ollscoil na Maláive; Ollscoil Stellenbosch, an Afraic Theas; agus Ollscoil Makerere, Uganda agus trí na comhpháirtithe sin le hEagraíochtaí Neamhrialtasacha, scoileanna agus eagraíochtaí pobail sna cheithre thír. Tá ceardlanna rialta ina ndéantar dialóg a chomhroinnt faoi cheisteanna a bhaineann le huisce óil don phobal mar phríomh-chomhpháirt den tionscadal taighde seo.

Tá an Dr Mathur ina príomhthighdeoir don tionscadal PANI-Water dar teideal (Photo-irradiation and Adsorption based Novel Innovations for Water Treatment) ar bronnadh maoiniú air faoin scéim Fis 2020 de chuid an Aontais Eorpaigh 'Water for our Environment, Economy and Society: SC5-12-2018. EU-India watercooperation'. Tá sí ag obair arís leis an Ollamh Honor Fagan, atá ina Príomhthighdeoir Ceannais, lonnaithe i Má Nuad, don phacáiste oibre san eolaíocht shóisialta ar thionscadal a bhaineann le rochtain ar uisce do dhaoine gan phribhléid san India (buiséad iomlán: €4,969,749). Ní ollscoileanna atá mar chomhpháirtithe taighde don phacáiste oibre san eolaíocht shóisialta, ach dhá Eagraíocht Neamhrialtasach mór le rá san India – Development Alternatives (www.devalt.org/), agus TARA, Technology and Action for Rural Advancement (www.tara.in/).

Ainmníodh an Dr Chandana Mathur agus an tOllamh Rowena Pecchenino (Eacnamaíocht) mar rannpháirtithe saineolaíochta don tionscadal InSPIREurope (Tionscadal chun tacú le Taighdeoirí atá i mBaol san Eoraip agus chun iad a Chur Chun Cinn agus a Imeascadh) agus bronnadh maoiniú orthu faoi Ghníomhaíochtaí María Sklodowska-Curie agus atá á gcomhordú ag Scholars at Risk – Europe (buiséad iomlán €1,492,321.25). Déanann an deontas tionscadal tipiciúil rannpháirtíochta a chumasú, a bhfuil sé mar chúram air tacú le saoirse acadúil agus le cearta daonna scoláirí ar fud an domhain agus iad a chosaint.

Chuir an tOllamh David Prendergast cúig cinn de fhótasheisiúin i gcrích do Siel Bleu in 2018 – eagraíocht neamhbhrabúis a chuireann ranganna aclaíochta i gcathaoireacha ar fáil do dhaoine breacaosta i dtithe altránais, in aonaid athshlánaithe, agus i ngrúpaí pobail. Réal sé 250 íomhá dóibh agus in 2019 bronnadh maoiniú chun an

FACULTY HIGHLIGHTS

DÁMH NA NEOLAÍOCHTAÍ SÓISIALTA

charthanacht a chur chun cinn agus feidhm á baint as íomhá dá chuid de dhuine a tháinig slán ón ailse agus a d'fhulaing mórán agus an tsláinte agus an fholláine á mbaint amach arís aici le cúnamh ó Siel Bleu. Bhí an pictiúr le feiceáil i bhformhór na meán náisiúnta le bliain anuas agus le roinnt míonna anuas tá sé le feiceáil ar 46 scáthlán bus, 26 cochall digiteach in ionaid siopadóireachta agus ar 588 cárta ar an líonra traenach agus dart.

Bhí an tOllamh David Prendergast ar an ngrúpa stiúrtha chun na critéir a shocrú don chomórtas €100,000 arna mhaoiniú ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus an Fhondúireacht Phobail d'Éirinn atá dírithe ar Pobhail Inbhuanaithe a Chruthú tríd an nGeilleagar Ciorclach agus Caitheamh agus Dramhaíl Inbhuanaithe.

D'oibrigh an tOllamh Prendergast le réimse de pháirtithe leasmhara in Ollscoil Mhá Nuad chun an clár do Mhá Nuad Aoisbháil a thionscnamh agus a chomhordú.

Bhí tionscadal taighde á fhorbairt ag an Dr Jamie Saris leis an Salón Comhrá (conversationsalons.ie/), maidir le hidirghníomhaíocht idir strainséirí agus comhtháthú sóisialta. Tá sé ag leanúint de bheith rannpháirteach le Titimeas Éireann (www.epilepsy.ie/) maidir leis an tionscadal dar teideal Comhpháirtíocht Chúraim maidir le Titimeas (E-PiC) arna mhaoiniú ag HRB.

Cuireann an Dr Saris ábhar ar fáil go rialta do chomhráite tvuíte (plé ar líne idir saineolaithe ar Twitter) do Mheáin Shóisialta Cúraim Sláinte, an Afraic Theas (#HCSMSA) ar ábhair éagsúla amhail rochtain ar chóireáil VEID agus ar sheirbhísí meabhairshláinte sa domhan atá i mbéal forbartha. Bíonn sé páirteach go minic i bplé intleachtúil os comhair grúpaí poiblí éagsúla in Éirinn, an ceann is déanaí i dtaca le taispeántas sínte an Ghailearaí Eolaíochta ar an Teicneolaíocht agus an DLúthchaidreamh, dar teideal Are We Getting Close? (www.facebook.com/scigallerydub/videos/320785101892737/).

Tá an Dr Thomas Strong ag treorú an deontais, Culture and Sexual Risk: An Ethnographic Analysis of Gay Male Sexual Worlds in Ireland Today, arna mhaoiniú ag an gCiste Taighde COALESCE ón gComhairle um Thaighde in Éirinn (2019/125), an snáithe taighde don Chlár um Shláinte Ghnéis agus Toircheas Éigeandála (€97,869.55). Tá dlúthchaidreamh oibre leis an Tionscnamh um Shláinte Ghnéis agus Toircheas Éigeandála (FSS) i gceist leis an tionscadal, agus le gníomhaithe eile sa réimse a bhaineann le sláinte fear aerach, amhail VEID Éireann, ACT UP Baile Átha Cliath, agus mar sin de.

ROINN AN DLÍ

Choinnigh Roinn an Dlí suas a líon ard foilseachán in 2018. Is fiú an líon ard Taighdeoirí Luathghairme atá sa Roinn an lua (tá tuairim is 70% de na baill foirne 5-7 mbliana iar PhD).

In 2018, d'fhoilsigh Noelle Higgins a monagraf dar teideal Cultural Defences at the International Criminal Court, mar chuid den tsraith Routledge Focus. Glacadh le roinnt leabhar eile (e.g. Surveillance and the Law: Language, Power and Privacy, The Special Criminal Court: Practice and Procedure, agus Capital Punishment in Independent Ireland: A Social, Legal and Political History) i gcomhair foilseachán le linn na tréimhse sin agus déanfar iad a fhoilsiú sa chéad chéim thuairiscithe eile.

I dtaca le hait, d'fhoilsigh baill foirne roinnt ábhar in irisí piar-

mheasúnaithe idirnáisiúnta mór le rá, rud a léiríonn an straitéis ina ndírítear ar irisí idirnáisiúnta mór le rá i réimse an dlí agus na coireolaíochta. I measc na n-irisí adrangaithe sin tá, inter alia:

- > British Journal of Criminology (rangaithe san 11ú háit, JCR Journal Citations Report (JCR); Criminology and Penology; Q1 Scimago Journal Rank (SJR) SJR Arts and Humanities (Ilghnéitheach)).
- > Criminology and Criminal Justice (rangaithe sa 28ú háit, JCR Criminology and Penology; Q1 SJR Law).
- > European Law Journal (rangaithe sa 37ú háit, JCR Law; Q1 SJR Law).
- > Law and History Review (rangaithe sa 39ú háit, JCR History; Q1 SJR History).
- > Philosophical Studies (Q1 SJR Philosophy).
- > Theoretical Criminology (rangaithe san 18ú háit, JCR Criminology and Penology; Q1 SJR Law).
- > Social History of Medicine (rangaithe sa 41ú háit, JCR History; Q1 SJR History).

Mar léiriú ar mhisean na Roinne, is é sin rannchuidiú le cleachtas gairmiúil agus leis an saol acadúil, chuir baill foirne ábhair thábhachtacha ar fáil a bhí dírithe go príomha ar chleachtóirí dlí agus ar lucht déanta beartas in Éirinn agus níos faide i gcéin (e.g. Commercial Law Practitioner, Criminal Law Review, Irish Journal of Family Law, Irish Probation Journal, Otago Law Review, Professional Negligence, Texas Law Review etc.).

Ar an mbealach céanna, chuir baill foirne roinnt ábhar tábhachtach ar fáil do bhailiúcháin a cuireadh in eagar agus a bhí dírithe ar lucht spéise intíre agus idirnáisiúnta (i measc na bhfoilsitheoirí tá Brill, Cló Clarus, Cló Ollscoil Oxford agus Wolters Kluwer). Tugadh cuireadh do bhail foirne ábhar a chur ar fáil do líon téacsanna a bhfuil an-tionchar acu, arna gcur in eagar ag cuid de na scoláirí dlí is mó a bhfuil meas orthu ar fud an domhain (mar shampla, Delia Ferri do The UN Convention on the Rights of Persons with Disabilities in Practice: A Comparative Analysis of the Role of Courts, a bhfuil an tOllamh Professor Lisa Waddington agus an tOllamh Anna Lawson ina gcomheagarthóirí air; David Mangan do Game Changers in Labour Law: Shaping the Future of Work, a bhfuil an tOllamh Frank Hendrickx agus an tOllamh Valerio de Stefano ina gcomheagarthóirí air).



Rinne an tOllamh Delia Ferri comheagarthóireacht ar The EU Social Market Economy and the Law: Theoretical Perspectives and Practical Challenges for the EU

BUAICPHOINTÍ DÁIMHE DÁMH NA NEOLAÍOCHTAÍ SÓISIALTA

Chuir daoine eile saothair thábhachtacha atá dírithe go príomha ar mhic léinn fochéime agus iarchéime sa dlí (mar shampla Clíodhna Murphy do Legal Research Methods: Principles and Practicalities, a ndearna Laura Cahillane agus Jennifer Schweppe comheagarthóireacht air, agus d'fhoilsigh Fergus Ryan eagrán nua dá théacs do mhic léinn, dar teideal Constitutional Law).

Rinne an tOllamh Delia Ferri comheagarthóireacht freisin (in éineacht le Fulvio Cortese) ar leabhar dar teideal The EU Social Market Economy and the Law: Theoretical Perspectives and Practical Challenges for the EU, mar chuid den tsraith Routledge Research in EU Law, ar chuir Micheal Doherty agus an mac léinn dochtúireachta Charles O'Sullivan, ábhar ar fáil dó. Rinneadh léirmheas dearfach ar an leabhar sin sa Common Market Law Review agus Diritticomparati.it.

Go traidisiúnta, ní raibh maoiniú taighde thar a bheith suntasach i léann an dlí (mar go raibh saothar den chineál sin foirceadhlach, leabharlann-bhunaithe agus go ndearnadh é ar bhonn aonair), ach tá athrú suntasach tagtha ar an gcultúr taighde sa roinn i dtaca leis sin le 18 mí anuas. In 2018/19, léirigh baill foirne na roinne an uaimhian agus an cumas chun dul san iomaíocht do na dámhachtainí is iomaíche agus is mó a bhfuil éileamh orthu.

Bhain an tOllamh Delia Ferri €2 mhilliún amach dá tionscadal 'DANCING', dámhachtain Chomhdhlúthóra mheasúil ón gComhairle Eorpach um Thaighde. Déanfar iniúchadh sa taighde ar an gcosaint ar an gceart atá ag daoine atá faoi mhíchumas páirt a ghlacadh sa chultúr agus ar chur chun cinn na héagsúlachta cultúir agus a mhéid a thrasnaíonn siad a chéile agus a chuireann siad le chéile in ord dlíthiúil an Aontais Eorpaigh (AE). Cuirfidh sé isteach ar an gcur chuige traidisiúnta a ghlac léann dlí an Aontais Eorpaigh trí fheidhm a bhaint as cumasc de thaighde dlíthiúil, turgnamhach agus ealaínbhunaithe chun tabhairt faoi thrí cinn de chuspóirí comhlántacha, mar atá cuspóirí eispéireasacha, normatacha agus teoiriciúla faoi seach.

Bhí roinnt den fhoireann ag obair ar thionscadail a raibh maoiniú ó fhoinisí iomadúla acu, go háirithe an Dr David Doyle (tionscadail arna maoiniú ag IRC, IHREC, agus ag an Roinn Dlí agus Cirt) agus an Dr Etáin Quigley (H2020; Fiontraíocht Éireann).

Chomh maith le hiarratais ar mhaoiniú idirnáisiúnta, tháinig méadú suntasach ar líon na n-iarratas ar mhaoiniú taighde ag an leibhéal intíre le linn na bliana. Mar shampla, rinne seisear ball foirne iarratas chuig Scéim Bonn Nua IRC in 2018/19, agus fuair beirt acu maoiniú (Claire Hamilton agus Aisling McMahon). Bhronn an Roinn Dlí agus Cirt maoiniú freisin i leith roinnt tionscadail (e.g. Clíodhna Murphy agus David Doyle, Understanding the Needs and Perspectives of Victims of Sex Trafficking in Ireland agus Claire Hamilton agus Lynsey Black, Public Confidence in the Irish Criminal Justice System), agus go sonrach maidir le scoláireachtaí dochtúireachta IRC Rialtas na hÉireann (bronnadh dámhachtainí trí bliana agus ceithre bliana ar Muiread Murphy agus ar Niamh Wade faoi seach). Príomh-thosaíocht straitéiseach atá ag an Roinn is ea an cohórt PhD/iardhochtúireachta a fhás.

Tá na baill foirne sa roinn an-ghníomhach agus iad ag léiriú agus ag scaipeadh taighde. Labhair baill foirne ag líon mór comhdhálacha agus seimineár náisiúnta agus idirnáisiúnta ar fud an domhain (nach bhfuil gafa i dtuarascáil RIS, mar nach soláthraítear imeachtaí

scríofa ag Comhdhálacha Dlí de ghnáth) agus bhí Michael Doherty, Amina Adanan, Ian Marder, Maria Murphy, Tobias Lock, agus Edana Richardson ina bpríomhchainteoirí ag mórchomhdhálacha idirnáisiúnta i mBaile Átha Cliath, in Bangkok, sa Pholainn, agus in Tilburg, Salamanca, agus Durham faoi seach.

Ina theannta sin, rinne an Roinn óstáil ar líon imeachtaí agus comhdhálacha mór le rá le linn na bliana, lena n-áirítear 'The Legacy of the Permanent Court of International Justice' agus '70 Years of the Geneva Conventions' (Aibreán 2019; a ghair Noelle Higgins and Amina Adanan); Scoil Samhraidh Jean Monnet "The EU and Human Rights in a Time of Crisis" mar chuid den tionscadal JM "EU External Relations in a Time of Crisis" – Meitheamh 2019 (ba í Delia Ferri an príomhheagraí); agus bhí Claire Hamilton i gceannas ar eagrú na gcuinnithe a bhí ag Grúpa Idir-rannach Ollscoil Mhá Nuad um Thaighde ar Choireacht agus ar Shlándáil (ceithre chruinniú) agus ag Fóram an Dlí Choiriúil (dhá chruinniú). I gcomhar le comhghleacaithe ó Ollscoil Exeter, bhunaigh Aisling McMahon Líonra Dlí Paitinní na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann, agus tionóladh an chéad chruinniú Éireannach den ghrúpa i Má Nuad i mí an Mheithimh 2019. D'eagraigh Ian Marder siompóisiam aon lae maidir le forbairt a dhéanamh ar cheartas aisiríoch i gcóras dlí choiriúil na hÉireann.



An Dr Aisling McMahon

Tá rannpháirtíocht phobail, agus rannchuidiú le beartas poiblí (athchóiriú dlí go háirithe) mar thosaíocht ag an Roinn (mar cheann de na bunluachanna bunúsacha atá aici). Cuireadh cuid mhór ábhair ar fáil i mbliana:

> **Tuarascálacha:** inter alia, don Choimisiún Eorpach (ar thosca sóisialta maidir le soláthar poiblí); an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ar an dréachtadh lánpháirtíochta i dTír Eorpach); Cónaidhm Idirnáisiúnta na nOibrithe Iompair (ar Oibleagáidí Tuairiscithe Neamhairgeadais agus Slábháíocht na Linne Seo) agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (ar chleachtais aisiríocha). Faoi mhaoriseacht an Dr Clíodhna Murphy, tháirg grúpa de mhic léinn dlí fochéime agus iarchéime in Ollscoil Mhá Nuad tuarascáil ar thurais seoltóireachta Safe Haven Ireland (eagraíocht neamhbhrabúis is ea SHI a bhfuil sé mar chuspóir aici daoine óga a chumasú agus lánpháirtíocht a chothú in Éirinn).

FACULTY HIGHLIGHTS

DÁMH NA NEOLAÍOCHTAÍ SÓISIALTA

- > **Athchóiriú Dlí:** do Chomhairle na hEorpa (glacadh Moladh nua maidir le ceartas aisíoch in ábhair choiriúla ag an gComhairle); do Pharlaimint na hEorpa (maidir leis na hoibleagáidí dlíthiúla atá ar stáit gan aitheantas a thabhairt do shárúithe ar an dlí idirnáisiúnta agus gan cuidiú leo); do Pharlaimint na hÉireann (fianaise ó bhéal os comhair an Chomhchoiste Oireachtais ar Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Shóisialta; aighneacht a cuireadh faoi bhráid an Choiste Oireachtais Um Dhlí agus Ceart agus Comhionannas); do Sheirbhís Príosúin na hÉireann (Plean Straitéiseach, 2019-22 agus Plean Gníomhaíochta um Chomhbhainistiú a dhéanamh ar Chiontóirí); do Pharlaimint na hAlban (róil chomhairleacha leis an gCoiste Cultúir, Turasóireachta, Eorpach agus Seachtrach ar dhlí bunreachtúil na Ríochta Aontaithe agus don Tascfhórsa Náisiúnta um Cheannaireacht Chearta an Duine) agus coimrí iomadúla comhdaithe i gcúirteanna trialach agus achomhairc sa chóras Stáit agus sa chóras Feidearálach sna Stáit Aontaithe.
- > **Sainchomhairleoir/Comhairleoir:** Bhí baill foirne ag gníomhú mar chomhairleoirí, inter alia, d'Ionad Síochána agus Athmhuintiris Ghleann Crí; Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte; an Chomhairle um Inimircigh in Éirinn; SIPTU, Lárionad Acmhainní Dlí na Trócaire; Institiúid na dTreoirchomhairleoirí; Cónaidhm Oibríthe Iompair na hÉireann, Meicníocht Shaineolaíoch na Náisiún Aontaithe ar Chearta na bPobal Dúchais agus an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte.
- > **Na Meáin:** Bhí baill foirne ó Roinn an Dlí ar na meáin áitiúla (e.g. e.g. Claremorris Community Radio, Kildare FM) agus ar na meáin náisiúnta (e.g. Newstalk, RTÉ, Today FM) agus iad ag labhairt ar ábhair a bhain, inter alia, le Dlí Bunreachtúil na Stát Aontaithe, Dlí Saothair agus Caidreamh Tionsclaíoch, soláthar poiblí, Breatimeacht agus príosúnacht. Ina theannta sin, chuir baill foirne píosaí ar fáil don Irish Times, Oxford Business Law Blog, RTÉ Brainstorm (píosaí iomadúla), The Conversation UK, Euronews, Journal.ie, The Guardian, The Irish Examiner agus The Sunday Business Post le linn 2018-19. Bhí 17 dteagmháil leis na meáin ag ball amháin den dámh (Seth Tillman) le linn na tréimse 12 mhí seo.

TUARASCÁLACHA COMHAIRLEOIRACHTA

- > Don Choimisiún Eorpach (ar thosca sóisialta maidir le soláthar poiblí).
- > Don Eagraíocht um Shlándaíl agus Comhar san Eoraip (ar an dréacht dlí lánpháirtíochta i dTír Eorpach).
- > Do Chónaidhm Idirnáisiúnta na nOibríthe Iompair (ar Oibleagáidí Tuairiscithe Neamhairgeadais agus Sclábhaíocht na Linne Seo).
- > Do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (ar chleachtas aisíochta).
- > Don Chomhairle um Inimircigh in Éirinn (bileoga eolais a chuir mic léinn Fochéime ar fáil).
- > Do Safe Haven Ireland (tuarascáil a chuir mic léinn Fochéime agus larchéime ar fáil).

ATHCHÓIRIÚ DLÍ

- > Tháinig Michael Doherty os comhair an Chomhchoiste Oireachtais ar Ghnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Shóisialta (Feabhra 2019), atá ag déanamh scrúdú ar an bhfadhb a bhaineann le féinfhostaíocht bhréagach in Éirinn.
- > Chuir Tobias Lock comhairle ar fáil do Choiste Cultúir, Turasóireachta, Eorpach agus Seachtrach Parlaimint na hAlban maidir le dlí bunreachtúil na Ríochta Aontaithe agus don Tascfhórsa Náisiúnta um Cheannaireacht Chearta an Duine.
- > Gníomhaigh Seth Tillman mar shainchomhairleoir ar chomhdúithe iomadúla Amicus i gcúirteanna trialach agus achomhairc sa chóras Stáit agus sa chóras Feidearálach sna Stáit Aontaithe.
- > Rannchuidigh Iar Marder le Plean Straitéiseach Sheirbhís Príosúin na hÉireann, 2019-22, agus leis an bPlean Gníomhaíochta um Chomhbhainistiú a dhéanamh ar Chiontóirí.
- > Tháinig John Reynolds os comhair Parlaimint na hEorpa (maidir leis na hoibleagáidí dlíthiúla atá ar stáit gan aitheantas a thabhairt do shárúithe ar an dlí idirnáisiúnta agus gan cuidiú leo).

RÓIL CHOMHAIRLEACHA/COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ LE COMHLACHTAÍ POBAIL

- > D'oibrigh Ollie Bartlett i gcomhar leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte chun taighde a sholáthar maidir le praghsáil sláinte poiblí.
- > Thug David Doyle faisnéis do Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas ar théama an oideachais ionchuimsithigh roimh chruinniú bliantúil Líonra Eorpach na nInstitiúidí Náisiúnta do Chearta an Duine.
- > Comhairleoir maidir le polasaithe ar cheartas aisíoch do Sheirbhís Promhaidh na hÉireann agus don tSeirbhís um Cheartas Aisíoch (Ian Marder).
- > Chuir Clíodhna Murphy comhairle ar fáil do Chónaidhm Oibríthe Iompair na hÉireann, maidir le ceisteanna éagsúla a bhaineann le hiascairí imirceacha.
- > 'Cara Acadúil' Mheicníocht Shaineolaíoch na Náisiún Aontaithe ar Chearta na bPobal Dúchasach (Noelle Higgins).

ROINN NA SOCHEOLAÍOCHTA

Lean Roinn na Socheolaíochta den diantaighde agus den ghníomhaíocht foilseacháin atá ar siúl aici i roinnt réimsí straitéiseacha, agus iad nasctha le líon comhdhálacha agus rannpháirtíocht leanúnach leis an bpobal.

CULTÚR, FÉINIÚLACHT AGUS DOMHANDÚ

Tá láidreacht ar leith ag an roinn i dtaca le staidéar ar Chultúr, Féiniúlacht agus Domhandú.

Chuir an t-alt le Rebecca King-O'Riain sa Journal of Intercultural Studies bailchríoch ar thríológ d'ailt taighde ar shaol mothúchánach an domhandaithe agus ar an mbealach a dtiomáineann caidrimh ghrá nascálacha trasnáisiúnta, taighde a léiríodh ar raidió RTÉ agus ar bhlaganna chomh maith le taispeántas IMMA.

Chuir alt Brian Conway sa Journal for the Scientific Study of Religion maidir le tiomantas Caitliceach in 52 tír síneadh freisin le sraith shuntasach alt maidir le heagrú domhanda cultúir, reiligiún

BUAICPHOINTÍ DÁIMHE DÁMH NA NEOLAÍOCHTAÍ SÓISIALTA

sa chás seo. Bhí sé sin mar chomhlánú ar dhá alt le Peter Murray ar reiligiún i stair shóisialta agus pholaitiúil na hÉireann. Bhain John O'Laoidh comhaltacht iarchéime IRC amach chun taighde a dhéanamh ar eagrú reiligiúnach an Bhúdachais.

GLUAISEACHTAÍ SÓISIALTA AGUS AN PHOLAITÍOCHT

Tá láidreacht ar leith ag Roinn na Socheolaíochta i dtaca le Socheolaíocht Pholaitiúil agus in 2018/19 bhí sruth saibhir taighde ag sreabhadh sa réimse sin.



Foilsíodh Why Social Movements Matter le Laurence Cox in 2018

D'fhoilsigh Laurence Cox dhá leabhar sa réimse sin i mbliana. Chuir a leabhar Why Social Movements Matter leis an litríocht sa réimse sin agus é ag caitheamh ar bhealach nuálach le hiarmhairtí gluaiseachtaí i dtaca leis an saol sóisialta agus polaitiúil, agus cuireadh the Voice of 1968 i láthair in imleabhar a cuireadh in eagar, agus fianaise ann ón dream a bhí páirteach sna coimhlíntí polaitiúla sa Domhan Thuaidh sa bhliain chinneánach sin. D'fhoilsigh an taighdeoir iardhochtúireachta Alberto Arribas (a raibh Laurence mar mheantóir aige) roinnt alt ar an rannpháirtíocht idir scoláirí agus gluaiseachtaí sóisialta. Chuir Colin Coulter lena anailís ar agóid sa chultúr pobail, lena n-áirítear amhrán agóide an Clash agus alt in Irish Political Studies ar an gclúdach a rinneadh ar agóidí frithchoghaidh sna meáin. D'eagraigh Laurence agus Colin, in éineacht le comhghleacaithe, mórchomhdháil dar teideal "The Re-Birth of Marxism: Haunting the Future" ina ndearnadh iniúchadh ar an méid a chuir an Marxachas leis an anailís ar shochaithe comhaimseartha agus lena mbunathrú.

Rinne Pauline Cullen iniúchadh ar na tosca a mhúnligh neamh-ionannais inscne i rannpháirtíocht agus in ionadaíocht pholaitiúil, lena n-áirítear caibidil leabhair ina ndéantar anailís ar rannpháirtíocht na mban in Éirinn i rialachas uirbeach agus alt in Politics and Gender maidir le parlaiminteoirí san Aontas Eorpach. D'fhoilsigh Pauline agus Mary Murphy tuarascáil a raibh fad leabhair inti d'Fhondúireacht Rosa Luxemburg inar tugadh cuntas cuimsitheach ar fhreagairt agus ar dhiúltú na bhfeimineach do bheartais déine in Éirinn. Rinneadh iniúchadh ar cheisteanna den chineál céanna i roinnt imeachtaí tábhachtacha, lena n-áirítear cuairt a thug an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige, Katherine Zappone, i mí na Nollag agus Siompóisiam ar Lá Idirnáisiúnta na mBan chun comóradh 100 bliain a dhéanamh ar cheart vótála na mban in Olltoghchán 1918.

Rinne scoláirí eile sa roinn iniúchadh ar na macrathruithe sa pholaitíocht dhomhanda, lena n-áirítear alt le Barry Cannon in New Political Science ina gceistítear an tairbhe a bhaineann le coincheap an 'phobalachais' chun tuiscint a fháil ar pholaitíocht na linne seo. Bronnadh Ollúntacht Jean Monnet eile ar John Brennan agus lean sé dá chuid taighde ar Mheadú an AE agus Iarthar na mBalcán, lena n-áirítear páipéar IIEA ar an ábhar. Thacaigh cainteanna ó Fintan O'Toole, ón Ollamh Carlo Ruzza (Trento) agus ón Ollamh Ayhan Kaya (Ollscoil Bilgi in Iostanbúl) le taighde na roinne sa réimse seo.

AN EACNAMAÍOCHT PHOLAITIÚIL, AN TIMPEALLACHT AGUS FORBAIRT



An tOllamh Ray O'Neill, an tOllamh Ronaldo Munck, an tOllamh Honor Fagan agus Ard-Stiúrthóir Chúnamh Éireann, Ruairí de Búrca, ag seoladh Handbook on Development and Social Change

Tá traidisiún láidir ag an roinn maidir le hanailís shocheolaíoch a dhéanamh ar an saol eacnamaíochta agus an fhorbairt. Lean an tOllamh Fagan leis an traidisiún sin agus comheagarthóireacht a déanamh aici ar an Handbook on Development and Social Change. Treoraíonn Honor anailís eolaíochta sóisialta in dhá mhórhionscadal taighde a bhfuil sé mar chuspóir acu rochtain ar uisce óil atá sábháilte a bhunathrú trí dhearadh sóisialta agus teicneolaíochtaí gréine comhtháite a oiriúnú, a oibriú agus a bhainistiú go háitiúil i gceithre cheantar cás-staidéir san Afraic Theas, sa Mhaláiv, san Aetóip agus in Uganda. D'fhoilsigh sí alt ar Uisce i gcórais soláthair uisce atá á mbainistiú ag an bpobal faoin tuath in Uganda.

Bhí an tOllamh Mary Corcoran mar chomheagarthóir ar eagrán speisialta de Nature and Culture on "Civil Society and Urban Agriculture" ina ndearnadh iniúchadh ar an mbealach a ndéanann an tsochaí shibhialta rochtain ar thalamh, ar tháirgeadh bia agus ar fhorbhairt pobail a stiúradh ar fud na hEorpa. Chomh maith leis sin, bhain Mary gradam Fulbright EPA 2018 amach áit a ndearna sí iniúchadh ar cheisteanna gaolmhara maidir le bia agus talmhaíocht uirbeach ag Institiúid an Ghorta Mhóir in Ollscoil Quinnipiac, in Connecticut.

Tháinig Eoin Flaherty chuig an roinnt trí Ollscoil na Banríona agus an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus d'fhoilsigh sé roinnt alt ar airgeadrú (láithreach agus cumhacht an airgid sa gheilleagar a bheith ag fás) agus neamhionannas. San áireamh ansin, bhí alt ina ndearnadh comparáid idir conair náisiúnta éagsúla i dtreo neamh-ionannas ardioncaim, a foilsíodh sa Journal of Comparative Policy Analysis.

FACULTY HIGHLIGHTS

DÁMH NA NEOLAÍOCHTAÍ SÓISIALTA

Bhí áthas orainn freisin fáilte a chur roimh an Ollamh Constantine Passaris, Scoláire Dobbin Atlantic, chun tabhairt faoina chuid taighde ar gheilleagar na hÉireann i samhradh na bliana 2019.

MARGAÍ SAOTHAIR, POLASAITHE LEASA AGUS NEAMHIONANNAS

Tá staidéar á dhéanamh freisin ag comhghleacaithe roinne ar an anailís seo ar an saol eacnamaíochta agus neamhionannais shóisialta agus iniúchadh á dhéanamh ar an mbealach a n-idirghníomhaíonn margaí saothair, polasaithe leasa, teaghlaigh agus daoine aonair chun patrúin neamhionannais a sholáthar



An tOllamh Jane Grey

Bhain an tOllamh Jane Gray leas as roinnt tionscadal taighde a rinneadh le déanaí chun sraith alt a fhoilsiú maidir le saol tuismitheoirí aonair agus pobail imeallaithe. Ina measc sin bhí alt sa Journal of Poverty and Social Justice, ina ndearnadh iniúchadh ar (neamh)dhóthanacht na sochar ag an obair sa pholasaí um ghníomhachtú an mhargaidh saothair do thuismitheoirí aonair in Éirinn, agus alt in Contemporary Social Science ina ndearnadh iniúchadh ar an mbealach a bhféadfaí úsáid a bhaint as agallaimh bheathaisnéiseacha chun scrúdú a dhéanamh ar 'theacht aniar' agus struchtúir imeallaithe le sárú.

Rinne Seán Ó Riain iniúchadh ar cheisteanna den chineál céanna in alt agus i gcaibidil leabhair maidir le 'sáinn ísealfhoghlama' na hÉireann sa mhargadh saothair ina n-aoictear pá íseal. Chríochnaigh tríúr mhac léinn PhD ón tionscadal dá chuid dar teideal New Deals in the New Economy a gcuid tráchtas ar obair agus ar fholláine sa Danmhairg agus in Éirinn, ar airgeadrú san dá thír chéanna, agus ar na hiarmhairtí a bhaineann le gluaiseachtaí sa mhargadh saothair sa Ghearmáin agus sa Ríocht Aontaithe. Bronnadh comhaltacht iarchéime IRC ar Josh Moody chun taighde a dhéanamh ar ghairmeacha agus ar fhéiniúlacht i dtionscail bhogearraí agus chruthaitheacha na hÉireann, arna mhaoirsiú ag Seán agus ag Aphra Kerr.

Rinne Mary Murphy taighde freisin ar thionchar beartas poiblí i mbeartais maidir leis an margadh saothair agus tithíocht. San áireamh ansin, bhí taighde ina ndearnadh iniúchadh ar an tionchar a bhí ag athrú beartas ar pháirtithe éilitheoirí leasa (san Irish Journal of Sociology) agus an tionchar a bhí ag idirghabháil sa mhargadh saothair (in Trials, in éineacht leis an taighdeoir iardhochtúireachta, Nuala Whelan). Chuir Mary an taighde sin i láthair freisin ag Coiste Oireachtais. Rinneadh iniúchadh ar an tionchar atá ag margú na

tithíochta sóisialta ar theaghlaigh gan dídean in alt in Administration, agus rinne an taighdeoir iardhochtúireachta, Valesa Lima, athbhreithniú ar thairní na hÉireann ar thithíocht shóisialta in alt in Housing.

D'eagraigh an grúpa um Eacnamaíocht Pholaitiúil, Obair agus Neamhionannas Sóisialta (PEWSI) sa Roinn sraith de cheithre sheimineár "Smaointeoireachta os Ard" ina ndeachthas i ngleic le hábhair amhail eagrú oibre, rannpháirtíocht fostaithe, neamhionannas i gcúrsaí tithíochta, agus riosca agus teacht aniar sa mhargadh saothair.

RANNPHÁIRTÍOCHT AGUS TAIGHDE RANNPHÁIRTÍOCHTA

1. Delma Byrne

- Ball den Ghrúpa Oibre Athbhreithnithe ar HEAR (Bealach Rochtana ar an Ard-Oideachas), arna threorú ag Cumann Ollscoileanna Éireann.
- Ball den Choiste Comhairleach Taighde, Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine (IHREC).
- Sainchomhairleoireacht don Chomhairle Ealaíon maidir lena straitéis deich mbliana. Cruinniú Polaitiúil, Eacnamaíoch, Teicneolaíoch, Dlí agus Comhshaoil (PESTLE).

2. Delma Byrne agus Seán Ó Riain

- Tuarascáil dar teideal "Literacy Matters in Social and Community Life" don Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh (NALA).

3. Delma Byrne and Caitríona Fitzgerald

- Tuarascáil dar teideal "Evaluation of Doodle Families" don Tionscnamh Forbartha don Óige (CDI), Baile Átha Cliath.

4. Brian Conway

- Comhfhreagraí d'Éirinn in Eurel, líonra scoláirí reiligiúin agus dlí atá lonnaithe in Strasbourg agus a dhéanann ionadaíocht thar ceann 30+ tír san Eoraip.

5. Mary Corcoran

- Réimse comhráite idir an ealaín agus eolaithe sóisialta, lena n-áirítear leis an ealaíontóir Amanda Jane Graham i gContae Liatroma, leis an amharc-ealaíontóir Mary Burke i gContae Laoise agus seimineár ar na healaíona agus rannpháirtíocht an phobail mar chuid den Taispeántas Bailedhreacha i Leabharlann Ollscoil Mhá Nuad.

6. Laurence Cox

- Sainchomhairleoir taighde don Field Centre (ionad taighde d'iontaobhas oideachais um riachtanais speisialta Ruskin Mill, Stroud, an Ríocht Aontaithe). San áireamh ansin tá straitéis taighde, comhairle, agus comhordú, eagarthóireacht agus scríobh don Field Centre Research and Practice Journal; meantóireacht a dhéanamh ar bhaill foirne i gcúrsaí taighde etc.
- Obair leanúnach i gcomhar le réimse de ghníomhaithe gluaiseachta sóisialta, lena n-áirítear trí bhlag agus trí alt irise, comhscríobh, eagarthóireacht ar an iris Comhéadain, cainteanna agus tuilleadh.

7. Pauline Cullen

- D'oibrigh sí leis an nGrúpa Gníomhaíochta d'Oibríthe Baile (ionad Chearta na nMírceach in Éirinn) chun tacú leis an bhfeachtas Mo Bhaile Cóir, ar feachtas é a oibríonn chun

BUAICPHOINTÍ DÁIMHE

DÁMH NA NEOLAÍOCHTAÍ SÓISIALTA

coinníollacha oibre níos fearr a bhaint amach d'oibrithe cúraim baile. Sholáthair sí ceardlann i gcomhar ar chúram mar straitéis pholaitiúil.

- D'oibrigh sí le Comhairle Náisiúnta na mBan (NWCI) ar straitéis do Cheannaireacht Feimineach. Chuir sí ionchur ar fáil don phróiseas um athrú eagraíochtúil ag NWCI i dtaca le múnla don athrú eagraíochtúil trí phrionsabail agus meicníochtaí na ceannaireachta feiminí.
- Chomhoibrigh sí leis an bhFóram Náisiúnta do Thaistealaithe Mná agus le Akidwa (Líonra na mBan Imirceach) maidir le togra maoinithe chun tacú le hiarrthóireacht pholaitiúil agus le rannpháirtíocht na mban ó mhionlaigh eitneacha agus chine sa pholaitíocht áitiúil.
- Aighneacht réamhbhúisid Chomhairle Náisiúnta na mBan 2020 an Roinn Coimirce Sóisialaí agus Fostaíochta. Baile Átha Cliath: Tuairisc. Chuir sí sonraí agus creat ar fáil d'aighneacht réamhbhúisid NWCI.
- Sholáthair sí tuarascáil ar an gcás atá ann cuótaí inscne a úsáid chun ionadaíocht na mban ar bhoird chuideachtaí a mhéadú i.e. Increasing Gender Balance on Boards: The case for Legislative Gender Quotas in Ireland.

8. Pauline Cullen agus Claire McGing

- Sholáthair siad tuarascáil don NWCI (lena n-áirítear an chéad suirbhé a rinneadh ar chomhairleoirí áitiúla reatha) agus agallaimh le comhairleoirí mná nár éirigh leo agus le hiarrthóirí mná ó mhionlaigh eitneacha maidir le hiarrthóireacht mná agus ionadaíocht sa rialtas áitiúil; i.e. Women Beyond the Dáil: More Women in Local Government. Comhairle Náisiúnta na mBan, Baile Átha Cliath.

9. Honor Fagan

- Tá rannpháirtíocht leis an tsochaí shibhialta agus le gníomhaithe stáit maidir le soláthar uisce go hidirnáisiúnta i gceist le dhá thionscadal H2020. Tá sé mar chuspóir ag an bpacáiste oibre in Waterspout rochtain ar ghrian-díghalrú drochuisce a bhunathrú san Aetóip, sa Mhaláiv, in Uganda agus san Afraic Theas agus tá sé mar chuspóir ag an bpacáiste oibre in PANI-Water dlús a chur leis an tionchar inbhuanaitheachta sóisialta a bhaineann le haonaid díghalraithe uisce agus le plandaí taispeána/píolótacha a bunaíodh chun fuíolluisce a athchúrsáil lena úsáid i gcúrsaí talamhaíochta san India.

10. Eoin Flaherty

- Comhoibríú leanúnach le hInstitiúid Taighde Eacnamaíochta Nevin. Lena n-áirítear Measúnóir Seachtrach, Quarterly Economic Observer and Research Papers (2016 go dtí anois); Páipéar a Chur i Láthair; Sraith Seimineár NERI Bhéal Feirste; taighde leanúnach agus feidhm á baint as sonraí Understanding Society/BHPS atá dírithe go sonrach ar Thuaisceart Éireann.

11. Jane Gray

- Tugadh cuireadh di alt gearr dar teideal 'Changing Irish Families' a chur isteach don fhoilseachán ChildLinks de chuid Barnardos in 2018. Leagadh béim san alt ar an luach a bhaineann le fuinneog níos dinimiciúla a oscailt ar

leanúnachas agus ar athrú i saol an teaghligh in Éirinn, ag díriú ar dhearcadh na hóige ó ghlúin go glúin.

- Tugadh cuireadh di blaghostáil a chur ar fáil don Big Qual Hub, Lárionad Náisiúnta na Ríochta Aontaithe do Mhodhanna Taighde a foilsíodh in 2019. Díriodh sa bhlaghostáil ar theamparáilachtaí éagsúla a réiteach nuair a bhíonn tacar sonraí ina bhfuil scéalta beatha iardhearcacha á gcur le tacar d'agallaimh cháilíochtúla fadaimseartha ó phainéal staidéir ionchasach.

12. Aphra Kerr

- Bhí ceardlanna maidir le déanamh cluichí cruthaitheacha do dhaoine fásta i gceist sa tionscadal dar teideal Refiguring Innovation in Games (arna mhaoiniú ag SSHRC) agus an tionscadal dírithe ar ionchuimsiú inscne. Tionscadail i gcomhar leis na comhpháirtithe Coding Grace (fondúireacht atá á réachtáil ag an bpobal agus ag oibrithe deonacha) Portershed (ionad nuálaíochta) agus Ionad Teicneolaíochta na Gaillimhe.
- Bhí sí ag obair ar gamedevelopers.ie, acmhainn eolais ag pobail atá á réachtáil ag an bpobal agus ag oibrithe deonacha agus roinneann taighde, poist agus nuacht. Arna mhaoiniú ag an tionscal ach ag obair freisin le grúpaí pobail lena n-áirítear Imirt (cumann an ndéantóirí cluichí) agus Coding Grace.
- Rannpháirtíocht Phobail agus Saoránach i gcomhar le hionad ADAPT SFI do Theicneolaíochtaí Ábhair Dhigití. Bhí sí mar mhodhnóir ar Sheisiún Smainteoireachta dar teideal 'Artificial Intelligence, Privacy and Civil Liberties' do Sheachtain na hEolaíochta.
- Ball acadúil den líonra um Thuiscint ar na Meáin. Cleamhnaithe le hÚdarás Craolacháin na hÉireann. Feachtas Be Smart um thuiscint ar na meáin a réachtáladh ar fud na gcainéal traidisiúnta agus ar fud chainéil na meán. Mar chuid freisin den ghrúpa oibre taighde atá ag tógáil bunachar sonraí taighde do shuíomh gréasáin an líonra.

13. Rebecca Chiyoko King-O'Riain

- D'oibrigh sí le Cumann na nÉireannach de Chine Measctha, a threoraigh feachtas le déanaí chun cur leis an bhfeasacht ar an mbealach a caitheadh le daoine de chine measctha i gcúram stáit na hÉireann. Bhain siad feidhm as an taighde a rinne Rebecca mar chuid dá n-ardán chun stocaireacht a dhéanamh ar mhaithe le haitheantas agus cúiteamh a sholáthar d'íospartaigh.
- D'oibrigh sí le comhghleacaithe sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath ar "Experience Japan" chun imeachtaí a réachtáil agus a chur chun cinn, ar imeachtaí iad atá dírithe ar an tSeapáin agus ar chultúr na Seapáine a dhéanamh níos feiceálaí in Éirinn.
- D'oibrigh sí le hAmbasáid na Cóiré chun infheictheacht na Cóiré agus chultúr na Cóiré a mhéadú in Éirinn, lena n-áirítear buaiteoir Féile K-pop an domhain i mbliana (arb as Éirinn é).

14. Mary Murphy

- Ceardchumann Fórsa, "More Power To You". Tionscadal taighde chun beartas an cheardchumainn a threorú maidir le hathchóiriú ar an rialtas áitiúil agus beartas a bhaineann leis

FACULTY HIGHLIGHTS

DÁMH NA NEOLAÍOCHTAÍ SÓISIALTA

an rialtas áitiúil i dtaca le bailiú bruscair, tithíocht phoiblí, an comhshaol agus uisce. Ag déanamh soláthair don fheachtas domhanda atá ag Public Service International dar teideal 'Future is Public'.

- Fócas Éireann. Ball leanúnach de Ghrúpa Comhairleach Taighde Fhócas Éireann (2007-). Comhpháirtí áitiúil d'eagraíocht neamhrialtasach sa tionscadal ReInVest, arna mhaoiniú ag H2020 (2015-2019) a raibh obair i gcomhair le comhghleacaithe taighde atá mar thionóntaí ag Fócas Éireann i gceist leis.
- Obair Phobail Éireann. D'fhorbair sí clár taighde as siompóisiam i mí na Bealtaine 2019 maidir leis an tionchar atá ag coimisiúnú agus soláthar ar eagraíochtaí sochaí sibhialta. Mar thoradh ar líonrú agus ar obair i gcomhar rinneadh iarratas a raibh rath air ina dhiaidh sin ar dheontas Bonn Nua IRC 2019/2020.

15. Mary Murphy agus Pauline Cullen

- Chuir siad tuarascáil ar chás-staidéar tíre ar fáil do ROSA-LUXEMBURG-STIFTUNG, meitheal mhachnaimh atá lonnaithe sa Bhruiséil, i.e. Irish Feminist Approaches against Austerity Regimes, maidir le suíomh na mban in Éirinn ón ndéine i leith agus freagairtí eagraíochtaí na mban don ghéarchéim eacnamaíochta.
- Reáchtáil siad measúnú inscne buiséid don NWCI maidir le Buiséad 2018 i.e. National Women's Council of Ireland Gender Budget assessment Exercise for Budget 2018.

16. Seán Ó Riain

- D'oibrigh sé le Master Trust ar cheisteanna a bhaineann le heagrú agus beartas cúraim sláinte, lena n-áirítear tuarascálacha ar éileamh áitiúil ar sheirbhísí ospidéal agus anailís chomparáideach ar chórais cúraim sláinte.
- Obair leanúnach le TASC (Meitheal Mhachnaimh maidir le Gníomhaíocht i leith Athrú Sóisialta). Len a n-áirítear TASC agus plé comhchéime ar Fulfilling Work in Ireland le Carnegie UK Trust; Cathaoirleach agus Modhnóir, Seimineár ar Bheartas Tionsclaíochta Bunaithe ar Cháin.

17. Paul Ryan

- Tionscadal Taighde le VEID Éireann dar teideal 'Exploring the impact of the sex purchase ban on the health and well-being of sex workers in Ireland' (leis an Dr Kathryn McGarry, Ollscoil Mhá Nuad).
- Comhalta Boird, Sex Workers Alliance Ireland.

18. Eamonn Slater

- Chuir sé comhairle ar fáil do ghrúpa Leader Oirthuaisceart Mhaigh Eo maidir le clár acadúla agus ranganna áitiúla a chur ar fáil - ar éiceolaíocht den chuid ba mhó agus chuir sé creat foriomlán ar fáil (in éineacht le Clodagh O'Malley-Gannon) do chreat a bheadh níos báúla leis an éiceolaíocht don cheantar.

Bíonn mórán de bhaill foirne na roinne le feiceáil ar na meáin ar bhonn rialta, lena n-áirítear deichniúr ball foirne ar a laghad in 2019.

LEABHARLANN OLLSCOIL MHÁ NUAD

D'éirigh go han-mhaith leis an Leabharlann arís ó thaobh na bhfoilseachán de agus foilsíodh ocht n-alt/gcaibidil i rith na bliana. Baineann go leor de na foilseacháin le hailt/caibidil fianaisebhunaithe a chuireann cleachtas na leabharlainne i gcomhthéacs na litríochta maidir le hábhair ar leith, amhail tionscadal taighde Library UX (Eispéreas Úsáideoir) le Roinn na hAntraipeolaíochta agus clár feasachta i leith na héagsúlachta a cuireadh ar fáil do gach ball foirne.

Tá na cúig bhall d'Fhoireann Ardbhainistíochta na Leabharlainne gníomhach i dtaighde agus i bhfoilsitheoireacht bunaithe ar chleachtas. Tá ball amháin den fhoireann ag tabhairt faoi PhD ina gcaithfear bailiúchán suntasach de chuid ne leabharlainne a cheistiú ar bhonn scolártha.

Comhoibríodh le roinnt comhghleacaithe acadúla ar leabhair agus ar chaibidil as leabhair a bhain le hábhair éagsúla, lena n-áirítear Library Special Collections. Is caibidil sa leabhar Book collecting in Ireland and Britain, 1650-1850 é. D'fhoilsigh Four Courts Press é agus clúdaítear sa leabhar bailiúchán eaglasta a fhaightear sa Leabharlann. Baineann an dara heagrán den leabhar Silence Would be Treason: Last Writings of Ken Saro-Wiwa, ar fhoilsigh Daraja Press é, leas as ceann dár bpríomhchartlanna. Clúdaíodh litreacha a scríobh Peadar Ó Laoghaire, an sagart ó Mhá Nuad agus an t-údar agus an scoláire cáiliúil, in alt in Irisleabhar Mhá Nuad. Bhí comhoibriú soiléir freisin i bhfoilseachán a scríobhadh le ball foirne a bhí ag obair le comhghleacaithe acadúla ar alt córasach léirmheasa.

Chuir foireann na leabharlainne le litríocht an chomhlachais ghairmiúil chomh maith. Foilsíodh ailt dá cuid in An Leabharlann: The Irish Library agus Archives and Records Association Ireland Newsletter.

Rinne baill foirne cuir i láthair ag comhdhálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta agus rinne siad ionadaíocht don Leabharlann ar bhoird eagarthóireachta agus ar choistí náisiúnta agus idirnáisiúnta. In 2018, chruthaigh an Leabharlann Foilsitheoireacht Acadúil Mhá Nuad (MAP) chun scoláireacht oscailte agus rannpháirtíocht le taighde a chur chun cinn ach foilsitheoireacht oscailte a chumasú. Tá comhairle, maoiniú agus tacaíocht theicniúil i gceist leis seo. Áirítear leis na tionscnaimh Open Journal of Astrophysics, irisleabhar piarmheasúnaithe idirnáisiúnta, a óstáil. Seoladh Journal of Military History and Defence Studies i mí Feabhra 2020 le linn Love Data Week. Foilsítear an t-irisleabhar piarmheasúnaithe leathbhliantúil seo i gcomhar le Roinn na Staire. Tacaíonn an leabharlann le foilsiú Dancecult (Journal of Electronic Dance Music Culture), an t-irisleabhar piarmheasúnaithe a bhfuil rochtain oscailte air, i gcomhar le Roinn na Tíreolaíochta. D'fhéadfadh MAP a bheith ina hardán foilsitheoireachta den chéad scoth a bhfuil piarmheasúnú ionsuite ann agus d'fhéadfadh sí tacaíocht rithábhachtach a chur ar fáil do thaighde in Ollscoil Mhá Nuad

INSTITIÚIDÍ AGUS IONAID TAIGHDE



INSTITIÚID NA NEALAÍON AGUS NA nDAONNACHTAÍ

Bunaíodh Institiúid na nEalaíon agus na nDaonnachtaí (AHI) i mí Eanáir 2018 agus bhí an tOllamh Tom O'Connor ina stiúthóir tionscnaimh. Chomhchuimsigh agus tháinig AHI in áit An Foras Feasa (AFF) mar aonad taighde na nEalaíon agus na nDaonnachtaí. Ar aon dul le Plean Straitéiseach na hOllscoile 2018-22, tá cuspóir trípháirteach ag AHI: tacú leis an gcultúr taighde i nDámh na nEalaíon agus san Ollscoil go ginearálta a fheabhsú; cur le méid agus le caighdeán aschuir thaighde na Dáimhe; deontais do thaighde seachtrach a mhéadú.

De réir mar a neadaigh na struchtúir nua síos, chuaigh an stiúthóir i gcomhairle lena chuid comhghleacaithe sa Dámh ag cruinnithe roinne, ag cruinnithe taighde de chuid na dáimhe agus le gach comhghleacaí as féin, chun ceistanna maidir le cultúr taighde, gníomhaíocht/aschur taighde agus maoiniú, go himheánach agus go seachtrach, a phlé. Ón gcomhairliúchán seo, agus ó chomhráite leis an Déan agus le comhghleacaithe RDO ina dhiaid sin, tháinig sé chun solais go raibh trí phríomhdhúshlán roimh chomhghleacaithe sa Dámh a bhí gníomhach ó thaobh an taighde de: aonrú scolártha; scoilteadh téamach; tacaíocht taighde gan chomhordú.

Bhí infheictheacht institiúideach ann, cuireadh acmhainní ar fáil go neamhsheasmhach/go dona, agus bhí teorainn le líonrú seachtrach, agus d'éirigh aonrú scolártha níos measa mar gheall ar na nithe seo ar fad. Níor eascair tionscadail mhórscaála, uaillmhianacha bunaithe ar fhoireann atá idirdhisciplíneach ó thaobh carachtair, téama agus cuspóra de as an-chuid den taighde iontach aonair a rinneadh mar gheall ar an scoilteadh téamach.

Bhain dúbláil, tabhairt chun críche uireasach agus easpa treoir straitéiseach leis an tacaíocht gan chomhordú agus cuireadh go leor den iarracht a cuireadh isteach amú dá bharr sin. Mar fhreagra ar na comhráite seo, chuir an Institiúid maoiniú lánroghnach ar fáil do na tionscnaimh seo a leanas le linn 2018-19:

- > Bunaíodh Scéim Tacaíochta Luathghairme chun seimineáir agus ceardlanna a éascú, rud a chuir tús le taighde comhoibritheach, idirdhisciplíneach agus idirnáisiúnta leis na hiarratasóirí rathúla seo a leanas: Bernard Bauer (Chron Hib); John Paul Newman (an Stair); Mirna Vohnsen (an Spáinnis); James Fraser (an Béarla); Suzanne Gottlober (an Fhealsúnacht).
- > Cuireadh tús le Scéim Comhaltachtaí Cuartaíochta chun líonrú scolártha a spreagadh (d'éirigh le 6 iarratas).
- > Scéim Ghoir na dTionscadal Taighde chun maoiniú síl a chur ar fáil do thionscadail nua thaighde; Tionscadal Clericus, Príomhthaighdeoir Thomas O'Connor AHI, An tOllamh Salvador Ryan SPC; Tionscadal Tenerife (Príomhthaighdeoir Thomas O'Connor AHI, Dr John Bergin UCD).
- > Tionscadail mhaoinithe thaighde a óstáil agus tacaíocht a thabhairt dóibh (de réir na gcuntas).
- > Atheagraíodh saotharlann/saoráid shóisialta PhD na hInstitiúide; cuireadh tús le clár chun taighde iarchéime a fheabhsú. Dearadh na nithe seo ar fad chun cabhrú le hiarrthóirí PhD le linn a gcúrsa agus iad a spreagadh le tabhairt faoi thaighde iardhochtúireachta, mar chomhaltáir iardhochtúireachta, cúntóirí taighde srl.

In 2018-19, ghlac AHI le trí thionscadal taighde nua a maoiníodh go seachtrach:

- > Bronnadh Duais Laureate de chuid IRC ar an Dr Deborah Hayden, an Ghaeilge Mhoch, i mí an Mhárta 2018. Bronnadh €190,640 uirthi as a tionscadal dar teideal 'Medieval Irish Medicine in its North-western European Context' [Meán Fómhair 2018-Meán Fómhair 2020].
- > Tionscadal The Letters of Frank Duff, ar mhaoinigh deontas ó Léigiún Mhuire é. Príomhthaighdeoir Dr Jacinta Prunty [Iúil 2019-Aibreán 2020 €70,000].

In 2018-19, d'óstáil AHI na tionscadail seo a leanas atá á maoiniú go seachtrach:

- > ERC Horizon 2020. Príomhthaighdeoir: an tOllamh David Stifter, Probabilistic Chronological Dating of Early Irish texts €1.8m [2015-2020].
- > D'óstáil AHI ceithre chomhaltacht iardhochtúireachta de chuid IRC; arna reáchtáil ag na Dochtúirí Mary Boyle (an Ghearmáinis), Sarah Culhane (Staidéar ar na Meáin), Niamh Campbell (an Béarla) agus Egle Kackute (Nuatheangacha).

Chuir AHI maoiniú síl agus/nó comhairle ar fáil do na tionscnaimh thaighde seo a leanas:

- > Bunaíodh an Líonra Idirnáisiúnta um Theoiric, Theicnic agus Theicneolaíochtaí an Cheoil agus cuireadh lena bhunreacht (Dr Antonio Cascelli, an Ceol).
- > Lóistín oifige don Tionscadal Máithreachais, le go n-ullmhófaí deontas líonraithe ERC i mí an Mhárta 2020 (Dr Valerie Heffernan, an Ghearmáinis). Tacaíocht EI maidir le deontas a scríobh [Lúnasa 2019] i gcomhair iarratas comhdhlúthúcháin ERC 2020.
- > Leithdháileadh buiséid agus lóistín oifige le haghaidh Thionscadal Atlas na Gaeilge, a bheidh ar siúl ó mhí Mheán Fómhair 2019 (an tOllamh Fionntán de Brún, an Nua-Ghaeilge).
- > Plé ar Ghrúpa Goir maidir le Staidéar Cosanta (Dr David Murphy, an Stair).
- > Plé ar ghrúpa taighde a bhunú chun staidéar a dhéanamh ar Bhaile Meánaoiseach na hÉireann (Dr Michael Potterton, an Stair).
- > Líonra Crisis [critical research in states, ecologies and societies] a bhunú (Dr Catherine Gander, an Béarla).
- > Iniúchadh a dhéanamh ar chomhoibriú le Roinn na hInnealtóireachta ar Loingseoireacht Láithreacha Stairiúla (Dr John Dooley, an Innealtóireacht).
- > Rannpháirtíocht san iarratas ar dheontas ACLS chun an teicneolaíocht dhigiteach a leathnú (Dr John Keating CS, Dr Aphra Kerr an tSocheolaíocht, Dr Adrienne Shaw, Ollscoil Temple).
- > Clár agus foilseachán chomhdháil NPPSH [New Perspectives Postgraduate Symposium on the Humanities] [Deireadh Fómhair 2018].
- > Chuaigh AHI isteach sa Chuibhreannas Eorpach d'Institiúidí agus d'Aonaid Daonnachtaí agus d'óstáil sé ceathrar toscairí ag comhdháil bhliantúil CHCI 19-22 Meitheamh.

TAIGHDE INSTITIÚIDÍ AGUS IONAID

- > Chuaigh AHI isteach sa Chuibhreannas Eorpach d'Institiúidí agus d'Aonaid Daonnachtaí, Meitheamh 2019.
- > Tá Stiúrthóir AHI ina bhall de bhord Chomhghuaillíocht Daonnachtaí na hÉireann.
- > Ceapadh Stiúrthóir AHI ar bhord Beyond 2022.
- > Thug AHI cuireadh do thoscairí páirt a ghlacadh in Digital Humanities Strategy: Breaking Silos.
- > Ceardlann TCD 30 Samhain 2018: d'óstáil AHI an chéad cheardlann eile 6 Márta 2019.

Aschuir/Gníomhaíochtaí Taighde de chuid Thionscadal AHI:

1. CHRONHIB

Ba é 2018-19 an ceathrú bliain de Thionscadal Chronologica Hibernicum (ChronHib), atá arna maoiniú ag ERC agus a bhfuil an tOllamh David Stifter ina príomhthiaighdeoir air. Dhírigh na gníomhaíochtaí ar CorPH -Corpus PalaeoHibernicum, a chur ar fáil. Is bunachar sonraí teangeolaíochta agus corpas é seo ina bhfuil na foinsí is comhaimseartha ó thaobh na Sean-Ghaeilge de. Chuaigh ríomhchlárúitheoir gréasáin, staitistíochair Bayesach agus taighdeoir sinsearach, a bhfuil cúlra i ndaonnachtaí digiteacha Gaeilge na meánaoise aige, isteach san fhoireann in 2018-19 chun tosach VRE agus na múnlá staidrimh d'éagsúlacht agus d'athrú teanga a fhorbairt.

GRADAIM AGUS DEONTAIS

Bhronn Fiontraíocht Éireann Deontas Tacaíochta le haghaidh Tograí a Ullmhú de chuid H2020 ar an Ollamh David Stifter chun cúntóir taighde a fhostú ar feadh ceithre mhí in earrach 2019. Chuir fadhbanna sláinte bac ar thaisceadh iarratas H2020 don bhliain 2019.

Bronnadh Deontas Charlemont 2019 (Acadamh Ríoga na hÉireann) ar an Dr Fangzhe Qiu chun taighde a dhéanamh in Uppsala (Meitheamh 2019) agus fuair sé deontas de chuid Scéim Deontais d'Acadóirí Luathghairme OÉ chun ceardlann a eagrú ar staitisticí sa taighde ar an teangeolaíocht chorpais (Meán Fómhair 2019).

Dr Bernhard Bauer a fuair Deontas Taighde Luathghairme MUAHI; agus a bhuaigh gradam Ignite (Seachtain Taighde MU 2018).

CUIR I LÁTHAIR AGUS FOILSEACHÁIN

Sa bhliain acadúil 2018-19, rinne baill de thionscadal ChronHib 15 chur i láthair go hidirnáisiúnta agus sé chur i láthair in Éirinn, agus tugadh cuireadh do 8/3 acu an cur i láthair a dhéanamh. I measc na mbuaicphointí bhí seisiún iomlán de chuid ChronHib ag an gComhdháil Idirnáisiúnta sa Léann Ceilteach in Bangor (Iúil 2019), agus thug Fangzhe Qiu sraith aoi-léachtaí i mBéising (an tSín), agus in Ambasáid na Síne, Baile Átha Cliath. Thug David Stifter Léacht Uí Dhónaill in Oxford (Bealtaine 2019).

D'fhoilsigh an fhoireann sé alt eolaíochta in irisleabhair agus cúig chaibidil in imeachtaí nó i gcomhimleabhair ag a bhfuil dáta oifigiúil foilsithe de 2018 acu, lena n-áirítear:

Fangzhe Qiu, David Stifter, Bernhard Bauer, Elliott Lash, Tianbo Ji 'Chronologica Hibernicum: A Probabilistic Chronological

Framework for Dating Early Irish Language Developments and Literature' in: Marinos Ioannides et al. (Ed.) [= Lecture Notes in Computer Science 11196], Cham: Springer Nature Switzerland 2018, 731-740. doi 10.1007/978-3-030-01762-0 65.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE AGUS DAONNACHTAÍ POIBLÍ



EU Research, Earrach 2019, 64-65

'In search of Old Irish' in the popular science magazine **EU Research, EU Research, Earrach 2019**, 64-65. I mí na Nollag 2018, reáchtáladh 'cóisir ó chian' ar Skype chun Festschrift a sheoladh don Ollamh Neil McLeod (Perth, an Astráil), agus scríobh trí chomhghleacaí ó Roinn na Nua-Ghaeilge (beirt ó Chron Hib) ailt. I mí Eanáir 2019, thaifead príomhthiaighdeoir an tionscadail sraith de cheithre fhíseán maidir leis an tSean-Ghaeilge a mhaireann leathuair an chloig mar chuid den tionscadal 'Inda-European Languages for the 21st Century' ag Ollscoil Gottingen (an Ghearmáin). Cuirfear na físeáin, a bhfuil eagarthóireacht á déanamh orthu faoi láthair, ar líne go luath sa bhliain 2020. Bhí an Príomhthiaighdeoir in eagrán a 2 'Irish Placenames on Ptolemy's Map' den chlár John Creedon's Atlas of Ireland (RTÉ, 18 Lúnasa 2019).

2. TIONSCADAL LÁMHSCRÍBHINNÍ LEIGHIS GHAELGE NA MEÁNAOISE

GRADAIM AGUS DEONTAIS

Fuair Príomhthiaighdeoir an Tionscadail deontas tacaíochta do thograí de chuid Fhiontraíocht Éireann & ERC (€12,727).

FOILSEACHÁIN AGUS CUIR I LÁTHAIR

D'fhoilsigh Príomhthiaighdeoir an Tionscadail: 'Three Versified Medical Recipes Invoking Dian Cecht', in Fir Fesso: A Festschrift for Neil McLeod, ed. le Anders Ahlqvist agus Pamela O'Neill, Sydney Series in Celtic Studies 17 (Sydney: Celtic Studies Foundation, 2018), pp. 1 07-23; 'A Versified Cure for Headache and Some Lexicographical Notes', Keltische Forschungen 8 (2019), 7-22. Scríobhadh 10 bpáipéar acadúla san iomlán mar chuid den Tionscadal, lena n-áirítear 6 léacht in Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath, dhá léacht in Ollscoil Mhá Nuad (lena n-áirítear

eochairléacht ag Institiúid na nEalaíon agus na nDaonnachtaí le haghaidh Sheachtain Taighde MU i mí Dheireadh Fómhair, agus léacht amháin in Acadamh Ríoga na hÉireann agus in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste araon. Tugadh páipéir chomhdhála in Ollscoil Harvard, Ollscoil Bangor, Ollscoil Nottingham agus Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath).

GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE AGUS DAONNACHTAÍ POIBLÍ

- > Cathairleach an Choiste Eagraithe den Chollóiciam Bliantúil de chuid Henry Sweet Society for the History of Linguistic Ideas, Ollscoil Mhá Nuad, 5-8 Meán Fómhair 2018 (55 rannpháirtí).
- > 'Medieval Manuscripts Meet Modern Science: A Workshop on Theory and Practice', a eagraíodh leis an Ollamh Christina Lee (Ollscoil Nottingham), agus a bhí ar siúl in Ollscoil Nottingham (7 Meitheamh 2019).
- > Eagraíodh 2 phainéal (6 chainteoir) ar 'New Work on Medicine and Medical Texts in the Celtic Languages', an 16ú Comhdháil Idirnáisiúnta sa Léann Ceilteach, Ollscoil Bangor (Iúil 2019).
- > Comhordaitheoir Mhá Nuad le haghaidh Lá na Meánaoisithe Iarchéime de chuid MU/TCD/UCD, a bhí ar siúl in UCD i mí Bealtaine 2019.
- > Ball den choiste idirnáisiúnta ad hoc ag an 16ú Comhdháil Idirnáisiúnta sa Léann Ceilteach, Ollscoil Bangor, an Bhreatain Bheag.
- > Ball de bhord eagarthóireachta Journal of Celtic Linguistics.
- > Ball de choistí taighde do Chomhairle Acadúil MU agus do Dhámh na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na Fealsúnachta.
- > Márta 2019: Agallamh Beo ar an Raidió: Plé ar Léann Éireannach na Meánaoise agus ar an Nua-Ghaeilge ar The Pat Kenny Show, Newstalk (le David Stifter & Fangzhe Qiu).
- > Eanáir 2019 Agallamh Beo: Plé ar lámhscríbhinní leighis Ghaeilge na Meánaoise le Jim Carroll ó RTÉ ag Taispeántas Eolaí Óg agus Teicneolaíochta BT, RDS, Baile Átha Cliath.
- > Samhain 2018: Foilseachán ar líne: 'What was it like to go to the doctor in medieval Ireland?' RTÉ Brainstorm.
- > Deireadh Fómhair 2018: Agallamh Beo ar an Raidió: Plé ar lámhscríbhinní leighis Ghaeilge na Meánaoise ar The Chatroom le Angela Faulk, CRCfm 102.9 Caisleán an Bharraigh.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN STIÚRTHÓRA

FOILSEACHÁIN AGUS CUIR I LÁTHAIR:

- > eag. Archivium Hibernicum LXXI (2018).
- > eag. Archivium Hibernicum LXXII (2019).
- > eag. Forming Catholic Communities: Irish, Scots and English college networks in Europe 1568-1918 (Leiden: Brill, 2019).
- > eag. Catholic communities abroad: education, migration and Catholicism in early modern Europe (Manchester: Manchester University Press, 2018).
- > Údar 'The Catholic Church and Catholic in an era of Sanctions' The Cambridge History of Ireland Iml III 1730-1880 (Cambridge: Cambridge University Press, 2018) eag. James Kelly. Lgh. 257-279.
- > Údar, 'Prequels: the Irish European Diaspora. Ireland in the European Eye (Baile Átha Cliath: Acadamh Ríoga na hÉireann, 2019), eag. Gisela Holftler, Bettina Migge, lgh. 3-19.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE/DAONNACHTAÍ POIBLÍ:

- > Léirmheastóir acadúil do British Catholic History (Cambridge), Cuadernos de Historia (Ollscoil Complutensian, Maidrid), Irish Historical Studies (Béal Feirste, Baile Átha Cliath), Etudes irlandaises (Brest), The Historical Journal (Cambridge), Journal of Religious History (Sydney).
- > The English Historical Review (Oxford) Bulletin in Spanish and Portuguese Historical Studies (Omaha).
- > Ball de Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann.
- > Ball de Fondation Irlandaise, Páras.
- > Ball de Chomhghuaillíocht Daonnachtaí na hÉireann, ball de ghrúpa oibre IHA um ballraíocht agus straitéis.
- > Cainteoir ar tugadh cuireadh dó, "L'Histoire des papes" de Ludwig von Pastor et la reception de l' Œuvre dans le monde anglo-saxon', Ecole française de Rome and Romisches Institut der Gorres-Gesellschaft, an Róimh, 2018.
- > Cainteoir ar tugadh cuireadh dó, English and Irish activities in the Iberian Inquisitions, Coláiste Hertford, Oxford, Seimineár ar an Nua-Stair Mhoch, Ollscoil Oxford, 2018.
- > Cainteoir ar tugadh cuireadh dó, Coláiste na nGael, Douai, 1594-1638, Ollscoil Durham, 2018.
- > Cainteoir ar tugadh cuireadh dó, 'Strangers to Citizens: 1550-1820', Ollscoil Toronto, 2018.
- > Spreagchainteoir, 'The Irish European Diaspora', Féile Staire Iarthar Chorcaí, 2019.

INSTITIÚID HAMILTON

Is í Institiúid Hamilton an croílár ilrannach do 37 dámh chleamhnaithe agus tá saineolas taighde aici sna disciplíní uimheartha. Chomh maith le stiúrthóir na hInstitiúide, tá cúigear ball ar iasacht de dhámh MU agus foirne taighde ó Roinn na Ríomheolaíochta, Roinn na hInnealtóireachta Leictreonaí agus Roinn na Matamaitice agus na Staitistice san Institiúid freisin. Bíonn baill den institiúid ina dtaighdeoirí maoinithe agus ina bpríomhthaighdeoirí in Ionaid Taighde SFI, lena n-áirítear CONNECT, INSIGHT, I-FORM agus LERO. Chuir an Institiúid fáilte roimh chúigear mac léinn iarchéime nua a maoiníodh go seachtrach agus roimh bheirt taighdeoirí iardhochtúireachta le linn na bliana acadúla.

RATH NA NDEONTAS

Sa bhliain acadúil 2018-2019, d'éirigh le foireann teagaisc ar iasacht i dtairiscintí ar mhaoiniú taighde, arbh fhiú breis agus €35 milliún iad, agus gheobhaidh Ollscoil Mhá Nuad níos mó ná €11 milliún dá bharr sin.

Áirítear le buaicphointí na bliana acadúla seo Gradam Daingnithe ERC, “Active-DNA”, a bhronnadh ar an Ollamh Damien Woods atá ar iasacht ó Roinn na Ríomheolaíochta. Spreag obair cheannródaíoch Alan Turing foireann an Ollaimh Woods le ríomhanna ath-inríomhchlárúla a dhearadh ach úsáidtear móilíní DNA mar bhloic thógála. Tá ríomhairí an-fhorleathan anois mar gur féidir ríomhchlárú bogearraí ar bith a rith gan na cruia-earraí a athrú. Agus an taighde ardriosca, ardneartúcháin á dhéanamh ag an bhfoireann, tá an príonsabal seo á chur i bhfeidhm i móilíní, rud a leabaíonn algartaim le próisis cheimiceacha. Cabhraíonn an obair seo leis an bhfoireann teoirimí bunúsacha matamaiticiúla a chruthú, agus tuartha i dturgnaimh a dhéantar i saotharlanna fliucha a fhíorú i bhfoirgneamh na nEolaíochtaí Bitheacha Ollscoil Mhá Nuad.

Lena chois sin, tá an tOllamh Andrew Parnell, atá ar iasacht ó Roinn na Matamaitice agus na Staitisticí, ina chomhthaighdeoir i dtionscadal InnoVar de chuid Horizon 2020 a bhfuil luach €8 milliún air, agus tá an tionscadal seo dírithe ar inbhuanaitheacht barr a fheabhsú san Aontas Eorpach. Tá sé mar chuspóir ag an tionscadal seo modheolaíochtaí ceannródaíocha don anailísíocht sonraí, amhail géanómaíocht, feineamaíocht agus meaisínfhoghlaim, a úsáid chun tástáil cineálacha barr a athrú ó bhun. Cruthóidh an taighde seo prótacail nua phóraithe maidir le cruithneacht a thástáiltear i dtrialacha AE ar fud réimse leathan réigiún agrai-aeráide agus a bhaineann éifeachtúlacht fheabhsaithe amach iontu. Cuirfear torthaí an taighde i láthair ar aip InnoVar. Cuirfidh sé seo ar chumas shaothróirí AE cineálacha saincheaptha a roghnú atá níos seasmhaí ó thaobh an athraithe aeráide de, rud a chinnteoidh inbhuanaitheacht cruithneachta ar fud an Aontais Eorpaigh amach anseo. Táthar ag súil go gcuirfidh bunchur chuige an tionscadail teimpléid ar fáil do bharr eile, agus treochláir maidir le measúnú, nuashonrú agus sineirgí á soláthar aige.

Buaicphointe eile ná gur bronnadh an tIonad um Oilíúint trí Thaighde ar Bhunú na hEolaíochta Sonraí de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (www.data-science.ie), a bhfuil luach €21 milliún air, agus is ionann seo agus an infheistíocht is mó i dtaighde ar na heolaíochtaí matamaiticiúla in Éirinn. Is comhpháirtíocht nuálach um oilíúint dochtúireachta é CRT idir Ollscoil Mhá Nuad, Ollscoil Luimnigh agus an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus eanáil na fiontraíochta agus na tionsclaíochta in Éirinn, faoi stiúir na ndaoine seo a leanas: an tOllamh Ken Duffy, atá ina stiúrthóir ar Institiúid Hamilton, an tOllamh James Gleeson (UL) agus an tOllamh Claire Gormley (UCD). Bhronn Fondúireacht Eolaíochta Éireann €13.6 milliún ar CRT, agus Skillnet Ireland ina chomhpháirtí. Chuir institiúidí ardoideachais €4 mhíliún ar fáil agus fuarthas an chuid eile den airgead ó eanáil na fiontraíochta agus na tionsclaíochta.

Cuirfidh CRT oilíúint ar níos mó ná 130 mac léinn PhD le go mbeidh tuiscint bhunúsach den chéad scoth acu ar an Matamaitic Fheidhmeach, Staitistic agus an Mheaisínfhoghlaim. Rachfar i ngleic le bearnaí scileanna san anailísíocht sonraí, agus cuirfear oibríthe oile ar fáil a bhfuil sé ar a gcumas modhanna algartamacha saincheaptha a dhéanann eolas de na sonraí a chruthú. Beidh tionchar ag CRT ar dhúshláin sna réimsí seo a leanas: Anailísíocht Sonraí, Príobháideacht agus Slándáil, Déantúsaíocht Chliste, Sláinte agus Folláine. Agus Skillnet Ireland ina chomhordaitheoir, rachaidh mic léinn CRT i dteagmháil le hearnáil na tionsclaíochta agus na fiontraíochta, agus forbróidh siad tuiscint ar na feidhmeanna atá leis an eolaíocht sonraí. Cabhróidh sé seo leo tras-scileanna a fhorbairt acu agus tuiscint a fháil ar thionchar na heolaíochta sonraí. Rachaidh na mic léinn ar shocrúcháin acadúil ag institiúidí idirnáisiúnta atá ag comhoibriú leis an Ollscoil. Bainfidh siad leas as an mblaiseadh a fhaigheann siad de ghníomhaíochtaí taighde in ollscoileanna den chéad scoth.

In Ollscoil Mhá Nuad, cuirfidh CRT breis agus 40 scoláireacht PhD ar fáil agus cuirfidh breis agus 25 stiúrthóir saineolaíoch ó Roinn na Ceimice, Roinn na Ríomheolaíochta, Roinn na hInnealtóireachta Leictreonaí, Roinn na Matamaitice agus na Staitisticí, an Lárionad Náisiúnta um Gheoiríomhaireacht, agus Institiúid Hamilton oilíúint ar na mic léinn. Léiríonn sé seo an obair shuntasach atá á déanamh chun sprioc straitéiseach na hOllscoile maidir le cláir iarchéime a leathnú agus a fheabhsú.

TIONCHAR TAIGHDE

Sa bhliain féilire 2018, d'fhoilsigh cuid den fhoireann teagaisc in Institiúid Hamilton atá ar iasacht páipéir éagsúla ar luadh níos mó ná 50 uair iad (foinse: [google scholar](https://scholar.google.com/)), lena n-áirítear: An obair a rinne an tOllamh Vicenc Torra ar Hesitant Fuzzy Sets, a foilsíodh in Information Fusion; an obair a rinne an tOllamh Andrew Parnell chun modhanna Bayesacha a thabhairt isteach chun aistí bia ainmhithe agus neamh-mheascadh dríodar in aibhneacha a mheas, foilsithe in PeerJ; agus an obair iildisciplíneach a rinne an tOllamh Ken Duffy chun tuiscint a fháil ar an bhfáth a dteipeann ar tháirgeadh fuilchealla dearga nuair atá leicéime mhialóideach ghéar ar dhuine, foilsithe in Cell Stem Cell.

Ag tús 2019, bronnadh an gradam don pháipéar is fearr de chuid IEEE Transactions on Network Science and Engineering, ar pháipéar a d'fhoilsigh an tOllamh Ken Duffy in 2017 i gcomhar le Soheil Feizi, Ali Makhdoumi, an tOllamh Manolis Kellis, agus an tOllamh Muriel Médard, ó MIT. Cuirtear staitistic nua i láthair san alt Network Maximal Correlation chun athróa randamacha ilathráideacha a thomhas, chomh maith le creat ríomhaireachtúil a thabhairt isteach chun tacair shonraí ilathráideacha a mheas. Is éard is cúis leis an mbeart nua ná spleáchais chasta neamhlíneacha, nach dtabharfaí faoi deara le bearta traidisiúnta comhchoibhnis, a aithint go huathoibríoch. Baineadh úsáid as an mbeart chun modúil ghéiniteacha aise, nár aithníodh roimhe seo, a aithint.

In 2019, ainmníodh páipéar a d'fhoilsigh an tOllamh Subhrakanti Dey in 2016 i gcomhar leis an Ollamh Ling Shi agus an Dr Yuzhe Li (Hong Kong University of Science and Technology), agus an tOllamh Daniel Quevedo (Ollscoil Paderborn, an Ghearmáin) don pháipéar is fearr de chuid IEEE Transactions on Control of Network Systems. Bhí an gradam seo oscailte do gach páipéar a foilsíodh san irisleabhar seo le linn 2016-2018. Rinneadh imscrúdú sa pháipéar "SINR-based DoS attack on remote state estimation: A game-theoretic approach", ar chreat teoriciúil um chluiche stocastach agus ar an bhfeidhm atá leis chun slándáil chibirfhisiciúil a fheabhsú i gcoinne ionsaithe mailíseacha diúltaithe seirbhíse, agus luadh 94 uair go dtí seo é.

Thug foireann teagaisc ar iasacht cainteanna ar fud an domhain faoina gcuid taighde in Ollscoil Mhá Nuad, lena n-áirítear an Fhrainc, Éire, an tSeapáin, an Phortaingéil, an Tuirc, an Ríocht Aontaithe agus na Stáit Aontaithe. Chomheagraigh siad comhdhálacha sna tíortha seo a leanas chomh maith: an Ostair, Éire, an tSeapáin, an Iodáil, an Spáinn, an Ríocht Aontaithe agus na Stáit Aontaithe.

NUÁLÁIÓCHT, TIONSCLAÍÓCHT AGUS FIONTRAÍÓCHT

Chomhoibrigh an institiúid le Foireann Nuálaíochta IBM arís in 2018. Bhain Rana Maher céim M.Sc. san anailís ar Líonraí Gnó ar Líne amach, agus í faoi mhaoirseacht D David Malone; chuir Peter Keane tús le M.Sc. ar Líonraí Comhoibríthe, agus chuir Jonathan Dunne, ball de fhoireann theicniúil IBM, a Ph.D. ar shamhaltú staitistiúil na néalchóras in Institiúid Hamilton i gcrích. Bronnadh trí Chomhaontú Paitinne de chuid na Stát Aontaithe in 2018 mar gheall ar an gcomhoibriú idir an Dr Malone agus IBM. Chuir Dr Malone oiliúint chomh maith sin ar Dr Dunne gur iarradh air foireann taighdeoirí, ag a bhfuil an dearcadh céanna agus atá ag Dr Dunne, a chur le chéile nuair a d'fhill sé ar IBM, agus bhíothas ag súil go rachadh duine amháin acu, ar a laghad, isteach i gclár dochtúireachta na hInstitiúide, atá á maoiniú go díreach ag IBM.

Tá réimse paitinní bronnta agus ceadúnaithe ag Institiúid Hamilton faoi láthair. Tá Nochtuithe Aireagáin agus Iarratais Shealadacha ar Phaitinní, a rinne an fhoireann teagaisc ar iasacht i gcomhar le comhoibríthe idirnáisiúnta agus náisiúnta, á bpróiseáil ag oifigí paitinne sna Stáit Aontaithe agus san Eoraip faoi láthair.

FOR-ROCHTAIN AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE

In 2018, tugadh an-aird ar shaothar an Dr David Malone ar Ídiú Fuinnimh Bitcoin, a rinne sé i gcomhar le céimí ó Institiúid Hamilton, Karl O'Dwyer. Cé gur foilsíodh a gcuid taighde in 2014, cuireadh an-spéis san obair sa saol acadúil, áit ar luadh an saothar 118 uair in 2018, agus sna meáin mar go raibh ní ba mhó inni ar dhaoine faoi thionchar ICT ar an gcomhshaol.

Rinne an Dr Malone agallaimh agus clúdaíodh an saothar in Deutsche Welle, the Washington Post, Bloomberg News, MIT Technology Review, agus The Irish Times.

In 2019, rinne an tOllamh Andrew Parnell, atá ina shainléirmheastóir ar an bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide, agallamh fada le The Irish Times maidir le hanailís a rinneadh ar athruithe ar leibhéal na mara. Thosaigh sé leis an ráiteas 'It's actually quite scary', agus ba léir ón miontuiscint eolaíochta atá aige ar an ábhar go bhfuil an ceart aige.

Bronnadh Comhaltacht Eolaíochta Chuartaíochta in Ollscoil Padovato ar an Ollamh Subhrakanti Dey chun comhoibriú le taighdeoirí i Roinn na hInnealtóireachta Faisnéise a chumasú, agus iad ag obair ar chórais líonraithe rialaithe a bhaineann le córais chliste déantúsaíochta agus le Industry 4.0. I rith 2018-2019, bhí an tOllamh Dey ina Eagarthóir Comhlach/Eagarthóir ar na hirisleabhair IEEE Transactions on Control of Network Systems agus IEEE Transactions on Wireless Communications. Ó mhí Eanáir 2019, bhí sé ar bhord eagarthóireachta IEEE Control Systems Letters. Le linn na tréimhse seo, bhí sé ina Chathaoirleach ar Choiste Teicniúil na gCóras Stocastach den Chónaidhm Idirnáisiúnta um Rialú Uathoibríoch (IFAC).

Agus é ag díriú ar fhorbairt na hIntleachta Saorga, toghadh an tOllamh Vicenc Torra mar bhall den Bhord Comhairleach um Eitic de chuid Human Brain Project ón mbliain 2020 ar aghaidh ar feadh trí bliana.

RIALACHAS

Mar chuid de struchtúr rialachais na hInstitiúide, cuireadh baill bhreise leis an mbord comhairleach seachtrach in 2019. Bhí daoine sinsearach na neamhspleácha ar an mbord seo a chuireann comhairle fheasach ar fáil maidir le forbairtí idirnáisiúnta, acadúla agus tráchtála, i ndisciplíní uimheartha atá mar threoir do phleananna na hInstitiúide.

Tá stiúirtheoir Institiúid Hamilton buíoch den bhord reatha (2019-an t-am i láthair), ar a bhfuil na comhghleacaithe uaisle seo a leanas: An tOllamh Anne Condon, Ollscoil British Columbia, saineolaí ar an Ríomheolaíocht atá ina Comhalta den Chumann um Innealra Ríomhaireachta agus de Chumann Ríoga Cheanada; an tOllamh Josep Domingo-Ferrer, Universitat Rovira i Virgili, saineolaí ar Phríobháideachas Sonraí agus ar an Meaisínfhoghlaim atá ina Chomhalta d'Institiúid na hInnealtóirí Leictreacha agus Leictreonaice; agus an tOllamh Andrea Goldsmith, Ollscoil Stanford, a bhfuil cáil uirthi mar Innealtóir Cumarsáide agus atá ina ball d'Acadamh Náisiúnta na hInnealtóireachta agus d'Acadamh Ealaíon agus Eolaíochtaí Mheiriceá, agus atá ina Chomhalta d'Institiúid na hInnealtóirí Leictreacha agus Leictreonaice.

INSTITIÚID EOLAÍOCHTA SÓISIALTA MU

Tá Ollscoil Mhá Nuad aitheanta mar phríomhionad náisiúnta agus idirnáisiúnta do thaighde idirdhisciplíneach ar an eolaíocht shóisialta. Comhordaítear agus riartar roinnt tionscadal eolaíochta sóisialta in Ollscoil Mhá Nuad (MU) ar fud réimse disciplíní in MUSSI. Cuimsíonn an Institiúid an rath seanbhunaithe atá ar chuid de na hinstitiúidí agus na hionaid taighde agus tógann sí ar an rath seo, agus déanann sí taighde ar Ranna gníomhacha in MU.

Tá an Institiúid Náisiúnta um Anailís Réigiúnach agus Spásúil (NIRSA) agus an tIonad Náisiúnta Georíomhaireachta (NCG) i measc ghrúpaí agus ionaid éagsúla taighde MUSSI. Daingníonn, forbraíonn agus tacaíonn an Institiúid le roinnt infreastrúchtúr criticiúil náisiúnta sonraí, lena n-áirítear an tIonad Breathnaithe um Thaighde Uile-Éireann (AIRO), Cartlann Sonraí Cáilíochtúla na hÉireann (IQDA), ICLRD (an Lárionad Éireannach um Fhorbairt Áitiúil agus Réigiúnach) agus Taisclann Dhigiteach na hÉireann (DRI). Seo a leanas cuid de na ranna atá páirteach i dtionscadail mhaoinithe san Institiúid faoi láthair: Síceolaíocht, Tíreolaíocht, Antraipeolaíocht, Ríomheolaíocht, Socheolaíocht, an Institiúid um Luach Nuálaíochta (IVI) agus Institiúid Hamilton.

Tháinig méadú mór ar an Institiúid le blianta beaga anuas agus tá 61 pearsanra inti anois: Stiúrthóir MUSSI (1), Stiúrthóir NCG (1); Foireann Acadúil (9); Taighdeoirí (34); Foireann Riaracháin (5); Mac Léinn Dochtúireachta (6); Intéirigh (3). Tacaítear le 161 ball cleamhnaithe ar fud na hollscoile.

Tá aithne mhaith ag daoine ar fud earnáil HEI agus ag páirtithe leasmhara, sa Tuaisceart agus sa Deisceart, ar MUSSI. Léirítear é seo sa mhéid mór de thaighde conartha a iarrtar ar MUSSI tabhairt faoi do ghníomhaireachtaí poiblí agus tríú hearnáil agus is minic a iarrtar air dul i gcomhpháirt le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus le hinstitiúidí eile ardoideachais mar chuid de thairiscintí trasnáisiúnta taighde. Cuireadh tús le taighde ceannródaíoch ar bheartas agus ar shochoaí i réimsí éagsúla mar gheall ar na gradaim sin.

Ní fhaightear ach foshampla sa tuarascáil seo ar ár gcuid gníomhaíochtaí agus ar éachtaí na bpríomhthaighdeoirí agus na dtaighdeoirí.

MAOINIÚ TAIGHDE

Bronnadh 60 tionscadal maoinithe taighde, ar a bhfuil luach €4,667,518, ar bhaill foirne agus ar bhaill den institiúid sa bhliain acadúil 18/19. Bronnadh gradaim ó pháirtithe leasmhara/gníomhaireachtaí maoinithe, lena n-áirítear H2020, IRC, SFI, agus comhpháirtithe tionscail. Mar shampla:

> Tá an Dr Sinéad O’Gorman, Stiúrthóir Scholars at Risk Europe, i gceannas ar thionscadal InSPIREurope. Is tionscnamh nua é seo atá á mhaoiniú ag an Aontas Eorpach chun tacú le taighdeoirí atá i mbaol. Maoiníodh faoi Marie SkłodowskaCurie Actions de chuid an Choimisiúin Eorpaigh é, agus tugann seoladh InSPIREurope aitheantas do thiomantas comhroinnte do bharr feabhais a bhaint amach sa taighde agus do shaoirse fiosrúcháin agus acadúil atá riachtanach chun taighde den chéad scoth a dhéanamh.

- > Tá an tOllamh Honor Fagan agus an Dr Chandana Mathur i gceannas ar WP4 de “PANIWATER”. Tá Tionscadal na Nuálaíochtaí Nua bunaithe ar Fhóta-ionradaíocht agus ar lonsú le haghaidh Cóireála Uisce á mhaoiniú mar chuid de chlár Horizon 2020 maidir le huisce a chur ar fáil dár dtimpeallacht, dár n-eacnamaíocht agus dár sochaí. Tacófar le cóireáil fuíolluisce le go n-athúsáidfeair uisce ar bhealach sábháilte i gcúrsaí talmhaíochta, tionscnail ghaolmhara agus struchtúir phoiblí uisce.
- > D’éirigh go han-mhaith leis an Institiúid maoiniú de chuid na Comhairle um Thaighde in Éirinn (IRC) a fháil agus bronnadh fiche gradam, a bhfuil luach €1,297,718 orthu, ar fud na ngairmeacha éagsúla. Bronnadh roinnt gradam ar an Dr Mary Murphy, lena n-áirítear COALESCE, New Foundations agus Comhaltacht Iardhochtúireachta GOI. D’éirigh leis an Dr Aileen O’Carroll (COALESCE) agus leis an Ollamh Karen Till (New Foundations) chomh maith. Bronnadh gradaim Iardhochtúireachta agus Iarchéime eile ar fud na hInstitiúide.
- > Maoiniú eile ar éirigh leis ná tionscadal faoi threoir an Dr Tim McCarthy chun tacú le teicneolaíochtaí d’fheithicilí uathrialaitheacha. Bhí an maoiniú i measc sé thionscadal taighde a fuair maoiniú mar chuid de Chlár an Bhoneagair Thaighde de chuid SFI, agus scaipeadh €25 milliún i measc na bhfaighteoirí.
- > Fuair an tIonad Breathnaithe um Thaighde Uile-Éireann (AIRO) maoiniú, a raibh luach €390,000 air, ó thairiscintí agus ó ghníomhaireachtaí eile rialtais.
- > Rinne an tOllamh Rob Kitchin, an tOllamh Chris Brundston, Martin Charlton agus Dr Jeneen Naji maoirseacht ar an Tionscadal chun Scáileáin Eolais Chathair Bhaile Átha Cliath a Fhorbairt. Tá an tionscadal poiblí seo á mhaoiniú ag SFI.

AISTRÍÚ EOLAIS AGUS TAIGHDE GNÍOMHACH

Chomh maith le taighde a dhéanamh le haghaidh agus i gcomhar le heagraíochtaí éagsúla, ghlac an Institiúid páirt i roinnt gníomhaíochtaí eile a bhain le haistriú eolais. Mar shampla, d’fhorbair agus sholáthair AIRO agus IQDA gearrchúrsaí le haghaidh cleachtóirí agus bainistíocht shinsearach sna hearnálacha poiblí, pobail agus príobháideacha. D’eagraigh an Institiúid roinnt ceardlann agus comhdhálacha atá dírithe ar chleachtóirí, go háirithe sna réimsí seo a leanas: pleanáil spásúlachta, dróin, cartlannú sonraí, comhionannas inscne agus meabhairshláinte. D’eagraigh agus d’óstáil foireann taighde PRIMERA san Ionad um Meabhairshláinte agus Thaighde Pobail máistir-rang ar ‘Chleachtas Dírithe ar an Teaghlach’ in 2018. D’fhreastail thart ar 80 cliniceoir ó sheirbhísí ar fud na tíre ar an imeacht seo.

Bhí MUSSI an-réamhghníomhach chun clár maidir le taighde feidhmeach a fhorbairt a chuireann saineolas agus scileanna ar fáil sa Tuaisceart agus sa Deisceart. Rinne sé an-obair maidir le beartas rialtais náisiúnta agus áitiúil agus comhoibriú trasteorann ar fud réimsí éagsúla.

I mí Eanáir 2019, shínigh AIRO agus Suirbhéireacht Ordanáis na hÉireann (OSI) Meabhrán Tuisceana. Tugann an meabhrán tuisceana seo rochtain do AIRO ar ardán teicniúil geospásúil (GeoHive) agus is

féidir le AIRO amharcóirí náisiúnta léarscáilithe a óstáil agus a úsáid i gcomhar le OSI tríd an ardán seo.

Tabharfaidh amharcóirí dá leithéid rochtain do Ranna Rialtais, Údarás Réigiúnacha agus Áitiúla, pleanálaithe, lucht déanta beartas, taighdeoirí agus an pobal ar thacair spásúla shonraí chun cabhrú le cinnteoireacht agus le pleanáil a bhfuil fianaise mar bhonn eolais fúithi.

I mí Mheán Fómhair 2019, d'fhorbair foireann tionscadail AIRO, i gcomhar le comhghleacaithe in UCD, Léarscáilíú Íogaireachta Comhshaoil (ESM) ar son na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil. Is uirlis tacaíochta nua GIS le haghaidh cinnteoireachta é ESM i dtaca le Measúnú Straitéiseach Comhshaoil (SEA) agus próisis phleanála in Éirinn. Ach 100 tacar poiblí sonraí a thabhairt le chéile, cuireann an uirlis ar chumas pleanálaithe cúrsaí timpeallachta laistigh de cheantar an phlean a scrúdú agus léarscáileanna íogaireachta comhshaoil atá sainiúil don phlean a chruthú. Is féidir leis na léarscáileanna seo cabhrú le pleanálaithe teacht roimh choimhlíntí talamhúsáide, agus beidh sé seo mar bhonn eolais faoi shuíomhanna oiriúnacha forbartha a aithint agus cosnófar an comhshaoil chomh maith.

Ceapadh an tOllamh Sinéad McGilloway ar British Psychological Society (UK) Expert Reference Group on Children and Young People's Mental Health. Is í an t-aon síceolaí in Éirinn a ceapadh sa ghrúpa seo ag a bhfuil ceangail dhíreacha le rialtas agus le beartas poiblí na Ríochta Aontaithe tríd an nGrúpa Parlaiminteach Uilepháirtí um Shíceolaíocht. Scríobhadh agus scaipeadh roinnt cruinnithe faisnéise mar gheall ar an obair seo. Déanann an tOllamh McGilloway ionadaíocht do MU ar ghrúpa oibre taighde Campus Engage agus tá sí ina chomhúdar ar pháipéir faisnéise Campus Engage a bhaineann le taighde gníomhach.

Tá sé tábhachtach go bhfuil obair na hinstitiúide forleathan agus go gcuimsítear an tsochaí shibhialta agus lucht déanta beartas inti. Ghlac baill foirne agus institiúide páirt in 126 comhdháil i rith na bliana, agus bhí go leor acu ar siúl go hidirnáisiúnta. D'fhreastail an Dr Tim McCarthy ar an gcéad chruinniú de chuid Líonra Eorpach na dTaispeántóirí U-space, a bhí á óstáil ag EUROCONTROL i mí na Samhna 2018.

D'óstáil U-Flyte ceardlann lena chuid chomhpháirtithe in Intel. D'fhreastail níos mó ná 30 duine ar an gceardlann ó thionscail an fhuinnimh, an gháis, na mbóithre agus an iarnróid agus ó chuideachtaí réiteach teicneolaíochta, agus bhí an plé dírithe ar an mbealach a gcuimsítear an teicneolaíocht is déanaí maidir le braiteoirí le dróin chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le monatóireacht a dhéanamh ar phríomh-bhonneagair.

FOILSEACHÁIN

Tá an-obair déanta ag an Institiúid ó thaobh na bhfoilseachán taighde de i gcaitheamh na mblianta. Ba bhliain tháirgiúil í 2018 arís mar gur fhoilsigh an fhoireann agus baill den Institiúid 10 leabhar, 125 irisleabhar piarmheasúnaithe, 22 tuarascáil, 78 caibidil as leabhair, 9 leabhar a ndearnadh eagarthóireacht orthu, 34 foilseachán ó chomhdhálacha agus 85 foilseachán 'eile'.

Tá dhá pháipéar, a bhfuil baill foirne na hInstitiúide ina gcomhúdair orthu, le feiceáil i dTáscairí Web of Science maidir le páipéir atá

“luaite go minic”. Bhí an tOllamh Rob Kitchin ina chomhúdar ar “Digital turn, digital geographies?” a foilsíodh in Progress in Human Geography (Feabhra 2018). Luadh an páipéar seo 79 uair suas go dtí Eanáir 2020.

Bhí páipéar eile a raibh an tOllamh Kitchin ina chomhúdar air i measc an 1% is airde i réimse na nEolaíochtaí Sóisialta ó mhí Dheireadh Fómhair 2019. Luadh “The possibilities and limits to dialogue” a foilsíodh in Dialogues in Human Geography (2018) 13 uair go dtí seo.

NA MEÁIN

Bhí foireann agus baill na hInstitiúide an-fheiceálach sna meáin i rith na bliana, lena n-áirítear RTÉ Drivetime, Irish Times, Irish Examiner agus BBC World Hacks. Pléadh na hábhair seo a leanas: Breatimeacht, Comóradh, Comhionannas Inscne, Foréigean Inscne, Polaitíocht Toghcháin, Teicneolaíochtaí Drón, Tithíocht, Saol an Teaghlaigh, an Ghaeilge, Pleanáil.

CLÁIR MHAOINITHÉ

Rinneadh machnamh ar acmhainn a fhorbairt ó thaobh an taighde de agus ar na tacaíochtaí maoinithe a chuireann MUSSI ar fáil, agus tháinig dhá cheist chun cinn. Ar an gcéad dul síos, reachtáiltear gach scéim agus gradam ar bhonn iomaíoch agus déantar piarmheasúnú orthu. Ina theannta sin, leagtar tacaíochtaí amach le go mbeidh siad forásach, agus taighdeoirí luathghairme agus an fhoireann shinsearach acadúil á gcuimsiú acu. Seoladh roinnt gairmeacha ar mhaoiniú i rith na bliana agus bronnadh maoiniú ar bhaill ar fud na scéimeanna éagsúla. Áirítear leo seo ár sraith seimneár, tacaíochtaí comhdhála agus ceardlainne, Scéim Comhaltachtaí Cuartaíochta agus Scéim Taighde Luathghairme.

D'óstáil agus thacaigh an Institiúid le breis agus 30 imeacht (féach www.maynoothuniversity.ie/social-sciences-institute) le linn na bliana, lena n-áirítear Siompóisiam ar oibríochtaí agus ar fheidhmeanna drón leis an Dr Tim McCarthy. Bhí Trilateral Research agus FlyRyte ina gcomhláithreoirí ar an siompóisiam a bhí dírithe ar oibríochtaí profiisiúnta drón, úsáideoirí deiridh sonraí/seirbhísí drón, forbróirí teicneolaíochta, fiontraithe agus rialtóirí.

Cuireadh tús leis an Scéim Comhaltachtaí Cuartaíochta chun pobal taighde na hOllscoile a fheabhsú ach comhoibriú a chothú idir na Comhaltaí Cuartaíochta agus an fhoireann acadúil in Ollscoil Mhá Nuad. Bíonn an deis ag comhaltaí taithí a fháil ar an gcultúr briomhar taighde san Institiúid agus ar fud na hOllscoile, cheantar chathair Bhaile Átha Cliath agus an réigiún. Bronnadh deich gcomhaltacht cuartaíochta ó réimse disciplíní, lena n-áirítear oideachas, ailtireacht, eolaíocht agus nuálaíocht, tíreolaíocht, antraipeolaíocht agus socheolaíocht.

In 2019, sheol an Institiúid Scéim Taighde Luathghairme agus bronnadh maoiniú síl ar cheithre shruth taighde. Is iad Dr Gareth Young agus Dr Oliver Dawkins (NCG), Dr Sam Stehle (NCG), Dr Valesca Lima (Antraipeolaíocht) agus Dr Lindsay Black (Dlí) na faighteoirí reatha.

ATHENA SWAN

Bhí Stiúrthóir MUSSI, an tOllamh Linda Connolly, ina cathaoirleach ar iarratas Ollscoil Mhá Nuad ar chreidiúnú Athena SWAN agus bhí sí i gceannas ar an iarratas. I mí Aibreáin 2018, bronnadh Gradam Cré-Umha Athena SWAN ar Ollscoil Mhá Nuad mar aitheantas as an dul chun cinn a rinneamar, agus as na pleananna atá againn dlús a chur leis an athrú i dtreo comhionannas inscne. Is iontach an t-aitheantas é seo as tiomantas Ollscoil Mhá Nuad do chomhionannas inscne a chur chun cinn agus is éacht ríthábhachtach dúinn é ag céim thábhachtach i bhforbairt na hOllscoile. Ba í Ollscoil Mhá Nuad an chéad institiúid in Éirinn a chuir isteach ar Ghradam Cré-Umha Athena Swan agus a bhain an Gradam amach faoi leagan leathnaithe Chairt ECU a chuimsíonn disciplíní na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta, chomh maith leis an Eolaíocht, an Teicneolaíocht, an Mhatamaitic, agus an Leigheas. Tá an Ollscoil ar an gcéad institiúid Éireannach freisin a chuimsigh trasnachas mar chuid dá hiarratas ar Athena SWAN agus cúinsí éagsúla a d'fhéadfadh forluí ar neamhionannas á gcur san áireamh ann, lena n-áirítear na trasnuithe idir inscne, cine agus eitneacht. Rinne an tOllamh Connolly maoirseacht ar chur i bhfeidhm an phlean sa tréimhse sular ceapadh Leas-Uachtarán nua um Chomhionannas agus um Éagsúlacht. In 2018-19, d'fhorbair foireann tionscadail AIRO deais nua Athena Swan. Seolfar an tionscadal seo in éineacht leis an HEA in 2020.

Chomhoibrigh an Institiúid le cuibhreannas Thaisclann Dhigiteach na hÉireann ach Cartlann Sonraí Cáilíochtúla na hÉireann a threorú agus comhiarratas a chur isteach ar mhaoiniú taighde.

GRADAIM

Tugadh aitheantas do roinnt ball foirne agus do roinnt ball den Institiúid as an obair a rinne siad i dtaca le gradaim sheachtracha:

- > Ceapadh an tOllamh Rob Kitchin ar Academia Europaea i Réimse Taighde na Geografaíochta Daonna. Tá an tOllamh Kitchin i measc 324 scoláire idirnáisiúnta dár tugadh cuireadh glacadh le ballraíocht sna ceithre aicme de na daonnachtaí, na heolaíochtaí sóisialta agus gaolmhara, tar éis piarmheasúnú mion a dhéanamh.
- > I gcomhair le Bailte Slachtmhara Mhaigh Nuad, bronnadh gradam do Mhórtas Ceantair de chuid Intel ar Shinéad McGilloway agus ar CMHCR as a gcuid oibre chun Banc Ama Mhaigh Nuad a bhunú chun spiorad pobail dearfach a chur chun cinn, i measc rudaí eile.
- > Cuireadh CMHCR ar ghearrliosta do Ghradaim Ionad Cúraim Sláinte na hÉireann - Foireann Taighde na Bliana 2018.
- > Bronnadh IASH-SSPS/Comhaltacht Taighde Dhigitigh ar an Dr Aphra Kerr le dul chuig Ollscoil Dhún Éideann, Albain.
- > Ag ócáid oifigiúil in Áras an Uachtaráin, bhronn an tUachtarán Micheál D. Ó hUiginn barántas ceapacháin ar an Dr Mary Murphy agus í ina ball nua den Chomhairle Stáit.
- > Bhronn Cumann Antraipeolaíoch Mheiriceá (AAA) gradam Uachtaráin ar an Dr Chandana Mathur as a cuid ceannaireachta i dtaca le hantraipeolaíocht dhomhanda a thabhairt le chéile faoi Aontas Antraipeolaíoch an Domhain.

- > Bhronn an Coimisiún Eorpach Ollúnacht Jean Monnet ar an Ollamh John O'Brennan.
- > Bronnadh Gradam Ardleibhéil MUSE ar bheirt bhall de CMHCR (beirt mhac léinn PhD faoi mhaoirseacht Sinéad McGilloway) as a gcuid rannpháirtíochta sa phobal.

NUAIGHT EILE

Thug an tOllamh Linda Connolly a Léacht Tionscnaimh dar teideal 'Ireland: No country for women?' Rinneadh iniúchadh sa léacht ar cheisteanna criticiúla maidir le ceisteanna inscne, comhshaoránacht agus an cineál sochaí atá againn in Éirinn. Thug an tOllamh Connolly roinnt cainteanna poiblí in 2018-19, lena n-áirítear caint ar an bhforluí idir clár comóraidh an Stáit agus ceisteanna inscne agus caint ar chomhionannas inscne in institiúidí ardoideachais. D'fhoilsigh sí ailt nuachtáin ar fhoréigean inscne agus ar chomhionannas inscne freisin, agus chomhfoilsigh sí páipéar nua ar mhná agus ar shaoire mháithreachais in institiúidí ardoideachais.

D'fhógair an Institiúid gur ceapadh beirt Ollamh Taca nua. Beidh an tOllamh Mary Hickman, Ollamh Emeritus le Socheolaíocht agus Léann Éireannach ag Ollscoil Mheitreapholaiteach Londan, agus an Dr David Begg ag obair le Seán Ó Riain i Roinn na Socheolaíochta agus le Michael Doherty i Roinn an Dlí.

Tá ról lárnach ag an Institiúid i dtaca le comhionannas inscne a fhorbairt i gcomhar le plean gníomhaíochta ceithre bliana Athena SWAN le haghaidh na hOllscoile. D'fhoilsigh an tOllamh Lisa Connolly páipéar dar teideal "Informality, emotion and gendered career paths: the hidden toll of maternity leave on female academics and researchers" in 2019 le Maxwell, N. agus Ní Laoire, C. san irisleabhar Gender, Work and Organization. Sa pháipéar seo, léirítear an chaoi a bhfuil constaicí struchtúracha fós le sárú ag mná atá ina n-acadóirí agus ina dtaighdeoirí sa timpeallacht oibre, in ainneoin dul chun cinn reachtach agus beartais a rinneadh maidir le comhionannas inscne in Éirinn.

Ghlac an Institiúid páirt in go leor gníomhaíochtaí eile nach luaitear sa tuarascáil achomair seo. Táimid an-tiomanta dár gcuid iarrachtaí chun tionscadail cheannródaíochta taighde agus comhoibrí a thabhairt le chéile go himheánach, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta agus oibrímid ag leibhéal ard chun tionchar a imirt ar cheapadh beartais, dioscúrsa poiblí agus forbairt acmhainne sna heolaíochtaí sóisialta. Tá gach ball, príomhthaidheoir, taighdeoir agus ball foirne san Institiúid tiomanta d'Ollscoil Mhá Nuad a fheabhsú mar cheann de na príomhionaid bhairr feabhais sna heolaíochtaí sóisialta go hidirnáisiúnta.

INSTITIÚID KATHLEEN LONSDALE UM THAIGHDE AR SHLÁINTE AN DUINE

Seoladh Institiúid Kathleen Lonsdale um Thaighde ar Shláinte an Duine go hoifigiúil i mí na Samhna 2019. Ainmníodh an Institiúid as Kathleen Lonsdale, arbh as Cill Dara di. Rugadh Lonsdale i nDroichead Nua in 1903 agus bhog sí go Essex lena teaghlach nuair a bhí sí cúig bliana d'aois. Rinne sí an Fhísic mar phríomh-ábhar agus bhí torthaí ceannródaíochta ar a cuid taighde maidir le criostalagrafaíocht x-ghathach a úsáid chun fadhbanna ceimiceacha, bitheolaíochta agus leighis a réiteach. Sheol Stephen Lonsdale, mac Kathleen Lonsdale, an Institiúid go hoifigiúil.

Chomhtháthaigh Lonsdale na disciplíní chun dul i ngleic le dúshlán a bhain leis an tsláinte agus is é seo croílár éiteas agus ard-aidhmeanna Institiúid Kathleen Lonsdale um Thaighde ar Shláinte an Duine agus taighde ar an mBitheolaíocht, an Cheimic, an tSíceolaíocht, an Ríomh-eolaíocht agus réimsí eile á thabhairt le chéile ag an Institiúid. Cuireann an Institiúid cur chuige iomlánaíochta, ildisciplíneach ar fáil maidir le staidéar a dhéanamh ar phríomh-dheitármanaint na sláinte, lena n-áirítear an tionchar a bhíonn ag tosca bitheolaíochta, síceolaíochta, sóisialta, fisiciúla agus timpeallachta ar an gconair saoil a oibriú amach. Díreann sa taighde ar chuid de na fadhbanna sláinte is mó sa lá atá inniu ann, lena n-áirítear aosú sláintiúil, galair ainsealacha athlastacha, murtall agus frithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach.

In 2019, sheol agus thacaigh Institiúid Kathleen Lonsdale um Thaighde ar Shláinte an Duine le clár scoláirí PhD i réimse an taighde ar shláinte an duine. Faoi chlár Chomhaltachtaí Dochtúireachta MU, d'úsáid an Institiúid acmhainní ón gCiste Dreasaíthe Taighde chun maoiniú comhpháirtíochta a ghairíl ó Ranna na Bitheolaíochta, na Ceimice agus na Síceolaíochta agus chun tacú le 6 scoláire PhD a earcú agus lena gcuid taighde. D'éascaigh comhpháirtíochtaí seachtracha agus cómhaoiniú leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) agus le hOspidéal Mater beirt mhac léinn PhD eile a earcú don chlár scoláirí PhD. Ghairíl maoiniú Institiúide dar luach €318,000 maoiniú inmheánach agus seachtrach, a bhfuil luach €433,000 air, chun tacú leis an gclár scoláirí PhD a chur ar fáil. Bhí na Príomhthaighdeoirí i gceannas ar na hiarratais a cuireadh isteach ar mhaoiniú agus mheas Painéal Measúnaithe Seachtrach iad.

Don tréimhse 2018-19, d'fhoilsigh grúpaí taighde san Institiúid 146 foilseachán, agus bhí 97 acu in irisleabhair phiarmheasúnaithe (ailt taighde agus léirmheasanna). Bhí an chuid is mó de na foilseacháin seo in irisleabhair phiarmheasúnaithe a bhfuil an-mheas orthu ina gcuid réimsí taighde féin (tosca tionchair idir 3 agus 10; m.sh. Infection and Immunity; Journal of Immunology; New Phytologist; Genome Biology and Evolution; Scientific Reports), agus cúig foilseachán ar a laghad in (>10) irisleabhair a bhfuil tionchar mór acu (Journal of the American Chemical Society, Nature Communications; Nature Immunology; Nucleic Acids Research, Trends in Microbiology).

D'éirigh le Príomhthaighdeoirí san Institiúid maoiniú a fháil i rith na bliana agus bronnadh 3 dheontas, agus is fiú níos mó ná €250,000 gach deontas. Tá sonraí le feiceáil thíos.

- > Dr Joanne Masterson; Gradam SFI do Cheannairí um Thaighde sa Toghcháil "Transcriptional Mechanisms Controlling Epithelial Cell Fate Determination during Allergic Esophageal Inflammation in Eosinophilic Esophagitis" €1,250,714.
- > Dr Andrew Hogan; an Lárionad Náisiúnta Taighde do Leanaí; Murtall i measc Leanaí agus Freagairt Vacsaíní; €234,459.
- > Dr Mark Robinson; HRB; The liver neighbourhood watch: regulatory tissue-resident natural killer (NK) cells protect against liver decompensation in patients with chronic liver disease; €475,969.

Bronnadh Taighdeoir Luathghairme na Bliana de chuid IRC ar an Dr Karen English i mí na Nollag 2018 agus ceapadh an tOllamh Paul Moynagh ar Acadamh Ríoga na hÉireann i mí Bealtaine 2019.

Bhí tionchar ag an Institiúid freisin ar bhonn eolais a chur faoi bheartas poiblí. Rinne an tAontas Eorpach iniúchadh ar ghníomhaíochtaí chomhlachtaí rialtais na hÉireann maidir le frithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach. Thug an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil cuireadh don Dr Fiona Walsh a cuid torthaí taighde a chur i láthair agus iad a phlé leis an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú agus leis an Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte agus Sábháilteacht Bia. Tá an Dr Walsh ina ball den Choiste Saineolaithe ar fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach i mbia, barra agus an comhshaoil, de chuid Eagraíochta Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe. Foilsíodh tuarascáil an chruinnithe a bhí ar siúl maidir leis an ról a bhíonn ag barra, bithicídí agus an comhshaoil i bhfrithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach bia-iompartha i mbliana (ball den choiste saneolaithe ar fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach i mbia, barra agus an comhshaoil, an Eagraíochta Bhia agus Talmhaíochta de chuid na Náisiún Aontaithe).

In 2019, thacaigh Institiúid Kathleen Lonsdale um Thaighde ar Shláinte an Duine le Bainteach an Phobail & an Othair a úsáid ina cuid taighde. Tá ár bPríomhthaighdeoir, an Dr Mark Robinson, agus comhghleacaithe eile ó ranna agus ó Dhámha éagsúla san Ollscoil i gceannas ar an tionscnamh seo.

AN INSTITIÚID UM CHÚNAMH MAIREACTÁLA AGUS FOGHLAMA

Seoladh an Institiúid um Chúnamh Maireachtála agus Foghlama (ALL) in Ollscoil Mhá Nuad i mí na Samhna 2017 agus díríonn sí ar na nithe seo a leanas: Cúnamh maireachtála: Déantar taighde chun cabhrú le daoine faoi mhíchumas, daoine a bhfuil tinneas ainsealach orthu, daoine laga nó daoine a bhfuil meath tagtha ar a gcumas cognaíoch leas a bhaint as tionscnaimh theicneolaíochta, phearsanta, phobail agus shochoaíochta. Cabhraíonn tionscnaimh dá leithéid leo saol iomlán a chaitheamh. Cúnamh foghlama: baintear baic ar oideachas, go háirithe ag an tríú leibhéal. Tá sé mar fhís againn daoine a chumasú i rith a saoil - go háirithe daoine imeallaithe - le folláine a bhaint amach: lena n-áirítear, teicneolaíochtaí cuí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, córais dírithe ar an duine agus beartais agus dlíthe fianaisebhunaithe, a chumasaíonn úsáideoirí agus na daoine a thacaíonn leo dúshlán mhaireachtála agus foghlama a thuiscint agus dul i ngleic leis na dúshlán sin. Oibrímid le seirbhísí sláinte agus cúraim, an tsochaí shibhialta, agus earnáil na tionsclaíochta in Éirinn; agus le hearnáil na tionsclaíochta, an tsochaí shibhialta agus gníomhaireachtaí de chuid na Náisiún Aontaithe ar fud níos mó ná 50 tír.

BUAICPHOINTÍ TAIGHDE 2018/19

D'éirigh le ALL gradaim éagsúla don mhaoiniú taighde a fháil in 2018-2019. I measc na ngradam seo, bhronn an Coimisiún Eorpach €21 milliún ar 'Smart and Healthy Ageing through People Engaging in Supportive Systems' (SHAPES), atá á mhaoiniú ag H2020. Is tionscadal gníomhaíochta nuálaíochta a mhaireann ceithre bliana é seo. Tá 36 comhpháirtí in 14 tír ag an tionscadal seo agus is é ALL atá á chomhordú. Is é seo an deontas is mó de chuid an AE a bronnadh ar institiúid in Éirinn chun taighde a dhéanamh ar chúram sláinte. Díríonn SHAPES ar an teicneolaíocht a chomhtháthú ar an mórchóir chun tacú le neamhspleáchas agus caighdeán shaol na seandaoine a fheabhsú. Áirítear leis an gcuibhreas úsáideoirí seirbhíse, earnáil na tionsclaíochta, an saol acadúil, ospidéal, soláthraithe seirbhísí pobail, eagraíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas, agus an tsochaí shibhialta.

D'éirigh le ALL maoiniú a fháil ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann don Ionad um Oiliúint trí Thaighde ar Ardíonraí do Shochaithe Inbhuanaithe. Is ionad oiliúna iardhochtúireachta é seo ina bhfuil stiúrthóirí ó dhisciplíní STEM agus na nEolaíochtaí Sóisialta, lena n-áirítear an tSíceolaíocht, an Innealtóireacht Leictreonach, Institiúid Hamilton, an Dí, an Mhatamaitic agus an Staitistic, agus an tSocheolaíocht. Tá an tionscnamh mór seo, a bhfuair maoiniú €18 milliún, dírithe ar dhul i ngleic le dúshlán theicniúla agus shochoaíochta a bhaineann le nascacht idir daoine agus rudaí. Is í an Dr Deirdre Desmond, comhstiúrthóir ALL, atá i gceannas ar an tionscnamh.

Agus an tionscnamh ina phríomh-chomhoibrí le AT2030, tá sé mar aidhm ag ALL freastal ar níos mó ná 3 mhiliúin duine, cuir chuige nua a thástáil agus cabhrú le teicneolaíocht chúnta a thabhairt

do na daoine a dteastaíonn sí uathu. Is é an Mol Nuálaíochta Domhanda do Dhaoine faoi Mhíchumas atá i gceannas ar an gcuibhreas agus fuarthas maoiniú £20 milliún ó UK Aid - Roinn na Forbartha Idirnáisiúnta sa Bhreatain. Oibríonn ALL ar son AT2030 ach beartais agus córais a bhunú i roinnt tíortha ísealioncaim le go mbeidh rochtain ag na daoine is imeallaithe ar domhan ar theicneolaíocht chúnta.

Is féidir le ALL é seo a dhéanamh trí Thaighde Gníomhaíochta leis na haireachtaí agus na páirtithe leasmhara atá páirteach ann. Téann tionscadal APPLICABLE, atá á mhaoiniú ag IRC agus Cúnamh Éireann, i ngleic leis na fadhbanna seo, sa Mhaláiv go háirithe; tá Taighde Gníomhaíochta á úsáid in Perform2Scale, tionscadal eile de chuid H2020 a bhfuil maoiniú €7 milliún faighte aige, chun nuáil seirbhíse i nGána, Uganda agus an Mhaláiv a scálú. I gcomhar le hOllscoil Thóiceo agus comhoibríthe, rinne ALL taighde ar thaithí úsáideoirí ar theicneolaíochtaí cúnta i measc na seandaoine is sine. Faightear suíomh uathúil sa tSeapáin chun dul i ngleic leis an mbearna taighde seo ós rud é gurb í an tsochaí is fearr ar domhan do sheandaoine. Oibríonn baill ALL ar thionscadal CAPTAIN, atá á mhaoiniú ag H2020, freisin. Úsáidtear sa tionscadal seo micritheilgeoirí chun cúntóir baile cliste a chur ar fáil d'aoisigh níos sine nuair is gá, agus cuireann sé seo ar a gcumas fanacht ina gceantair féin.

Fuair maoiniú ó College Connect agus ó Chlár Sparánachtaí 1916, agus chabhraigh sé seo le baill ALL ardaidhmeanna oideachais daoine faoi ghannionadaíocht a fheabhsú ach gníomhaíochtaí agus acmhainní rannpháirteacha a úsáid chun léargas a thabhairt ar chonairí agus deiseanna ardoideachais a chur ar fáil. Ina theannta sin, bhí ról lárnach ag baill ALL i dtaca le Turn to Teaching a chur i bhfeidhm. Is éard atá i gceist leis seo ná trí idirghabháil oideachais a cuireadh le chéile chun dul i ngleic le baic ar leith ar Oiliúint Tosaigh Múinteoirí agus tacú leis na grúpaí is imeallaithe bheith ina múinteoirí.

Tá taighdeoirí dochtúireachta agus iardhochtúireacht in ALL chomh maith a fuair maoiniú ó réimse foinsí eile, lena n-áirítear Scéime Marie Cure H2020, Institiúid Cheanada um Thaighde Sláinte, an Chomhairle um Thaighde in Éirinn, UK Aid agus clár dochtúireachta Hume de chuid Ollscoil Mhá Nuad; cruthaíonn sé seo timpeallacht idirnáisiúnta agus fhuinniúil le haghaidh taighde gníomhach.

SEO ROINNT GRADAM EILE:

- > APPLICABLE: Assistive Product List Implementation Creating Enablement of inclusive SDGs. Mac MacLachlan, Ikenna Ebuenyi., COALESCE, An Chomhairle um Thaighde in Éirinn, 24 Mí ó 1/4/19 le haghaidh 350,000.
- > Perform2Scale – neartú acmhainní daonna san Afraic a mhéadú. Mac MacLachlan, Rebecca Murphy, H2020, an Coimisiún Eorpach, €267,932, ag tosú in 2017 agus ag críochnú in 2021.
- > Scaling Impact of Inclusion, Comhaltacht Marie Curie CAROLINE, Ana Maria Sanchez, an Coimisiún Eorpach, €233,913. Ag tosú 1/10/17 agus ag críochnú 31/12/20.

- > AT2030 - Life Changing Assistive Technology for All. Mac MacLachlan, Emma Smith, DFID, UK trí GDI Hub, 21 mí, ag tosú i Samhain 18 - Iúil 20.
- > Bronnadh Comhaltacht de chuid Institiúid Cheanada um Thaighde Sláinte ar Emma Smith, \$150,000, 1 Aibreán 2019 agus 1 Márta 2020.
- > Cuimsiú míchumais agus athrú struchtúrach, Holly Wescott, IRC, Scoláireacht Iarchéime Rialtas na hÉireann, 1 Meán Fómhair 2019 ar feadh 3 bliana, €72,000.

FOILSEACHÁIN

Sa chéad bhliain iomlán, chruthaigh ALL bailiúchán mór scoláireachta, áirítear leis seo leabhair scríofa agus a bhfuil eagarthóireacht déanta orthu, caibidlí i leabhair agus páipéir acadúla a foilsíodh sna hirisleabhair seo a leanas: Ethics and Behavior, BMJ Open, Technological Innovation and Entrepreneurship, BM Health Serves Research, Societies, Frontiers in Psychology, Ageing Research Reviews, Disability and Rehabilitation: Assistive Technology, Studies in Higher Education, Journal of Intellectual Disability Research, International Journal of Environmental Research and Public Health, International Perspectives in Psychology, Maritime Studies agus PLOS One.

Scríobh baill de ALL páipéir seasaimh ó Chruinniú Mullaigh maidir le Taighde Domhanda, Nuálaíocht, agus Oideachas ar an Teicneolaíocht Chúnta (GREAT), a bhí ar siúl i gceanncheathrú na hEagraíochta Domhanda Sláinte sa Ghinéiv in 2017. Foilsíodh na páipéir in eagrán speisialta de Disability and Rehabilitation: Assistive Technology.

TIONCHAR

Bíonn tionchar ar Institiúid ALL ar chinnteoirí.

- > D'fhreastail Mac MacLachlan ar "All Party Parliamentary Committee on Assistive Technology" sa Ríocht Aontaithe, 26 Márta 2018.
- > Chabhraigh Institiúid ALL le treoirlíne tithíochta agus sláinte de chuid WHO a scríobh: "Recommendations to promote healthy housing for a sustainable and equitable future", 27 Samhain 2018.
- > Chuir Institiúid freagra isteach ar an bpróiseas comhairliúcháin phoiblí maidir le beartas nua idirnáisiúnta na hÉireann um fhorbairt, 16 Lúnasa 2018.
- > Thacaigh Taighdeoirí Institiúid ALL leis an gComhghuaillíocht Idirnáisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas le "IDA Global Survey to Monitor the Participation of Disabled People's Organisations (DPOs) in Development Policies and Programmes" a fhorbairt, 04 Nollaig 2018.
- > Chuir Institiúid ALL ceardlann oiliúna ar fáil do Chomhpháirtíocht na Náisiún Aontaithe um Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNPRPD).

IMEACHTAÍ

Chomh maith le sraith seimineár a eagrú ar bhonn míosúil, bhí baill ALL páirteach i roinnt imeachtaí san Ollscoil agus níos faide i gcéin. Áirítear leo seo: Scoil Samhraidh Jean Monnet, seoladh thionscadal Turn to Teaching, Comhdháil Lónra Ardoideachais na hÉireann don Fhoghlaím ar feadh an tSaoil.

INSTITIÚID ALL SNA MEÁIN

- > Luadh Katriona O'Sullivan in alt in The Irish Times inar iarr sí go ndéanfaí athruithe ar scéim na scoile chun feabhas a chur ar thorthaí leanaí nach bhfuil go maith as, 6/2/18.
- > Luadh Matthew McCann in alt in The Atlantic maidir le haipeanna inrochtaineachta agus cathracha cliste, 6/11/18.
- > Aithníodh Matthew McCann san alt '30 under 30: From robotics to medtech to clothes-sharing - meet Ireland's young guns striving to break new ground', a foilsíodh san Irish Independent, 18/11/18.
- > Foilsíodh an t-alt dar teideal "How the Communitiversity introduces people to higher education" le Derek Barter, ball de ALL, in RTÉ Brainstorm, 12/1/18.

ÉACHTAÍ NA MBALL FOIRNE AGUS NA MAC LÉINN

Bronnadh Scoláireacht Dochtúireachta John & Pat Hume ar Mohamed Maalim, iarrthóir PhD.

In 2018, bronnadh Bonn Óir Acadamh Ríoga na hÉireann ar an Ollamh Malcolm MacLachlan, Stiúrthóir ALL. Tugann an gradam aitheantas don obair iontach a rinne sé ar son na nEolaíochtaí Sóisialta, agus an taighde a rinne sé ar an gcaoi a bhféadfaí cúinsí síceolaíochta, sóisialta agus teicneolaíochta a úsáid le sochaí níos inrochtana a chruthú do gach duine, go háirithe do dhaoine faoi

Bronnadh Gradam Nuálaíochta ar Matthew McCann as Access Earth. Bhí Access Earth ar cheann de na 40 Cleachtas Nuálach is fearr maidir le hInrochtaineacht in 2018 i measc níos mó ná 600 iontráil ag Tionscadal Zero de chuid na Náisiún Aontaithe.

AN INSTITIÚID UM LUACH NUÁLÁIÓCHTA

Bunaíodh an Institiúid in 2006 mar chuid de chomhoibriú idir Ollscoil Mhá Nuad agus Intel ar dtús. Is ionad taighde ildisciplíneach í IVI ina ndírítear ar bhainistíocht agus ar ghlacadh teicneolaíochta, córais faisnéise agus claochlú digiteach. Ainmníodh an Institiúid mar Ionad Teicneolaíochta Fhiontraíocht Éireann/IDA in 2010 agus fuair sí maoiniú faoi dhó faoin gclár seo, agus tiocfaidh deireadh leis in 2020. Tá dea-theist ar IVI ó thaobh rannpháirtíochta le hearnáil na tionsclaíochta de agus d'fhorbair sí creat maidir le bainistíocht teicneolaíochta, an Creat um Aibíocht Acmhainní na Teicneolaíochta Faisnéise (IT-CMF), ar baineadh úsáid as i mbreis agus 300 eagraíocht san earnáil phoiblí agus in earnáil na fiontraíochta i mbeagnach 50 tír ar fud an domhain.

Chomh maith le Deontas Ionad Teicneolaíochta Fhiontraíocht Éireann, óstálann IVI roinnt taighdeoirí de chuid SFI agus comhoibríonn sí le hionaid taighde SFI, amhail Lero, Confirm agus ADAPT. Óstálann an tIonad roinnt taighdeoirí faoi chlár comhaltachta Marie Curie de chuid an Aontais Eorpaigh.

Ó cuireadh tús leis an Institiúid, d'éirigh léi breis agus €24 milliún a fháil i maoiniú iomaíoch agus fuarthas níos mó ná €10 milliún den mhaoiniú sin (airgead tirim agus íocaíocht chomhchineáil) ó earnáil na tionsclaíochta. I mí Mheán Fómhair 2019, bhí 24 taighdeoir agus ball foirne tacaíochta ag obair san Institiúid.

I gcomhar lena cuid comhpháirtithe tionscail agus ball cuibhreannais, d'fhorbair agus nuashonraigh IVI creat IT-CMF. Tá 37 acmhainn chriticiúil sa chreat a chlúdaíonn gach gné den bhainistíocht teicneolaíochta.

I gcomhar le Fiontraíocht Éireann, d'fhorbair IVI Measúnú ar Theicneolaíocht Dhigiteach agus clár claochlaithe tacaíochta le haghaidh Gnóthais Bheaga agus Mheánmhéide. Reáchtáladh ar bhonn píolótach iad le breis agus 20 gnóthas beag agus meánmhéide agus d'éirigh leis.

D'fhorbair an t-ionad roinnt measúnuithe ullmhachta freisin a nuashonraíodh nó a eisíodh le linn tréimhse acadúil 2018/19. Áirítear leo seo measúnuithe agus ábhar gaolmhar le haghaidh na nithe seo a leanas: Ullmhacht Dhigiteach, éifeachtacht cibearshlánda, DevOps agus úsáid a bhaint as an Néal. Úsáidtear na measúnuithe seo in Éirinn agus go hidirnáisiúnta.

D'óstáil IVI roinnt imeachtaí rannpháirtíochta, lena n-áirítear Cruinniú Mullaigh an tSamhraidh de chuid IVI a bhí ar siúl in Ollscoil Mhá Nuad i mí an Mheithimh. D'fhreastail níos mó ná 80 cleachtóir tionscail agus toscaire acadúil ar an gcruinniú mullaigh, agus rinne roinnt cainteoirí tionscail agus acadúla cuir i láthair, lena n-áirítear cur i láthair ón Ollamh John Mooney, Ollscoil Pepperdine. Éascaíonn an t-ionad Fóram Cathracha Cliste Uile-Éireann (AISCF). D'fhreastail breis agus 100 toscaire ar chomhdháil i bPáirc an Chrócaigh mar chuid den éascú seo. I mí an Mheithimh 2019, eagraíodh Seimineár

Comhoibriú Taighde i gcomhar le New Modes of Engaging University Industry Collaborative Research de chuid UCD mar chuid de Thionscadal Beartais Eolaíochta SFI i mí an Mheithimh 2019. Ba í Alison Campbell ó Knowledge Transfer Ireland an spreagchainteoir.

Dírítear sa taighde seo, atá á mhaoiniú ag SFI agus atá faoi stiúir an Ollaimh Brian Donnellan, ar ghlacadh leis an teicneolaíocht.

Seo a leanas na sainréimsí taighde in ionaid SFI:

- > Múnla gnó agus nuáil seirbhíse, cuirtear béim ar leith ar eolas a fháil faoi dhearadh ardáin agus rialachas sna comhthéacsanna seo a leanas: braiteoir tionscail mar sheirbhís, comhchruthú ard-déantúsaíochta, teicneolaíocht an airgeadais agus turgnamh poiblí mar sheirbhís.
- > Straitéis Dhigiteach Uirbeach, comhoibrítear le gach cathair in Éirinn agus cuirtear béim ar an teicneolaíocht a phleanáil, a rialú agus a scálú i suíomh uirbeach.
- > Bainistíocht éiceachóras na fiontraíochta digití agus díreann ar struchtúr an éiceachórais, rialachas agus aistriú eolais trí réisiú teorann. Déantar staidéar ar ardliónraí cumarsáide agus ar cheantair uirbeacha digiteacha.
- > An tSochtheicneolaíocht, déantar staidéar ar mheonta seandaoine i leith soghluaiseachta agus teicneolaíocht na bhfeithiclí gan tiománaí chun cabhrú le heispéireas na n-úsáideoirí a dhearadh.
- > Eitic, forbraíodh creat eithe a d'fhéadfaí a úsáid i gcathracha i gcleachtais bainistíochta tionscadal. Forbraíodh i gcomhar le cathracha in Éirinn, Tuaisceart Éireann agus an tSualainn é.

Rinneadh ionadaíocht do IVI ar réimse grúpaí agus coistí saineolaíochta, féach thíos. Bhí an obair ar fad a rinneadh le TC-428 agus le coistí gaolmhara mar chuid d'fheachtas beartais an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Gairmiúlacht ICT. Tá an feachtas seo mar chuid de Bheartas Digiteach na hEorpa. Cuireann sé seo ar chumas IVI saineolas agus taighde a chur go díreach isteach i bpróiseas beartais an Choimisiúin Eorpaigh agus uirlisí a fhorbairt le haghaidh forfheidhmiú beartais trí ghnáthfhorbairt, treorú gaolmhar agus cás-staidéir a fhorbairt. Seo a leanas bloic thógála an bheartais maidir le gairmiúlacht IT: inniúlachtaí; oideachas agus oiliúint; bailiúcháin eolais, eitic ghairmiúil. Tá ról ag IVI mar shaineolaí nó mar pháirtí leasmhar agus léirmheastóir sna réimsí seo ar fad. D'fhorbair IVI foilseacháin phiarmheasúnaithe a d'eascair as an obair bheartais seo.

Rinne IVI obair ar an bpríomhréimse beartais a bhaineann le ról agus nádúr chomhoibriú an tionscail acadúil i dtaighde agus in aistriú eolais freisin. Agus IVI ina chomhoibrí le UCD i dtionscadal Beartais Eolaíochta SFI, cuireadh agallamh ar 20 páirtí leasmhar, eagraíodh seimineár, agus foilsíodh na torthaí i gcomhdhála piarmheasúnaithe agus tá sé i gceist acu irisleabhair a fhoilsiú amach anseo.

BALLRAÍOCHTAÍ BOIRD AGUS COISTE

2019-an t-am i láthair	Ionadaí saineolaíoch ar an ngrúpa comhairleach do thionscadal an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Scileanna Ardteicniúla le haghaidh Earnáil na Tionsclaíochta - Seirbhísí Nua agus Cruthú Fostaíochta a Chothú.
2019-an t-am i láthair	Ball de Ghrúpa Stiúrtha na hÉireann a bhaineann leis an gComhghuaillíocht Scileanna Digiteacha agus Post.
2017-an t-am i láthair	Rinneadh ionadaíocht d'Éirinn ar CEN/TC 428 i dtaca le Gairmiúlacht ICT agus Inniúlachtaí Digiteacha.
2016-an t-am i láthair	Ball de choiste scátháin NSAI le haghaidh CEN/TC 428 i dtaca le Ríomh-Inniúlachtaí agus Gairmiúlacht ICT.

I mí Iúil 2019, ghlac an tOllamh Markus Helfert le post in IVI agus i Scoil an Ghnó mar Ollamh le Nuáil Seirbhísí Digiteacha. Tá spéis ag Helfert taighde a dhéanamh sna réimsí seo a leanas: Bainistíocht Faisnéise, Nuálaíocht, Néalríomhaireacht, Ailtireacht Fiontraíochta agus Cathracha Cliste agus Foirgnimh Chliste. Comhoibríonn sé le réimse fiontar i dtaca le Nuáil agus Bainistíocht IT. Tá sé ina chomhordaitheoir tionscadail ar Thionscadail H2020: PERFORM ar Mhiondíol Digiteach agus tá sé ina Chathaoirleach ar Choiste Stiúrtha an Tionscadail 'Future Leaders in ICT Standardisation for Europe'.

IONAD UM THAIGHDE AR FHUINNEAMH AN AIGÉIN

Tá an tIonad um Thaighde ar Fhuinneamh an Aigéin faoi stiúir an Ollaimh John Ringwood ó Roinn na hInnealtóireachta Leictreonaí, agus is ionad taighde ainmnithe de chuid na hOllscoile é ón mbliain 2017 i leith.

BUAICPHOINTÍ NA BHFOILSEACHÁN (BLIAIN FÉILIRE 2018)

> Foilsíodh 32 páipéar ar an iomlán (18 páipéar in irisleabhair, 14 pháipéar comhdhála).

> Áirítear leis na hirisleabhair ba mhó ó thaobh tionchair de:

- IEEE Trans. on Sustainable Energy (IF = 7.65)
- Applied Energy (IF = 8.426)
- Renewable and Sustainable Energy Reviews (IF = 10.556).

> Luadh na páipéir 875 uair in 2018.

> Na trí pháipéar ba mhó a luadh:

- High-fidelity numerical modelling of ocean wave energy systems: A review of computational fluid dynamics-based numerical wave tanks, C Windt, J Davidson, JV Ringwood, Renewable and Sustainable Energy Reviews 93, 610-630 [38 lua].
- A high-fidelity wave-to-wire simulation platform for wave energy converters: Coupled numerical wave tank and power take-off models, M Penalba, J Davidson, C Windt, JV Ringwood, Applied energy 226, 655-669 [27 lua].
- Comparing nonlinear hydrodynamic forces in heaving point absorbers and oscillating wave surge converters, G Giorgi, JV Ringwood, Journal of Ocean Engineering and Marine Energy 4 (1), 25-35 [23 lua].

> Liosta iomlán na bhfoilseachán ag: www.eeng.nuim.ie/jringwood/publist.htm or scholar.google.com/citations?user=BYY-AUCAAAAJ&hl=en.

GRANTS AND AWARDS (ACADEMIC YEAR OCT 2018-SEPT. 2019)

> Athnuadh an maoiniú a fuair ionad taighde MaREI SFI le haghaidh Céim II (tá mac léinn iardhochtúireachta amháin, beirt mhac léinn PhD agus beirt fholúntas PhD san ionad faoi láthair).

> Bronnadh síneadh gan chostas ar thionscadal SFI IA SFI/13/IA/1886.

> Gradam don pháipéar is fearr ó mhac léinn de chuid ISOPE 2019 (plaic + \$990) as Parameterisation of Radiation Forces for a Multiple Degree-of-Freedom Wave Energy Converter Using Moment-Matching, le Nicolas Faedo, Yeraí Pena-Sanchez agus John V. Ringwood. Roghnaíodh an páipéar as breis agus 300 páipéar a cuireadh isteach i gcomhair ISOPE 2019.

- > Cuireadh an páipéar seo ar an ngearriosta don pháipéar is fearr ó mhac léinn ag CAMS 2018. Faedo, N., Peña-Sanchez, Y. and Ringwood, J.V. Moment- Matching-Based Identification of Wave Energy Converters: the ISWEC Device, Proc. An 11ú Comhdháil IFAC maidir le Feidhmeanna Rialúcháin i gCórais Mhuirí, Róbataic agus Feithiclí (CAMS), Opatija, an Chróit, 2018, lgh. 189-194.
- > Fógraíodh tionscadal 'LiftWEC' atá á mhaoiniú ag H2020 - €3.25m san iomlán, €341,000 do MU. 10 gcomhpháirtí.
- > Beidh Bingyong Guo, Comhalta Marie Curie de chuid an Aontais Eorpaigh, thart ar €200,000, ag teacht go COER.
- > Bronnadh Comhaltachtaí MSC ar bheirt mhac léinn PhD ó COER, Alexis Merigaud agus Giuseppe Giorgi, le dul go hInstitiúid Marie agus Pierre Curie (Páras) agus Politecnico di Torino faoi seach. Bronnadh Comhaltacht MSC ar Josh Davidson (taighdeoir iardhochtúireachta le COER) le dul go hOllscoil Teicneolaíochta agus Eacnamaíochta Bhúdaipeist (an Ungáir).

COMHOIBRITHE ACADÚLA, GNÍOMHAÍOCHTAÍ EPE (AN BHLIAIN ACADÚIL DEIREADH FÓMHAIR 2018-MEÁN FÓMHAIR 2019)

- > WECCOMP – comórtas a sheol COER chun lódáil WEC a optamú le go dtiocfaidh méadú ar an ngabháil cumhachta. Bhí sé seo oscailte do dhaoine a bhíonn ag plé leis an bhfuinneamh tonnta i gcoitinne. (www.eeng.nuim.ie/coer/wec-control-competition-released/).
- > Shínigh MoU le hOllscoil Quilmes chun mic léinn PhD ionchasacha a phiopáil trí intéiríngh.
- > Rinneadh idirbheartaíocht faoi chonarthaí le Corpower agus Wave Venture faoi scéim maoinithe MaREI chun maoiniú a fháil le haghaidh na mac léinn PhD.
- > Áirítear leis na gníomhaíochtaí EPE Oíche Eolaíochta - bhí rochtain ag thart ar 400 leanbh agus tuismitheoir ar thonnumair idirghníomhacha bheaga.

INSTITIÚID ICARUS UM THAIGHDE AR AN AERÁID

Sa bhliain féilire 2018, d'fhoilsigh foireann agus mic léinn ICARUS 26 páipéar piarmheasúnaithe a bhain le gnéithe éagsúla den eolaíocht aeráide. Áirítear leis na buaicphointí:

- > Nature News and Views le Gerard McCarthy agus Peter Thorne.
- > Píosa a scríobh mic léinn MSc san Athrú Aeráide ar rannpháirtíocht na mac léinn ollscoile i dtionscadail a bhaineann leis an eolaíocht saoránach.
- > Páipéar a scríobhadh faoi stiúir Ciara Ryan, iarrthóir PhD, maidir le tasc a tugadh d'fhochéimithe sa tréimh bliain agus ar éirigh go han-mhaith leis. Digitíodh taifid ar bháisteach in Éirinn, ó na mílte bliain ó shin go dtí an lá atá inniu ann, i gcomhar le Met Éireann mar gheall ar an tasc seo. Ghlac acadóirí sa Ríocht Aontaithe, na Stáit Aontaithe agus an Astráil leis an anailís seo agus tá siad ag tabhairt faoina gcuid gníomhaíochtaí tarrhála sonraí féin atá bunaithe sa seomra ranga.
- > Anailís ar 305 bliain de thaifid ar an mbáisteach faoi stiúir an Dr Conor Murphy agus thug na meáin náisiúnta an-suntas di.

Foilsíodh ailt i réimse leathan irisleabhar, lena n-áirítear irisleabhair na bpríomhchumann sa réimse: EGU, AGU, AMS agus RMS.

LE LINN 2018-19, BRONNADH ROINNT GRADAM NUA AR ICARUS. SEO A LEANAS CUID DE NA GRADAIM NUA A BRONNADH SA TRÉIMHSE SEO:

- > Deontas A4 Fhoras na Mara.
- > Conradh na gcomhairleoirí saineolaíochta de chuid Choiste an Oireachtais.
- > Gradaim éagsúla ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.
- > Oifig na nOibreacha Poiblí.
- > Welcome Trust.

Ina theannta sin, tugadh conarthaí nua do dheontais de chuid Chlár Copernicus: an tSeirbhís um an Athrú Aeráide le haghaidh 2018-2019.

Bhí foireann ICARUS ina gcomhairleoirí saineolaíochta ar an gComhchoiste Oireachtais um Ghníomhú ar son na hAeráide le linn 2018-2019 agus foilsíodh an tuarascáil i mí an Mhárta 2019. Mar chomhairleoirí saineolaíochta, chabhraíomar leis an gcléireach agus leis an gcoiste cainteoirí agus finnétithe oiriúnacha a fháil agus imeachtaí a eagrú. D'éirigh linn fianaise a fháil ón Ollamh Peter Stott (Ceann gníomhach Ionad Hadley na hOifige Meitéareolaíochta), an tOllamh Valerie Masson-Delmotte (Comhchaitheoirleach ar IPCC WG1) agus Tiarna Deben (Cathaoirleach ar Choiste um Athrú Aeráide na Ríochta Aontaithe). Chuir foireann ICARUS an chéad dréacht den tuarascáil iomlán le chéile agus chabhraigh siad le baill an choiste agus lena gcuid comhairleoirí an tuarascáil a chur i gcrích trí chainteanna príobháideacha.

TAIGHDE INSTITIÚIDÍ AGUS IONAIÐ

Bíonn foireann ICARUS gníomhach laistigh de phobal na heolaíochta aeráide go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Tá Peter Thorne fós ina


Phríomhúdar Comhordúcháin do thuarascáil WG1 an IPCC sa séú timthriall de na tuarascálacha measúnachta. Ina theannta sin, d'fhreastail sé ar chruinniú scóipe do thuarascáil sintéise IPCC a bhí ar siúl i Singeapór agus bhí sé ar dhuine de na 60 toscaire idirnáisiúnta a roghnaíodh. Roghnaíodh Peter Thorne freisin mar an cathaoirleach nua ar an bPainéal um Fhaire an Atmaisféir de chuid an Chórais Dhomhanda Bhreathnóireachta Aeráide. Bhí Conor Murphy fós ar phainéal oiriúnaithe na Comhairle Comhairlí um Athrú Aeráide.

Bíonn foireann ICARUS sna meáin náisiúnta agus idirnáisiúnta go minic. Luadh baill foirne go minic sna meáin náisiúnta maidir le hábhair éagsúla. D'atvuíteáil Mark Ruffalo (AKA Incredible Hulk) alt ón Irish Independent ina raibh páirt mhór ag Peter Thorne. Go hidirnáisiúnta, luadh foireann ICARUS in Time, the Washington Post agus ar shuíomh gréasáin BBC. Bhí ról mór ag foireann ICARUS maidir le himeachtaí Sheachtain Ghníomhaithe ar son na hAeráide RTÉ agus ghlac sí páirt in go leor de na cláir theilifíse agus raidió a bhí bainteach leis an imeacht seo.

AGUISÍN

Is féidir teacht ar liosta iomlán d'fhoilseacháin agus de ghradaim mhaoinithe sheachtracha MU do 2018/19 ag an nasc seo a leanas:

<https://www.maynoothuniversity.ie/research/research-and-innovation-maynooth-university/research-reports>



BUÍOCHAS

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil lenár n-urraitheoirí seachtracha ar fad as a gcuid tacaíochta, lena n-áirítear





**Maynooth
University**
National University
of Ireland Maynooth

Oifig Forbartha Taighde

Ollscoil Mhá Nuad

Maigh Nuad, Co. Chill Dara

Éire, W23 X021

☎ + 353 1 708 6682

✉ research.development@mu.ie

🖱 www.maynoothuniversity.ie/research

#MUresearch

